II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/535 ÓN gCOIMISIÚN

**an 31 Márta 2021**

**lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta aonfhoirmeacha agus sonraíochtaí teicniúla maidir le cineálcheadú feithiclí, agus maidir le cineálcheadú na gcóras, na gcomhpháirteanna agus na n-aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena saintréithe ginearálta déanmhais agus lena sábháilteacht**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena sábháilteacht ghinearálta agus cosaint na ndaoine atá i bhfeithiclí agus úsáideoirí soghonta bóthair, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 78/2009, (CE) Uimh. 79/2009 agus (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa ón gComhairle agus Rialacháin (CE) Uimh. 631/2009, (AE) Uimh. 406/2010, (AE) Uimh. 672/2010, (AE) Uimh. 1003/2010, (AE) Uimh. 1005/2010, (AE) Uimh. 1008/2010, (AE) Uimh. 1009/2010, (AE) Uimh. 19/2011, (AE) Uimh. 109/2011, (AE) Uimh. 458/2011, (AE) Uimh. 65/2012, (AE) Uimh. 130/2012, (AE) 347/2012, (AE) Uimh. 351/2012, (AE) Uimh. 1230/2012 agus (AE) 2015/166 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagail 4(7), 8(3) agus 10(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 78/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), Rialachán (CE) Uimh. 79/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) agus Rialacháin (CE) Uimh. 631/2009 ([5]), (AE) Uimh. 406/2010 ([6]), (AE) Uimh. 672/2010 ([7]), (AE)

([1]) IO L 325, 16.12.2019, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 78/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Eanáir 2009 maidir le cineál-cheadú mótarfheithiclí i ndáil le cosaint coisithe agus úsáideoirí soghonta eile bóithre, lena leasaítear Treoir 2007/46/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/102/CE agus Treoir 2005/66/CE (IO L 35, 4.2.2009, lch. 1).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 79/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Eanáir 2009 maidir le cineál-cheadú mótarfheithiclí faoi thiomáint hidrigine, agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE (IO L 35, 4.2.2009, lch. 32).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na ceanglais i gcomhair cineál-cheadaithe le haghaidh sábháilteachta ginearálta mótarfheithiclí, a leantóirí agus a gcóras, a gcomhpháirteanna agus a n-aonad teicniúil ar leithligh atá beartaithe dóibh (IO L 200, 31.7.2009, lch. 1).

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 631/2009 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2009 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 78/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cineál-cheadú mótarfheithiclí i ndáil le cosaint coisithe agus úsáideoirí soghonta eile bóithre, lena leasaítear Treoir 2007/46/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/102/CE agus Treoir 2005/66/CE (IO L 195, 25.7.2009, lch. 1).

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 406/2010 ón gCoimisiún an 26 Aibreán 2010 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 79/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cineál-cheadú mótarfheithiclí faoi thiomáint hidrigine (IO L 122, 18.5.2010, lch. 1).

([7]) Rialachán (AE) Uimh. 672/2010 ón gCoimisiún an 27 Iúil 2010 maidir le ceanglais chineálcheadaithe le haghaidh córais díreoite agus dínéalaithe gaothscátha do mhótarfheithiclí áirithe agus lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na ceanglais i gcomhair cineál-cheadaithe le haghaidh sábháilteachta ginearálta mótarfheithiclí, a leantóirí agus a gcóras, a gcomhpháirteanna agus a n-aonad teicniúil ar leithligh atá beartaithe dóibh (IO L 196, 28.7.2010, lch. 5).

Uimh. 1003/2010 ([8]), (AE) Uimh. 1005/2010 ([9]), (AE) Uimh. 1008/2010 ([10]), (AE) Uimh. 1009/2010 ([11]), (AE) Uimh. 19/2011 ([12]), (AE) Uimh. 109/2011 ([13]), (AE) Uimh. 65/2012 ([14]), (AE) Uimh. 130/2012 ([15]), (AE) Uimh. 347/2012 ([16]), (AE) Uimh. 351/2012 ([17]), (AE) Uimh. 1230/2012 ([18]) agus (AE) 2015/166 ([19]) ón gCoimisiún amhail ón 6 Iúil 2022. Ba cheart a bhforálacha a thabhairt anonn agus, i gcás inar gá, a leasú chun an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair agus forbairtí teicneolaíocha a chur san áireamh.

(2) Ba cheart forálacha a leagan síos sa Rialachán seo maidir le nósanna imeachta aonfhoirmeacha agus sonraíochtaí teicniúla le haghaidh cineálcheadú feithiclí, agus le haghaidh córais, comhpháirteanna agus aonaid teicniúla ar leithligh áirithe maidir lena sábháilteacht ghinearálta.

(3) Ba cheart raon feidhme an Rialacháin seo a bheith i gcomhréir le raon feidhme Rialachán (AE) 2019/2144, go háirithe mar a shainmhínítear ina Iarscríbhinn II.

(4) Tá feidhm ag na forálacha i dtaobh na nósanna imeachta cineálcheadaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([20]), agus go háirithe i gCaibidlí III agus IV de, maidir le cineálcheadú feithiclí, córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

---

([8]) Rialachán (AE) Uimh. 1003/2010 ón gCoimisiún an 8 Samhain 2010 maidir le ceanglais chineálcheadaithe don spás le haghaidh gléasadh agus feistiú plátaí clárúcháin cúil ar mhótarfheithiclí agus a leantóirí agus lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na ceanglais i gcomhair cineálcheadaithe le haghaidh sábháilteachta ginearálta mótarfheithiclí, a leantóirí agus a gcóras, a gcomhpháirteanna agus a n-aonad teicniúil ar leithligh atá beartaithe dóibh (IO L 291, 9.11.2010, lch. 22).

([9]) Rialachán (AE) Uimh. 1005/2010 ón gCoimisiún an 8 Samhain 2010 maidir le ceanglais chineálcheadaithe d'fheistí tarraingthe mótarfheithiclí agus lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na ceanglais i gcomhair cineál-cheadaithe le haghaidh sábháilteacht ghinearálta mótarfheithiclí, a leantóirí agus a gcóras, a gcomhpháirteanna agus a n-aonad teicniúil faoi leith atá beartaithe dóibh (IO L 291, 9.11.2010, lch. 36).

([10]) Rialachán (AE) Uimh. 1008/2010 ón gCoimisiún an 9 Samhain 2010 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do chórais cuimilteoirí agus niteoirí gaothscátha do mhótarfheithiclí áirithe agus lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na ceanglais i gcomhair cineál-cheadaithe le haghaidh sábháilteachta ginearálta mótarfheithiclí, a leantóirí agus a gcóras, a gcomhpháirteanna agus a n-aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha dóibh (IO L 292, 10.11.2010, lch. 2).

([11]) Rialachán (AE) Uimh. 1009/2010 ón gCoimisiún an 9 Samhain 2010 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do rothghardaí mótarfheithiclí áirithe agus lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na ceanglais i gcomhair cineál-cheadaithe le haghaidh sábháilteachta ginearálta mótarfheithiclí, a leantóirí agus a gcóras, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha dóibh (IO L 292, 10.11.2010, lch. 21).

([12]) Rialachán (AE) Uimh. 19/2011 ón gCoimisiún an 11 Eanáir 2011 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do phláta reachtach an mhonaróra agus d'uimhir aitheantais feithicle do mhótarfheithiclí agus a leantóirí agus lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na ceanglais i gcomhair cineál-cheadaithe le haghaidh sábháilteachta ginearálta mótarfheithiclí, a leantóirí agus a gcóras, a gcomhpháirteanna agus a n-aonad teicniúil ar leithligh atá beartaithe dóibh (IO L 8, 12.1.2011, lch. 1).

([13]) Rialachán (AE) Uimh. 109/2011 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2011 lena gcuirtear i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na ceanglais i gcomhair cineálcheadaithe le haghaidh catagóirí áirithe mótarfheithiclí agus a leantóirí i dtaca le córais fhrithcháite (IO L 34, 9.2.2011, lch. 2).

([14]) Rialachán (AE) Uimh. 65/2012 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2012 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táscairí athraithe giair agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 28, 31.1.2012, lch. 24).

([15]) Rialachán (AE) Uimh. 130/2012 ón gCoimisiún an 15 Feabhra 2012 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhótarfheithiclí i dtaca le rochtain ar fheithiclí agus so-ionramháilteacht feithiclí agus lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na ceanglais i gcomhair cineálcheadaithe le haghaidh sábháilteachta ginearálta mótarfheithiclí, a leantóirí agus a gcóras, a gcomhpháirteanna agus a n-aonad teicniúil ar leithligh atá beartaithe dóibh (IO L 43, 16.2.2012, lch. 6).

([16]) Rialachán (AE) Uimh. 347/2012 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2012 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais i gcomhair cineálcheadaithe do chatagóirí áirithe mótarfheithiclí i dtaca le hardchórais coscánaithe éigeandála (IO L 109, 21.4.2012, lch. 1).

([17]) Rialachán (AE) Uimh. 351/2012 ón gCoimisiún an 23 Aibreán 2012 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais chineálcheadaithe le haghaidh córais rabhaidh imeachta ó lána a shuiteáil i mótarfheithiclí (IO L 110, 24.4.2012, lch. 18).

([18]) Rialachán (AE) Uimh. 1230/2012 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2012 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais chineálcheadaithe do mhaiseanna agus toisí mótarfheithiclí agus a leantóirí agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 353, 21.12.2012, lch. 31).

([19]) Rialachán (AE) 2015/166 ón gCoimisiún an 3 Feabhra 2015 lena ndéantar forlíonadh agus leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cuimsiú na nósanna imeachta sonracha, na modhanna measúnúcháin agus na riachtanas teicniúil freisin, agus lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (AE) Uimh. 1003/2010 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) Uimh. 109/2011 ón gCoimisiún agus Rialachán (AE) Uimh. 458/2011 ón gCoimisiún (IO L 28, 4.2.2015, lch. 3).

([20]) Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1).

(5) Chun go mbeidh cur chuige comhsheasmhach ann maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar sa doiciméad faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 24(1)(a) de Rialachán (AE) 2018/858, ba cheart an fhaisnéis atá ábhartha le haghaidh gach cineál feithicle, córais, comhpháirte nó aonad teicniúil ar leithligh atá i raon feidhme an Rialacháin seo a shonrú a thuilleadh.

(6) Ba cheart an deimhniú ar chineálcheadú AE, dá dtagraítear in Airteagal 28(1) de Rialachán (AE) 2018/858, atá le heisiúint le haghaidh gach cineál feithicle, córais, comhpháirte nó aonaid theicniúil ar leithligh i raon feidhme an Rialacháin seo, a bheith bunaithe ar an teimpléad Samhla faoi seach a leagtar síos in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún ([21]). Ba cheart, áfach, an fhaisnéis atá sonrach don chóras feithicle, don chomhpháirt nó don aonad teicniúil ar leithligh faoi seach mar a shainmhínítear sa Rialachán seo a bheith san aguisín a ghabhann le gach deimhniú.

(7) Is gá go háirithe forálacha sonracha a leagan amach le haghaidh cineálcheadú i gcomhréir le hAirteagal 30(1) de Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tástáil fhíorúil agus Airteagal 72(1) a bhaineann le seirbhís theicniúil inti, bunaithe ar cheanglais na rialachán de chuid NA a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2144.

(8) I bprionsabal ní féidir cineálcheadú a fháil i gcomhréir le rialacháin de chuid NA i gcás comhpháirteanna suiteáilte nó aonaid theicniúla ar leithligh nach bhfuil ach cineálcheadú bailí AE acu. Ba cheart go mbeifí in ann é a fháil chun críocha chineálcheadú AE, áfach, de réir Rialachán (AE) 2019/2144, bunaithe ar cheanglais na rialachán de chuid NA a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin.

(9) Tá forálacha sonracha sna rialacháin de chuid NA maidir leis na sonraí nach mór a ghabháil le hiarratas ar chineálcheadú. I gcomhthéacs na nósanna imeachta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ba cheart na sonraí sin a léiriú mar an gcéanna san fhillteán faisnéise. D'fhonn na forálacha a bhaineann leis an spás le haghaidh gléasadh agus socrú plátaí clárúcháin cúil a chomhchuibhiú a thuilleadh, ba cheart na ceanglais is infheidhme maidir le spás le haghaidh plátaí clárúcháin cúil a chomhlánú ionas go gcumhdófaí an spás le haghaidh plátaí clárúcháin tosaigh freisin.

(10) D'fhonn earráidí cléireachais san uimhir aitheantais feithicle (VIN) a sheachaint, ba cheart go mbeadh digit seiceála sa VIN agus ba cheart go sainmhíneofaí modh ríofa na digite seiceála sin.

(11) In Airteagal 6(5) de Rialachán (AE) 2018/858, foráiltear go bhféadfar cineálcheadú AE a dheonú d'fheithiclí a sháraíonn na toisí comhchuibhithe. Féadfaidh na Ballstáit, áfach, a chinneadh gan cead a thabhairt d'fheithiclí den sórt sin a bheith i gcúrsaíocht ar an mbóthar, a chur ar an margadh, a chlárú nó a chur i seirbhís. Dá bhrí sin, is gá go léireofar an maolú ar na huastoisí údaraithe a leagtar amach sa Rialachán seo go soiléir sa deimhniú ar chineálcheadú agus sa deimhniú comhréireachta de na feithiclí lena mbaineann.

(12) Is céim thábhachtach é an comhchuibhiú domhanda ar cheanglais sábháilteachta maidir le feithiclí faoi thiomáint hidrigine chun feithiclí breosla ionadúil a chur chun cinn. Tá feidhm ag Rialachán Uimh. 134 ([22]) de chuid NA san Aontas, ach níl aon cheanglas ann áfach maidir le comhoiriúnacht ábhar agus brioscú hidrigine le haghaidh córais hidrigine agus comhpháirteanna le haghaidh feithiclí faoi thiomáint hidrigine. Is gá ceanglais den sórt sin chun ardleibhéal sábháilteachta a áirithiú a mhéid a bhaineann le roghnú ábhar i gcórais hidrigine.

(13) Níl forálacha sonracha maidir le córais stórála hidrigine leachtaithe chomh maith le geoiméadrachtaí na ngabhdán breoslaithe san áireamh i rialachán 134 de chuid NA go fóill ach oiread, de bhrí go gcaithfear é a thabhairt anonn ó Rialachán (CE) Uimh. 79/2009 chun comhsheasmhacht a áirithiú.

(14) Tá am leordhóthanach de dhíth ar mhonaróirí chun dul i dtaithí ar na ceanglais nua maidir le marcálacha reachtúla agus an spás chun plátaí clárúcháin tosaigh a ghléasadh agus a shocrú. Dá bhrí sin, tá gá le forálacha idirthréimhseacha chun a áirithiú go mbeidh feidhm ag na ceanglais sin ar dtús maidir le cineálacha nua feithiclí.

([21]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2020 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na ceanglais riaracháin maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus ar córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu (IO L 163, 26.5.2020, lch. 1).

([22]) Rialachán Uimh. 134 de chuid NA ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UN/ECE) –Forálacha aonfhoirmeacha a bhaineann le ceadú mótarfheithiclí agus a gcomhpháirteanna maidir le feidhmíocht sábháilteachta na bhfeithiclí faoi thiomáint hidrigine (IO L 129, 17.5.2019, lch. 43).

(15) A mhéid nach modhnaíonn an Rialachán seo na ceanglais faoi Rialacháin (CE) Uimh. 78/2009, (CE) Uimh. 79/2009 agus (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ba cheart na cineálcheaduithe a dheonófar d'fheithiclí, córais, comhpháirteanna nó d'aonaid theicniúla ar leithligh i gcomhréir leis na Rialacháin sin a bheith fós bailí agus ba cheart go bhféadfaí síneadh a chur le ceaduithe den sórt sin fós faoi théarmaí na n-achtanna aisghairthe.

(16) Tá sé mar aidhm ag na cumhachtuithe atá in Airteagail 4(7), 8(3) agus 10(3) de Rialachán (AE) 2019/2144 nósanna imeachta aonfhoirmeacha agus sonraíochtaí teicniúla a thabhairt isteach chun feithiclí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá beartaithe d'fheithiclí den sórt sin, a chineálcheadú, a mhéid a bhaineann le saintréithe ginearálta áirithe a ndéanmhais agus a sábháilteachta. Toisc go bhfuil na cumhachtuithe sin dlúthnasctha lena chéile trína n-ábhar, ba cheart iad a chuachadh sa Rialachán seo.

(17) Toisc go mbeidh feidhm ag na forálacha ábhartha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/2144 ón 6 Iúil 2022, ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar go dtí an dáta sin.

(18) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste Theicniúil – Mótarfheithiclí,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

## ÁBHAR AGUS SAINMHÍNITHE

*Airteagal 1*

### Ábhar

1. Leagtar síos sa Rialachán seo forálacha maidir le nósanna imeachta aonfhoirmeacha agus sonraíochtaí teicniúla le haghaidh cineálcheadú AE maidir le feithiclí i gcatagóirí M, N agus O, chomh maith lena gcórais, a gcomhpháirteanna agus a n-aonaid theicniúla ar leithligh i gcomhréir le hAirteagail 4(7), 8(3), agus 10(3) de Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

2. Foráiltear freisin leis an Rialachán seo do nósanna imeachta aonfhoirmeacha lena dtugtar údarú le haghaidh cineálcheadú i gcás amháin nó níos mó de na cásanna a leanas:

(a) i leith córais feithicle i gcás ina gcuirtear comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh a bhfuil marc cineálcheadaithe an Aontais orthu i bhfeidhm seachas marc cineálcheadaithe de chuid NA i gcomhthéacs na gceanglas a leagtar amach sna rialacháin de chuid NA a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2144 agus,

(b) i gcás ina n-ainmnítear monaróir mar sheirbhís theicniúil i gcomhréir le hAirteagal 72(1) agus Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, maidir leis na ceanglais a leagtar amach sna rialacháin de chuid NA a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2144, agus

(c) i gcás ina ndearnadh tástáil fhíorúil, i gcomhréir le hAirteagal 30(7) agus Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, maidir leis na ceanglais a leagtar amach sna rialacháin de chuid NA a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2144, a chur i bhfeidhm.

*Airteagal 2*

### Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "cineál feithicle" sraith feithiclí mar a shainmhínítear i gCuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858;

(2) ciallaíonn "cineál feithicle maidir le marcálacha reachtúla" feithiclí nach bhfuil éagsúil le chéile i leith gnéithe fíor-riachtanacha amhail iad seo a leanas:

(a) comhdhéanamh na huimhreach aitheantais feithicle;

(b) saintréithe agus suíomh na marcálacha reachtúla;

(3) ciallaíonn "pláta reachtúil" pláta nó lipéad, arna ghreamú d'fheithicil ag an monaróir agus a sholáthraíonn na príomh-shaintréithe teicniúla is gá chun an fheithicil a shainaithint agus a sholáthraíonn an fhaisnéis ábhartha do na húdaráis inniúla maidir leis na huasmhaiseanna ualaithe incheadaithe;

(4) ciallaíonn "uimhir aitheantais feithicle (VIN)" an cód alfa-uimhriúil a shanntar d'fheithicil ag an monaróir chun aitheantas ceart gach feithicle a áirithiú;

(5) ciallaíonn "cineál feithicle maidir leis an spás chun plátaí clárúcháin a ghléasadh agus a shocrú" feithiclí nach bhfuil éagsúil le chéile i leith gnéithe fíor-riachtanacha amhail iad seo a leanas:

(a) toisí an spáis chun plátaí clárúcháin tosaigh agus cúil a ghléasadh agus a shocrú;

(b) suíomh an spáis chun plátaí clárúcháin tosaigh agus cúil a ghléasadh agus a shocrú;

(c) cruth an dromchla chun plátaí clárúcháin tosaigh agus cúil a ghléasadh agus a shocrú;

(6) ciallaíonn "cineál feithicle maidir le córas cuimilteoirí agus niteoirí gaothscátha" feithiclí nach bhfuil éagsúil le chéile i leith gnéithe fíor-riachtanacha amhail saintréithe an chórais cuimilteoirí agus niteoirí gaothscátha ná cruth, méid agus saintréithe an ghaothscátha agus a ghléasta;

(7) ciallaíonn "cineál córais niteoirí gaothscátha" grúpa córas niteoirí gaothscátha nach bhfuil éagsúil le chéile i leith gnéithe fíor-riachtanacha amhail feidhmíocht an chaidéil, na hábhair a úsáidtear, an inniúlacht stórála, líon na mbuinní, méideanna, tiúis bhalla ná cruth an chórais niteoirí;

(8) ciallaíonn "córas cuimilteoirí gaothscátha" an córas arb é atá ann gaireas chun aghaidh sheachtrach an ghaothscátha a chuimilt, mar aon leis na gabhálais agus na rialtáin is gá chun an gaireas a thosú agus a stopadh;

(9) ciallaíonn "córas niteoirí gaothscátha" an córas arb é atá ann gairis chun sreabhán a stóráil agus a aistriú agus é a dhíriú i dtreo aghaidh sheachtrach an ghaothscátha, i dteannta na rialtán is gá chun an gaireas a thosú agus a stopadh;

(10) ciallaíonn "cineál feithicle maidir le rothghardaí" feithiclí nach bhfuil éagsúil le chéile i leith gnéithe fíor-riachtanacha amhail saintréithe na rothghardaí nó méideanna uasta agus íosta boinn agus rotha a oireann don fheistiú, agus na himchlúdaigh boinn, na méideanna imill agus na seach-chuir rotha is infheidhme á gcur san áireamh;

(11) ciallaíonn "cineál feithicle maidir le córais díreoite agus dínéalaithe gaothscátha" feithiclí nach bhfuil éagsúil le chéile i leith gnéithe fíor-riachtanacha amhail:

(a) saintréithe na gcóras díreoite agus dínéalaithe;

(b) na foirmeacha agus na socruithe seachtracha agus inmheánacha laistigh de limistéar réimse radhairc tosaigh 180° an tiománaí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don infheictheacht;

(c) cruth, méid, tiús agus saintréithe an ghaothscátha agus a fheistiú;

(d) an t-uaslíon ionad suí;

(12) ciallaíonn "córas díreoite" an córas atá beartaithe chun sioc nó oighear a bhaint de dhromchla seachtrach an ghaothscátha;

(13) ciallaíonn "córas dínéalaithe" an córas atá beartaithe chun ceochán a bhaint de dhromchla inmheánach an ghaothscátha;

(14) ciallaíonn "cineál feithicle maidir le gairis tarraingthe" feithiclí nach bhfuil éagsúil le chéile i leith gnéithe fíor-riachtanacha amhail saintréithe na ngaireas tarraingthe;

(15) ciallaíonn "gaireas tarraingthe" gaireas a bhfuil cruth crúca, súile nó foirm eile air, ar féidir páirt cheangail, amhail barra tarraingthe nó téad tarraingthe, a fheistiú air;

(16) ciallaíonn "cineál feithicle maidir le sochtadh sprae" feithiclí iomlána, neamhiomlána nó lánchríochnaithe, nach bhfuil éagsúil le chéile maidir leis na gnéithe a leanas:

(a) an cineál gairis sochta sprae atá suiteáilte ar an bhfeithicil;

(b) tuairisc cineáil chóras sochta sprae an mhonaróra;

(17) ciallaíonn "an cineál gairis sochta sprae" gairis nach bhfuil éagsúil le chéile maidir leis na príomh-shaintréithe a leanas:

(a) an prionsabal fisiceach a ghlactar chun astaíochtaí a laghdú (ionsúchán uisce-fuinnimh, deighilteoir aeir/uisce);

(b) ábhair;

(c) cruth;

(d) toisí, a mhéid a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar iompraíocht an ábhair;

(18) ciallaíonn "córas sochta sprae" córas lena laghdaítear mionú an uisce a chaitheann boinn feithicle atá ag gluaiseacht suas agus atá comhdhéanta de phludgharda, flapaí báistí agus crochtáin atá feistithe le gaireas sochta sprae;

(19) ciallaíonn "gaireas sochta sprae" cuid den chóras sochta sprae, a d'fhéadfadh a bheith comhdhéanta de dheighilteoir aeir/uisce agus ionsúire fuinnimh;

(20) ciallaíonn "cineál feithicle maidir leis an ngiarth※scaire (GSI)" feithiclí nach bhfuil éagsúil le chéile i leith gnéithe fíor-riachtanacha amhail na saintréithe feidhmiúla den ghiarth※scaire agus an loighic arna húsáid ag an ngiarth※scaire chun cinneadh a dhéanamh maidir le cathain pointe athraithe giair a léiriú, lena n-áirítear:

(a) athruithe suas giair a léiriú ag luasanna sonracha innill;

(b) athruithe suas giair a léiriú i gcás ina léirítear le léarscáileanna innill sonracha ídithe breosla go seachadfar feabhas sonraithe íosta san ídiú breosla ag an ngiar níos airde;

(c) athruithe suas giair a léiriú i gcás ina bhféadtar éileamh toirc a shásamh leis an ngiar níos airde;

(21) ciallaíonn "saintréithe feidhmiúla an ghiarth※scaire" an tsraith paraiméadair ionchuir, amhail luas innill, éileamh cumhachta, torc agus a n-éagsúlacht ó thaobh ama, lena gcinntear an léiriú giarth※scaire agus spleáchas feidhmiúil na léirithe giarth※scaire ar na paraiméadair sin;

(22) ciallaíonn "cineál feithicle maidir le rochtain feithicle" feithiclí nach bhfuil éagsúil le chéile i leith gnéithe fíor-riachtanacha amhail saintréithe na gcéimeanna iontrála dorais, na ngreamán láimhe agus na gclár coise;

(23) ciallaíonn "cineál feithicle maidir le gluaisne chúlaitheach" feithiclí nach bhfuil éagsúil le chéile i leith gnéithe fíor-riachtanacha amhail saintréithe an ghairis chúlaithigh;

(24) ciallaíonn "cineál feithicle maidir leis na maiseanna agus na toisí" feithiclí nach bhfuil éagsúil le chéile in aon cheann de na gnéithe a leanas:

(a) trádainm nó marc a monaróra;

(b) aicmiú;

(c) príomhfheidhm;

(25) ciallaíonn "gairis agus trealamh aeraidinimiciúil" gairis nó trealamh a dheartar chun cúltarraingt aeraidinimiciúil feithiclí bóthair a laghdú cé is moite de chábáin fadaithe;

(26) ciallaíonn “cineál córais stórála hidrigine” cóimeáil de chomhpháirteanna nach bhfuil éagsúil le chéile i leith gnéithe fíor-riachtanacha amhail staid an bhreosla hidrigine stóráilte nó an gháis chomhbhrúite, an brú oibre ainmniúil, struchtúr, ábhair, inniúlacht agus toisí fisiceacha an choimeádáin chomh maith le struchtúr, ábhair agus saintréithe fíor-riachtanacha na bhfeistí faoisimh brú, na gcomhlaí coiscthe agus na gcomhlaí stoptha;

(27) ciallaíonn “cineál feithicle maidir le sábháilteacht hidrigine” grúpa feithiclí nach bhfuil éagsúil le chéile i leith gnéithe fíor-riachtanacha amhail cumraíocht bhunúsach agus príomh-shaintréithe chóras breosla hidrigine na feithicle;

(28) ciallaíonn “an cineál comhpháirte hidrigine” grúpa de chomhpháirteanna hidrigine nach bhfuil éagsúil le chéile i leith gnéithe fíor-riachtanacha amhail staid an bhreosla hidrigine stóráilte nó an gháis chomhbhrúite, feidhm na comhpháirte agus a struchtúr, ábhair agus toisí fisiceacha.

CAIBIDIL II

## CINEÁLCHEADÚ I gCOMHRÉIR LE CEANGLAIS FHÍOR-RIACHTANACHA BUNAITHE AR RIALACHÁIN DE CHUID NA

*Airteagal 3*

### Iarratas ar chineálcheadú

1. I gceann amháin nó níos mó de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán seo, déanfar iarratais ar cheadú le haghaidh cineál feithicle, córais, comhpháirte nó aonad teicniúil ar leithligh, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sna rialacháin de chuid NA a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2144, a chur isteach chuig an údarás cineálcheadaithe ag monaróirí nó ag a n-ionadaithe, agus an doiciméad faisnéise samhla a leagtar síos i gCuid 1 d’Iarscríbhinn I á úsáid.

2. Ní gá tuairisc iomlán a thabhairt ar aon chomhpháirt ná aonad teicniúil ar leithligh a bhfuil cineálcheadú AE nó cineálcheadú de chuid NA acu a shuiteáiltear ar fheithicil nó a ionchorpraítear laistigh de chomhpháirt eile nó ar aonad teicniúil ar leithligh i dtéarmaí a sonraí sa doiciméad faisnéise dá dtagraítear i mír 1 i gcás ina soláthraítear uimhreacha agus marcálacha an deimhnithe ar chineálcheadú sa doiciméad faisnéise agus ina ndéantar na deimhnithe ar chineálcheadú ábhartha, agus a gceangaltáin, a chur ar fáil don údarás cineálcheadaithe.

3. Glacfar le comhpháirteanna agus le haonaid theicniúla ar leithligh a bhfuil marc cineálcheadaithe AE acu fiú i gcás ina gcuirtear i bhfeidhm iad in ionad comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh ar gá dóibh marc cineálcheadaithe de chuid NA a bheith orthu i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/2144 agus na gníomhartha tarmligthe agus na gníomhartha cur chun feidhme a glacadh dá bhun, ina leagtar amach forálacha i réimsí a chumhdaítear le rialacháin de chuid NA.

*Airteagal 4*

### An cineálcheadú a dheonú

1. I gcás ina ndéanann an cineál feithicle, córais, comhpháirte nó aonaid theicniúil ar leithligh, a chuirtear i láthair le haghaidh cineálcheadú, na ceanglais theicniúla ábhartha sna rialacháin de chuid NA a chomhlíonadh, leanfaidh deimhniú ar chineálcheadú AE, arna eisiúint ag an údarás cineálcheadaithe i gcomhréir le hAirteagal 28(1) de Rialachán (AE) 2018/858, an tsamhail a leagtar amach i gCuid 2 d’Iarscríbhinn I i dteannta na foirme cumarsáide líonta isteach a chomhfhreagraíonn don tsamhail ábhartha sa rialachán de chuid NA a chuirtear i bhfeidhm agus iontráil a uimhreach cineálcheadaithe de chuid NA fágtha folamh.

2. Beidh marc cineálcheadaithe AE maidir le haonad teicniúil ar leithligh ar gach comhpháirt nó aonad teicniúil atá de réir cineáil ar deonaíodh cineálcheadú ina leith de bhun Rialachán (AE) 2019/2144 i gcomhréir le mír 4 d’Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/683.

CAIBIDIL III

## CINEÁLCHEADÚ FEITHICLE AN AONTAIS MAIDIR LE CEANGLAIS SHONRACHA DÉANMHAIS AGUS SÁBHÁILTEACHTA ÁIRITHE

*Airteagal 5*

### Iarratas ar chineálcheadú AE maidir le cineál feithicle a mhéid a bhaineann le córais feithicle áirithe

1. Cuirfidh monaróirí nó a n-ionadaithe iarratas ar leithligh ar chineálcheadú AE maidir le cineál feithicle a mhéid a bhaineann leis na nithe a leanas isteach chuig an údarás cineálcheadaithe, agus an doiciméad faisnéise samhla á úsáid i gcomhréir le hAirteagal 24(1)(a) de Rialachán (AE) 2018/858:

(a) leagan amach agus suíomh an phláta reachtúil agus comhdhéanamh agus suíomh na huimhreach aitheantais feithicle, agus an tsamhail ina bhfuil an fhaisnéis a liostaítear i gCuid 1 d’Iarscríbhinn II á húsáid;

(b) an spás chun plátaí clárúcháin tosaigh agus cúil a ghléasadh agus a shocrú, agus an tsamhail ina bhfuil an fhaisnéis a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn III á húsáid;

(c) na córais cuimilteoirí agus niteoirí gaothscátha, agus an tsamhail ina bhfuil an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn IV, Cuid 1, Roinn A á húsáid;

(d) na rothghardaí, agus an tsamhail ina bhfuil an fhaisnéis a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V á húsáid;

(e) na córais díreoite agus dínéalaithe gaothscátha, agus an tsamhail ina bhfuil an fhaisnéis a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn VI á húsáid;

(f) na gairis tarraingthe, agus an tsamhail ina bhfuil an fhaisnéis a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn VII á húsáid;

(g) an córas sochta sprae, agus an tsamhail ina bhfuil an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn VIII, Cuid 1, Roinn A á húsáid;

(h) an giarthácaire, agus an tsamhail ina bhfuil an fhaisnéis a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn IX á húsáid;

(i) rochtain ar an bhfeithicil, agus an tsamhail ina bhfuil an fhaisnéis a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn X á húsáid;

(j) an ghluaisne chúlaitheach, agus an tsamhail ina bhfuil an fhaisnéis a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XI á húsáid;

(k) maiseanna agus toisí na feithicle, agus an tsamhail ina bhfuil an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn XIII, Cuid 1, Roinn A á húsáid;

(l) i gcás feithiclí faoi thiomáint hidrigine, córas breosla na feithicle ina n-ionchorpraítear córas stórála hidrigine leachtaithe (CSHL) nó córas stórála hidrigine comhbhrúite (CSHC), agus an tsamhail ina bhfuil an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn XIV, Cuid 1, Roinn A á húsáid.

2. Cuirfear an t-iarratas ar chineálcheadú AE maidir le cineál feithicle a mhéid a bhaineann leis an ngiarthácaire dá dtagraítear i bpointe (h) de mhír 1 isteach i dteannta dearbhú ón monaróir go gcomhlíonann an fheithicil na sonraíochtaí ábhartha teicniúla a leagtar amach sa Rialachán seo agus deimhniú atá tarraingthe suas i gcomhréir leis an tsamhail a leagtar amach san Aguisín a ghabhann le Cuid 1 d'Iarscríbhinn IX.

3. Déanfaidh an monaróir, arna iarraidh don údarás formheasa nó don tseirbhís theicniúil, feithicil atá ionadaíoch don chineál atá le formheas a chur ar fáil, chun críocha tástála.

*Airteagal 6*

**Cineálcheadú AE a dheonú maidir le cineál feithicle a mhéid a bhaineann le córais feithicle áirithe**

1. I gcás ina gcomhlíontar na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach i gCuid 2 d'Iarscríbhinní II go dtí XIII agus in Iarscríbhinn XIV, Cuid 2, Ranna D agus E maidir leis na ceanglais faoi seach a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2144, deonóidh an t-údarás cineálcheadaithe cineálcheadú AE agus eiseoidh sé uimhir deimhnithe ar chineálcheadú i gcomhréir leis an modh a leagtar amach in Iarscríbhinn IV de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún.

2. Déanfar an deimhniú ar chineálcheadú AE, dá dtagraítear in Airteagal 28(1) de Rialachán (AE) 2018/858, a tharraingt suas i gcomhréir leis an méid a leanas:

(m) Cuid 3 d'Iarscríbhinn II don ní dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 5(1);

(n) Cuid 3 d'Iarscríbhinn III don ní dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 5(1);

(o) Iarscríbhinn IV, Cuid 3, Roinn A don ní dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 5(1);

(p) Cuid 3 d'Iarscríbhinn V don ní dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 5(1);

(q) Cuid 3 d'Iarscríbhinn VI don ní dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 5(1);

(r) Cuid 3 d'Iarscríbhinn VII don ní dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 5(1);

(s) Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Roinn A don ní dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 5(1);

(t) Cuid 3 d'Iarscríbhinn IX don ní dá dtagraítear i bpointe (h) d'Airteagal 5(1);

(u) Cuid 3 d'Iarscríbhinn X don ní dá dtagraítear i bpointe (i) d'Airteagal 5(1);

(v) Cuid 3 d'Iarscríbhinn XI don ní dá dtagraítear i bpointe (j) d'Airteagal 5(1);

(w) Iarscríbhinn XIII, Cuid 3, Roinn A don ní dá dtagraítear i bpointe (k) d'Airteagal 5(1); agus

(x) Iarscríbhinn XIV, Cuid 3, Roinn A don ní dá dtagraítear i bpointe (l) d'Airteagal 5(1).

3. I gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 6(5) de Rialachán (AE) 2018/858, féadtar cineálcheadú AE a dheonú d'fheithiclí a sháraíonn na huastoisí údaraithe a leagtar amach i bpointe 1.1. de Ranna B, C agus D de Chuid 2 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an Rialachán seo, agus sa chás sin cuirfear an ráiteas "maolú ar uastoisí údaraithe" san áireamh i bpointe 52 den deimhniú ar chineálcheadú agus den deimhniú comhréireachta.

4. Féadtar cineálcheadú AE a dheonú d'fheithiclí atá beartaithe chun ualaí doroinnte a iompar, de thoisí níos mó ná na huastoisí údaraithe a leagtar amach i bpointe 1.1. de Ranna B, C agus D de Chuid 2 d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an Rialachán seo, agus sa chás sin léireofar go soiléir ar an deimhniú ar chineálcheadú agus ar an deimhniú comhréireachta go bhfuil an fheithicil beartaithe chun ualaí doroinnte amháin a iompar.

## CAIBIDIL IV

## CINEÁLCHEADUITHE AE MAIDIR LE hAONAD TEICNIÚIL AR LEITHLIGH AGUS COMHPHÁIRT I nDÁIL LE CÓRAIS AGUS COMPHÁIRTEANNA ÁIRITHE FEITHICLE

*Airteagal 7*

### Iarratas ar chineálcheadú AE maidir le haonad teicniúil ar leithligh i dtaca le córais agus trealamh

Déanfar iarratais ar chineálcheadú AE maidir le haonad teicniúil ar leithligh i ndáil le gach ceann de na córais agus den trealamh a leanas a tharraingt suas i gcomhréir leis an doiciméad faisnéise samhla faoi seach dá dtagraítear in Airteagal 24(1)(a) de Rialachán (AE) 2018/858:

(a) an córas niteoirí gaothscátha, agus an tsamhail ina bhfuil an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn IV, Cuid 1, Roinn B á húsáid;

(b) an córas sochta sprae, agus an tsamhail ina bhfuil an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn VIII, Cuid 1, Roinn B á húsáid;

(c) an córas cosanta tosaigh, agus an tsamhail ina bhfuil an fhaisnéis a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XII á húsáid;

(d) an gaireas nó trealamh aeraidinimiciúil, agus an tsamhail ina bhfuil an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn XIII, Cuid 1, Roinn B á húsáid.

*Airteagal 8*

### Cineálcheadú AE maidir le haonad teicniúil ar leithligh a dheonú

1. I gcomhréir le hAirteagal 29 de Rialachán (AE) 2018/858, i gcás ina gcomhlíontar na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach i gCuid 2 d'Iarscríbhinn IV den Rialachán seo maidir leis na ceanglais le haghaidh córais niteoirí gaothscátha, Cuid 2 d'Iarscríbhinn VIII maidir le córais sochta sprae, Cuid 2 d'Iarscríbhinn XII maidir le córais cosanta tosaigh agus Iarscríbhinn XIII, Cuid 2, Roinn I maidir le gairis agus trealamh aeraidinimiciúil, deonóidh an t-údarás cineálcheadaithe cineálcheadú AE maidir le haonad teicniúil ar leithligh i ndáil leis na cineálacha sin córas agus trealaimh, agus eiseoidh sé uimhir deimhnithe ar chineálcheadú i gcomhréir leis an modh a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún.

2. Déanfar na deimhnithe ar chineálcheadú AE, a eisítear i gcomhréir le hAirteagal 28(1) de Rialachán (AE) 2018/858, i ndáil leis na córais agus an trealamh dá dtagraítear in Airteagal 5 a tharraingt suas i gcomhréir leis an méid a leanas:

(a) Iarscríbhinn IV, Cuid 3, Roinn B i ndáil leis an gcóras dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 7;

(b) Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Roinn B i ndáil leis an gcóras dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 7;

(c) Iarscríbhinn XII, Cuid 3, Roinn B i ndáil leis an gcóras dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 7;

(d) Iarscríbhinn XIII, Cuid 3, Roinn B i ndáil leis an trealamh dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 7.

*Airteagal 9*

**Iarratas ar chineálcheadú AE maidir le comhpháirteanna**

Déanfar iarratais ar chineálcheadú AE maidir le comhpháirteanna i ndáil leis na comhpháirteanna hidrigine a leanas a tharraingt suas i gcomhréir leis an doiciméad faisnéise samhla faoi seach dá dtagraítear in Airteagal 24(1)(a) de Rialachán (AE) 2018/858 agus beidh an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn XIV, Cuid 1, Roinn B iontu:

(a) na córais stórála hidrigine leachtaithe (CSHL), lena n-áirítear a gcoimeádáin, feistí faoisimh brú agus stoptha, maidir lena bhfeidhmíocht sábháilteachta agus a gcomhoiriúnacht ábhair;

(b) na córais stórála hidrigine comhbhrúite (CSHC), lena n-áirítear a gcoimeádáin agus a bpríomhghairis dúnta, ina bhfuil feiste faoisimh brú agus teirmigh (TPRD), comhla choiscthe agus comhlaí stoptha uathoibríocha, maidir lena gcomhoiriúnacht ábhair.

*Airteagal 10*

**Cineálcheadú AE maidir le comhpháirteanna a dheonú**

1. I gcomhréir le hAirteagal 29 de Rialachán (AE) 2018/858, i gcás ina gcomhlíontar na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV, Cuid 2, Ranna B, C agus F, i ndáil le comhpháirteanna dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 9, agus Roinn F, i ndáil le comhpháirteanna dá dtagraítear i bpointe (b) den Airteagal sin, maidir leis na ceanglais faoi seach a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2144, deonóidh an t-údarás cineálcheadaithe cineálcheadú AE maidir le comhpháirteanna le haghaidh an chineáil comhpháirte hidrigine agus eiseoidh sé uimhir deimhnithe ar chineálcheadú i gcomhréir leis an modh a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún.

2. Déanfar an deimhniú ar chineálcheadú AE i ndáil leis na comhpháirteanna dá dtagraítear in Airteagal 9 a tharraingt suas i gcomhréir le hIarscríbhinn XIV, Cuid 3, Roinn B.

*Airteagal 11*

**Marc cineálcheadaithe**

1. Déanfar an marc cineálcheadaithe maidir le haonad teicniúil ar leithligh i ndáil le cineál córais nó trealaimh, dá dtagraítear in Airteagal 38(2) de Rialachán (AE) 2018/858, a chomhdhéanamh agus a shocrú i gcomhréir leis an méid a leanas:

(a) Iarscríbhinn IV, Cuid 3, Roinn C maidir leis an gcóras dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 7;

(b) Iarscríbhinn VIII, Cuid 3, Roinn C maidir leis an gcóras dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 7;

(c) Iarscríbhinn XII, Cuid 3, Roinn B maidir leis an gcóras dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 7;

(d) Iarscríbhinn XIII, Cuid 3, Roinn C maidir leis na gairis agus an trealamh dá dtagraítear i bpointe (d) d'Airteagal 7.

2. Déanfar an marc cineálcheadaithe maidir le comhpháirteanna i ndáil le cineál comhpháirte dá dtagraítear in Airteagal 9 a chomhdhéanamh agus a shocrú i gcomhréir le hIarscríbhinn XIV, Cuid 3, Roinn C.

CAIBIDIL V

**FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

*Airteagal 12*

**Foráil idirthréimhseach**

1. Le héifeacht ón 6 Iúil 2022, diúltóidh údaráis chineálcheadaithe do chineálcheadú AE i leith cineálacha nua feithiclí a dheonú, maidir le digit seiceála na huimhreach aitheantais feithicle, nach gcomhlíonann na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach in Iarscríbhinn II, Cuid 2, Roinn C maidir leis na ceanglais faoi seach a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2144.

2. Le héifeacht ón 7 Iúil 2026, diúltóidh údaráis chineálcheadaithe, ar fhorais a bhaineann le digit seiceála na huimhreach aitheantais feithicle, do chlárú, do chur ar an margadh agus d'iontráil i seirbhís feithiclí, nach gcomhlíonann na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach in Iarscríbhinn II, Cuid 2, Roinn C maidir leis na ceanglais faoi seach a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2144.

3. Le héifeacht ón 6 Iúil 2022, diúltóidh údaráis chineálcheadaithe do chineálcheadú AE a dheonú i leith cineálacha nua feithiclí, maidir leis an spás chun plátaí clárúcháin tosaigh a ghléasadh agus a shocrú, nach gcomhlíonann na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach i gCuid 2 d'Iarscríbhinn III maidir leis na ceanglais faoi seach a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2144.

4. Le héifeacht ón 7 Iúil 2026, diúltóidh údaráis náisiúnta, ar fhorais a bhaineann leis an spás chun plátaí clárúcháin tosaigh a ghléasadh agus a shocrú, do chlárú, do chur ar an margadh agus d'iontráil i seirbhís feithiclí, nach gcomhlíonann na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach i gCuid 2 d'Iarscríbhinn III maidir leis na ceanglais faoi seach a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2144.

5. I gcomhréir le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2019/2144, ceadóidh údaráis náisiúnta díol agus iontráil i seirbhís na bhfeithiclí, na gcóras, na gcomhpháirteanna agus na n-aonad teicniúil ar leithligh arna gcineálcheadú roimh an 6 Iúil 2022, agus leanfaidh siad d'fhadú ceaduithe a dheonú maidir leis na feithiclí, na córais, na comhpháirteanna agus na haonaid theicniúla ar leithligh sin faoi théarmaí Rialachán (CE) Uimh. 78/2009, Rialachán (CE) Uimh. 79/2009 nó Rialachán (CE) Uimh. 661/2009 agus a mbearta cur chun feidhme, a mhéid a bhaineann leis an ábhar a chumhdaítear in Iarscríbhinní II go XIV a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 13*

**Faisnéis a sholáthar**

Chun críche an gá le haghaidh tuilleadh forbairtí a mheas, déanfaidh monaróirí agus údaráis chineálcheadaithe an fhaisnéis a leagtar amach i gCodanna 1, 2 agus 3 d'Iarscríbhinn IX a chur ar fáil don Choimisiún arna iarraidh sin. Déileálfaidh an Coimisiún agus a ionadaithe go rúnda leis an bhfaisnéis.

*Airteagal 14*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 6 Iúil 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an, 31 Márta 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

**CINEÁLCHEADÚ I LIMISTÉIR A CHUMHDAÍTEAR LE RIALACHÁIN DE CHUID NA**

CUID 1

**Doiciméad faisnéise**

SAMHAIL

Doiciméad faisnéise Uimh. … a bhaineann le cineálcheadú AE d'fheithicil maidir le *córas / comhpháirt / aonad teicniúil ar leithligh* (1) maidir le Rialachán Uimh. … de chuid NA, *arna leasú leis an … sraith leasuithe / arna leasú le Forlíonadh … ar an … sraith leasuithe* (1), i dtaobh … bunaithe ar uimhriú earraí Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 (2) agus formáidithe i gcomhréir leis sin

Soláthrófar trí chóip den fhaisnéis a leanas, i gcás inarb infheidhme, agus áireofar liosta ábhair inti. Ní mór aon líníocht nó pictiúr a sholáthar ar scála iomchuí agus ar bhealach a bheidh mionsonraithe go leordhóthanach ar pháipéar ar mhéid A4 nó ar fhillteán i bhformáid A4. Ní mór mionsonraí leordhóthanacha a bheith le feiceáil i ngrianghraif, más ann dóibh.

0. GINEARÁLTA

0.1. Déantús (trádainm an mhonaróra):

0.2. Cineál:

0.2.1. Ainm(neacha) trádála (má tá siad ar fáil):

0.3. Modh aitheantais an chineáil, má tá sé marcáilte ar an *bhfeithicil / gcomhpháirt / aonad teicniúil ar leithligh* (1) (3):

0.3.1. Suíomh na marcála sin:

0.4. Catagóir feithicle (4):

0.5. Ainm na cuideachta agus seoladh an mhonaróra:

0.8. Ainm(neacha) agus seoladh/seoltaí na monarchan/monarchana cóimeála:

0.9. Ainm agus seoladh ionadaí an mhonaróra (más ann dó):

1. SAINTRÉITHE GINEARÁLTA DÉANMHAIS NA FEITHICLE

1.1. Grianghraif, pictiúir agus/nó líníochtaí *feithicle / comhpháirte/ aonaid theicniúil ar leithligh ionadaíoch* (1):

Déanfar gach earra agus faisnéis a bheidh ann ina dhiaidh sin atá ábhartha don fheithicil, don chomhpháirt nó don aonad teicniúil ar leithligh a sholáthar i gcomhaontú leis an tseirbhís theicniúil agus leis an údarás cineálcheadaithe atá freagrach as an gcineálcheadú AE ar cuireadh isteach an t-iarratas ina thaobh a dheonú. Féadtar go mbeidh sé bunaithe ar shamhail le haghaidh doiciméad faisnéise má fhoráiltear maidir leis le Rialachán Uimh. … de chuid NA, é sin nó beidh sé bunaithe a mhéid is indéanta ar an uimhriú earraí d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún (i.e. an liosta iomlán faisnéise chun críche chineálcheadú AE d'fheithiclí, do chomhpháirteanna agus d'aonaid theicniúla ar leithligh) agus cuirfear aon fhaisnéis nó sonraí breise a éilítear le haghaidh ceadú faoi Rialachán Uimh. … de chuid NA san áireamh.

*Nótaí míniúcháin*

Uimhriú doiciméid faisnéise i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858

([1]) Scrios murab infheidhme

([2]) Ní gá tuairisc a thabhairt ar pháirt (e.g. comhpháirt nó aonad teicniúil ar leithligh) atá cineálcheadaithe má thagraítear don chineálcheadú sin. Ar an gcuma chéanna, ní gá tuairisc a thabhairt ar pháirt má bhíonn tógáil na páirte le feiceáil go soiléir sna léaráidí agus sna líníochtaí atá i gceangal. Soláthair uimhreacha na ndoiciméad comhfhreagrach ceangailte maidir le gach earra dá bhfuil líníochtaí, pictiúir agus grianghraif i gceangal.

([3]) Má tá carachtair nach bhfuil ábhartha i leith tuairisc a thabhairt ar an gcineál feithicle, comhpháirte nó aonaid theicniúil ar leithligh arna gcumhdach ag an doiciméad faisnéise seo sa mhodh aitheantais cineáil, déanfar na carachtair sin a léiriú sa doiciméadacht leis an tsiombail "?" (e.g. ABC??123??).

([4]) Aicmithe de réir na sainmhínithe a leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858.

CUID 2

SAMHAIL

Formáid: A4 (210 × 297 mm)

**DEIMHNIÚ AR CHINEÁLCHEADÚ**

| Aitheantas an údaráis cineálcheadaithe |
|---|

Teachtaireacht maidir le cineálcheadú *a dheonú / a shíneadh / a dhiúltú / a tharraingt siar* [1] i leith cineál *feithicle maidir le córas / comhpháirte / aonad teicniúil ar leithligh* [1] lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos i Rialachán Uimh. … de chuid NA *arna leasú leis an … sraith leasuithe / arna leasú le Forlíonadh … ar an … sraith leasuithe* [1], maidir le Rialachán (AE) 2019/2144, arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) Uimh. …/…

Uimhir an deimhnithe ar chineálcheadú ón Aontas.

An chúis leis an *síneadh / diúltú / tarraingt siar* [1]

*ROINN I*

0. GINEARÁLTA

0.1. Déantús (trádainm an mhonaróra):

0.2. Cineál:

0.2.1. Ainm(neacha) trádála (má tá siad ar fáil):

0.3. Modh aitheantais an chineáil, má tá sé marcáilte ar an *bhfeithicil / gcomhpháirt / aonad teicniúil ar leithligh* [1]:

0.3.1. Suíomh na marcála sin:

0.4. Catagóir feithicle [2]:

0.5. Ainm agus seoladh an mhonaróra:

0.8. Ainm(neacha) agus seoladh/seoltaí na monarchan/monarchana cóimeála:

0.9. Ainm agus seoladh ionadaí an mhonaróra (más ann dó):

1. SAINTRÉITHE GINEARÁLTA DÉANMHAIS NA FEITHICLE

1.1. Grianghraif agus/nó líníochtaí d'fheithicil ionadaíoch:

*ROINN II*

1. Faisnéis bhreise (i gcás inarb infheidhme): féach an tAguisín.

2. Seirbhís theicniúil atá freagrach as na tástálacha a dhéanamh:

3. Dáta na tuarascála tástála:

4. Uimhir na tuarascála tástála:

(1) Scrios murab infheidhme.
(2) Aicmithe de réir na sainmhínithe a leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858.

5. Nótaí (más ann dóibh): féach an tAguisín.

6. Áit:

7. Dáta:

8. Síniú:

Ceangaltáin:

— Pacáiste faisnéise

— Tuarascáil tástála

— Foirm cumarsáide atá líonta isteach lena gcomhlíontar an tsamhail ábhartha sa Rialachán de chuid NA is infheidhme, ach gan a lua gur deonaíodh ná gur síníodh ceadú de chuid NA, chomh maith le gan uimhir cineálcheadaithe de chuid NA a lua

*Aguisín*

**a ghabhann le huimhir an deimhnithe ar chineálcheadú …**

1. Bunaithe ar Rialachán NA agus comhpháirteanna nó aonaid theicniúla ar leithligh a fuair cineálcheadú AE á n-úsáid: *tá / níl* ([3])
2. An nós imeachta formheasa de réir Airteagal 30(7) de Rialachán AE 2018/858 (tástáil fhíorúil): *tá / níl* ([3])
3. An nós imeachta formheasa de réir Airteagal 72(1) agus Iarscríbhinn VII de Rialachán AE 2018/858 (seirbhís theicniúil intí): *tá / níl* ([3])
4. I gcás comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh, sampla den mharcáil chineálcheadúcháinar an gcomhpháirt nó ar an aonad teicniúil ar leithligh:
5. Nótaí:

---

([3]) Scrios murab infheidhme.

*IARSCRÍBHINN II*

## PLÁTA REACHTÚIL AGUS AN UIMHIR AITHEANTAIS FEITHICLE

CUID 1

### Doiciméad faisnéise i ndáil le cineálcheadú AE do mhótarfheithiclí agus a leantóirí maidir leis an bpláta reachtúil agus an uimhir aitheantais feithicle (VIN)

SAMHAIL

Doiciméad faisnéise Uimh. … a bhaineann le cineálcheadú AE feithicle maidir le pláta reachtúil na feithicle agus an uimhir aitheantais feithicle.

Soláthrófar trí chóip den fhaisnéis a leanas, más infheidhme, agus áireofar liosta ábhar léi. Ní mór aon líníocht nó pictiúr a sholáthar ar scála iomchuí agus ar bhealach a bheidh mionsonraithe go leordhóthanach ar pháipéar de mhéid A4 nó ar fhillteán i bhformáid A4. Ní mór mionsonraí leordhóthanacha a bheith le feiceáil i ngrianghraif, más ann dóibh.

0.1.

0.2.

0.2.1.

0.3.

0.3.1.

0.4.

0.5.

0.6.

0.6.1.

0.6.2.

0.8.

0.9.

1.

1.1.

9.

9.17.

9.17.1.

9.17.2.

9.17.3.

9.17.4.

9.17.4.1.

9.17.4.2.

9.17.4.3.

*Nótaí míniúcháin*

Bunaítear an doiciméad faisnéise seo ar an teimpléad a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún agus líonfar isteach é leis an bhfaisnéis ábhartha faoi uimhreacha na bpointí a liostaítear thuas, mar a shainmhínítear sa teimpléad sin.

CUID 2

## *Roinn A*

## **Sonraíochtaí teicniúla**

1. Pláta reachtúil an mhonaróra

1.1. Forálacha ginearálta:

1.1.1. Feisteofar pláta reachtúil an mhonaróra a dtugtar tuairisc air sa roinn seo ar gach feithicil

1.1.2. Greamóidh an monaróir feithiclí nó ionadaí an mhonaróra feithiclí pláta reachtúil an mhonaróra.

1.1.3. Beidh pláta reachtúil an mhonaróra comhdhéanta de cheachtar acu seo a leanas:

(a) leathán miotail dronuilleogach;

(b) lipéad féinghreamaitheach dronuilleogach.

1.1.4. Daingneofar plátaí miotalacha le seamanna nó a gcoibhéis.

1.1.5. Léireoidh na lipéid má sháraítear iad, beidh siad calaoisdíonach agus féinscriosach i gcás ina ndéantar iarracht an lipéad a bhaint.

1.2. Faisnéis atá le lua ar phláta reachtúil an mhonaróra.

1.2.1. Déanfar an fhaisnéis a leanas a chló go doscriosta ar phláta reachtúil an mhonaróra san ord a liostaítear:

(a) ainm cuideachta an mhonaróra;

(b) uimhir cineálcheadaithe na feithicle;

(c) an chéim críochnaithe, i gcás an dara céim agus na céimeanna ina dhiaidh sin d'fheithiclí ar tógadh go hilchéimneach iad dá dtagraítear i bpointe 4.2 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858;

(d) uimhir aitheantais na feithicle;

(e) an uasmhais ualaithe atá incheadaithe go teicniúil;

(f) uasmhais an chónaisc atá incheadaithe go teicniúil;

(g) an uasmhais atá incheadaithe go teicniúil ar gach acastóir arna liostú in ord ón tosach go dtí an cúl.

1.2.2. Ní bheidh airde na gcarachtar dá dtagraítear i bpointe 1.2.1.(d) níos lú ná 4 mm.

1.2.3. Ní bheidh airde na gcarachtar san fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe 1.2.1., seachas uimhir aitheantais na feithicle, níos lú ná 2 mm.

1.3. Forálacha sonracha

1.3.1. Leantóirí

1.3.1.1. I gcás leantóra, luafar an uasmhais statach cheartingearach atá incheadaithe go teicniúil ar an bpointe cúplála.

1.3.1.2. Measfar gur acastóir é an pointe cúplála. Uimhreofar an t-acastóir sin ‘0’.

1.3.1.3. Uimhreofar an chéad acastóir ‘1’, an dara hacastóir ‘2’ agus mar sin de, agus iad deighilte ó chéile le fleiscín.

1.3.1.4. Fágfar mais an chónaisc dá dtagraítear i bpointe 1.2.1.(f) ar lár.

1.3.2. Feithiclí tromshaothair

1.3.2.1. Maidir le feithiclí i gcatagóir $N_3$, $O_3$ nó $O_4$, luafar an uasmhais atá incheadaithe go teicniúil ar shraith acastóirí. Sainaithneofar an iontráil a chomhfhreagraíonn do “Shraith acastóirí” leis an litir ‘T’, agus fleiscín ina dhiaidh.

1.3.2.2. Maidir le feithiclí i gcatagóir $M_3$, $N_3$, $O_3$ nó $O_4$, féadfaidh an monaróir an uasmhais ualaithe incheadaithe atá beartaithe tráth an chlárúcháin/i seirbhís a lua ar phláta reachtúil an mhonaróra.

1.3.2.2.1. Déanfar an chuid de phláta reachtúil an mhonaróra ar a luafar na maiseanna a fhoroinnt in dhá cholún: luafar na huasmhaiseanna incheadaithe atá beartaithe tráth an chlárúcháin/i seirbhís sa cholún ar chlé agus luafar na huasmhaiseanna ualaithe atá incheadaithe go teicniúil sa cholún ar dheis.

1.3.2.2.2. Léireofar cód dhá litreach na tíre ina bhfuil an fheithicil beartaithe le bheith cláraithe sa cheanntásc den cholún ar chlé. Beidh an cód i gcomhréir le Caighdeán ISO 3166-1:2006.

1.3.2.3. Ní bheidh feidhm ag ceanglais phointe 1.3.2.1. i gcás:

(a) inarb ionann an uasmhais atá incheadaithe go teicniúil ar shraith acastóirí agus suim na huasmhaise atá incheadaithe go teicniúil ar na hacastóirí atá ina gcuid den tsraith acastóirí sin;

(b) cuirtear an litir “T” mar iarmhír leis an uasmhais ar gach acastóir ar cuid é den tsraith acastóirí; agus

(c) i gcás ina gcuirtear ceanglais phointe 1.3.2.2. i bhfeidhm, is ionann an uasmhais incheadaithe tráth an chlárúcháin/i seirbhís ar an tsraith acastóirí agus suim na huasmhaise incheadaithe tráth an chlárúcháin/i seirbhís ar na hacastóirí ar cuid den tsraith acastóirí iad.

1.4. Faisnéis bhreise

1.4.1. Féadfaidh an monaróir faisnéis bhreise a sholáthar faoi na hinscríbhinní forordaithe nó taobh leo, lasmuigh de dhronuilleog atá marcáilte go soiléir ina mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí 1.2. agus 1.3. amháin.

1.5. Samhlacha de phláta reachtúil an mhonaróra

1.5.1. Tugtar samplaí de na samhlacha éagsúla a d’fhéadfaí a úsáid le haghaidh pláta reachtúil an mhonaróra i Roinn B.

1.5.2. Is sonraí samhailteacha iad na sonraí a thugtar ar na samhlacha.

1.6. Ceanglais maidir le suíomh ar fheithicil

1.6.1. Beidh pláta reachtúil an mhonaróra ceangailte go docht i suíomh feiceálach a bheidh inrochtana go héasca.

1.6.2. Roghnófar an suíomh ionas nach mbeidh an chuid dá mbeidh sé greamaithe faoi réir athsholáthair agus é in úsáid.

2. Uimhir aitheantais feithicle (VIN)

2.1. Beidh na trí chuid agus an digit seiceála a leanas i gceist le VIN:

(a) an t-aitheantóir monaróra domhanda (WMI);

(b) cuid an tuairisceora feithicle (VDS);

(c) cuid an táscaire feithicle (VIS).

2.2. Beidh cód i gceist leis an WMI a shanntar ar an monaróir feithiclí lenar féidir an monaróir sin a shainaithint.

2.2.1. Beidh trí charachtar alfa-uimhriúla sa chód, ceannlitreacha Rómhánacha nó uimhreacha Arabacha, a shannfaidh an t-údarás inniúil sa tír ina bhfuil príomháit ghnó an mhonaróra suite.

2.2.2. Gníomhóidh an t-údarás inniúil i gcomhréir leis an eagraíocht idirnáisiúnta dá dtagraítear i gCaighdeán ISO 3780:2009 maidir le "Feithiclí bóthair – Cód an aitheantóra monaróra domhanda (WMI)".

2.2.3. I gcás ina mbíonn táirgeacht dhomhanda an mhonaróra níos lú ná 500 feithicil in aghaidh na bliana, beidh an tríú carachtar i gcónaí '9'. D'fhonn monaróirí den sórt sin a shainaithint, sannfaidh an t-údarás inniúil dá dtagraítear i bpointe 2.2. an tríú, an ceathrú agus an cúigiú carachtar den VIS.

2.3. Beidh cúig charachtar alfa-uimhriúla sa VDS, ceannlitreacha Rómhánacha nó uimhreacha Arabacha, a léireoidh saintréithe ginearálta na feithicle. I gcás nach n-úsáideann an monaróir ceann amháin nó níos mó de na cúig charachtar, líonfar na spásanna nach n-úsáidtear le carachtair alfa-uimhriúla de rogha an mhonaróra ionas go mbeidh cúig charachtar san iomlán ann.

2.4. Beidh digit seiceála ann le haghaidh an naoú suíomh den VIN atá ceart ó thaobh na matamaitice de i gcomhréir leis an bhfoirmle a shonraítear i Roinn C.

2.5. Beidh ocht gcarachtar alfa-uimhriúla sa VIS, ceannlitreacha Rómhánacha nó uimhreacha Arabacha, agus ní bheidh sna ceithre charachtar dheireanacha ach digití amháin.

Soláthrófar leis an VIS, i gcomhar leis an WMI agus an VDS, aitheantas soiléir ar fheithicil ar leith. Líonfar aon spás nach n-úsáidtear leis an digit '0' ionas go mbeidh ocht gcarachtar ann san iomlán.

2.6. Ní bheidh airde na gcarachtar VIN atá marcáilte ar an bhfonnadh níos lú ná 7 mm.

2.7. Ní bheidh aon spás idir na carachtair.

2.8. Ní cheadófar na litreacha 'I', 'O' nó 'Q' a úsáid.

2.9. Beidh tús agus deireadh an VIN teoranta ag siombail amháin ar rogha an mhonaróra. Níor cheart go mbeadh an tsiombail sin ina ceannlitir Rómhánach ná uimhir Arabach.

2.9.1. Féadfar an ceanglas faoi phointe 2.9. a tharscaoileadh i gcás ina marcáiltear an VIN ar líne amháin.

2.9.2. I gcás ina marcáiltear an VIN ar dhá líne, beidh feidhm ag an gceanglas faoi phointe 2.9. maidir le gach líne.

2.10. Ceanglais maidir le suíomh an VIN ar fheithicil

2.10.1. Beidh an VIN marcáilte ar líne amháin.

2.10.1.1. I gcás nach féidir an VIN a mharcáil ar líne amháin, ar chúiseanna teicniúla amhail easpa spáis, féadann an t-údarás inniúil, arna iarraidh sin don mhonaróir, marcáil an VIN ar dhá líne a cheadú. I gcás den sórt sin, ní fhéadfaidh na codanna dá dtagraítear i bpointe 2.1. a bheith briste.

2.10.2. Marcálfar an VIN trí stampáil nó trí ghreadú meicniúil ar an bhfonnadh, ar an bhfráma nó ar struchtúr eile dá shamhail.

2.10.3. Féadfar teicnící eile ar cruthaíodh ina leith go bhfuil sé dodhéanta iad a athrú trí chrioscaíl nó trí bhrionnú ar an leibhéal céanna leis an ngreadú meicniúil a úsáid in ionad na teicníce sin.

2.10.4. Marcálfar an VIN i suíomh ina bhfuil sé le feiceáil go soiléir agus éasca rochtain a fháil air, ar bhealach nach bhféadfar é a scriosadh ná nach bhféadfadh meath teacht air.

2.10.5. Beidh an VIN suite ar thaobh na láimhe deise den fheithicil.

### *Roinn B*

### Samhail de phláta reachtúil

1. SAMHAIL A

le haghaidh feithiclí i gcatagóir $M_1$ agus $N_1$

| |
|---|
| JERMY CLARKFILS AUTOMOBILES S.A. |
| e2*2018/858*11460 |
| VRZUA5FX29J276031 |
| 1 850 kg |
| 3 290 kg |
| 1 – 1 100 kg |
| 2 – 880 kg |

Sampla de phláta reachtúil monaróra le haghaidh feithicil i gcatagóir $M_1$ cineálcheadaithe sa Fhrainc.

2. SAMHAIL B

le haghaidh feithiclí i gcatagóir $M_2$, $M_3$, $N_2$ agus $N_3$

| DEMURO VEICOLI COMMERCIALI S.P.A.<br>e3*2018/858*52288<br>ZCFC35A3405850414 | |
|---|---|
| (IT)<br>17 990 kg<br>40 000 kg<br>1 – 7 100 kg<br>2 – 11 500 kg<br>T - kg | 17 990 kg<br>44 000 kg<br>1 – 7 100 kg<br>2 – 11 500 kg<br>T - kg |

Sampla de phláta reachtúil monaróra le haghaidh feithicil i gcatagóir $N_3$ cineálcheadaithe san Iodáil.

*Tugtar* an méid seo a leanas faoi deara: tá an colún ar an taobh clé roghnach

3. SAMHAIL C

le haghaidh feithiclí i gcatagóir $O_1$ agus $O_2$

| |
|---|
| KAPITÅN SLØW<br>e5*2018/858*11460<br>YSXFB56VX71134031<br>1 500 kg<br>0 – 100 kg<br>1 – 1 100 kg<br>2 – 880 kg |

Sampla de phláta reachtúil monaróra le haghaidh feithicil i gcatagóir $O_2$ cineálcheadaithe sa tSualainn.

4. SAMHAIL D

le haghaidh feithiclí i gcatagóir $O_3$ agus $O_4$

| Jalo Pnik CO. TD<br>e8*2018/858*10036<br>2T0YX646XX7472266 | |
|---|---|
| (CZ)<br>34 000 kg<br>0 – 8 000 kg<br>1 – 9 000 kg<br>2 – 9 000 kg<br>3 – 9 000 kg<br>T - 27 000 kg | 37 000 kg<br>0 – 8 000 kg<br>1 – 10 000 kg<br>2 – 10 000 kg<br>3 – 10 000 kg<br>T - 30 000 kg |

Sampla de phláta reachtúil monaróra le haghaidh feithicil i gcatagóir $O_4$ cineálcheadaithe i bPoblacht na Seice.

*Tugtar* an méid seo a leanas faoi deara: tá an colún ar an taobh clé roghnach

5. SAMHAIL E

pláta breise le haghaidh feithiclí a tógadh go hilchéimneach (i gcomhréir le pointe 4.2. d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858)

| |
|---|
| HaMsTeR conversions LLP |
| e49*2018/858*01912 |
| Céim 3 |
| VRZUA5FX29J276031 |
| 1 900 kg |
| (kg) |
| 1 – 1 200 kg |
| 2 – kg |

Sampla de phláta reachtúil monaróra le haghaidh feithicil ilchéimneach i gcatagóir $N_1$ cineálcheadaithe sa Chipir. Luaitear an mhais atá incheadaithe go teicniúil ar an bpláta seo, rud a chiallaíonn gur athraíodh é sa chéim reatha ceadaithe. Ní luaitear uasmhais an chónaisc atá incheadaithe go teicniúil ar an bpláta seo, rud a chiallaíonn nár athraíodh é sa chéim reatha ceadaithe. Ina theannta sin, ní luaitear an iontráil '0', rud a chiallaíonn go bhfuil sé ceadaithe ag an bhfeithicil leantóir a tharraingt. Luaitear an uasmhais atá incheadaithe go teicniúil ar an gcéad acastóir ar an bpláta seo, rud a chiallaíonn gur athraíodh é sa chéim reatha ceadaithe. Ní luaitear an uasmhais atá incheadaithe go teicniúil ar an dara hacastóir ar an bpláta seo, rud a chiallaíonn nár athraíodh é sa chéim reatha ceadaithe.

## *Roinn C*

## Digit seiceála

1. Déanfar an digit seiceála a ríomh tríd an ríomh matamaiticiúil a shonraítear i bpointí 1.1. go 1.4. a dhéanamh.

1.1. Sann ar gach uimhir sa VIN a luach iarbhír matamaiticiúil agus sann ar gach litir an luach a shonraítear thíos:

| | | |
|---|---|---|
| A = 1 | J = 1 | S = 2 |
| B = 2 | K = 2 | T = 3 |
| C = 3 | L = 3 | U = 4 |
| D = 4 | M = 4 | V = 5 |
| E = 5 | N = 5 | W = 6 |
| F = 6 | P = 7 | X = 7 |
| G = 7 | R = 9 | Y = 8 |
| H = 8 | | Z = 9 |

1.2. Iolraigh an luach atá sannta ar gach carachtar sa VIN faoin toisc ualúcháin suímh a shonraítear thíos:

| | |
|---|---|
| 1ú = 8 | 10ú = 9 |
| 2ú = 7 | 11ú = 8 |
| 3ú = 6 | 12ú = 7 |
| 4ú = 5 | 13ú = 6 |

| | |
|---|---|
| $5^{ú}$ = 4 | $14^{ú}$ = 5 |
| $6^{ú}$ = 3 | $15^{ú}$ = 4 |
| $7^{ú}$ = 2 | $16^{ú}$ = 3 |
| $8^{ú}$ = 10 | $17^{ú}$ = 2 |
| $9^{ú}$ = digit seiceála | |

1.3. Cuir na torthaí a leanann as sin le chéile agus roinn an t-iomlán ar 11.

1.4. Tá an digit seiceála (uimhir 0 go 9 nó litir X) bunaithe ar an bhfuílleach codánach nó ar an bhfuílleach coibhéise deachúla (arna shlánú go dtí an míliú is gaire) mar a liostaítear sa tábla thíos.

| Digit seiceála | Fuílleach codánach | Fuílleach coibhéise deachúla |
|---|---|---|
| 0 | 0 | 0 |
| 1 | 1/11 | 0,091 |
| 2 | 2/11 | 0,182 |
| 3 | 3/11 | 0,273 |
| 4 | 4/11 | 0,364 |
| 5 | 5/11 | 0,455 |
| 6 | 6/11 | 0,545 |
| 7 | 7/11 | 0,634 |
| 8 | 8/11 | 0,727 |
| 9 | 9/11 | 0,818 |
| X | 10/11 | 0,909 |

CUID 3

**DEIMHNIÚ AR CHINEÁLCHEADÚ AE (CÓRAS FEITHICLE)**

Teachtaireacht maidir le cineálcheadú *a dheonú / a shíneadh / a dhiúltú / a tharraingt siar* ([1]) i leith cineál feithicle maidir leis an bpláta reachtúil agus an uimhir aitheantais feithicle, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/535 [*Cuir isteach tagairt don Rialachán seo*], arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) Uimh. …/…

Uimhir an deimhnithe ar chineálcheadú ón Aontas.

An chúis leis an *síneadh / diúltú / tarraingt siar* ([1]):

*ROINN I*

(Le líonadh isteach i gcomhréir le Roinn I den teimpléad de Shamhail B in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún)

*ROINN II*

(Le líonadh isteach i gcomhréir le Roinn II den teimpléad de Shamhail B in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún)

Aguisín

**a ghabhann le deimhniú ar chineálcheadú AE uimhir …**

1. Faisnéis bhreise:

1.1. Tuairisc ghearr ar chineál na feithicle a mhéid a bhaineann lena struchtúr, toisí agus ábhair na gcomhpháirteanna:

2. Suíomh na huimhreach aitheantais feithicle:

3. Suíomh an phláta reachtúil:

4. Pláta reachtúil le haghaidh feithicil a tógadh go hilchéimneach: *tá / níl* ([1])

5. Nótaí:

---

([1]) Scrios murab infheidhme.

*IARSCRÍBHINN III*

**SPÁS CHUN PLÁTAÍ CLÁRÚCHÁIN TOSAIGH AGUS CÚIL A GHLÉASADH AGUS A SHOCRÚ**

CUID 1

**Doiciméad faisnéise i ndáil le cineálcheadú AE do mhótarfheithiclí agus a leantóirí maidir leis an spás chun plátaí tosaigh agus cúil a ghléasadh agus a shocrú**

SAMHAIL

Doiciméad faisnéise Uimh. … a bhaineann le cineálcheadú AE do mhótarfheithicil nó do leantóir maidir leis an spás chun plátaí clárúcháin tosaigh agus cúil a ghléasadh agus a shocrú.

Soláthrófar trí chóip den fhaisnéis a leanas, más infheidhme, agus áireofar liosta ábhair léi. Ní mór aon líníocht nó pictiúr a sholáthar ar scála iomchuí agus ar bhealach a bheidh mionsonraithe go leordhóthanach ar pháipéar de mhéid A4 nó ar fhillteán i bhformáid A4. Ní mór mionsonraí leordhóthanacha a bheith le feiceáil i ngrianghraif, más ann dóibh.

0.

0.1.

0.2.

0.2.1.

0.3.

0.3.1.

0.4.

0.5.

0.8.

0.9.

1.

1.1.

2.

2.4.

2.4.2.

2.4.2.3.

2.6.

9.

9.14.

9.14.1.

9.14.2.

9.14.3.

9.14.4.

9.14.5.

9.14.5.1.

9.14.5.2.

9.14.5.3.

9.14.5.4.

9.14.6.

9.14.7.

*Nótaí míniúcháin*

Bunaítear an doiciméad faisnéise seo ar an teimpléad a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún agus líonfar isteach é leis an bhfaisnéis ábhartha faoi uimhreacha na bpointí a liostaítear thuas, mar a shainmhínítear sa teimpléad sin.

CUID 2

**SONRAÍOCHTAÍ TEICNIÚLA**

1. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1.1. ciallaíonn "*dromchla beagnach comhréidh*" dromchla d'ábhar soladach, a d'fhéadfadh a bheith ina mhogall patrúnaithe nó gríl freisin, agus ga cuaire 3 000 mm ar a laghad aige;

1.2. ciallaíonn "*dromchla mogaill phatrúnaithe*" dromchla a bhfuil patrún cruthanna air amhail poill chruinne, ubhchruthacha, mhuileatacha, dhronuilleogacha nó chearnógacha atá scaipthe go cothrom ag eatraimh nach faide ná 15 mm;

1.3. ciallaíonn "*dromchla gríle*" dromchla a bhfuil barraí comhthreomhara air atá scaipthe go cothrom agus a bhfuil comhfhad nach faide ná 15 mm acu;

1.4. ciallaíonn "*dromchla ainmniúil*" dromchla atá foirfe go teoiriciúil ó thaobh na geoiméadrachta de gan neamhrialtachtaí dromchla amhail starrtha nó loig a chur san áireamh;

1.5. ciallaíonn "*fadphlána meánach na feithicle*" plána siméadrachta na feithicle nó, mura bhfuil an fheithicil siméadrach, an fadphlána ceartingearach a théann trí lár acastóirí na feithicle;

1.6. ciallaíonn "*claonadh*" céim an diallta uilligh i ndáil le plána ceartingearach.

2. Ceanglais theicniúla

2.1. Beidh feithiclí feistithe le spás chun plátaí clárúcháin cúil a ghléasadh agus a shocrú.

2.1.1. Beidh feithiclí i gcatagóirí M agus N feistithe freisin le spás chun plátaí clárúcháin tosaigh a ghléasadh agus a shocrú.

2.1.2. Beidh feithiclí i gcatagóir $O_2$, $O_3$ agus $O_4$ feistithe le dhá spás ar leith chun plátaí clárúcháin cúil a ghléasadh agus a shocrú (i.e. chun gur féidir sainaithint roghnach feithicle tarraingthe a bheith ann i gcás ina n-éilíonn údarás náisiúnta é).

2.2. Cruth agus toisí an spáis chun pláta clárúcháin a ghléasadh

2.2.1. Beidh limistéar dronuilleogach i gceist leis an spás ainmnithe le haghaidh gléasta agus na híostoisí a leanas aige:

cibé acu (“pláta leathan”)

leithead: 520 mm

airde: 120 mm

nó (“pláta ard”)

leithead: 340 mm

airde: 240 mm.

2.3. Plátaí clárúcháin tosaigh agus cúil a ghléasadh agus a shocrú.

2.3.1. Beidh an spás chun pláta clárúcháin tosaigh nó cúil a ghléasadh comhdhéanta de dhromchla dronuilleogach comhréidh nó beagnach comhréidh.

2.3.1.1. Féadfaidh pláta nó brac cuibheora a bheith ina bhonn don spás chun pláta clárúcháin a ghléasadh i gcás ina soláthraítear mar threalamh caighdeánach é. Féadfar é a dhearadh ar bhealach a fhágfaidh nach mbeidh sé greamaithe den fheithicil ach amháin in éineacht le pláta clárúcháin.

2.3.1.2. Féadfaidh an monaróir feithiclí spásanna roghnacha nó malartacha a sholáthar le haghaidh plátaí clárúcháin ar an bhfeithicil ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais leo freisin.

2.3.2. D’fhéadfadh poill nó bearnaí a bheith sa dromchla a bheidh le cumhdach ag pláta clárúcháin tosaigh nó cúil; ní bheidh na poill nó bearnaí sin níos mó ná 75 mm ar airde, áfach, gan a leithead a chur san áireamh.

2.3.3. D’fhéadfadh starrtha a bheith sa dromchla a bheidh le cumhdach ag pláta clárúcháin tosaigh nó cúil, ar choinníoll nach ngobann na starrtha sin amach níos mó ná 5,0 mm ón dromchla ainmniúil. Ní dhéanfar paistí d’ábhair atá an-bhog, amhail cúr nó feilt chun an pláta clárúcháin a stopadh de bheith ag crith, a chur san áireamh.

2.3.4. Beidh an spás chun pláta clárúcháin tosaigh nó cúil a ghléasadh leagtha amach ar bhealach a fhágann, le pláta tástála, mar a shainmhínítear i bpointe 3.4., á shocrú i gcomhréir le treoracha an mhonaróra, go gcomhlíontar na ceanglais a leanas:

2.3.4.1. Suíomh an spáis chun pláta clárúcháin tosaigh nó cúil a ghléasadh:

2.3.4.1.1. Beidh an spás chun pláta clárúcháin a ghléasadh chun tosaigh ar an bhfeithicil ar bhealach a fhágann go bhféadtar an pláta a chur go hiomlán laistigh den dá fhadphlána cheartingearacha chomhthreomhara a théann trí fhoircinn sheachtracha na feithicle, gan aon ghaireas amhairc neamhdhírigh a chur san áireamh. Ní bheidh an spás ainmnithe féin ar an bpointe is leithne den fheithicil.

2.3.4.1.2. Beidh an spás chun pláta clárúcháin a ghléasadh ar chúl na feithicle ar bhealach a fhágann go bhféadtar an pláta a chur go hiomlán laistigh den dá fhadphlána cheartingearacha chomhthreomhara a théann trí fhoircinn sheachtracha na feithicle, gan aon ghaireas amhairc neamhdhírigh a chur san áireamh. Ní bheidh an spás ainmnithe féin ar an bpointe is leithne den fheithicil.

2.3.4.1.3. Beidh plátaí clárúcháin tosaigh agus cúil ingearach (± 5°) le fadphlána meánach na feithicle, arna thomhas i lár an phláta.

2.3.4.2. Suíomh an phláta tosaigh agus cúil i ndáil leis an trasphlána ingearach:

2.3.4.2.1. Féadfaidh an pláta a bheith claonta ar an ingear nach lú ná – 5° agus nach mó ná 30°, ar choinníoll nach mó ná 1 500 mm ó dhromchla na talún é airde chiumhais uachtarach an phláta.

2.3.4.2.2. Féadfaidh an pláta a bheith claonta ar an ingear nach lú ná – 15° agus nach mó ná 5°, ar choinníoll gur mó ná 1 500 mm ó dhromchla na talún é airde chiumhais uachtarach an phláta.

2.3.4.3. Airde an phláta tosaigh agus cúil ó dhromchla na talún:

2.3.4.3.1. Ní bheidh ciumhais íochtarach an phláta tosaigh níos lú ná 100 mm ó dhromchla na talún.

2.3.4.3.2. Ní bheidh ciumhais íochtarach an phláta cúil níos lú ná 200 mm ó dhromchla na talún.

2.3.4.3.3. Ní bheidh airde chiumhais uachtarach an phláta tosaigh agus cúil níos mó ná 1 500 mm ó dhromchla na talún.

2.3.4.3.3.1. Maidir le feithiclí sainchuspóireacha, i gcás nach bhfuil sé indéanta an fhoráil maidir le hairde a chomhlíonadh le haghaidh spás an phláta clárúcháin tosaigh nó cúil de bharr thógáil na feithicle, féadfaidh an uasairde, de mhaolú ar phointe 2.3.4.3.3., a bheith níos mó ná 1 500 mm ar choinníoll go bhfuil sé chomh gar don teorainn agus is féidir i bhfianaise shaintréithe tógála na feithicle.

2.3.4.4. Infheictheacht gheoiméadrach:

2.3.4.4.1. Beidh plátaí tosaigh agus cúil sofheicthe sa spás iomlán laistigh de na ceithre phlána a leanas:

(a) an dá phlána cheartingearacha a theagmhaíonn le dhá chiumhais chliathánacha an phláta agus a chruthaíonn uillinn 30° arna tomhas amach ar chlé agus ar dheis an phláta chuig fadphlána meánach na feithicle;

(b) an plána a theagmhaíonn le ciumhais uachtarach an phláta agus a chruthaíonn uillinn arna tomhas os cionn 15° chuig an gcothrománach;

(c) an plána cothrománach trí chiumhais íochtarach an phláta, i gcás nach mó ná 1 500 mm airde chiumhais uachtarach an phláta ó dhromchla na talún;

(d) an plána a theagmhaíonn le ciumhais íochtarach an phláta agus a chruthaíonn uillinn arna tomhas faoi bhun 15° leis an gcothrománach, i gcás gur mó ná 1 500 mm airde chiumhais uachtarach an phláta ó dhromchla na talún.

Beidh an pláta tosaigh infheicthe i dtreo aghaidh na feithicle agus beidh an pláta cúil infheicthe i dtreo chúl na feithicle.

2.3.4.4.2. Ní bheidh aon ghné struchtúrach, fiú i gcás ina mbíonn sé go hiomlán trédhearcach, suite laistigh den spás a dtugtar tuairisc air thuas.

2.3.4.5. Ní bheidh an bhearna idir ciumhaiseanna an phláta gléasta agus socraithe agus dromchla iarbhír spás an phláta níos mó ná 5,0 mm feadh imlíne iomlán an phláta.

2.3.4.5.1. Féadfar an bhearna sin a shárú má thomhaistear ag poll nó bearna sa mhogall patrúnaithe nó idir na barraí comhthreomhara i ndromchla gríle é.

2.3.5. Déanfar suíomh agus cruth iarbhír an phláta gléasta agus socraithe mar a chinntear thuas, go háirithe an ga cuaire atá aige dá bharr, a chur san áireamh chun críche ceanglais gairis soilsithe an phláta clárúcháin cúil.

2.4. Ceanglais eile

2.4.1. Ní bheidh an pláta clárúcháin ina bhonn ná ina chuid de bhonn chun aon pháirt, comhpháirt nó gaireas feithicle eile a cheangal de, a ghléasadh nó a fháscadh air (e.g. ní féidir tacaí gairis soilsithe a shocrú ar phláta clárúcháin).

2.4.2. Ní éireoidh aon pháirt, pláta cuibheora, comhpháirt ná gaireas scaoilte ná scortha de thoradh ar phláta clárúcháin a bhaint.

2.4.3. Agus pláta clárúcháin socraithe, ní laghdófar a infheictheacht faoi ghnáthdhálaí úsáide mar gheall, go háirithe, ar chreathanna ná fórsaí dinimiciúla amhail fórsaí gaoithe tiomána.

2.4.4. Ní cheadaítear suíomh gléasta le haghaidh pláta clárúcháin a sholáthar a d'fhéadfadh casadh suas agus/nó síos níos faide ná na huillinneacha a leagtar síos i bpointí 2.3.4.2.1. agus 2.3.4.2.2. i ndáil le struchtúr na feithicle i ngnáthdhálaí tiomána (i.e. agus na doirse nó painéil rochtana dúnta).

2.4.5. I gcás ina ndearbhaíonn an monaróir feithiclí go bhfuil mótarfheithicil oiriúnach le hualaí a tharraingt (pointe 2.11.5. den doiciméad faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 24(1) de Rialachán (AE) 2018/858) agus i gcás ina bhféadfaidh aon pháirt de ghaireas oiriúnach cúplála meicniúla, bíodh sé feistithe ar chineál na mótarfheithiclí nó ná bíodh, an spás le haghaidh gléasadh agus socrú an phláta clárúcháin cúil a cheilt (nó cuid de), beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) sonrófar go soiléir sna treoracha d'úsáideoir na mótarfheithicle (e.g. lámhleabhar úsáideora úinéir na feithicle) nach gceadaítear suiteáil gairis cúplála meicniúla nach furasta a bhaint nó a athshuíomh.

(b) sonrófar freisin go soiléir sna treoracha, i gcás ina mbeidh gaireas cúplála meicniúla feistithe, nach mór é a bhaint nó a athshuíomh nuair nach mbíonn sé á úsáid; agus

(c) i gcás cineálcheadú córais feithicle i gcomhréir le Rialachán Uimh. 55 ([1]) de chuid NA, áiritheofar i gcás forálacha maidir le baint, athshuíomh agus/nó suíomh eile go gcomhlíonfar go hiomlán iad freisin a mhéid a bhaineann le suiteáil soilsiúcháin agus spás chun an pláta clárúcháin cúil a ghléasadh agus a shocrú.

3. Nós imeachta tástála

3.1. Claonadh ingearach agus airde an phláta tástála clárúcháin ó dhromchla na talún a chinneadh.

3.1.1. Cuirfear an fheithicil ar dhromchla comhréidh cothrománach. Beidh na rothaí faoi stiúir dírithe sa suíomh díreach ar aghaidh agus beidh mais na feithicle coigeartaithe chuig an mais réidh le hoibriú, ach gan an tiománaí, sula ndéantar na tomhais.

3.1.2. I gcás ina mbíonn an fheithicil feistithe le crochadh hidrineomatach, hiodrálach nó neomatach nó le gaireas eile is féidir a choigeartú i ndáil leis an lód, tástálfar é leis an gcrochadh nó leis an ngaireas sa ghnáthdháil ord reatha, arna shonrú ag an monaróir.

3.1.3. I gcás ina mbíonn príomhthaobh infheicthe an phláta tástála clárúcháin dírithe síos, sloinnfear tomhas an chlaonta mar uillinn ísle.

3.2. Déanfar starrtha a thomhas go hingearach agus go díreach i dtreo an dromchla ainmniúil a bheidh le cumhdach ag an bpláta clárúcháin.

3.3. Déanfar an bhearna idir ciumhais an phláta tástála clárúcháin gléasta agus socraithe agus an dromchla a thomhas go hingearach agus go díreach i dtreo an dromchla iarbhír a bheidh le cumhdach ag an bpláta.

3.4. Beidh ceann amháin den dá mhéid a shonraítear i bpointe 2.2.1. agus tiús nach mó ná 4,0 mm ag an bpláta clárúcháin a úsáidtear chun comhréireacht a sheiceáil. Beidh ga 10 mm ag na coirnéil.

([1]) Rialachán Uimh. 55 de chuid NA ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UN/ECE) — Forálacha aonfhoirmeacha a bhaineann le ceadú comhpháirteanna cúplála meicniúla le haghaidh cónaisc feithiclí (IO L 153, 15.6.2018, lch. 179).

CUID 3

**DEIMHNIÚ AR CHINEÁLCHEADÚ AE (CÓRAS FEITHICLE)**

Teachtaireacht maidir le cineálcheadú *a dheonú / a shíneadh / a dhiúltú / a tharraingt siar* ([2]) i leith cineál feithicle maidir le spásanna na bplátaí clárúcháin i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/535 [*Cuir isteach tagairt don Rialachán seo*], arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) Uimh. …/…

Uimhir an deimhnithe ar chineálcheadú ón Aontas.

An chúis leis an *síneadh / diúltú / tarraingt siar* ([2]):

*ROINN I*

(Le líonadh isteach i gcomhréir le Roinn I den teimpléad de Shamhail B in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún)

*ROINN II*

(Le líonadh isteach i gcomhréir le Roinn II den teimpléad de Shamhail B in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún)

*Aguisín*

**a ghabhann le deimhniú ar chineálcheadú AE uimhir …**

1. Faisnéis bhreise:

1.1. Tuairisc ghearr ar chineál na feithicle a mhéid a bhaineann lena struchtúr, toisí agus ábhair na gcomhpháirteanna:

1.2. Tuairisc ar spásanna na bplátaí clárúcháin (tosaigh agus cúil):

2. Tá spás an phláta clárúcháin oiriúnach do mhéid pláta clárúcháin suas le (mm) a shocrú:

2.1. Tosach: *520 × 120 / 340 × 240* ([2])

2.2. Cúl: *520 × 120 / 340 × 240* ([2])

2.3. Dara pláta clárúcháin cúil i gcás feithiclí i gcatagóir $O_2$, $O_3$ agus $O_4$: *520 × 120 / 340 × 240* ([2])

4. Spás le haghaidh pláta clárúcháin cúil faoi cheilt i gcás ina bhfeistítear aon ghaireas cúplála meicniúla: *tá / níl* ([2])

5. Nótaí:

---

([2]) Scrios murab infheidhme.

*IARSCRÍBHINN IV*

## CÓRAIS CUIMILTEOIRÍ AGUS NITEOIRÍ GAOTHSCÁTHA

CUID 1

***Roinn A***

### Doiciméad faisnéise i ndáil le cineálcheadú AE do mhótarfheithiclí maidir lena gcórais cuimilteoirí agus niteoirí gaothscátha

SAMHAIL

Doiciméad faisnéise Uimh. … a bhaineann le cineálcheadú AE do mhótarfheithicil maidir lena chórais cuimilteoirí agus niteoirí gaothscátha.

Soláthrófar trí chóip den fhaisnéis a leanas, más infheidhme, agus áireofar liosta ábhair léi. Ní mór aon líníocht nó pictiúr a sholáthar ar scála iomchuí agus ar bhealach a bheidh mionsonraithe go leordhóthanach ar pháipéar de mhéid A4 nó ar fhillteán i bhformáid A4. Ní mór mionsonraí leordhóthanacha a bheith le feiceáil i ngrianghraif, más ann dóibh.

0.

0.1.

0.2.

0.2.1.

0.3.

0.3.1.

0.4.

0.5.

0.8.

0.9.

1.

1.1.

3.

3.2.

3.2.1.8.

3.2.5.

3.2.5.1.

3.2.5.2.

3.2.5.2.1.

3.2.5.2.2.

3.3.

3.3.1.1.

3.3.1.2.

3.3.2.

3.3.2.3.

3.4.

3.4.1.

3.4.2.

3.4.4.

3.4.4.5.

3.4.4.6.

4.

4.7.

9.

9.2.

9.4.

9.4.1.

9.5.

9.5.1.

9.5.1.1.

9.5.1.2.

9.5.1.3.

9.5.1.4.

9.5.1.5.

9.6.

9.6.1.

9.7.

9.7.1.

9.8.

9.8.2.

9.10.

9.10.3.

9.10.3.5.

9.10.3.5.1.

9.10.3.6.

9.10.3.6.1.

*Nótaí míniúcháin*

Bunaítear an doiciméad faisnéise seo ar an teimpléad a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún agus líonfar isteach é leis an bhfaisnéis ábhartha faoi uimhreacha na bpointí a liostaítear thuas, mar a shainmhínítear sa teimpléad sin.

***Roinn B***

**Doiciméad faisnéise i ndáil le cineálcheadú AE do chórais niteoirí gaothscátha mar aonaid theicniúla ar leithligh**

SAMHAIL

Doiciméad faisnéise Uimh. … a bhaineann le cineálcheadú AE mar aonad teicniúil ar leithligh do chórais niteoirí gaothscátha.

Soláthrófar trí chóip den fhaisnéis a leanas, más infheidhme, agus áireofar liosta ábhair léi. Ní mór aon líníocht a sholáthar ar scála iomchuí agus ar bhealach a bheidh mionsonraithe go leordhóthanach ar pháipéar de mhéid A4 nó ar fhillteán i bhformáid A4. Ní mór mionsonraí leordhóthanacha a bheith le feiceáil i ngrianghraif, más ann dóibh.

I gcás ina mbíonn rialtáin leictreacha ag córais, ag comhpháirteanna nó ag aonaid theicniúla ar leithligh, dá dtagraítear sa doiciméad faisnéise seo, soláthrófar faisnéis a bhaineann lena bhfeidhmíocht.

0.

0.1.

0.2.

0.3.

0.3.1.

0.4.

0.5.

0.7.

0.8.

0.9.

9.7.

9.7.1.

*Nótaí míniúcháin*

Bunaítear an doiciméad faisnéise seo ar an teimpléad a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún agus líonfar isteach é leis an bhfaisnéis ábhartha faoi uimhreacha na bpointí a liostaítear thuas, mar a shainmhínítear sa teimpléad sin.

CUID 2

**SONRAÍOCHTAÍ TEICNIÚLA**

1. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1.1. ciallaíonn "*réimse cuimilteora*" an limistéar/na limistéir ar an ngaothscáth a dhéantar a chuimilt ag lann(a) cuimilteora agus an córas cuimilteoirí ag oibriú faoi ghnáthdhálaí;

1.2. ciallaíonn "*oibríocht uaineach an chórais cuimilteoirí*" modh oibriúcháin uathoibríoch neamhleanúnach an chórais cuimilteoirí, i gcás ina mbíonn tréimhse nuair a bhíonn na cuimilteoirí ina stad i suíomh stad sonrach ainmnithe tar éis gach timthriall iomlán;

1.3. ciallaíonn "*rialtán niteoirí*" gaireas lena ndéantar an córas niteoirí a ghníomhachtú agus a dhíghníomhachtú de láimh;

1.4. ciallaíonn "*caidéal niteoirí*" gaireas chun sreabhán a aistriú ó thaiscumar stórála an chórais niteoirí go dtí aghaidh sheachtrach an ghaothscátha;

1.5. ciallaíonn "*buinne*" gaireas a dhíríonn sreabhán ar an ngaothscáth;

1.6. ciallaíonn "*córas lánphrímeáilte*" córas a gníomhachtaíodh ar an ngnáthbhealach ar feadh tréimhse ama agus inar aistríodh sreabhán tríd an gcaidéal, tríd an bhfeadánra agus amach as an mbuinne/na buinní;

1.7. ciallaíonn "*limistéar glanta*" an limistéar a bhí salach roimhe agus nach bhfuil aon rian de bhraonta agus salachar fágtha air tar éis dó a bheith go hiomlán triomaithe;

1.8. ciallaíonn "*achar radhairc A*" limistéar tástála A mar a shainmhínítear i mír 2.2 d'Iarscríbhinn 21 a ghabhann le Rialachán Uimh. 43 de chuid NA maidir le forálacha aonfhoirmeacha a bhaineann le hábhair gloinithe sábháilteachta agus a suiteáil ar fheithiclí a cheadú ([1]);

1.9. ciallaíonn "*achar radhairc B*" limistéar tástála laghdaithe B mar a shainmhínítear i mír 2.4. d'Iarscríbhinn 21 a ghabhann le Rialachán Uimh. 43 de chuid NA, gan an limistéar a shainmhínítear i mír 2.4.1. a eisiamh. (i.e. cuirtear achar radhairc A san áireamh);

1.10. ciallaíonn "*córas tagartha tríthoiseach*" greille tagartha mar a dtugtar tuairisc air in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Réiteach Comhdhlúite maidir le Déanamh Feithiclí (R.E.3);

1.11. ciallaíonn "*máistirlasc rialaithe na feithicle*" an gaireas trínar féidir an córas leictreonaice atá ar bord na feithicle a athrú óna bheith múchta, mar a bheadh i gcás ina bhfuil an fheithicil páirceáilte gan an tiománaí istigh inti, chuig a gnáthmhodh oibríochta.

([1]) Rialachán Uimh. 43 de chuid Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UN/ECE) — Forálacha aonfhoirmeacha a bhaineann le hábhair gloinithe sábháilteachta agus a suiteáil ar fheithiclí a cheadú (IO L 42, 12.2.2014, lch. 1).

2. Ceanglais theicniúla

2.1. Córas cuimilteoirí gaothscátha.

2.1.1. Maidir le gach feithicil a bhfuil gaothscáth feistithe inti, beidh córas cuimilteoirí gaothscátha ina threalamh aici a bheidh in ann oibriú nuair a ghníomhachtaítear máistirlasc rialaithe na feithicle, gan aon ghníomhaíocht ón tiománaí seachas an rialú oibriúcháin, atá de dhíth chun an córas cuimilteoirí gaothscátha a thosú agus a stopadh, a lascadh ann.

2.1.1.1. Beidh géag cuimilteora amháin nó níos mó agus lann cuimilteora orthu atá éasca le hathsholáthar sa chóras cuimilteoirí gaothscátha.

2.1.2. Cumhdóidh réimse cuimilteora an ghaothscátha 98 % ar a laghad d'achar radhairc A.

2.1.3. Cumhdóidh réimse cuimilteora an ghaothscátha 80 % ar a laghad d'achar radhairc B.

2.1.4. Comhlíonfaidh réimse cuimilteora an ghaothscátha ceanglais phointe 2.1.2. agus 2.1.3. agus an córas ag oibriú ag minicíocht buille a chomhfhreagraíonn do phointe 2.1.5.1. agus tástálfar é faoi na coinníollacha mar a leagtar amach i bpointí 3.1.10. agus 3.1.10.3.

2.1.5. Beidh dhá shocrú minicíochta buille ar a laghad ag an gcóras cuimilteoirí gaothscátha:

2.1.5.1. Minicíocht amháin nach lú ná 10 agus nach mó ná 55 thimthriall sa nóiméad.

2.1.5.2. Minicíocht amháin nach lú ná 45 thimthriall foriomlán sa nóiméad.

2.1.5.3. Beidh an difríocht idir an socrú minicíochta buille is airde agus is ísle 15 thimthriall sa nóiméad ar a laghad.

2.1.5.4. Féadfar oibriú uaineach an chórais cuimilteoirí gaothscátha a úsáid chun ceanglais phointí 2.1.5.1. go 2.1.5.3. a chomhlíonadh.

2.1.6. Tástálfar na minicíochtaí dá dtagraítear i bpointí 2.1.5. go 2.1.5.3. faoi na coinníollacha a leagtar amach i bpointí 3.1.1. go 3.1.6. agus 3.1.8.

2.1.7. I gcás ina stoptar an córas cuimilteoirí gaothscátha de thoradh an rialú oibriúcháin a lascadh as, fillfidh an géag/na géaga cuimilteora agus an lann/na lanna ar an suíomh ina mbíonn siad nuair nach mbíonn siad ag obair.

2.1.8. Beidh an córas cuimilteoirí gaothscátha in ann loiceadh a sheasamh ar feadh 15 shoicind ar a laghad. Ceadaítear gairis cosanta ciorcaid uathoibríocha a úsáid, ar choinníoll nach n-éilítear aon ghníomhaíocht le haghaidh athshocrú a d'fhéadfadh a bheith ann seachas an rialú oibriúcháin cuimilteora gaothscátha a oibriú.

2.1.9. Tástálfar an cumas chun loiceadh an chórais cuimilteoirí gaothscátha a sheasamh dá dtagraítear i bpointe 2.1.8. faoi na coinníollacha mar a leagtar amach i bpointe 3.1.7.

2.1.10. I gcás nach mbíonn an suíomh ina mbíonn géag(a) nó lann(a) an chuimilteora gaothscátha lasmuigh d'achar radhairc B, beifear in ann lann(a) an chuimilteora a chur as a áit de láimh ar bhealach gur féidir lann(a) an chuimilteora a ardú óna suíomh ar an ngaothscáth ionas gur féidir an gaothscáth a ghlanadh de láimh.

2.1.11. Beidh an córas cuimilteoirí gaothscátha in ann oibriú ar feadh 120 soicind ar ghaothscáth tirim i dteocht chomhthimpeallach – 18 °C, gan díghrádú ar an bhfeidhmíocht.

2.1.12. Tástálfar feidhmíocht an chórais cuimilteoirí gaothscátha ag – 18 °C faoi na coinníollacha mar a leagtar amach i bpointe 3.1.11.

2.1.13. Leanfaidh an córas cuimilteoirí gaothscátha de cheanglais phointe 2.1.2. a chomhlíonadh gan aon díghrádú ar éifeachtúlacht, agus é ag oibriú ag an uasmhinicíocht agus nuair a bhíonn an fheithicil á cur faoi aerluas coibhneasta atá comhionann le 80 % d'uasluas deartha na feithicle nó 160 km/u, cibé acu is ísle. Ullmhófar achar radhairc A an ghaothscátha i gcomhréir le pointí 3.1.8. agus 3.1.9. Déanfar na héifeachtaí aeraidinimiciúla atá bainteach le méid agus cruth an ghaothscátha, géag(a) an chuimilteora agus lann(a) an chuimilteora a fhíorú faoi na coinníollacha sin, agus pointe 3.1.9.1 á chur san áireamh freisin. Le linn na tástála, fanfaidh lann an chuimilteora i dteagmháil leis an ngaothscáth agus ní cheadófar éirí iomlán. Fanfaidh lann(a) an chuimilteora i dteagmháil iomlán leis an ngaothscáth sa limistéar mar a bhunaítear i bpointe 2.1.2. ar feadh gach timthriall iomlán agus ní cheadófar aon éirí páirteach le linn an bhuille suas chomh maith leis an mbuille síos.

2.2. Córas niteoirí gaothscátha.

2.2.1. Maidir le gach feithicil a bhfuil gaothscáth feistithe inti, beidh córas niteoirí gaothscátha ina threalamh aici a bheidh in ann oibriú nuair a ghníomhachtaítear máistirlasc rialaithe na feithicle, agus atá in ann ualaí agus brúnna a leanann as buinní a phlugáil agus an córas a ghníomhrú a sheasamh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i bpointí 3.2.1.1. go 3.2.1.1.2.

2.2.2. Ní dhéanfar difear d'fheidhmíocht an chórais niteoirí gaothscátha trí nochtadh do na timthriallta teochta i gcomhréir le pointí 3.2.1. go 3.2.5.

2.2.3. Beidh an córas niteoirí gaothscátha in ann sreabhán a spraeáil ar sprioclimistéar an ghaothscátha, gan aon rian sceite, díchónascadh aon fheadánra agus mífheidhmiú aon bhuinne, ag gnáthdhálaí nuair a chuirtear faoi theochtaí comhthimpeallacha idir – 18 °C agus 80°C é. Ina theannta sin, nuair a bhíonn na buinní blocáilte, ní léireoidh an córas aon rian sceite agus díchónascadh aon fheadánra ach oiread.

2.2.4. Beidh an córas niteoirí gaothscátha in ann sreabhán leordhóthanach a sheachadadh chun 60 % ar a laghad d'achar radhairc A a ghlanadh, faoi na coinníollacha a leagtar amach i bpointí 3.2.6. go 3.2.6.4.

2.2.5. Beifear in ann an córas niteoirí gaothscátha a ghníomhachtú de láimh trí bhíthin an rialtáin niteoirí. Ina theannta sin, beifear in ann gníomhachtú agus díghníomhachtú an chórais a chomhordú agus a chomhcheangal freisin le haon chóras feithicle eile.

2.2.6. Beidh inniúlacht an taiscumair ina mbeidh an leacht ≥ 1.0 lítear.

3. Nós imeachta tástála

3.1. Coinníollacha tástála an chórais cuimilteoirí gaothscátha.

3.1.1. Déanfar na tástálacha a dtugtar tuairisc orthu thíos faoi na coinníollacha mar a luaitear i bpointí 3.1.2. go 3.1.5. mura sonrófar a mhalairt.

3.1.2. Beidh an teocht chomhthimpeallach idir 5°C agus 40°C.

3.1.3. Beidh an gaothscáth fliuch an t-am ar fad.

3.1.4. I gcás chóras leictreonach cuimilteoirí gaothscátha, comhlíonfar na coinníollacha breise a leanas.

3.1.4.1. Beidh gach cadhnra luchtaithe go hiomlán ag tús na tástála.

3.1.4.2. Rithfidh an t-inneall, má tá sé feistithe, ar luas nach mó ná 30 % den luas a chomhfhreagraíonn dá aschur cumhachta uasta. I gcás ina gcruthaítear nach féidir é sin a dhéanamh, áfach, mar gheall ar straitéisí sonracha rialaithe innill, mar shampla i gcás feithiclí hibrideacha leictreacha, cinnfear cás réalaíoch agus luasanna innill, easpa thréimhsiúil nó easpa iomlán d'inneall a bheith ar siúl á gcur san áireamh le linn gnáthdhálaí tiomána. I gcás inar féidir leis an gcóras cuimilteoirí gaothscátha na ceanglais a chomhlíonadh gan inneall a bheith ar siúl, ní gá don inneall a bheith ar siúl.

3.1.4.3. Lascfar na ceannlampaí léis mhaolaithe ann.

3.1.4.4. Beidh gach córas téimh, aerála, díreoite agus dínéalaithe atá feistithe (beag beann ar an suíomh san fheithicil) ag oibriú ar uasídiú leictreachais.

3.1.5. Beidh córais cuimilteoirí aeir chomhbhrúite nó folús-oibrithe in ann feidhmiú go leanúnach ag na minicíochtaí buille forordaithe cibé luas an innill agus ualach innill nó íosleibhéil nó uasleibhéil luchtaithe cadhnra arna sonrú ag an monaróir le haghaidh gnáthoibriúcháin.

3.1.6. Comhlíonfar ceanglais phointí 2.1.5. go 2.1.5.3. le minicíochtaí buille an chórais cuimilteoirí gaothscátha tar éis réamh-am oibriúcháin 20 nóiméad ar ghaothscáth fliuch.

3.1.7. Measfar go mbeidh ceanglais phointe 2.1.8. comhlíonta nuair a bheidh géaga an chuimilteora srianta i suíomh a chomhfhreagraíonn do leath timthrialla, ar feadh tréimhse 15 shoicind agus an rialtán cuimilteoirí gaothscátha socraithe ag an uasmhinicíocht buille.

3.1.8. Beidh aghaidh sheachtrach an ghaothscátha díbhealaithe go maith trí bhíthin biotáille mheitileach nó díbhealaitheoir coibhéiseach. Tar éis a thriomaithe, cuirfear tuaslagán amóinia nach lú ná 3 % agus nach mó ná 10 % air. Ligfear don dromchla triomú arís agus cuimleofar ansin é le héadach cadáis tirim.

3.1.9. Cuirfear bratú den mheascán tástála, i gcomhréir leis na sonraíochtaí mar a leagtar síos i bpointe 4., go haonfhoirmeach ar dhromchla seachtrach an ghaothscátha agus ligfear dó triomú.

3.1.9.1. I gcás inar ullmhaíodh aghaidh sheachtrach an ghaothscátha i gcomhréir le pointí 3.1.8. agus 3.1.9., féadfar an córas niteoirí gaothscátha a úsáid le linn na dtástálacha is infheidhme.

3.1.10. Cinnfear réimse cuimilteoirí an chórais cuimilteoirí gaothscátha, dá dtagraítear i bpointe 2.1.4., mar a leanas:

3.1.10.1. Déileálfar le haghaidh sheachtrach an ghaothscátha i gcomhréir le pointí 3.1.8. agus 3.1.9.

3.1.10.2. D'fhonn a fhíorú go gcomhlíontar ceanglais phointí 2.1.2. agus 2.1.3., gníomhachtófar an córas cuimilteoirí gaothscátha, agus pointe 3.1.9.1. á chur san áireamh, agus déanfar rian an réimse cuimilteora agus cuirfear i gcomparáid le rian achair radhairc A agus B é.

3.1.10.3. D'fhéadfadh an tseirbhís theicniúil nós imeachta tástála malartach a chomhaontú (e.g. tástáil fhíorúil) chun cheanglais phointí 2.1.2. agus 2.1.3. a fhíorú.

3.1.11. Comhlíonfar ceanglais phointe 2.1.11. ag teocht chomhthimpeallach – 18 ± 3°C ina mbeidh an fheithicil stóráilte ar feadh ceithre huaire an chloig ar a laghad. Ullmhófar an fheithicil chun oibriú faoi na coinníollacha a leagtar amach i bpointí 3.1.4. agus 3.1.5. Le linn na tástála, beidh an córas cuimilteoirí ag oibriú mar is gnáth, ach ag an uasmhinicíocht buille. Ní gá breathnú ar réimse an chuimilteora.

3.2. Coinníollacha tástála an chórais niteoirí gaothscátha.

3.2.1. Tástáil Uimh. 1

Líonfar an córas niteoirí gaothscátha le huisce, beidh sé lánphrímeáilte agus cuirfear i dteocht chomhthimpeallach 20 ± 2°C ar feadh ceithre huaire an chloig ar a laghad é. Cobhsófar an t-uisce ag an teocht sin.

3.2.1.1. Plugáilfear gach asraon buinne ag an suíomh ina dtéann an sreabhán amach na buinní sin, agus gníomhrófar an rialtán niteoirí gaothscátha sé huaire in aon nóiméad amháin, ar feadh trí shoicind ar a laghad gach uair acu.

3.2.1.1.1. I gcás ina gcumhachtaítear an córas niteoirí gaothscátha ag fuinneamh matánach an tiománaí, beidh an fórsa a chuirtear i bhfeidhm 11.0 go 13.5 daN i gcás caidéal lámhoibrithe. Beidh an fórsa a chuirtear i bhfeidhm 40.0 to 44.5 daN i gcás caidéal cosoibrithe.

3.2.1.1.2. I gcás caidéil leictreacha, ní bheidh an voltas tástála níos lú ná an voltas rátaithe agus níos mó ná an voltas tástála móide 2 Volta.

3.2.1.2. Beidh feidhmíocht an chórais niteoirí gaothscátha ag deireadh na tástála i gcomhréir le pointe 2.2.3.

3.2.2. Tástáil Uimh. 2

Líonfar an córas niteoirí gaothscátha le huisce, beidh sé lánphrímeáilte agus cuirfear i dteocht chomhthimpeallach – 18 ± 3°C ar feadh ceithre huaire an chloig ar a laghad é. Ní gá don uisce a bheidh cobhsaithe ag an teocht sin.

3.2.2.1. Gníomhrófar an rialtán niteoirí gaothscátha sé huaire in aon nóiméad amháin, gach uair ar feadh trí shoicind ar a laghad, i gcomhréir le pointí 3.2.1.1.1. agus 3.2.1.1.2. Cuirfear an córas i dteocht chomhthimpeallach 20 ± 2°C ansin go dtí go mbíonn an t-oighear go hiomlán díreoite. Ní gá don uisce a bheidh cobhsaithe ag an teocht sin. Fíorófar feidhmíocht an chórais niteoirí gaothscátha ansin tríd an gcóras a ghníomhrú i gcomhréir le pointí 3.2.1.1. agus 3.2.1.2.

3.2.3. Tástáil Uimh. 3

Tástáil nochta timthrialla teochta ísle

3.2.3.1. Líonfar an córas niteoirí gaothscátha le huisce, beidh sé lánphrímeáilte agus cuirfear i dteocht chomhthimpeallach – 18 ± 3°C ar feadh ceithre huaire an chloig ar a laghad é ionas go mbeidh mais iomlán an uisce sa chóras niteoirí reoite. Cuirfear an córas i dteocht chomhthimpeallach 20 ± 2°C ansin go dtí go mbíonn an t-oighear go hiomlán díreoite, ach in aon chás nach faide ná ceithre huaire an chloig. Athdhéanfar an timthriall reoite/díreoite sin sé huaire. Ar deireadh, nuair a chuirtear an córas niteoirí gaothscátha sa teocht chomhthimpeallach 20 ± 2°C agus nuair a bhíonn an t-oighear go hiomlán díreoite, cé nach gá an t-uisce a bheith cobhsaithe ag an teocht sin, fíorófar feidhmíocht an chórais niteoirí gaothscátha tríd an gcóras a ghníomhrú i gcomhréir le pointí 3.2.1.1. agus 3.2.1.2.

3.2.3.2. Líonfar an córas niteoirí gaothscátha agus beidh sé lánphrímeáilte le sreabhán niteoirí gaothscátha teochta ísle atá comhdhéanta de 50 % tuaslagán meatánól, nó de rogha air sin alcól iseapróipile, in uisce de chruas nach mó ná 205 mg/l (Ca). Cuirfear an córas i dteocht chomhthimpeallach − 18 ± 3°C ar feadh ceithre huaire an chloig ar a laghad. Ní gá don sreabhán a bheidh cobhsaithe ag an teocht sin. Fíorófar feidhmíocht an chórais niteoirí gaothscátha ansin tríd an gcóras a ghníomhrú i gcomhréir le pointí 3.2.1.1. agus 3.2.1.2.

3.2.4. Tástáil Uimh. 4

Tástáil nochta timthrialla teochta airde

3.2.4.1. Má bhíonn aon chuid den chóras niteoirí gaothscátha suite san urrann innill, líonfar an córas le huisce, beidh sé lánphrímeáilte agus cuirfear i dteocht chomhthimpeallach 80 ± 3°C ar feadh ocht n-uaire an chloig ar a laghad é. Ní gá don uisce a bheidh cobhsaithe ag an teocht sin. Fíorófar feidhmíocht an chórais niteoirí gaothscátha ansin tríd an gcóras a ghníomhrú i gcomhréir le pointí 3.2.1.1. agus 3.2.1.2.

3.2.4.2. Mura mbíonn aon chuid den chóras niteoirí gaothscátha suite san urrann innill, líonfar an córas le huisce, beidh sé lánphrímeáilte agus cuirfear i dteocht chomhthimpeallach 80 ± 3°C ar feadh ocht n-uaire an chloig ar a laghad é. Ní gá don uisce a bheidh cobhsaithe ag an teocht sin. Ina dhiaidh sin, cuirfear an córas i dteocht chomhthimpeallach 20 ± 2°C é. Nuair a bheidh teocht an uisce cobhsaithe, fíorófar feidhmíocht an chórais niteoirí gaothscátha tríd an gcóras a ghníomhrú i gcomhréir le pointí 3.2.1.1. agus 3.2.1.2. Tar éis é sin, líonfar an córas le huisce, beidh sé lánphrímeáilte agus cuirfear i dteocht chomhthimpeallach 60 ± 3°C ar feadh ocht n-uaire an chloig ar a laghad é. Ní gá don uisce a bheidh cobhsaithe ag an teocht sin. Fíorófar feidhmíocht an chórais niteoirí gaothscátha ansin tríd an gcóras a ghníomhrú i gcomhréir le pointí 3.2.1.1. agus 3.2.1.2. De rogha air sin, féadfaidh an monaróir a iarraidh go dtástálfar an córas niteoirí gaothscátha faoi na coinníollacha a leagtar amach i bpointe 3.2.4.1.

3.2.5. Déanfar na tástálacha niteoirí gaothscátha a leagtar amach i bpointí 3.2.1. go 3.2.4.2. de réir oird ar an gcóras niteoirí gaothscátha céanna. Féadfar an córas a thástáil mar atá sé suiteáilte ar an gcineál feithicle dá bhfuil cineálcheadú AE á lorg, nó ar leithligh. I gcás ina bhfuil cineálcheadú AE á lorg le haghaidh aonad teicniúil ar leithligh, déanfar an córas a thástáil ar leithligh.

3.2.6. Tástáil Uimh. 5

Tástáil cumais córais niteoirí gaothscátha

3.2.6.1. Líonfar an córas niteoirí gaothscátha le huisce agus beidh sé lánphrímeáilte. Agus an fheithicil ina stad agus gan aon éifeacht shuntasach gaoithe, féadfar an buinne/na buinní a choigeartú le bheith dírithe ar an sprioclimistéar ar aghaidh sheachtrach an ghaothscátha.

3.2.6.2. Déileálfar le haghaidh sheachtrach an ghaothscátha mar a leagtar amach i bpointí 3.1.8. agus 3.1.9.

3.2.6.3. Gníomhrófar an córas niteoirí gaothscátha i gcomhréir le treoracha an mhonaróra, agus pointí 3.2.1.1.1. agus 3.2.1.1.2. á gcur san áireamh. Ní rachaidh fad na tástála thar 10 dtimthriall iomlán oibríochta uathoibríche an chórais cuimilteoirí gaothscátha agus é ag oibriú ag an uasmhinicíocht buille.

3.2.6.4. D'fhonn a fhíorú go gcomhlíonfar ceanglais phointe 2.2.4., déanfar rian den limistéar ábhartha glanta agus cuirfear i gcomparáid le rian achar radhairc A é. Más léir don bhreathnóir go bhfuil na ceanglais comhlíonta, ní éilítear go n-ullmhófar na rianta.

3.2.7. Déanfar an tástáil mar a leagtar amach i bpointí 3.2.6. go 3.2.6.4. i gcónaí ar an gcineál feithicle dá bhfuil cineálcheadú AE á lorg, fiú i gcás ina bhfuil aonad teicniúil ar leithligh formheasta suiteáilte ar an bhfeithicil.

4. Sonraíochtaí an mheascáin tástála chun na córais cuimilteoirí agus niteoirí gaothscátha a thástáil.

4.1. Beidh an méid a leanas sa mheascán tástála dá dtagraítear i bpointe 3.1.9.:

4.1.1. Uisce, le cruas níos lú ná 205 mg/l (Ca): 92,5 % de réir toirte.

4.1.2. Salann sáithithe uiscí (clóiríd sóidiam), tuaslagán: 5,0 % de réir toirte.

4.1.3. Deannach, i gcomhréir le sonraíochtaí phointí 4.1.3.1. go 4.1.3.2.6. thíos: 2,5 % de réir toirte.

4.1.3.1. Sonraíochtaí na hanailíse deannaigh tástála

4.1.3.1.1. 68 ± 1 % $SiO_2$ de réir maise

4.1.3.1.2. 4 ± 1 % $Fe_2O_3$ de réir maise

4.1.3.1.3. 16 ± 1 % $Al_2O_3$ de réir maise

4.1.3.1.4. 3 ± 1 % CaO de réir maise

4.1.3.1.5. 1,0 ± 0,5 % MgO de réir maise

4.1.3.1.6. 4 ± 1 % Alcailí de réir maise

4.1.3.1.7. 2,5 ± 0,5 % Caillteanas ar adhaint de réir maise

4.1.3.2. Sonraíochtaí mhéid-dáileachán na gcáithníní i ndeannach de ghrád-cúrsa

4.1.3.2.1. 12 ± 2 % de 0 go 5 µm méid cáithnín

4.1.3.2.2. 12 ± 3 % de 5 go 10 µm méid cáithnín

4.1.3.2.3. 14 ± 3 % de 10 go 20 µm méid cáithnín

4.1.3.2.4. 23 ± 3 % de 20 go 40 µm méid cáithnín

4.1.3.2.5. 30 ± 3 % de 40 go 80 µm méid cáithnín

4.1.3.2.6. 9 ± 3 % de 80 go 200 µm méid cáithnín

CUID 3

***Roinn A***

**DEIMHNIÚ AR CHINEÁLCHEADÚ AE (CÓRAS FEITHICLE)**

Teachtaireacht maidir le cineálcheadú *a dheonú / a shíneadh / a dhiúltú / a tharraingt siar* ([2]) i leith cineál feithicle maidir leis na córais cuimilteoirí agus niteoirí gaothscátha, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/535 [*Cuir isteach tagairt don Rialachán seo*], arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) Uimh. …/…

Uimhir an deimhnithe ar chineálcheadú ón Aontas.

An chúis leis an *síneadh / diúltú / tarraingt siar* ([2]):

*ROINN I*

(Le líonadh isteach i gcomhréir le Roinn I den teimpléad de Shamhail B in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún)

*ROINN II*

(Le líonadh isteach i gcomhréir le Roinn II den teimpléad de Shamhail B in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún)

*Aguisín*

**a ghabhann le huimhir an deimhnithe ar chineálcheadú AE…**

1. Faisnéis bhreise:

1.1. Tuairisc ghearr ar chineál na feithicle a mhéid a bhaineann lena struchtúr, toisí agus ábhair na gcomhpháirteanna:

1.2. Tuairisc ar mhodh oibriúcháin na gcóras cuimilteoirí agus niteoirí:

1.3. Tuairisc mhionsonraithe ar an gcóras cuimilteoirí (i.e. líon na lann, faid na lann, toisí na géige cuimilteora, etc.):

1.4. Tuairisc mhionsonraithe ar an gcóras niteoirí (i.e. líon na mbuinní, líon na mbéalóg easraoin in aghaidh an bhuinne, coimeádán stórála sreabháin, osán líne niteora agus a ngléasadh ar chaidéil agus ar bhuinní, etc.)

1.5. Inniúlacht stórála sreabháin (lítear):

1.6. Uasluas deartha na feithicle (km/u):

2. Taobh an stiúrtha: ar chlé / ar dheis ([2])

3. Córais stiúrtha ar dheis agus stiúrtha ar chlé malairte scáthánaí: tá / níl ([2])

4. Bacóir aeraidinimiciúil feistithe ar an ngéag chuimilteora / ar an lann chuimilteora ([2]) ar thaobh an tiománaí / sa lár / ar thaobh an phaisinéara / … ([2])

5. Nótaí:

([2]) Scrios murab infheidhme

### *Roinn B*

**DEIMHNIÚ AR CHINEÁLCHEADÚ AE (AONAD TEICNIÚIL AR LEITHLIGH)**

Teachtaireacht maidir le cineálcheadú *a dheonú / a shíneadh / a dhiúltú / a tharraingt siar* ([3]) i leith aonad teicniúil ar leithligh maidir leis an gcineál córais niteoirí gaothscátha i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/535 [*Cuir isteach tagairt don Rialachán seo*], arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) Uimh. …/…

Uimhir an deimhnithe ar chineálcheadú AE.

An chúis leis an *síneadh / diúltú / tarraingt siar* ([3]):

*ROINN I*

(Le líonadh isteach i gcomhréir le Roinn I den teimpléad de Shamhail C in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún)

*ROINN II*

(Le líonadh isteach i gcomhréir le Roinn II den teimpléad de Shamhail C in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún)

*Aguisín*

**a ghabhann le deimhniú ar chineálcheadú AE uimhir …**

1. Faisnéis bhreise:

1.1. Tuairisc achomair ar chineál an aonaid theicniúil ar leithligh:

1.2. Tuairisc mhionsonraithe ar an gcóras niteoirí:

1.2.1. Líon na mbuinní:

1.2.2. Líon na mbéalóg easraoin in aghaidh an bhuinne:

1.2.3. Tuairisc ar osáin líne niteoirí agus a ngléasadh ar chaidéal agus ar bhuinní:

1.2.4. Tuairisc ar chaidéal an niteora:

1.2.5. Inniúlacht stórála sreabháin (lítear):

2. Oiriúnach do thaobh an stiúrtha: ar chlé / ar dheis ([3])

3. Féadtar aon chuid den chóras a bheith suite san urrann innill: tá / níl ([3])

4. Aonad teicniúil ar leithligh: uilíoch / sonrach don fheithicil ([3])

5. Nótaí:

6. Liosta na gcineálacha feithicle a bhfuil aonad teicniúil ar leithligh formheasta dóibh (i gcás inarb infheidhme):

([3]) Scrios murab infheidhme

### *Roinn C*

### MARC CINEÁLCHEADAITHE AE MAIDIR LE HAONAD TEICNIÚIL AR LEITHLIGH

1. Beidh an méid a leanas i marc cineálcheadaithe AE maidir le haonaid theicniúla ar leithligh dá dtagraítear in Airteagal 38(2) de Rialachán (AE) 2018/858:

1.1. Dronuilleog timpeall ar an litir 'e' sa chás íochtair, agus uimhir shainiúil an Bhallstáit a bhronn an cineálcheadú AE don chomhpháirt nó don aonad teicniúil ar leithligh i gcomhréir leis an méid a leanas:

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 | don Ghearmáin | 19 | don Rómáin |
| 2 | don Fhrainc | 20 | don Pholainn |
| 3 | don Iodáil | 21 | don Phortaingéil |
| 4 | don Ísiltír | 23 | don Ghréig |
| 5 | don tSualainn | 24 | d'Éirinn |
| 6 | don Bheilg | 25 | don Chróit |
| 7 | don Ungáir | 26 | don tSlóivéin |
| 8 | do Phoblacht na Seice | 27 | don tSlóvaic |
| 9 | don Spáinn | 29 | don Eastóin |
| | | 32 | don Laitvia |
| 13 | do Lucsamburg | 34 | don Bhulgáir |
| 12 | don Ostair | 36 | don Liotuáin |
| 17 | don Fhionlainn | 49 | don Chipir |
| 18 | don Danmhairg | 50 | do Mhálta |


1.2. I gcóngaracht na dronuilleoige, dhá dhigit a thugann le fios an tsraith leasuithe ina leagtar síos na ceanglais a chomhlíonann an t-aonad teicniúil ar leithligh seo, "00" faoi láthair, agus spás ina dhiaidh sin agus an uimhir cúig dhigit dá dtagraítear i bpointe 2.4. d'Iarscríbhinn IV de Rialachán (AE) 2018/858.

2. Beidh marc cineálcheadaithe AE maidir le haonaid theicniúla ar leithligh doscriosta agus inléite go soiléir.

3. Léirítear sampla de mharc cineálcheadaithe AE le haghaidh aonaid theicniúil ar leithligh i bhFíor 1.

*Fíor 1*

**Sampla de mharc cineálcheadaithe AE le haghaidh aonaid theicniúil ar leithligh**




*Nóta míniúcháin*

Eochair D'eisigh an Ísiltír cineálcheadú AE maidir le haonad teicniúil ar leithligh faoin uimhir 00406. Tugann an chéad dá dhigit "00" le fios gur formheasadh an t-aonad teicniúil ar leithligh i gcomhréir leis na Rialachán seo.

*IARSCRÍBHINN V*

**ROTHGHARDAÍ**

CUID 1

**Doiciméad faisnéise i ndáil le cineálcheadú AE d'fheithiclí maidir le rothghardaí**

SAMHAIL

Doiciméad faisnéise Uimh. … a bhaineann le cineálcheadú AE d'fheithicil maidir le rothghardaí.

Soláthrófar trí chóip den fhaisnéis a leanas, más infheidhme, agus áireofar liosta ábhair léi. Ní mór aon líníocht nó pictiúr a sholáthar ar scála iomchuí agus ar bhealach a bheidh mionsonraithe go leordhóthanach ar pháipéar de mhéid A4 nó ar fhillteán i bhformáid A4. Ní mór mionsonraí leordhóthanacha a bheith le feiceáil i ngrianghraif, más ann dóibh.

0.

0.1.

0.2.

0.2.1.

0.3.

0.3.1.

0.4.

0.5.

0.8.

0.9.

1.

1.1.

1.3.

1.3.2.

1.3.3.

2.

2.3.

2.3.1.

2.3.2.

2.3.3.

2.3.4.

2.4.

2.4.1.

2.4.1.2.

2.4.1.3.

2.4.2.

2.4.2.2.

2.4.2.3.

2.6.

6.

6.2.1.

6.6.

6.6.1.

6.6.1.1.

6.6.1.1.1.

6.6.1.1.2.

etc.

6.6.4.

9.

9.16.

9.16.1.

9.16.2.

*Nótaí míniúcháin*

Bunaítear an doiciméad faisnéise seo ar an teimpléad a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún agus líonfar isteach é leis an bhfaisnéis ábhartha faoi uimhreacha na bpointí a liostaítear thuas, mar a shainmhínítear sa teimpléad sin.

CUID 2

**Sonraíochtaí teicniúla**

1. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1.1. ciallaíonn "*imchlúdach boinn*" uasleithead boinn agus trastomhas seachtrach boinn, lamháltais san áireamh, mar a cheadaítear agus a shonraítear de réir a cheadaithe comhpháirte;

1.2. ciallaíonn '*gaireas greamaithe sneachta*' slabhra sneachta nó gaireas coibhéiseach eile a sholáthraíonn greamú sa sneachta, a fhéadtar a ghléasadh ar theaglaim bonn/rothaí na feithicle agus nach bonn sneachta, bonn geimhridh, bonn le haghaidh gach séasúr nó aon bhonn eile as féin é.

2. Ceanglais theicniúla

2.1. Forálacha ginearálta

2.1.1. Soláthrófar rothgharda le haghaidh gach roth don fheithicil.

2.1.2. D'fhéadfadh páirteanna den chabhail nó pludgharda faoi leith a bheith sa rothgharda agus dearfar é ar bhealach a thabharfaidh cosaint d'úsáideoirí bóthair, a mhéid is féidir, ar chlocha, pluda, oighear, sneachta, agus ar uisce a chaitheann an fheithicil in airde agus a laghdóidh na contúirtí a tharlaíonn de bharr teagmháil le rothaí rothlacha.

2.2. Ceanglais shonracha

2.2.1. Comhlíonfaidh na rothghardaí na ceanglais ó phointe 2.2.1.1. go 2.2.1.4. agus mais na feithicle coigeartaithe de réir mais dearbhaithe an mhonaróra réidh le hoibriú agus paisinéir amháin breise sa chéad sraith suí, más infheidhme, agus aon roth faoi stiúir sa suíomh díreach ar aghaidh.

2.2.1.1. Sa chuid a chruthaítear le plánaí gathacha ar uillinn 30° i dtreo an tosaigh agus 50° i dtreo an chúil de lár na rothaí (féach Fíor 1), beidh leithead iomlán (q) an rothgharda leordhóthanach chun leithead iomlán an bhoinn (b) a chumhdach ar a laghad agus imchlúdach an bhoinn chomh maith le foircinn na teaglaime/na dteaglaimí bonn/rothaí mar a shonraíonn an monaróir á gcur san áireamh. I gcás rothaí dúbailte, cuirfear na himchlúdaigh boinn agus leithead iomlán an dá bhonn (t) san áireamh.

2.2.1.1.1. Chun críocha na leithid dá dtagraítear i bpointe 2.2.1.1. a chinneadh, ní dhéanfar an lipéadú (marcáil) agus maisiúcháin, bandaí cosanta ná easnacha ar bhallaí boinn a chur san áireamh.

2.2.1.2. Ní fhoirceannfaidh cúl an rothgharda os cionn plána cothrománach 150 mm os cionn ais rothlaithe na rothaí, thairis sin:

2.2.1.2.1. I gcás rothaí aonair, luífidh trasnú ciumhais cúil an rothgharda leis an bplána cothrománach dá dtagraítear i bpointe 2.2.1.2 (féach Fíor 1, pointe A) amach ó fhadphlána meánach an bhoinn.

2.2.1.2.2. I gcás rothaí dúbailte, luífidh trasnú ciumhais cúil an rothgharda leis an bplána cothrománach dá dtagraítear i bpointe 2.2.1.2. (féach Fíor 1, pointe A) ag an roth seachtrach amach ó fhadphlána meánach an bhoinn is forimeallaí.

2.2.1.3. Fágfaidh comhrian agus suíomh gach rothgharda go mbíonn siad chomh gar agus is féidir do na boinn. Go háirithe laistigh den chuid a chruthaítear leis na plánaí gathacha dá dtagraítear i bpointe 2.2.1.1., comhlíonfar na ceanglais a leanas:

2.2.1.3.1. Beidh doimhneacht an chuais atá suite i bplána ceartingearach ais an bhoinn, arna tomhas ó chiumhaiseanna seachtracha agus inmheánacha an rothgharda ag an bhfadphlána ceartingearach a théann trí lár an bhoinn laistigh den rothgharda, 30 mm ar a laghad. Féadfar an doimhneacht sin (p) a laghdú go comhleanúnach go dtí nialas i dtreo na bplánaí gathacha a shonraítear i bpointe 2.2.1.1.

2.2.1.3.2. Ní rachaidh an fad (c) idir ciumhaiseanna íochtaracha an rothgharda agus an ais a théann trí lár rothlaithe na rothaí thar 2 × r, i gcás inarb ionann an ga (r) agus ga statach an bhoinn.

2.2.1.4. I gcás feithiclí a bhfuil airde crochta inchoigeartaithe acu, comhlíonfar na ceanglais i bpointí 2.2.1.3.1. agus 2.2.1.3.2. nuair atá an fheithicil sa ghnáthshuíomh in ord reatha mar atá sonraithe ag an monaróir feithiclí.

2.2.2. Féadtar roinnt comhpháirteanna a bheith sna rothghardaí, ar choinníoll nach bhfuil aon bhearna idir na páirteanna aonair nó laistigh díobh nuair a bhíonn siad cóimeáilte.

2.2.3. Beidh na rothghardaí ceangailte go docht. Ceadaítear dóibh, áfach, a bheith inbhainte mar aonad nó i bpáirteanna.

2.3. Gairis greamaithe sneachta a úsáid


2.3.1. I gcás feithiclí nach dtiomáintear léi ach dhá roth, deimhneoidh an monaróir go bhfuil an fheithicil deartha ar bhealach a fhágann gur féidir cineál amháin gaireas greamaithe sneachta ar a laghad a úsáid ar theaglaim amháin bonn agus rothaí ar a laghad atá formheasta le haghaidh acastóir tiomáinte na feithicle. Sonróidh an monaróir an gaireas greamaithe sneachta agus an teaglaim/na teaglaimí bonn/rothaí atá oiriúnach don chineál feithicle faoi ní 6.6.4. den doiciméad faisnéise.

2.3.2. I gcás feithiclí ina dtiomáintear gach roth, lena n-áirítear feithiclí inar féidir acastóirí tiomána a dhíghreamú de láimh nó go huathoibríoch, deimhneoidh an monaróir go bhfuil an fheithicil deartha ar bhealach gur féidir cineál amháin gaireas greamaithe sneachta ar a laghad a úsáid ar cheann amháin ar a laghad de na teaglaimí bonn agus rothaí atá formheasta le haghaidh acastóir tiomáinte, nach féidir a dhíghreamú, na feithicle. Sonróidh an monaróir an gaireas greamaithe sneachta agus an teaglaim/na teaglaimí bonn/rothaí atá oiriúnach don chineál feithicle faoi ní 6.6.4. den doiciméad faisnéise.

2.3.3. Áireoidh an monaróir feithiclí treoracha ábhartha maidir le húsáid cheart na ngaireas greamaithe sneachta i dtreoracha úsáideora na mótarfheithicle (e.g. lámhleabhar an úinéara, lámhleabhar na feithicle).

*Fíor 1*

**Léaráid den rothgharda**




*Nóta míniúcháin*

(1) Cinntear leithead an bhoinn (b) ag barr an bhoinn (leithead boinn idir na plánaí gathacha dá dtagraítear i bpointe 2.2.1.1.).

CUID 3

**DEIMHNIÚ AR CHINEÁLCHEADÚ AE (CÓRAS FEITHICLE)**

Teachtaireacht maidir le cineálcheadú *a dheonú / a shíneadh / a dhiúltú / a tharraingt siar* (1) i leith cineál feithicle maidir leis na rothghardaí i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/535 [*Cuir isteach tagairt don Rialachán seo*], arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) Uimh. …/…

Uimhir an deimhnithe ar chineálcheadú ón Aontas.

An chúis leis an *síneadh / diúltú / tarraingt siar* (1):

*ROINN I*

(Le líonadh isteach i gcomhréir le Roinn I den teimpléad de Shamhail B in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún)

*ROINN II*

(Le líonadh isteach i gcomhréir le RoinnII den teimpléad de Shamhail B in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún)

*Aguisín*

**a ghabhann le huimhir an deimhnithe ar chineálcheadú AE…**

1. Faisnéis bhreise:

1.1. Tuairisc ghearr ar chineál na feithicle a mhéid a bhaineann lena struchtúr, toisí agus ábhair na gcomhpháirteanna:

1.2. Tuairisc ar na rothghardaí:

1.3. Teaglaim/teaglaimí bonn/rothaí (lena n-áirítear méid boinn, méid an imill agus seach-chur an rotha):

1.4. Tuairisc ar an gcineál gairis/gaireas greamaithe sneachta is féidir a úsáid:

1.5. Teaglaim/teaglaimí bonn/rothaí (lena n-áirítear méid boinn, méid an imill agus seach-chur an rotha) atá le húsáid leis an ngaireas/na gairis greamaithe sneachta:

2. Acastóir(í) a thiomáintear go buan: *acastóir 1 / acastóir 2 / …* (1)

3. Airde crochta inchoigeartaithe: *tá / níl* (1)

4. Rothghardaí *inbhainte / neamh-inbhainte* (1) *mar aonad / i bpáirteanna* (1)

5. Nótaí:

---

(1) Scrios murab infheidhme

*IARSCRÍBHINN VI*

# CÓRAIS DÍREOITE AGUS DÍNÉALAITHE GAOTHSCÁTHA

CUID 1

## Doiciméad faisnéise i ndáil le cineálcheadú AE do mhótarfheithiclí maidir le córais díreoite agus dínéalaithe gaothscátha

SAMHAIL

Doiciméad faisnéise Uimh. … a bhaineann le cineálcheadú AE do mhótarfheithicil maidir le córais díreoite agus dínéalaithe gaothscátha.

Soláthrófar trí chóip den fhaisnéis a leanas, más infheidhme, agus áireofar liosta ábhair léi. Ní mór aon líníocht nó pictiúr a sholáthar ar scála iomchuí agus ar bhealach a bheidh mionsonraithe go leordhóthanach ar pháipéar de mhéid A4 nó ar fhillteán i bhformáid A4. Ní mór mionsonraí leordhóthanacha a bheith le feiceáil i ngrianghraif, más ann dóibh.

0.

0.1.

0.2.

0.2.1.

0.3.

0.3.1

0.4.

0.5.

0.8.

0.9.

1.

1.1.

1.6.

1.8.

3.

3.1.

3.1.1.

3.2.

3.2.1.

3.2.1.1.

3.2.1.2.

3.2.1.3.

3.2.1.6.

3.2.1.8.

3.2.2.

3.2.2.1.

3.2.5.

3.2.5.1.

3.2.5.2.

3.2.5.2.1.

3.2.5.2.2.

3.2.7.

3.2.7.1.

3.2.7.2.

3.2.7.2.1.

3.2.7.2.2.

3.2.7.2.3.

3.2.7.2.3.1.

3.2.7.2.3.2.

3.2.7.2.4.

3.2.7.2.5.

3.2.7.3.

3.2.7.3.1.

3.2.7.3.2.

3.2.7.3.2.1.

3.2.7.3.2.2.

3.3.

3.3.1.

3.3.1.1.1.

3.3.1.2.

3.3.2.

3.3.2.1.

3.3.2.2.

3.3.2.3.

3.3.2.4.

3.4.

3.4.1.

3.4.2.

3.4.3.

3.4.3.1.

3.4.3.1.1.

3.4.3.1.2.

3.4.3.1.3.

3.4.4.

3.4.4.1.

3.4.4.2.

3.4.4.3.

3.4.4.4.

3.4.4.5.

3.4.4.6.

3.6.

3.6.1.

3.6.1.1.

3.6.1.2.

3.6.1.2.1.

3.6.1.2.2.

3.6.2.

3.6.3.

9.

9.1.

9.2.

9.3.

9.3.1.

9.4.

9.4.1.

9.4.2.

9.5.

9.5.1.

9.5.1.1.

9.5.1.2.

9.5.1.3.

9.5.1.4.

9.5.1.5.

9.6.

9.6.1.

9.7.

9.7.1.

9.8.

9.8.1.

9.8.2.

9.10.

9.10.1.

9.10.1.1.

9.10.1.3.

9.10.3.

9.10.3.1.

9.10.3.1.1.

9.10.3.5.

9.10.3.5.1.

9.10.3.6.

9.10.3.6.1.

*Nótaí míniúcháin*

Bunaítear an doiciméad faisnéise seo ar an teimpléad a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún agus líonfar isteach é leis an bhfaisnéis ábhartha faoi uimhreacha na bpointí a liostaítear thuas, mar a shainmhínítear sa teimpléad sin.

CUID 2

**Sonraíochtaí teicniúla**

1. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1.1. ciallaíonn "*limistéar díreoite*" limistéar an ghaothscátha a bhfuil dromchla tirim seachtrach nó dromchla seachtrach atá cumhdaithe le sioc fliuch leáite nó leáite go páirteach aige ar féidir é a bhaint le córas cuimilteoirí gaothscátha na feithicle;

1.2. ciallaíonn "*ceochán*" sceo comhdhlútháin ar aghaidh inmheánach dhromchla gloinithe an ghaothscátha;

1.3. ciallaíonn "*limistéar dínéalaithe*" limistéar an ghaothscátha a bhfuil dromchla tirim inmheánach aige, gan aon bhraon ná rian uisce, tar éis dó a bheith cumhdaithe ag ceochán roimhe sin;

1.4. ciallaíonn "*achar radhairc A*" limistéar tástála A mar a shainmhínítear i mír 2.2. d'Iarscríbhinn 21 a ghabhann le Rialachán 43 de chuid NA;

1.5. ciallaíonn "*achar radhairc B*" limistéar tástála laghdaithe B mar a shainmhínítear i mír 2.4. d'Iarscríbhinn 21 a ghabhann le Rialachán 43 de chuid NA, gan an t-achar a shainmhínítear i mír 2.4.1. a chur as an áireamh. (i.e. cuirtear achar radhairc A san áireamh);

1.6. ciallaíonn "*máistirlasc rialaithe na feithicle*" an gaireas trínar féidir an córas leictreonaice atá ar bord na feithicle a athrú óna bheith múchta, mar a bheadh i gcás ina bhfuil an fheithicil páirceáilte gan an tiománaí istigh inti, chuig a gnáthmhodh oibríochta;

2. Ceanglais theicniúla

2.1. Díreo gaothscátha

2.1.1. Beidh córas chun sioc agus oighear a bhaint ó dhromchla gloinithe seachtrach an ghaothscátha feistithe ar gach feithicil a bhfuil gaothscáth air. Beidh an córas díreoite gaothscátha éifeachtach go leor chun a áirithiú go mbeidh infheictheacht leordhóthanach tríd an ngaothscáth in aimsir fhuar.

2.1.2. Fíorófar éifeachtúlacht an chórais trí limistéar díreoite an ghaothscátha a chinneadh go tréimhsiúil tar éis a thosaithe, agus an fheithicil tar éis a bheith coimeádta i seomra fuar ar feadh méid áirithe ama.

2.1.3. Déanfar ceanglais phointí 2.1.1. agus 2.1.2. a sheiceáil tríd an modh a leagtar amach i bpointe 3.1. a úsáid.

2.1.4. Comhlíonfar na ceanglais a leanas:

2.1.4.1. Beidh achar radhairc A 80 % díreoite 20 nóiméad tar éis thús na tréimhse tástála;

2.1.4.2. Beidh limistéar díreoite an ghaothscátha ar thaobh an phaisinéara inchomparáide leis an limistéar dá dtagraítear i bpointe 2.1.4.1. le haghaidh taobh an tiománaí 25 nóiméad tar éis thús na tréimhse tástála;

2.1.4.3. Beidh achar radhairc B 95 % díreoite 40 nóiméad tar éis thús na tréimhse tástála.

2.2. Dínéalú gaothscátha

2.2.1. Beidh córas chun ceochán a bhaint ó dhromchla gloinithe inmheánach an ghaothscátha feistithe ar gach feithicil a bhfuil gaothscáth air.

2.2.2. Beidh an córas dínéalaithe gaothscátha éifeachtach go leor chun infheictheacht tríd an ngaothscáth a athbhunú i gcás ina bhfuil sé cumhdaithe le ceochán. Fíorófar a éifeachtúlacht i gcomhréir leis an nós imeachta a dtugtar tuairisc air i bpointe 3.2.

2.2.3. Comhlíonfar na ceanglais a leanas:

2.2.3.1. Beidh achar radhairc A 90 % dínéalaithe i gceann 10 nóiméad;

2.2.3.2. Beidh achar radhairc B 80 % dínéalaithe i gceann 10 nóiméad.

3. Nósanna imeachta tástála

3.1. Díreo gaothscátha

3.1.1. Déanfar an tástáil ag teocht − 8 ± 2 °C nó − 18 ± 3 °C, de rogha an mhonaróra.

3.1.1.1. Déanfar an tástáil i seomra fuar atá mór go leor chun an fheithicil fhoriomlán a chur isteach ann agus beidh sé feistithe chun ceann de na teochtaí a luaitear i bpointe 3.1.1. a choinneáil ar bun sa seomra le linn na tástála agus chun aer fuar a scaipeadh. Coinneofar an seomra fuar ag an teocht tástála sonraithe nó faoina bhun sin ar feadh tréimhse nach lú ná 24 uair an chloig roimh thús na tréimhse a mbeidh an fheithicil nochtaithe don fhuacht.

3.1.2. Roimh an tástáil, déanfar dromchlaí inmheánacha agus seachtracha an ghaothscátha a dhíbhealú go hiomlán trí bhíthin biotáille mheitileach nó díbhealaitheoir coibhéiseach. Tar éis a thriomaithe, cuirfear tuaslagán amóinia nach lú ná 3 % agus nach mó ná 10 % air. Ligfear don dromchla triomú arís agus cuimleofar ansin é le héadach cadáis tirim.

3.1.3. Lascfar an fheithicil as agus coinneofar é ag an teocht tástála ar feadh tréimhse nach lú ná 10 n-uaire an chloig roimh thús na tástála.

3.1.3.1. I gcás inar féidir a sheiceáil an bhfuil fuarthán agus bealadh innill na feithicle cobhsaithe ag teocht na tástála, féadfar an tréimhse dá dtagraítear i bpointe 3.1.3. a ghiorrú.

3.1.4. Tar éis na tréimhse nochta a fhorordaítear i bpointe 3.1.3., cuirfear sraith réidh oighir 0.044 g/cm$^2$ thar dhromchla seachtrach iomlán an ghaothscátha trí bhíthin spraeghunna uisce agus é ag oibriú ag brú oibriúcháin 3,5 ± 0.2 bar.

3.1.4.1. Déanfar an buinne spraeála, arna choigeartú go patrún fean iomlán agus uas-sreabhadh, a choinneáil go hingearach agus ar fhad idir 200 agus 250 mm ón dromchla gloinithe, agus díreofar é ionas go gcruthófar sraith réidh oighir ar fud an ghaothscátha ó thaobh amháin go dtí an taobh eile.

3.1.4.1.1. Féadfar spraeghunna a bhfuil buinne le trastomhas 1,7 mm agus ráta sreafa leachta 0.395 l/nóim. aige, agus atá in ann patrún fean le trastomhas 300 mm a chruthú ar dhromchla gloinithe ó fhad 200 mm ón dromchla sin, a úsáid chun ceanglais phointe 3.1.5. a chomhlíonadh. Ceadófar aon ghaireas eile lena bhféadfar na ceanglais a chomhlíonadh freisin.

3.1.5. Tar éis don oighear a bheith foirmithe ar an ngaothscáth, coinneofar an fheithicil sa seomra fuar ar feadh tréimhse bhreise nach lú ná 30 nóiméad agus nach mó ná 40 nóiméad.

3.1.6. Tar éis don tréimhse dá dtagraítear i bpointe 3.1.5. a bheith caite, rachaidh breathnóir amháin nó beirt bhreathnóirí isteach san fheithicil, agus ina dhiaidh sin féadfar máistirlasc oibriúcháin na feithicle a lascadh air agus aon inneall a thosú, trí mheán seachtrach éigin más gá. Tosóidh an tréimhse tástála a luaithe agus atá máistirlasc rialaithe na feithicle gníomhachtaithe.

3.1.6.1. Má tá inneall feistithe san fheithicil, féadfar luasanna an innill a choigeartú i gcomhréir le sonraíocht an mhonaróra a mholtar chun an t-inneall a théamh agus é ag tosú in aimsir fhuar, le linn na chéad cúig nóiméad den tréimhse tástála.

3.1.6.2. Le linn 35 nóiméad deireanach na tréimhse tástála (nó le linn thréimhse iomlán na tástála mura leantar an nós imeachta téimh cúig nóiméad) cuirfear an méid a leanas i bhfeidhm:

3.1.6.2.1. Rithfear an t-inneall, má tá sé feistithe, ar luas nach mó ná 50 % den luas a chomhfhreagraíonn dá aschur cumhachta uasta. Má chruthaítear nach féidir é sin a dhéanamh, áfach, mar gheall ar straitéisí sonracha rialaithe innill, mar shampla i gcás feithiclí hibrideacha leictreacha, cinnfear cás is measa atá réalaíoch. Cuirfear san áireamh leis an gcás luasanna innill, easpa thréimhsiúil nó easpa iomlán d'inneall a bheith ar siúl le linn gnáthdhálaí tiomána ag teocht chomhthimpeallach − 8°C nó − 18°C, cibé acu a roghnaigh an monaróir mar an teocht tástála ainmnithe. Más féidir leis an gcóras na ceanglais díreoite a chomhlíonadh gan inneall a bheith ar siúl, ní gá don inneall a bheith ar siúl ar chor ar bith.

3.1.6.3. Beidh gach cadhnra luchtaithe go hiomlán ag tús na tástála. Déanfar cadhnraí ardvoltais feithiclí a bhfuil gléasra cumhachta leictreach acu a luchtú > 60 %, áfach.

3.1.6.4. Le linn na tástála, ní fhéadfaidh an voltas ag teirminéil an ghairis díreoite a bheith níos mó ná 20 % os cionn rátáil ainmniúil an chórais.

3.1.6.5. Déanfar an teocht sa seomra tástála a thomhas ar leibhéal lár an ghaothscátha, ag pointe nach ndéanann teas ón bhfeithicil atá faoi thástáil difear suntasach dó.

3.1.6.6. Beidh comhpháirt chothrománach luas an aeir atá ag fuarú an tseomra, arna tomhas díreach roimh an tástáil, i bplána meánach na feithicle ag pointe 300 mm ar aghaidh ó bhun an ghaothscátha agus ar leibhéal leathbhealach idir bun agus barr an ghaothscátha, beidh sí chomh íseal agus is féidir agus in aon chás níos ísle ná 8 km/u.

3.1.6.7. Má bhíonn siad feistithe, beidh boinéad an innill, gach doras, fuinneog agus gaothaire, seachas iontógálacha agus asraonta an chórais téimh agus aerála, dúnta; is féidir fuinneog amháin nó dhá fhuinneog a oscailt fad iomlán ceartingearach 25 mm má iarrann an monaróir feithiclí amhlaidh.

3.1.7.8. Socrófar rialuithe córais díreoite na feithicle mar a mholann an monaróir feithiclí le haghaidh na teochta tástála.

3.1.6.9. Féadtar na cuimilteoirí gaothscátha a úsáid le linn na tástála, ach déanfar é sin gan aon chúnamh de láimh seachas oibriú aon rialtáin laistigh den fheithicil.

3.1.7. Déanfaidh an breathnóir/na breathnóirí imlíne den limistéar díreoite ar dhromchla inmheánach an ghaothscátha, ag eatraimh cúig nóiméad ó thús na tréimhse tástála.

3.1.8. Agus an tástáil críochnaithe, déanfar patrún an limistéir díreoite a imlínítear ar aghaidh inmheánach an ghaothscátha mar a éilítear ag pointe 3.1.7. a nótáil agus a mharcáil chun achair radhairc gaothscátha A agus B a shainaithint.

3.2. Dínéalú gaothscátha

3.2.1. Roimh an tástáil, déanfar dromchlaí inmheánacha agus seachtracha an ghaothscátha a dhíbhealú go hiomlán trí bhíthin biotáille mheitileach, nó díbhealaitheoir coibhéiseach. Tar éis a thriomaithe, cuirfear tuaslagán amóinia nach lú ná 3 % agus nach mó ná 10 % air. Ligfear don dromchla triomú arís agus cuimleofar ansin é le héadach cadáis tirim.

3.2.2. Déanfar an tástáil i seomra comhshaoil a bheidh mór go leor chun an fheithicil iomlán a chur isteach ann agus atá in ann teocht tástála – 3 ± 1°C a tháirgeadh agus a choinneáil ar bun le linn na tréimhse tástála.

3.2.2.1. Déanfar an teocht sa seomra tástála a thomhas ar leibhéal lár an ghaothscátha, ag pointe nach ndéanann teas ón bhfeithicil atá faoi thástáil difear suntasach dó.

3.2.2.2. Beidh comhpháirt chothrománach luas an aeir atá ag fuarú an tseomra, arna tomhas díreach roimh an tástáil, i bplána meánach na feithicle ag pointe 300 mm ar aghaidh ó bhun an ghaothscátha agus ar leibhéal leathbhealach idir bun agus barr an ghaothscátha, beidh sí chomh íseal agus is féidir agus in aon chás níos ísle ná 8 km/u.

3.2.2.3. Má bhíonn siad feistithe, beidh boinéad an innill, gach doras, fuinneog agus gaothaire, seachas iontógálacha agus asraonta an chórais téimh agus aerála, dúnta; is féidir fuinneog amháin nó dhá fhuinneog a oscailt ó thús na tástála dínéalaithe fad iomlán ceartingearach 25 mm má iarrann an monaróir feithiclí amhlaidh.

3.2.3. Táirgfear an ceochán trí bhíthin gineadóir gaile a dtugtar tuairisc air i bpointe 4. Beidh go leor uisce sa ghineadóir chun 70 ± 5 g/u gal a ghiniúint in aghaidh gach ionad suí a ainmníonn an monaróir, i dteocht chomhthimpeallach – 3°C.

3.2.4. Glanfar dromchla inmheánach an ghaothscátha mar a leagtar amach i bpointe 3.2.1. nuair a chuirtear an fheithicil sa seomra comhshaoil. Déanfar an teocht chomhthimpeallach aeir a ísliú agus a chobhsú ag – 3 ± 1°C ansin. Lascfar an fheithicil as agus coinneofar í ag an teocht tástála ar feadh tréimhse nach lú ná 10 n-uaire an chloig roimh thús na tástála. Más féidir a sheiceáil an bhfuil fuarthán agus bealadh innill na feithicle cobhsaithe ag teocht na tástála, féadfar an tréimhse sin a ghiorrú.

3.2.5. Cuirfear an gineadóir gaile lena asraonta i bhfadphlána meánach na feithicle ar airde 580 ± 80 mm os cionn an R-phointe nó pointe tagartha suí shuíochán an tiománaí (i.e. an pointe deartha arna shainmhíniú ag an monaróir feithiclí maidir leis an gcóras tagartha tríthoiseach a shainmhínítear i bpointe 1.10. i gCuid 2 d'Iarscríbhinn IV). Cuirfear taobh thiar de na suíocháin tosaigh é de ghnáth, ach i gcás ina gcuirtear bac air sin de bharr dearadh na feithicle, is féidir an gineadóir a chur sa suíomh caoithiúil is gaire don suíomh a luaitear thuas agus a aghaidh chun cinn.

3.2.6. Tar éis don ghineadóir a bheith ag oibriú ar feadh cúig nóiméad laistigh den fheithicil, rachaidh breathnóir amháin nó beirt bhreathnóirí isteach san fheithicil go tapa, agus aon doras rochtana á oscailt acu ar feadh fad nach mó ná 8 soicind, agus suífidh siad san ionad/sna hionaid suí tosaigh, agus laghdófar asraon an ghineadóra ansin faoi 70 ± 5 g/u do gach breathnóir.

3.2.7. Nóiméad amháin tar éis don bhreathnóir/do na breathnóirí dul isteach san fheithicil, féadfar máistirlasc oibriúcháin na feithicle a lascadh air agus aon inneall a thosú, trí mheán seachtrach éigin más gá. Tosóidh an tréimhse tástála a luaithe agus atá máistirlasc rialaithe na feithicle gníomhachtaithe.

3.2.7.1. I gcás ina bhfuil inneall feistithe san fheithicil, rithfear é ar luas nach mó ná 50 % den luas a chomhfhreagraíonn dá aschur cumhachta uasta. Má chruthaítear nach féidir é sin a dhéanamh, áfach, mar gheall ar straitéisí sonracha rialaithe innill, mar shampla i gcás feithiclí hibrideacha leictreacha, cinnfear cás is measa atá réalaíoch. Cuirfear san áireamh leis an gcás luasanna innill, easpa thréimhsiúil nó easpa iomlán d'inneall a bheith ar siúl le linn gnáthdhálaí tiomána ag teocht chomhthimpeallach – 1°C. Más féidir leis an gcóras na ceanglais dínéalaithe a chomhlíonadh gan inneall a bheith ar siúl, ní gá don inneall a bheith ar siúl ar chor ar bith.

3.2.7.2. Socrófar rialuithe córais dínéalaithe na feithicle mar a mholann an monaróir feithiclí le haghaidh na teochta tástála.

3.2.7.3. Beidh gach cadhnra luchtaithe go hiomlán ag tús na tástála. Déanfar cadhnraí ardvoltais feithiclí a bhfuil gléasra cumhachta leictreach acu a luchtú > 60%, áfach.

3.2.7.4. Ní fhéadfaidh an voltas ag teirminéil an ghairis dínéalaithe a bheith níos mó ná 20 % os cionn rátáil ainmniúil an chórais.

3.2.8. Ag deireadh na tástála, déanfar an patrún dínéalaithe a thaifeadadh, a nótáil agus a mharcáil chun achair radhairc gaothscátha A agus B a shainaithint.

4. Saintréithe an ghineadóra gaile.

4.1. Beidh na saintréithe ginearálta a leanas ag an ngineadóir gaile a úsáidtear sa tástáil seo:

4.1.1. Beidh inniúlacht 2.25 lítear ar a laghad ag an gcoimeádán uisce.

4.1.2. Ní rachaidh an caillteanas teasa ag an bhfiuchphointe thar 75 W i dteocht chomhthimpeallach – 3 ± 1°C.


4.1.3. Beidh inniúlacht 0.07 go 0.10 $m^3$/nóim. ag brú statach 0.5 mbar ag an bhfean.

4.1.4. Beidh sé pholl asraoin gaile suite ar bharr an ghineadóra, timpeall an imill agus faid chothroma eatarthu (féach Fíor 1)

4.1.5. Déanfar an gineadóir a chalabrú ag – 3 ± 1°C chun léamh a thabhairt le haghaidh gach asraon 70 ± 5 g/u suas go huasmhéid *n* uaire an figiúr sin, nuair is ionann *n* agus an t-uasmhéid ionaid suí a ainmníonn an monaróir.

*Fíor 1*

**Léaráid an ghineadóra gaile**




4.2. Beidh na saintréithe toiseacha agus ábhair a leanas ag na páirteanna sonraithe:

4.2.1. Buinne

4.2.1.1. Toisí:

4.2.1.1.1. Fad 100 mm.

4.2.1.1.2. Trastomhas inmheánach 15 mm.

4.2.1.2. Ábhar:

4.2.1.2.1. Prás.

4.2.2. Cuasán easraithe

4.2.2.1. Toisí:

4.2.2.1.1. Trastomhas seachtrach píobáin 75 mm.

4.2.2.1.2. Tiús balla 0.38 mm.

4.2.2.1.3. Fad 115 mm.

4.2.2.1.4. Sé pholl a bhfuil spásanna cothroma eatarthu 6.3 mm ar trastomhas, 25 mm os cionn bhun an chuasáin easraithe.

4.2.2.2. Ábhar:

4.2.2.2.1. Prás.

CUID 3

**DEIMHNIÚ AR CHINEÁLCHEADÚ AE (CÓRAS FEITHICLE)**

Teachtaireacht maidir le cineálcheadú *a dheonú / a shíneadh / a dhiúltú / a tharraingt siar* (1) i leith cineál feithicle maidir leis an gcóras díreoite agus dínéalaithe gaothscátha i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/535[*Cuir isteach tagairt don Rialachán seo*], arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) Uimh. …/…

Uimhir an deimhnithe ar chineálcheadú ón Aontas.

An chúis leis an *síneadh / diúltú / tarraingt siar* (1):

*ROINN I*

(Le líonadh isteach i gcomhréir le Roinn I den teimpléad de Shamhail B in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún)

*ROINN II*

(Le líonadh isteach i gcomhréir le Roinn II den teimpléad de Shamhail B in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún)

*Aguisín*

**a ghabhann le huimhir deimhnithe chineálcheadú AE. …**

1. Faisnéis bhreise:

1.1. Tuairisc ghearr ar chineál na feithicle a mhéid a bhaineann lena struchtúr, toisí agus ábhair na gcomhpháirteanna:

1.2. Tuairisc ar na córais díreoite agus dínéalaithe:

1.3. Tuairisc ar na socruithe nó feistis inmheánacha a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do na tástálacha:

1.4. An t-uaslíon ionad suí:

1.5. Saintréithe an ghaothscátha:

tiús na gcomhpháirteanna (mm):

1.6. Voltas rátaithe na suiteála leictrí (V):

2. Taobh an stiúrtha: *ar chlé / ar dheis* (1)

3. Aonad cumhachta: adhaint dheimhneach / adhaint chomhbhrú / leictreach / hibrideach leictreach / (1)

4. Teocht tástála díreoite: *– 8 °C / – 18 °C* (1)

5. Nótaí:

(1) Scrios murab infheidhme

*IARSCRÍBHINN VII*

**GAIRIS TARRAINGTHE**

CUID 1

**Doiciméad faisnéise i ndáil le cineálcheadú AE do mhótarfheithiclí maidir le gairis tarraingthe**

SAMHAIL

Doiciméad faisnéise Uimh. … a bhaineann le cineálcheadú AE d'fheithicil maidir le gairis tarraingthe.

Soláthrófar trí chóip den fhaisnéis a leanas, más infheidhme, agus áireofar liosta ábhair léi. Ní mór aon líníocht nó pictiúr a sholáthar ar scála iomchuí agus ar bhealach a bheidh mionsonraithe go leordhóthanach ar pháipéar de mhéid A4 nó ar fhillteán i bhformáid A4. Ní mór mionsonraí leordhóthanacha a bheith le feiceáil i ngrianghraif, más ann dóibh.

0.

0.1.

0.2.

0.2.1.

0.3.

0.3.1.

0.4.

0.5.

0.8.

0.9.

1.

1.1.

2.

2.8.

2.11.5.

12.

12.3.

12.3.1.

12.3.2.

12.3.3.

*Nótaí míniúcháin*

Bunaítear an doiciméad faisnéise seo ar an teimpléad a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún agus líonfar isteach é leis an bhfaisnéis ábhartha faoi uimhreacha na bpointí a liostaítear thuas, mar a shainmhínítear sa teimpléad sin.

CUID 2

**Sonraíochtaí teicniúla**

1. Ceanglais theicniúla

1.1. An t-íoslíon gaireas.

1.1.1. Beidh gaireas tarraingthe feistithe ar aghaidh gach mótarfheithicle.

1.1.2. Beidh feithiclí i gcatagóir $M_1$, mar a shainmhínítear i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858, ach amháin na feithiclí sin nach bhfuil oiriúnach chun aon ualach a tharraingt, feisithe le gaireas tarraingthe ar chúl freisin.

1.1.3. Féadtar gaireas cúplála meicniúla a chur in ionad gaireas tarraingthe cúil, mar a leagtar amach i Rialachán Uimh. 55 de chuid NA, ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais i bpointe 1.2.1.

1.2. Ualach agus cobhsaíocht

1.2.1. Beidh gach gaireas tarraingthe a fheistítear ar an bhfeithicil in ann fórsa statach tarraingthe agus comhbhrúiteach a sheasamh atá comhionann leis an bhfórsa domhantarraingthe arna ghníomhú ar leath ar a laghad d'uasmhais ualaithe na feithicle atá incheadaithe go teicniúil.

2. Nós imeachta tástála

2.1. Cuirfear ualaí tástála tarraingthe agus comhbhrúiteacha araon i bhfeidhm ar gach gaireas tarraingthe ar leithligh atá feistithe ar an bhfeithicil.

2.2. Cuirfear na hualaí tástála i bhfeidhm i bhfadtreo cothrománach, i ndáil leis an bhfeithicil.

CUID 3

**DEIMHNIÚ AR CHINEÁLCHEADÚ AE (CÓRAS FEITHICLE)**

Teachtaireacht maidir le cineálcheadú *a dheonú / a shíneadh / a dhiúltú / a tharraingt siar* ([1]) i leith cineál feithicle maidir leis na gairis tarraingthe i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/535 [*Cuir isteach tagairt don Rialachán seo*], arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) Uimh. …/…

Uimhir an deimhnithe ar chineálcheadú ón Aontas.

An chúis leis an *síneadh / diúltú / tarraingt siar* ([1]):

*ROINN I*

(Le líonadh isteach i gcomhréir le Roinn I den teimpléad de Shamhail B in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún)

*ROINN II*

(Le líonadh isteach i gcomhréir le RoinnII den teimpléad de Shamhail B in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún)

*Aguisín*

**a ghabhann le huimhir an deimhnithe ar chineálcheadú AE…**

1. Faisnéis bhreise:

1.1. Tuairisc ghearr ar chineál na feithicle a mhéid a bhaineann lena struchtúr, toisí agus ábhair na gcomhpháirteanna:

1.2. Líon iomlán agus suíomh an ghairis/na ngaireas tarraingthe:

1.3. Modh ceangail den fheithicil:

1.4. Uasmhais ualaithe na feithicle atá incheadaithe go teicniúil (kg):

2. Gaireas/gairis tarraingthe tosaigh: *inbhainte / neamh-inbhainte* ([1]) *crúca / cró / eile* ([1])

3. Gaireas/gairis tarraingthe cúil: *inbhainte / neamh- inbhainte* ([1]) *crúca / cró / eile / ceann ar bith* ([1])

4. *Tá / níl* ([1]) an fheithicil oiriúnach d'ualaí a tharraingt

5. Nótaí:

([1]) Scrios murab infheidhme

*IARSCRÍBHINN VIII*

## CÓRAIS SOCHTA SPRAE

CUID 1

### *Roinn A*

### Doiciméad faisnéise i ndáil le cineálcheadú AE d'fheithiclí maidir le córais sochta sprae

SAMHAIL

Doiciméad faisnéise Uimh. … a bhaineann le cineálcheadú AE d'fheithicil maidir lena córais sochta sprae.

Soláthrófar trí chóip den fhaisnéis a leanas, más infheidhme, agus áireofar liosta ábhair léi. Ní mór aon líníocht nó pictiúr a sholáthar ar scála iomchuí agus ar bhealach a bheidh mionsonraithe go leordhóthanach ar pháipéar de mhéid A4 nó ar fhillteán i bhformáid A4. Ní mór mionsonraí leordhóthanacha a bheith le feiceáil i ngrianghraif, más ann dóibh.

0.

0.1

0.2.

0.2.1.

0.3.

0.3.1.

0.4.

0.5.

0.8.

0.9.

1.

1.1.

1.3.

1.3.1.

1.3.2.

2.

2.1.

2.6.

2.6.1.

2.8.

9.

9.20.

9.20.0.

9.20.1.

9.20.2.

9.20.3.

*Nótaí míniúcháin*

Bunaítear an doiciméad faisnéise seo ar an teimpléad a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún agus líonfar isteach é leis an bhfaisnéis ábhartha faoi uimhreacha na bpointí a liostaítear thuas, mar a shainmhínítear sa teimpléad sin.

*Roinn B*

**Doiciméad faisnéise i ndáil le cineálcheadú AE do chineál aonad teicniúil ar leithligh maidir le córais sochta sprae**

SAMHAIL

Doiciméad faisnéise Uimh. … a bhaineann le cineálcheadú AE d'aonad teicniúil ar leithligh i ndáil le córas sochta sprae.

Soláthrófar trí chóip den fhaisnéis a leanas, más infheidhme, agus áireofar liosta ábhair léi. Ní mór aon líníocht nó pictiúr a sholáthar ar scála iomchuí agus ar bhealach a bheidh mionsonraithe go leordhóthanach ar pháipéar de mhéid A4 nó ar fhillteán i bhformáid A4. Ní mór mionsonraí leordhóthanacha a bheith le feiceáil i ngrianghraif, más ann dóibh.

I gcás ina mbíonn rialtáin leictreacha ag córais, ag comhpháirteanna nó ag aonaid theicniúla ar leithligh, dá dtagraítear sa doiciméad faisnéise seo, soláthrófar faisnéis a bhaineann lena bhfeidhmíocht.

0.

0.1.

0.2.

0.5.

0.7.

0.8.

0.9.

1.

1.1.

1.2.

1.3.

*Nótaí míniúcháin*

Bunaítear an doiciméad faisnéise seo ar an teimpléad a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún agus líonfar isteach é leis an bhfaisnéis ábhartha faoi uimhreacha na bpointí a liostaítear thuas, mar a shainmhínítear sa teimpléad sin.

CUID 2

**Sonraíochtaí teicniúla**

1. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1.1. ciallaíonn "*pludgharda*" comhpháirt dhocht nó leathdhocht atá beartaithe chun an t-uisce a chaitear in airde ag na boinn agus iad ar gluaiseacht a ghaistiú agus é a stiúradh i dtreo na talún agus a d'fhéadfadh a bheith go hiomlán nó go páirteach ina dhlúthchuid de chabhail na feithicle nó de chodanna eile den fheithicil amhail cuid íochtarach an ardáin ualaigh;

1.2. ciallaíonn "*flapa báistí*" comhpháirt sholúbtha a ghléastar go ceartingearach taobh thiar den roth, ar chuid íochtarach an fhonnaidh nó an dromchla lódála, nó ar an bpludgharda agus a laghdaíonn an riosca go bpiocfar suas rudaí beaga, go háirithe púróga, ón talamh ag na boinn agus go gcaitear in airde nó ar an taobh iad i dtreo úsáideoirí eile bóthair;

1.3. ciallaíonn "*deighilteoir aeir/uisce*" comhpháirt atá ina chuid den chrochtán agus/nó den fhlapa báistí trínar féidir le haer dul fad a laghdaítear astaíochtaí uisce mhionaithe;

1.4. ciallaíonn "*ionsúire fuinnimh*" comhpháirt atá ina chuid den phludgharda agus/nó den chrochtán agus/nó den fhlapa báistí a ionsúnn fuinneamh an sprae uisce, rud a laghdaíonn an sprae uisce mhionaithe dá bhrí sin;

1.5. ciallaíonn "*crochtán seachtrach*" comhpháirt atá suite laistigh de phlána ceartingearach atá comhthreomhar le fadphlána na feithicle agus a d'fhéadfadh a bheith ina chuid de phludgharda nó de chabhail na feithicle;

1.6. ciallaíonn "*rothaí faoi stiúir*" na rothaí a ghníomhraítear le córas stiúrtha na feithicle;

1.7. ciallaíonn "*acastóir féinrianaithe*" acastóir atá ar mhaighdeog timpeall ar lárphointe ar bhealach a fhágann gur féidir leis tuairisc a thabhairt ar stua cothrománach;

1.8. ciallaíonn "*rothaí faoina stiúir féin*" rothaí nach ngníomhraítear le gaireas stiúrtha na feithicle, a d'fhéadfadh sclóineadh trí uillinn nach mó ná 20 ° mar gheall ar an bhfrithchuimilt a chuireann an talamh orthu;

1.9. ciallaíonn "*acastóir ardaithe*" acastóir mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn XIII, Cuid 2, Roinn A, pointe 1.9.;

1.10. ciallaíonn "*feithicil gan ualach*" feithicil réidh le hoibriú mar a luaitear in Iarscríbhinn XIII, Cuid 2, Roinn A, pointe 1.3.;

1.11. ciallaíonn "*trácht*" an chuid den bhonn mar a shainmhínítear i mír 2.8. de Rialachán Uimh. 30 de chuid NA ([1]) nó Rialachán Uimh. 54 de chuid NA ([2]) de réir mar is iomchuí;

2. Gairis sochta sprae

2.1. Foráil ghinearálta

Tógfar gairis sochta sprae ar bhealach a fhágann go n-oibríonn siad i gceart nuair a bhaintear gnáthúsáid astu ar bhóithre fliucha. Thairis sin, ní bheidh aon fhabht sa struchtúr ná sa mhonaraíocht ionchorpraithe sna gairis sin a bheadh díobhálach dá bhfeidhmiú ná dá n-iompraíocht cheart.

2.2. Tástáil atá le déanamh

Ag brath ar a bprionsabal oibriúcháin fisiceach, beidh gairis sochta sprae faoi réir na dtástálacha ábhartha a dtugtar tuairisc orthu i bpointí 3.1. agus 3.2. agus seachadfaidh siad na torthaí a éilítear i bpointí 3.1.5. agus 3.2.5.

2.3. Cuirfear an méid a leanas isteach chuig an tseirbhís theicniúil a bheidh freagrach as na tástálacha cineálcheadaithe a dhéanamh:

Úsáidfear trí cinn de na samplaí le haghaidh tástálacha agus coinneofar an ceathrú sampla ag an tsaotharlann tástála le haghaidh aon fhíorú ina dhiaidh sin. Féadfar go n-éileofaí tuilleadh samplaí.

2.4. Marcálacha

Beidh marcáil shoiléir dhoscriosta ar gach sampla leis an trádainm nó trádmharc agus léiriú den chineál agus áireofar spás a bheidh mór go leor le haghaidh marc cineálcheadaithe AE maidir le comhpháirt.

2.5. Cuirfear siombail "A" le haghaidh gairis de chineál ionsúcháin fuinnimh nó siombail "S" le haghaidh gairis de chineál deighilteora aeir/uisce ar an marc cineálcheadaithe i gcomhréir le Roinn C i gCuid 3.

3. Nósanna imeachta tástála

Ag brath ar a bprionsabal oibriúcháin fisiceach, beidh gairis sochta sprae faoi réir na dtástálacha a dtugtar tuairisc orthu i bpointí 3.1. agus 3.2. agus seachadfaidh siad na torthaí a éilítear sna ranna sin (pointí 3.1.5. agus 3.2.5.).

3.1. **Tástálacha ar ghairis sochta sprae den chineál ionsúire fuinnimh**

3.1.1. Prionsabal

Is é aidhm na tástála seo cumas gairis a chainníochtú chun an t-uisce a dhírítear ina aghaidh ag sraith scairdeanna a choinneáil. Tá cóimeáil na tástála beartaithe chun na coinníollacha faoina mbeidh an gaireas ag feidhmiú nuair a bheidh sé feistithe ar fheithicil a athchruthú a mhéid a bhaineann le toirt agus luas an uisce a chaitear in airde ón talamh ag trácht an bhoinn.

([1]) Rialachán Uimh. 30 de chuid Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UN/ECE) — Forálacha aonfhoirmeacha a bhaineann le haerbhoinn le haghaidh mótarfheithiclí agus a leantóirí a cheadú (IO L 307, 23.11.2011, lch. 1).

([2]) Rialachán Uimh. 54 de chuid Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UN/ECE) — Forálacha aonfhoirmeacha a bhaineann le haerbhoinn le haghaidh feithiclí tráchtála agus a leantóirí a cheadú (IO L 183, 11.7.2008, lch. 41).

3.1.2. Trealamh

Féach Fíor 8 san Aguisín le haghaidh tuairisc ar chóimeáil na tástála.

3.1.3. Coinníollacha tástála

3.1.3.1. Déanfar na tástálacha i seomra dúnta ina bhfuil comhshaol aeir shocair.

3.1.3.2. Beidh an teocht chomhthimpeallach agus teocht na dtriailphíosaí 21 (± 3) °C.

3.1.3.3. Úsáidfear uisce dí-ianaithe.

3.1.3.4. Ullmhófar na triailphíosaí le haghaidh gach tástáil tríd iad a fhliuchadh.

3.1.4. Nós Imeachta

3.1.4.1. Daingneofar sampla A 500 (+0/– 5) mm ar leithead 750 mm ar airde den trealamh atá le tástáil ar phláta ceartingearach an trealaimh tástála, á áirithiú go bhfuil an sampla laistigh de theorainneacha an bhailitheora, agus nach bhfuil aon bhac in ann an t-uisce a shraonadh, roimh a thionchar nó ina dhiaidh.

3.1.4.2. Socrófar an ráta sreafa uisce ag 0,675 (+/– 0,01) l/s agus díreoidh sé 90 l ar a laghad, 120 l ar a mhéad, ar an sampla ó fhad cothrománach 500 (+/– 2) mm (Fíor 8 san Aguisín).

3.1.4.3. Ligfear don uisce sileadh ón sampla isteach sa bhailitheoir. Déanfar an céatadán uisce a bhailítear i ndáil leis an méid uisce a spraeáiltear a ríomh.

3.1.4.4. Déanfar an tástáil cúig huaire ar an sampla i gcomhréir le pointí 3.1.4.2. agus 3.1.4.3. Déanfar meánchéatadán shraith na gcúig thástáil a ríomh.

3.1.5. Torthaí

3.1.5.1. Beidh an meánchéatadán a ríomhtar i bpointe 3.1.4.4. 70 % nó níos airde.

3.1.5.2. Laistigh de na cúig thástáil, i gcás ina mbeidh difríocht níos mó ná 5 % idir na céatadáin is airde agus is ísle den uisce a bhailítear agus an meánchéatadán, déanfar an tsraith de chúig thástáil arís.

Laistigh den dara sraith de chúig thástáil, i gcás ina mbíonn difríocht níos mó ná 5 % arís idir na céatadáin is airde agus is ísle den uisce a athshlánaítear agus an meánchéatadán agus mura gcomhlíontar ceanglais phointe 3.1.5.1. leis an luach níos ísle, déanfar cineálcheadú a dhiúltú.

3.1.5.3. Fíorófar an mbíonn tionchar ag suíomh ceartingearach an ghairis ar na torthaí a fhaightear. I gcás inarb amhlaidh, déanfar an nós imeachta a dtugtar tuairisc air i bpointí 3.1.4.1. agus 3.1.4.4. arís sna suíomhanna ina dtugtar an céatadán is airde agus is ísle d'uisce a bhailítear; beidh feidhm ag ceanglais phointe 3.1.5.2.

Tógfar meán na dtorthaí aonair ansin chun an meánchéatadán a fháil. Beidh an meánchéatadán sin 70 nó níos airde.

3.2. Tástáil ar ghairis sochta sprae den chineál deighilteora aeir/uisce

3.2.1. Prionsabal

Tá an tástáil seo beartaithe chun éifeachtacht ábhair scagaigh atá beartaithe chun an t-uisce a spraeáiltear air trí bhíthin leachtaitheoir brúchóirithe aeir/uisce a choinneáil.

Déanfaidh an trealamh a úsáidtear don tástáil na coinníollacha faoina gcuirfí an t-ábhar a ionsamhlú, maidir le toirt agus luas na spraeanna uisce a tháirgeann na boinn, dá mbeadh sé feistithe ar fheithicil.

3.2.2. Trealamh

Féach Fíor 9 san Aguisín le haghaidh tuairisc ar chóimeáil na tástála.

3.2.3. Coinníollacha tástála

3.2.3.1. Déanfar na tástálacha i seomra dúnta ina bhfuil comhshaol aeir shocair.

3.2.3.2. Beidh an teocht chomhthimpeallach agus teocht na dtriailphíosaí 21 (± 3) °C.

3.2.3.3. Úsáidfear uisce dí-ianaithe.

3.2.3.4. Ullmhófar na triailphíosaí le haghaidh gach tástáil tríd iad a fhliuchadh.

3.2.4. Nós Imeachta

3.2.4.1. Daingneofar sampla 305 × 100 mm go ceartingearach i gcóimeáil na tástála. Fíorófar nach bhfuil aon spás idir an sampla agus an pláta uachtarach cuartha agus go bhfuil an tráidire ina shuíomh i gceart. Líonfar umar an leachtaitheora le 1 ± 0,005 lítear uisce agus cuirfear é mar a dtugtar tuairisc air sa léaráid.

3.2.4.2. Rialálfar an leachtaitheoir mar a leanas:

(a) brú (ag leachtaitheoir): 5 bar + 10% / - 0%

(b) ráta sreafa: 1 lítear/nóiméad ± 5 soicind

(c) mionú: ciorclach, 50 ± 5 mm ar trastomhas ag 200 ± 5 mm ón sampla, buinne 5 ± 0,1 mm ar trastomhas.

3.2.4.3. Mionófar an t-uisce go dtí nach bhfuil aon cheochán fágtha agus déanfar an t-am a thóg sé a nótáil. Ligfear don uisce sreabhadh amach ón sampla go dtí an tráidire ar feadh 60 soicind agus déanfar toirt an uisce a bhaileofar a thomhas. Déanfar an méid uisce a bheidh fágtha in umar an leachtaitheora a thomhas. Déanfar céatadán thoirt an uisce a bhaileofar i ndáil le toirt an uisce mionaithe a ríomh.

3.2.4.4. Déanfar an tástáil cúig huaire agus ríomhfar meánchéatadán den mhéid a bhaileofar. Fíorófar roimh gach tástáil go bhfuil an tráidire, umar an leachtaitheora agus an soitheach tomhais tirim.

3.2.5. Torthaí

3.2.5.1. Beidh an meánchéatadán a ríomhtar 85 % nó níos airde i gcomhréir le pointe 3.2.4.4.

3.2.5.2. Laistigh de na cúig thástáil, i gcás ina mbeidh difríocht níos mó ná 5 % idir na céatadáin is airde agus is ísle den uisce a bhailítear agus an meánchéatadán, déanfar an tsraith de chúig thástáil arís. Laistigh den dara sraith de chúig thástáil, i gcás ina mbíonn níos mó ná 5 % arís idir na céatadáin is airde agus is ísle den uisce a athshlánaítear agus an meánchéatadán agus i gcás nach gcomhlíontar ceanglais phointe 3.2.5.1. leis an luach níos ísle, déanfar cineálcheadú a dhiúltú.

3.2.5.3. I gcás ina mbíonn tionchar ag suíomh ceartingearach an ghairis ar na torthaí a fhaightear, déanfar an nós imeachta a dtugtar tuairisc air i bpointí 3.2.4.1. agus 3.2.4.4. arís sna suíomhanna ina dtugtar na céatadáin is airde agus is ísle d'uisce a bhailítear; beidh feidhm ag ceanglais phointe 3.2.5.2.

Beidh feidhm ag ceanglas phointe 3.2.5.1. chun torthaí gach tástáil a thabhairt.

4. Ceanglais cineálcheadaithe feithicle maidir lena gcórais sochta sprae

4.1. Déanfar feithiclí i gcatagóir N agus O, cé is moite d'fheithiclí easbhóthair mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858, a thógáil agus/nó a fheistiú le córais sochta sprae ar bhealach a fhágfaidh go gcomhlíonfar na ceanglais a leagtar síos san Iarscríbhinn seo. I gcás feithiclí fonnaidh/cábáin, is féidir nach mbeidh feidhm ag na ceanglais seo ach amháin i gcás na rothaí a chumhdaítear leis an gcábán.

Faoi rogha an mhonaróra, maidir le feithiclí i gcatagóir $N_1$, $N_2$ a bhfuil uasmhais ualaithe nach mó ná 7,5 tona acu, agus $O_1$ agus $O_2$, féadtar ceanglais Chuid 2 d'Iarscríbhinn V mar a leagtar amach le haghaidh catagóir feithicle $M_1$ a chur i bhfeidhm in ionad na gceanglas san Iarscríbhinn seo. I gcás den sórt sin, áireofar na sonraí ar fad atá ábhartha do rothghardaí mar a leagtar síos i gCuid 1 d'Iarscríbhinn V sa doiciméad faisnéise.

4.2. Níl ceanglais na hIarscríbhinne seo a bhaineann le gairis sochta sprae, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(19), sainordaitheach le haghaidh feithiclí i gcatagóirí N, $O_1$ agus $O_2$ a bhfuil uasmhais ualaithe incheadaithe acu nach mó ná 7,5 tona, feithiclí fonnaidh/cábáin, feithiclí gan chabhail nó feithiclí nach luífeadh gairis sochta sprae a bheith orthu lena n-úsáid. I gcás ina mbeidh gairis den sórt sin feistithe ar na feithiclí sin, áfach, comhlíonfaidh siad na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo.

4.3. Cuirfear feithicil atá ionadaíoch ar an gcineál atá le formheas, agus í feistithe lena córas sochta sprae, chuig an tseirbhís theicniúil a bheidh ag déanamh na dtástálacha formheasa.

**Ceanglais Ghinearálta**

4.4. Acastóirí

4.4.1. *Acastóirí* ardaithe

I gcás ina mbeidh feithicil feistithe le hacastóir ardaithe amháin nó níos mó, cumhdóidh an córas sochta sprae na rothaí ar fad nuair a bheidh an t-acastóir íslithe agus na rothaí atá i dteagmháil leis an talamh nuair a bhíonn an t-acastóir ardaithe.

4.4.2. *Acastóirí féinrianaithe*

Chun críche an Rialacháin seo, meastar gur acastóir feistithe le rothaí faoi stiúir é acastóir féinrianaithe de chineál an "stiúrtha mhaighdeogaigh", agus déileáiltear leis mar sin.

I gcás ina mbeidh feithicil feistithe le hacastóir féinrianaithe, comhlíonfaidh an córas sochta sprae na coinníollacha is infheidhme maidir le rothaí nach bhfuil faoi stiúir i gcás ina mbeidh siad gléasta ar an gcuid mhaighdeogach. I gcás nach mbeidh siad gléasta ar an gcuid sin comhlíonfaidh sé na coinníollacha is infheidhme maidir le rothaí faoi stiúir.

4.5 **Suíomh an chrochtáin sheachtraigh**

Maidir leis an bhfad "c" idir an fadphlána atá tadhlaíoch le balla an bhoinn sheachtraigh, scartha amach ó aon bholgadh boinn gar don talamh, agus ciumhais inmheánach an chrochtáin, ní bheidh sé níos mó ná 100 mm (Fíoracha 1a agus 1b san Aguisín).

4.6. **Staid na feithicle**

Agus comhlíontacht leis an Rialachán seo á fíorú, beidh an fheithicil gan ualach agus na rothaí i suíomh díreach ar aghaidh agus beidh na boinn teannta go dtí a ngnáthbhrú.

I gcás leathleantóirí, beidh na dromchlaí lódála cothrománach agus beidh na boinn teannta go dtí a ngnáthbhrú.

4.7. **Córais sochta sprae**

4.7.1. Comhlíonfaidh an córas sochta sprae na sonraíochtaí a leagtar amach i bpointe 4.8. nó i bpointe 4.10.

4.7.2. Déanfaidh an córas sochta sprae le haghaidh rothaí nach bhfuil faoi stiúir agus rothaí faoina stiúir féin atá cumhdaithe ag urlár na cabhlach, nó ag cuid íochtarach an ardáin lódála, na sonraíochtaí a leagtar amach i bpointe 4.8. nó i bpointe 4.10. nó na sonraíochtaí a leagtar amach i bpointe 4.9. a chomhlíonadh.

**Ceanglais shonracha**

4.8. **Ceanglais maidir le córais sochta sprae ionsúcháin fuinnimh le haghaidh acastóirí atá feistithe le rothaí faoi stiúir nó faoina stiúir féin nó nach bhfuil faoi stiúir**

4.8.1. Pludghardaí

4.8.1.1. Cumhdóidh na pludghardaí an crios díreach os cionn, os comhair agus ar chúl an bhoinn nó na mbonn sa bhealach a leanas:

(a) i gcás acastóir amháin nó acastóirí iolracha, sínfidh an chiumhais tosaigh (C) chun tosaigh chun líne O-Z a shroicheadh nach bhfuil ϑ (theta) níos mó ná 45 ° os cionn an chothromáin.

Sínfidh an chiumhais is faide ar chúl (Fíor 2 san Aguisín) síos ar bhealach a fhágfaidh nach mbeidh sé níos mó ná 100 mm os cionn líne chothrománach a théann trí lár an rotha;

(b) i gcás acastóirí iolracha, ní bhaineann an uillinn ϑ ach leis an acastóir is faide chun tosaigh agus ní bheidh feidhm ag an gceanglas a bhaineann le hairde na ciumhaise is faide ar chúl ach amháin leis an acastóir is faide ar chúl;

(c) beidh leithead iomlán "q" (Fíor 1a san Aguisín) ag an bpludgharda leordhóthanach chun leithead bhonn "b" nó leithead iomlán an dá bhonn "t" i gcás rotha dúbailte a chumhdach ar a laghad, agus forimill aon aonad boinn/rotha a shonraíonn an monaróir á gcur san áireamh. Tomhaisfear toisí "b" agus "t" ag an airde moil, agus aon mharcáil, easna, banda cosanta, etc. ar bhallaí an bhoinn á eisiamh.

4.8.1.2. Feisteofar taobh tosaigh chuid cúil an phludgharda le gaireas laghdaithe sprae lena gcomhlíonfar na sonraíochtaí a leagtar amach i bpointe 3.1. Cumhdófar laistigh den phludgharda leis an ábhar sin suas go dtí airde a chinnfear ag líne dhíreach a théann ó lár an rotha agus a dhéanann uillinn 30° ar a laghad leis an gcothromán (Fíor 3 san Aguisín).

4.8.1.3. I gcás ina bhfuil na pludghardaí comhdhéanta de roinnt comhpháirteanna, nuair a fheistítear iad, ní bheidh aon oscailt iontu trínar féidir leis an sprae dul amach le linn don fheithicil a bheith ag gluaiseacht. Measfar go mbeidh an ceanglas comhlíonta i gcás (an fheithicil a bheith ualaithe nó gan a bheith ualaithe) go mbuaileann aon scaird ghathach amach ó lár an rotha ar fud leithead iomlán dhromchla reatha an bhoinn agus laistigh den réimse a chumhdaítear leis an bpludgharda in aghaidh coda den chóras sochta sprae i gcónaí.

4.8.2. Crochtáin Sheachtracha

4.8.2.1. I gcás acastóirí aonair, ní féidir le ciumhais íochtarach an chrochtáin sheachtraigh a bheith suite lasmuigh de na faid agus na gathanna a leanas, arna dtomhas ó lár an rotha, seachas ag na foircinn is ísle, a d'fhéadfadh a bheith cuar (Fíor 2 san Aguisín).

Aerchrochadh:

| | |
|---|---|
| (a) Acastóirí feistithe le rothaí faoi stiúir nó le rothaí faoina stiúir féin: Ón gciumhais tosaigh (i dtreo thosach na feithicle) (bior C)<br>— Go dtí an chiumhais cúil (i dtreo chúl na feithicle) (bior A) | $R_v \leq 1,5$ R |
| (b) Acastóirí feistithe le rothaí nach bhfuil faoi stiúir:<br>— Ón gciumhais tosaigh (bior C)<br>— Go dtí an chiumhais cúil (bior A) | $R_v \leq 1,25$ R |

Crochadh meicniúil

(a) cás ginearálta } Rv ≤ 1,8 R

(b) rothaí nach bhfuil faoi stiúir le haghaidh feithiclí a bhfuil uasmhais ualaithe atá incheadaithe go teicniúil níos mó ná 7.5 t }Rv ≤ 1,5 R acu

i gcás gurb ionann R agus ga an bhoinn a fheistítear ar an bhfeithicil, agus gurb é Rv an fad, arna shloinneadh mar gha, a bhfuil ciumhais íochtarach an chrochtáin sheachtraigh suite ann.

4.8.2.2. I gcás acastóirí iolracha ní bheidh feidhm ag na ceanglais a leagtar síos i bpointe 4.8.2.1. idir na trasphlánaí ingearacha a théann trí lár an chéad acastóir agus an acastóra dheireanaigh ina bhféadfadh an crochtán seachtrach a bheith díreach chun leanúnachas an chórais sochta sprae a áirithiú. (Fíor 4 san Aguisín).

4.8.2.3. Maidir leis an bhfad idir na pointí is uachtaraí agus is íochtaraí den chóras sochta sprae (pludgharda agus crochtán seachtrach) arna thomhas in aon trasghearradh ingearach leis an bpludgharda (féach Fíoracha 1b agus 2 san Aguisín), sínfidh sé nach lú ná 45 mm ag gach pointe taobh thiar de líne ingearach a théann trí lár an rotha nó tríd an gcéad roth i gcás acastóirí iolracha. Féadfar an toise sin a laghdú de réir a chéile os comhair na líne ingearaí sin.

4.8.2.4. Ní cheadófar d'oscailtí a ligeann don sprae teacht amach le linn don fheithicil a bheith ag gluaiseacht sna crochtáin sheachtracha nó idir na crochtáin sheachtracha agus codanna eile na bpludghardaí.

4.8.2.5. Féadfar nach n-urramófar ceanglais phointí 4.8.2.3. agus 4.8.2.4. go háitiúil nuair a bheidh an crochtán comhdhéanta de ghnéithe éagsúla le gluaiseacht choibhneasta.

4.8.2.6. Maidir le tarracóirí le haghaidh leathleantóirí a bhfuil fonnadh íseal acu, eadhon na tarracóirí sin a bhfuil airde aghaidhe cúplála (a shainmhínítear i bpointe 6.20. de chaighdeán ISO 612:1978) arb ionann í agus 1 100 mm nó ar lú ná sin í, féadtar iad a dhearadh ar bhealach a fhágann go mbíonn siad díolmhaithe ó cheanglais phointí 4.8.1.1 (a), 4.8.1.3 agus 4.8.2.4. Maidir leis sin, ní chumhdófar an limistéar díreach os cionn bhoinn na n-acastóirí cúil, i gcás ina mbíonn na tarracóirí sin cúpláilte le leathleantóir, d'fhonn an córas sochta sprae a sheachaint ó bheith millte. Comhlíonfar ceanglais phointí 4.8.1.1.(a), 4.8.1.3. agus 4.8.2.4. le pludghardaí agus crochtáin na bhfeithiclí sin, áfach, i limistéir atá níos mó ná 60° ón líne ingearach a théann trí lár an rotha, os comhair na mbonn agus taobh thiar díobh.

Dá bhrí sin, dearfar na feithiclí dá dtagraítear sa chéad mhír ar bhealach a chomhlíonfaidh na ceanglais a leagtar amach sa chéad mhír sin nuair a oibrítear iad gan leathleantóir.

Chun gur féidir na ceanglais a leagtar amach sa chéad mhír a chomhlíonadh, d'fhéadfadh pludghardaí agus crochtáin a bheith ina bpáirt inbhainte.

4.8.3. Flapaí Báistí

4.8.3.1. Comhlíonfar an ceanglas le haghaidh "q" i bpointe 4.8.1.1.(c) le leithead an fhlapa, ach amháin maidir le haon chuid den fhlapa a chuimsítear laistigh de na pludghardaí. Sna cásanna sin, beidh an chuid sin den fhlapa cothrom ar a laghad ó thaobh leithid de le trácht an bhoinn.

Comhlíonfar an coinníoll a leagtar síos sa chéad mhír le leithead na coda de na flapaí báistí atá suite faoin bpludgharda agus lamháltas ± 10 mm ar gach taobh de.

4.8.3.2. Beidh treoshuíomh an fhlapa ingearach go bunúsach.

4.8.3.3. Ní bheidh uasairde na ciumhaise íochtaraí níos mó ná 200 mm (Fíor 3 san Aguisín).

Méadófar an fad sin go 300 mm le haghaidh an acastóra dheireanaigh i gcás nach mó fad gathach chiumhais íochtarach na gcrochtán seachtrach ná toisí gha na mbonn atá feistithe ar na rothaí ar an acastóir sin.

Féadtar uasairde chiumhais íochtarach an fhlapa báistí i ndáil leis an talamh a ardú go 300 mm i gcás ina measann an monaróir gur iomchuí go teicniúil é maidir leis na saintréithe crochta.

4.8.3.4. Ní bheidh an flapa báistí níos mó ná 300 mm ón gciumhais is faide ar chúl den bhonn, arna thomhas go cothrománach.

4.8.3.5. Maidir le hacastóirí iolracha i gcás inar lú ná 250 mm fad “d” idir na boinn ar acastóirí cóngaracha, ní fheisteofar ach an fhoireann cúil rothaí le flapaí báistí. Beidh flapa báistí taobh thiar de gach roth nuair a bhíonn fad “d” idir na boinn ar acastóirí cóngaracha 250 mm ar a laghad (Fíor 4 san Aguisín).

4.8.3.6. Ní shraonfar flapaí báistí níos mó ná 100 mm i dtreo an chúil faoi fhórsa 3 N in aghaidh an 100 mm de leithead flapa, arna chur i bhfeidhm ar phointe atá suite 50 mm os cionn chiumhais íochtarach na bhflapaí.

4.8.3.7. Feisteofar aghaidh tosaigh iomlán na coda den fhlapa báistí a bhfuil na híostoisí a éilítear aige le gaireas sochta sprae lena gcomhlíontar na sonraíochtaí a leagtar amach i bpointe 3.1.

4.8.3.8. Ní cheadófar oscailtí a ligeann don sprae teacht amach idir ciumhais cúil íochtarach an phludgharda agus na flapaí báistí.

4.8.3.9. I gcás ina gcomhlíontar na sonraíochtaí a bhaineann le flapaí báistí a leagtar amach i bpointe 4.8.3. leis an ngaireas sochta sprae, ní éileofar aon fhlapa báistí breise.

4.9. **Ceanglais a bhaineann le córais sochta sprae a fheistítear le gairis sochta sprae ionsúcháin fuinnimh le haghaidh acastóirí áirithe atá feistithe le rothaí nach bhfuil faoi stiúir nó le rothaí faoina stiúir féin (féach pointe 5.2.)**

4.9.1. Pludghardaí

4.9.1.1. Cumhdóidh pludghardaí an crios díreach os cionn an bhoinn nó na mbonn. Sínfidh a bhfoircinn tosaigh agus cúil go dtí an plána cothrománach atá tadhlaíoch le ciumhais uachtarach an bhoinn nó na mbonn ar a laghad (Fíor 5 san Aguisín). Féadtar an flapa báistí a chur in ionad an fhoircinn cúil, áfach, agus sa chás sin sínfidh an flapa báistí chuig cuid uachtarach an phludgharda (nó na comhpháirte coibhéisí).

4.9.1.2. Feisteofar cuid cúil inmheánach an phludgharda ar fad le gaireas sochta sprae lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach i bpointe 3.1.

4.9.2. Crochtáin Sheachtracha

4.9.2.1. Maidir le hacastóirí aonair nó iolracha ina bhfuil an fad idir na boinn chóngaracha 250 mm ar a laghad, cumhdóidh an crochtán seachtrach an dromchla a shíneann ón gcuid íochtarach go dtí an chuid uachtarach den phludgharda suas go dtí líne dhíreach a dhéantar ag an tadhlaí do chiumhais uachtarach an bhoinn nó na mbonn agus a luíonn idir an plána ceartingearach a dhéantar ag an tadhlaí do thosach an bhoinn agus an pludgharda nó flapa báistí suite taobh thiar den roth nó de na rothaí (Fíor 5b san Aguisín).

Maidir le hacastóirí iolracha beidh an crochtán seachtrach suite in aice gach rotha.

4.9.2.2. Ní cheadófar oscailtí a ligeann don sprae teacht amach idir an crochtán seachtach agus an chuid inmheánach den phludgharda.

4.9.2.3. I gcás nach bhfuil flapaí báistí feistithe taobh thiar de gach roth (féach pointe 4.8.3.5.), beidh an crochtán seachtrach neamhbhriste idir ciumhais sheachtrach an fhlapa báistí go dtí an plána ceartingearach atá tadhlaíoch leis an bpointe is faide chun tosaigh den bhonn (Fíor 5a san Aguisín) den chéad acastóir.

4.9.2.4. Beidh dromchla inmheánach iomlán an chrochtáin sheachtraigh, a bheidh nach lú ná 100 mm ar airde, feistithe le gaireas sochta sprae ionsúcháin fuinnimh lena gcomhlíonfar na ceanglais faoi phointe 3.1.

4.9.3. Sínfidh na flapaí sin go dtí cuid íochtarach an phludgharda agus comhlíonfar leo pointí 4.8.3.1. go 4.8.3.9.

**4.10 Ceanglais maidir le córais sochta sprae atá feistithe le gairis sochta sprae deighilteora aeir/uisce le haghaidh acastóirí le rothaí faoi stiúir agus rothaí nach bhfuil faoi stiúir**

4.10.1. Pludghardaí

4.10.1.1. Comhlíonfar ceanglais phointe 4.8.1.1.(c) le pludghardaí.

4.10.1.2. Déanfaidh pludghardaí le haghaidh acastóirí aonair nó iolracha inar mó an fad idir na boinn ar acastóirí cóngaracha ná 300 mm, thairis sin, pointe 4.8.1.1.(a) a chomhlíonadh.

4.10.1.3. Maidir le hacastóirí iolracha nach mó ná 300 mm an fad idir na boinn ar acastóirí cóngaracha déanfaidh na pludghardaí, thairis sin, an tsamhail a léirítear i bhFíor 7 a chomhlíonadh.

4.10.2. Crochtáin Sheachtracha

4.10.2.1. Feisteofar ciumhais íochtarach na gcrochtán seachtrach le gairis sochta sprae deighilteora aeir/uisce lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn seo.

4.10.2.2. Maidir le hacastóirí aonair nó iolracha inar mó an fad idir na boinn ar acastóirí cóngaracha ná 300 mm, beidh na huastoisí agus gathanna a leanas ag ciumhais íochtarach an ghairis sochta sprae a fheistítear ar an gcrochtán seachtrach, arna thosú ó lár an rotha (Fíoracha 6 agus 7 san Aguisín):

| | |
|---|---|
| (a) Acastóirí a fheistítear le rothaí faoi stiúir nó le rothaí faoina stiúir féin: ón gciumhais tosaigh (i dtreo thosach na feithicle) (bior C ag 30°) go dtí an chiumhais cúil (i dtreo chúl na feithicle) (bior A ag 100mm) | $R_v \leq 1{,}05\ R$ |
| (b) Acastóirí a fheistítear le rothaí nach bhfuil faoi stiúir : ón gciumhais tosaigh (bior C ag 20°) go dtí an chiumhais cúil (bior A ag 100mm) | $R_v \leq 1{,}00\ R$ |

i gcás inarb amhlaidh

R = ga an bhoinn atá feistithe ar an bhfeithicil;

$R_v$ = an fad gathach ón gciumhais is íochtaraí den chrochtán seachtrach go dtí lár an rotha.

4.10.2.3. Maidir le hacastóirí iolracha nach mó ná 300 mm an fad idir na boinn ar acastóirí cóngaracha, leanfaidh na crochtáin sheachtracha atá suite sna spásanna idir-acastóra an treo a shonraítear i bpointe 4.10.1.3., agus sínfidh siad síos ar bhealach a fhágann nach mó ná 100 mm a bheidh siad os cionn líne dhíreach chothrománach a théann trí láir na rothaí (Fíor 7 san Aguisín).

4.10.2.4. Sínfidh doimhneacht an chrochtáin sheachtraigh nach lú ná 45 mm, ag gach pointe taobh thiar de líne ingearach a théann trí lár an rotha. Féadfar an doimhneacht sin a laghdú de réir a chéile os comhair na líne ingearaí sin.

4.10.2.5. Ní cheadófar oscailtí a ligeann don sprae teacht amach sna crochtáin sheachtracha nó idir na crochtáin sheachtracha agus na pludghardaí.

4.10.3. Flapaí Báistí

4.10.3.1. Comhlíonfar ceachtar de na sraitheanna ceanglas a leanas le flapaí báistí:

(a) pointe 4.8.3. (Fíor 3 san Aguisín);

(b) pointí 4.8.3.1., 4.8.3.2., 4.8.3.5., 4.8.3.8. agus 4.10.3.2. (Fíor 6 san Aguisín).

4.10.3.2. Feisteofar trealamh sochta sprae lena gcomhlíontar na sonraíochtaí a leagtar amach i bpointe 4 den Aguisín ar na flapaí báistí dá dtagraítear i bpointe 4.10.3.1.(b), feadh na ciumhaise iomláine ar a laghad.

4.10.3.2.1. Beidh ciumhais íochtarach an ghairis sochta sprae nach mó ná 200 mm ón talamh. Féadtar uasairde chiumhais íochtarach an fhlapa báistí i ndáil leis an talamh a ardú go 300 mm i gcás ina measann an monaróir gur iomchuí go teicniúil é maidir leis na saintréithe crochta.

4.10.3.2.2. Beidh an gaireas sochta sprae 100 mm ar domhain ar a laghad.

4.10.3.2.3. Ar leith ón gcuid íochtarach, lena n-áirítear an gaireas sochta sprae, ní lúbfaidh an flapa báistí dá dtagraítear i bpointe 4.10.3.1.(b) níos mó ná 100 mm i dtreo an chúil faoi éifeacht fórsa 3 N in aghaidh an 100 mm leithead den fhlapa báistí arna thomhas ag trasnú an fhlapa báistí leis an ngaireas sochta sprae ina shuíomh oibrithe, á chur i bhfeidhm ag fad 50 mm os cionn chiumhais íochtarach an fhlapa báistí.

4.10.3.3. Ní bheidh an flapa báistí níos mó ná 200 mm ón gciumhais is faide ar chúl den bhonn, arna thomhas go cothrománach.


4.11. Maidir le hacastóirí iolracha, ní gá go gcumhdófaí leithead iomlán thrácht an bhoinn le gaireas sochta sprae acastóir amháin, nach é an t-acastóir is faide siar é, i gcás ina bhféadfaí, go háitiúil, trasnaíocht a bheith idir an córas sochta sprae agus struchtúr na n-acastóirí nó an chrochta nó an fhocharráiste.

*Aguisín*

**Fíoracha**

*Fíor 1a*

**Leithead (q) pludgharda (a) agus suíomh crochtáin (j)**




*Tugtar an méid seo a leanas faoi deara*: Tagraítear don phointe comhfhreagrach 4.8.1.1.(c) de Chuid 2 den Iarscríbhinn seo leis na fíoracha.


*Fíor 1b*

**Sampla de thomhas an chrochtáin sheachtraigh**




*Fíor 2.*

**Toisí an phludgharda agus an chrochtáin sheachtraigh**





*Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:*

1. Baineann na fíoracha a luaitear le pointí 4.8.2., 4.8.2.3., 4.8.1.1. agus 4.8.1.1.(a) de Chuid 2 den Iarscríbhinn seo.
2. T: méid an phludgharda.

*Fíor 3:*


**Suíomh an phludgharda agus an fhlapa báistí**




*Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:* Baineann na fíoracha a luaitear le pointí 4.8.1.2., 4.8.3. agus 4.8.3.3. de Chuid 2 den Iarscríbhinn seo

*Fíor 4*


**Léaráid lena léirítear cóimeáil córais sochta sprae (pludgharda, flapa báistí, crochtán seachtrach) ina bhfuil gairis sochta sprae (ionsúirí fuinnimh) le haghaidh acastóirí iolracha**




*Fíor 5*

**Léaráid lena léirítear cóimeáil córais sochta sprae ina bhfuil gairis sochta sprae (ionsúirí fuinnimh) le haghaidh acastóirí a fheistítear le rothaí nach bhfuil faoi stiúir nó le rothaí faoina stiúir féin**

(Pointí 4.7.2. agus 4.9. de Chuid 2 den Iarscríbhinn seo)





(a) Acastóirí iolracha i gcás inar lú ná 250 mm an fad idir na boinn




(b) Acastóirí aonair i gcás ina mbíonn an fad idir na boinn nach lú ná 250 mm

*Fíor 6*

**Léaráid lena léirítear cóimeáil córais sochta sprae ina bhfuil gairis sochta sprae feistithe le deighilteoirí aeir/uisce le haghaidh acastóirí atá feistithe le rothaí faoi stiúir, rothaí faoina stiúir féin nó rothaí nach bhfuil faoi stiúir**





*Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:*

1. Baineann na fíoracha seo leis na pointí comhfhreagracha de Chuid 2 den Iarscríbhinn seo.

2. T: méid an phludgharda

*Fíor 7*

**Léaráid lena léirítear cóimeáil córais sochta sprae ina bhfuil gairis sochta sprae (pludgharda, flapa báistí, crochtán seachtrach) le haghaidh acastóirí iolracha i gcás ina bhfuil an fad idir na boinn nach mó ná 300 mm**




*Tugtar an méid seo a leanas faoi deara*:


1. Baineann na fíoracha seo leis na pointí comhfhreagracha de Chuid 2 den Iarscríbhinn seo.

2. T: méid an phludgharda

*Fíor 8*

**Cóimeáil tástála le haghaidh gaireas sochta sprae ionsúcháin fuinnimh**

(pointe 3.1.2. de Chuid 2 den Iarscríbhinn seo)




*Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:*

A= soláthar uisce ó chaidéal

B= sreabhadh i dtreo umar tiomsaitheora

C= tiomsaitheoir le toise inmheánach 500 (+ 5/− 0) mm ar fhad agus 75 (+ 2/− 0) mm ar leithead

D= píobán cruach dosmálta, trastomhas seachtrach 54 mm, tiús balla 1,2 (+/− 0,12) mm, gairbhe dromchla inmheánaigh agus sheachtraigh Ra idir 0.4 agus 0.8 µm

E= 12 pholl shorcóireacha druileáilte go gathach le ciumhaiseanna cearnógacha gan burra. Tá a dtrastomhas, arna thomhas taobh istigh agus lasmuigh den fheadán, 1.68 (+ 0.010/− 0) mm

F= sampla 500 (+ 0/− 5) mm ar leithead le tástáil


G= pláta ré docht

Léirítear gach toise líneach i milliméadair.

*Fíor 9*

**Cóimeáil tástála le haghaidh gaireas sochta sprae deighilteora aeir/uisce**

(pointe 3.2.2. de Chuid 2 den Iarscríbhinn seo)



CUID 3

***Roinn A***

**DEIMHNIÚ AR CHINEÁLCHEADÚ AE (CÓRAS FEITHICLE)**

Teachtaireacht maidir le cineálcheadú *a dheonú / a shíneadh / a dhiúltú / a tharraingt siar* ( [1]) i leith an chórais sochta sprae i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/535 [*Cuir isteach tagairt don Rialachán seo*], arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) Uimh. .../...

Uimhir an deimhnithe ar chineálcheadú ón Aontas.

An chúis leis an *síneadh / diúltú / tarraingt siar* ( [1]):

*ROINN I*

(Le líonadh isteach i gcomhréir le Roinn I den teimpléad de Shamhail B in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún)

*ROINN II*

(Le líonadh isteach i gcomhréir le Roinn II den teimpléad de Shamhail B in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún)

*Aguisín*

**a ghabhann le deimhniú ar chineálcheadú AE uimhir …**

1. Faisnéis bhreise

1.1. Saintréithe na ngaireas sochta sprae (cineál, tuairisc ghearr, trádmharc nó trádainm, uimhir/uimhreacha cineálcheadaithe comhpháirte:

5. Nótaí (más ann dóibh):

---

[1] Scrios murab infheidhme.

***Roinn B***

**DEIMHNIÚ AR CHINEÁLCHEADÚ AE (AONAD TEICNIÚIL AR LEITHLIGH)**

Teachtaireacht maidir le cineálcheadú *a dheonú / a shíneadh / a dhiúltú / a tharraingt siar* ( [2]) i leith cineál aonaid theicniúil ar leithligh i ndáil leis na córais sochta sprae i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/535 [*Cuir isteach tagairt don Rialachán seo*], arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) Uimh. .../...

Uimhir an deimhnithe ar chineálcheadú ón Aontas.

An chúis leis an *síneadh / diúltú / tarraingt siar* ( [2]):

*ROINN I*

(Le líonadh isteach i gcomhréir le Roinn I den teimpléad de Shamhail C in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún)

*ROINN II*

(Le líonadh isteach i gcomhréir le Roinn II den teimpléad de Shamhail C in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún)

*Aguisín*

**le deimhniú ar chineálcheadú AE uimhir ...**

1. Faisnéis bhreise

1.1. Prionsabal oibriúcháin an ghairis: *ionsúchán fuinnimh / aer / deighilteoir uisce* [1]:

1.2. Saintréithe gaireas sochta sprae (tuairisc ghearr, trádmharc nó trádainm, uimhir/uimhreacha:

5. Nótaí (más ann dóibh):

---

[2] Scrios murab infheidhme.

### *Roinn C*

### MARC CINEÁLCHEADAITHE AE MAIDIR LE HAONAID THEICNIÚLA AR LEITHLIGH A MHÉID A BHAINEANN LE CÓRAIS SOCHTA SPRAE

1. Beidh an méid a leanas i marc cineálcheadaithe AE maidir le haonaid theicniúla ar leithligh dá dtagraítear in Airteagal 38(2) de Rialachán (AE) 2018/858:

1.1. Dronuilleog timpeall ar an litir 'e' sa chás íochtair, agus uimhir shainiúil an Bhallstáit a bhronn an cineálcheadú AE don chomhpháirt nó don aonad teicniúil ar leithligh i gcomhréir leis an méid a leanas:

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 | don Ghearmáin | 19 | don Rómáin |
| 2 | don Fhrainc | 20 | don Pholainn |
| 3 | don Iodáil | 21 | don Phortaingéil |
| 4 | don Ísiltír | 23 | don Ghréig |
| 5 | don tSualainn | 24 | d'Éirinn |
| 6 | don Bheilg | 25 | don Chróit |
| 7 | don Ungáir | 26 | don tSlóivéin |
| 8 | do Phoblacht na Seice | 27 | don tSlóvaic |
| 9 | don Spáinn | 29 | don Eastóin |
| | | 32 | don Laitvia |
| 12 | don Ostair | 34 | don Bhulgáir |
| 13 | do Lucsamburg | 36 | don Liotuáin |
| 17 | don Fhionlainn | 49 | don Chipir |
| 18 | don Danmhairg | 50 | do Mhálta |


1.2. I gcóngaracht na dronuilleoige, dhá dhigit a thugann le fios an tsraith leasuithe ina leagtar síos na ceanglais a chomhlíonann an t-aonad teicniúil ar leithligh seo, "00" faoi láthair, agus spás ina dhiaidh sin agus an uimhir cúig dhigit dá dtagraítear i bpointe 2.4. d'Iarscríbhinn IV de Rialachán (AE) 2018/858.

2. Déanfar marc cineálcheadaithe AE maidir le haonad teicniúil ar leithligh a ghreamú den ghaireas ar bhealach a fhágann go mbeidh sé doscriosta chomh maith le bheith inléite go soiléir agus go héasca fiú má tá an gaireas feistithe ar fheithicil.

3. Léirítear sampla de mharc cineálcheadaithe AE le haghaidh aonaid theicniúil ar leithligh i bhFíor 1.

*Fíor 1*

**Sampla de mharc cineálcheadaithe AE le haghaidh aonaid theicniúil ar leithligh**




*Nóta míniúcháin*

Eochair D'eisigh an Ísiltír cineálcheadú AE maidir le haonad teicniúil ar leithligh faoin uimhir 00406. Tugann an chéad dá dhigit "00" le fios gur formheasadh an t-aonad teicniúil ar leithligh i gcomhréir leis na Rialachán seo. Léirítear gur gaireas de chineál ionsúcháin fuinnimh é leis an tsiombail "A".

*IARSCRÍBHINN IX*

## GIARTHÁSCAIRÍ (GSI)

CUID 1

### Doiciméad faisnéise maidir le cineálcheadú AE mótarfheithiclí i ndáil le giartháscairí

SAMHAIL

Doiciméad faisnéise Uimh. … a bhaineann le cineálcheadú AE feithicle i ndáil le giartháscairí.

Ní mór an fhaisnéis seo a leanas, más infheidhme, a sholáthar i dtriarach agus ní mór clár ábhar a bheith san áireamh ann. Ní mór aon líníocht nó aon phictiúr a sholáthar ar scála iomchuí agus ar bhealach a bheidh mionsonraithe go leordhóthanach ar pháipéar de mhéid A4 nó ar fhillteán i bhformáid A4. Ní mór mionsonraí leordhóthanacha a bheith le feiceáil in aon ghrianghraif, más ann dóibh.

Faisnéis a leagtar amach i bpointí 0, 3 agus 4 d'Aguisín 3 a ghabhann le hIarscríbhinn I de Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún ([1])

0.

0.1.

0.2.

0.2.1.

0.3.

0.3.1.

0.4.

0.5.

0.8.

0.9.

4.

4.11.

4.11.1.

4.11.2.

4.11.3.

4.11.4.

4.11.5.

4.11.6.

*Nóta míniúcháin*

Bunaítear an doiciméad faisnéise seo ar an teimpléad a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún agus líonfar isteach é leis an bhfaisnéis ábhartha faoi uimhreacha na bpointí a liostaítear thuas, mar a shainmhínítear sa teimpléad sin.

([1]) OJ L 175, 7.7.2017, lch.1

*Aguisín*

**SAMHAIL**

Deimhniú comhlíontachta ón monaróir maidir le riachtanais an ghiarthálscaire

(Monaróir):

(Seoladh an mhonaróra):

lena ndeimhnítear

Go bhfuil na cineálacha feithiclí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Deimhniú seo i gcomhréir le forálacha […] le [an Rialachán seo] i ndáil le giarthálscairí

Arna dhéanamh i/sa […..Láthair]

Ar an [......Dáta]

[Síniú] [Post]

Iarscríbhinní:
— - Liosta de na cineálacha feithiclí lena mbaineann an Deimhniú seo

CUID 2

**Sonraíochtaí teicniúla**

1. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1.1. Ciallaíonn "*giarbhosca láimhe*" giarbhosca is féidir a oibriú i modh ina dtarlaíonn an t-athrú idir cuid de na giaranna nó iad ar fad mar iarmhairt láithreach ar ghníomhaíocht an tiománaí, beag beann ar a cur chun feidhme fisiceach; ní chumhdaítear leis sin córais nach ligeann don tiománaí ach straitéis athraithe giair a réamhroghnú, nó a chuireann teorainnleis an líon giaranna atá ar fáil le haghaidh tiomána agus ina dtionscnaítear na hathruithe giair féin go neamhspleách ar chinneadh an tiománaí de réir patrúin tiomána áirithe;

1.2. ciallaíonn "*modh oibriúcháin na feithicle*" staid na feithicle inar féidir athruithe a tharlú idir dhá ghiar tiomána ar a laghad;

1.3. ciallaíonn "*modh láimhe*" modh oibriúcháin na feithicle ina dtarlaíonn an t-athrú idir cuid de na giaranna nó iad ar fad mar iarmhairt láithreach ar ghníomhaíocht an tiománaí;

1.4. ciallaíonn "*astaíochtaí sceithphíopa*" astaíochtaí sceithphíopa mar a shainmhínítear in Airteagal 3, mír (6), de Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

2. Forálacha ginearálta

2.1. Tá feidhm ag na ceanglais a leagtar amach sa Chuid seo maidir le mótarfheithiclí i gcatagóir $M_1$, a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas:

(a) tá giarbhosca láimhe feistithe ar na feithiclí;

(b) tá mais tagartha nach mó ná 2610 kg ag na feithiclí, nó síntear an cineálcheadú chuig na feithiclí i gcomhréir le hAirteagal 2(2) de Rialachán (CE) Uimh. 715/2007.

2.2. Ní bheidh feidhm ag na ceanglais dá dtagraítear i bpointe 2.1. maidir le 'feithiclí a ceapadh chun riachtanais shóisialta shonracha a shásamh' mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (2)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 715/2007.

2.3. Agus iarratas á dhéanamh ar chineálcheadú AE d'fheithicil a bhfuil giarth//áscaire feistithe inti, déanfaidh an déantóir:

(a) na pointí athraithe giair den ghiarth//áscaire a chinntear ar bhonn anailíseach a chur faoi bhráid an údaráis fhormheasa cineálcheadaithe, mar a ndéantar foráil dó sa mhír dheireanach de phointe 7.1; nó

(b) an tseirbhís theicniúil a sholáthar a bheidh freagrach as na tástálacha cineálcheadaithe a dhéanamh maidir le feithicil ionadaíoch den chineál feithicle atá le formheas chun críocha na tástála a dtugtar tuairisc uirthi i bpointe 7.

3. Measúnú a dhéanamh ar ghiarbhosca láimhe

Measfar gur ghiarbhosca a oibrítear de láimh é giarbhosca ar bith a bhfuil modh láimhe amháin ar a laghad aige, agus nuair a bhíonn sé sa mhodh sin, nach ndéantar athrú idir giaranna go huathoibríoch, ach amháin i gcás ina dtarlaíonn na hathruithe sin faoi choinníollacha foircneacha chun an gléasra cumhachta a chosaint, tráth ard-imrothluithe innill, nó chun loiceadh innill a sheachaint, agus i gcás nach dtarlaíonn na hathruithe sin chun oibriú na feithicle a bharrfheabhsú.

4. Saintréith chuma an ghiarth//áscaire

4.1. Soláthrófar an t-athrú giair molta trí bhíthin tásc físe soiléir, mar shampla tásc soiléir chun athrú suas nó suas/síos nó siombail a shainaithníonn an giar ar cheart don tiománaí athrú chuige. Féadfar an tásc físe a chomhlánú le tásca eile, lena n-áirítear cinn fuaime, ar choinníoll nach gcuireann na tásca sin isteach ar shábháilteacht.

4.2. Ní chuirfidh an giartháscaire isteach ar shainaithint aon nodchomhartha, rialaitheoir ná táscaire atá sainordaithe nó a thacaíonn le hoibriú sábháilte na feithicle, ná ní cheilfidh an tsainaithint sin. D'ainneoin pointe 4.3, déanfar an comhartha a dhearadh ionas nach dtarraingeoidh sé aird an tiománaí agus ionas nach gcuirfidh sé isteach ar oibriú ceart agus sábháilte na feithicle.

4.3. Lonnófar an giartháscaire i gcomhréir le mír 5.1.2. de Rialachán na Náisiún Aontaithe Uimh. 121 ([1]). Déanfar an giartháscaire a dhearadh ar bhealach nach féidir é a mheascadh le haon nodchomhartha, rialaitheoir na táscaire ar bith eile atá feistithe san fheithicil.

4.4. Féadtar gaireas taispeána faisnéise a úsáid chun léirithe giartháscaire a thaispeáint, ar choinníoll go bhfuil siad sách difriúil ó léirithe eile go bhféadfaidh an tiománaí iad a fheiceáil go soiléir agus iad a shainaithint.

4.5. Féadtar an léiriú giartháscaire a shárú go huathoibríoch go sealadach nó féadtar é a dhíghníomhachtú in imthosca eisceachtúla. Is imthosca eisceachtúla den sórt sin iad imthosca a d'fhéadfadh oibriú sábháilte nó sláine na feithicle a chur i mbaol, lena n-áirítear tarraingt nó córais rialaithe cobhsaíochta a ghníomhachtú, taispeántais shealadacha ó chórais cúnta tiomána nó imeachtaí a bhaineann le mífheidhmiú na feithicle. Déanfaidh an giartháscaire, laistigh de 10 soicind nó, i gcás ina dtugtar údar leis ar chúiseanna sonracha teicniúla nó iompraíochta, laistigh de níos mó ná 10 soicind, filleadh ar ghnáthmhodh oibríochta nuair a scortar den staid eisceachtúil.

5. Ceanglais fheidhmiúla don ghiartháscaire (infheidhme maidir le gach modh láimhe)

5.1. Molfaidh an giartháscaire go n-athrófar giar nuair a mheastar go bhfuil an t-ídiú breosla a dhéanfaí sa ghiar molta níos ísle ná an ceann atá in úsáid, agus na ceanglais a leagtar síos i bpointí 5.2 agus 5.3 á gcur san áireamh.

5.2. Déanfar an giartháscaire a dhearadh chun an stíl tiomána is fearr ó thaobh éifeachtúlacht breosla de a mholadh, faoi dhálaí tiomána atá intuartha go réasúnach. An príomhchuspóir a bheidh ag an ngiartháscaire ná ídiú breosla na feithicle a íoslaghdú le linn don tiománaí déanamh de réir a léirithe. Ní thiocfaidh méadú díréireach ar astaíochtaí sceithphíopa rialáilte i ndáil leis an staid tosaigh, áfach, agus léiriú an ghiartháscaire á leanúint. Ina theannta sin, ach an straitéis giartháscaire a leanúint, éascófar feidhmiú tráthúil na ngaireas rialaithe truaillithe, amhail catalaígh, i ndiaidh fuarthosaithe, agus íoslaghdófar an t-aga téimh. Chun na críche sin, déanfaidh monaróirí feithiclí doiciméadacht theicniúil a sholáthar don údarás cineálcheadaithe, ina dtabharfar tuairisc ar thionchar na straitéise giartháscaire ar astaíochtaí sceithphíopa rialáilte na feithicle, ar a laghad faoi luas seasmhach na feithicle, agus ina dtabharfar tuairisc ar ghiorrú an téimh iar-chóireála nuair a dhéantar fuarthosú.

5.3. Ní chuirfear isteach ar oibriú sábháilte na feithicle trí bhíthin léiriú an ghiartháscaire a leanúint, e.g. cuirfear cosc ar loiceadh an innill, ar choscánú neamhleor innill nó ar thorc neamhleor innill i gcás ina n-éilítear ardchumhacht.

6. Faisnéis atá le soláthar

6.1. Soláthróidh an monaróir an fhaisnéis don údarás cineálcheadaithe sna dá chuid seo a leanas:

(a) an 'pacáiste doiciméadachta foirmiúla' is féidir a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara ach é a iarraidh;

(b) an 'pacáiste doiciméadachta leathnaithe' a choinneofar go hiomlán faoi rún.

---

([1]) Rialachán Uimh. 121 de chuid NA ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UN/ECE) – Forálacha aonfhoirmeacha a bhaineann le ceadú mótarfheithiclí maidir le suíomh agus sainaithint rialaitheoirí láimhe, nodchomharthaí agus táscairí (IO L 5. 8.1.2016, lch. 9).

6.1.1. Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa phacáiste doiciméadachta foirmiúla:

(a) tuairisc ar an tsraith iomlán cumaí atá ag na giartháscairí atá feistithe ar an bhfeithicil mar chuid de chineál na feithicle maidir le giartháscaire, agus fianaise ar a gcomhlíontacht le ceanglais phointe 5;

(b) fianaise i bhfoirm sonraí nó meastóireachtaí innealtóireachta (mar shampla sonraí samhaltaithe, astaíochtaí nó léarscáileanna den ídiú breosla, tástálacha astaíochtaí), a thaispeánann go leordhóthanach go bhfuil an giartháscaire éifeachtach ó thaobh moltaí athraithe tráthúla agus bríocha a thabhairt don tiománaí chun ceanglais phointe 5 a chomhlíonadh.

(c) míniú ar chuspóir, úsáid agus feidhmeanna an ghiartháscaire sa 'chuid giartháscaire' den lámhleabhar úsáideora a ghabhann leis an bhfeithicil.

6.1.2. Beidh straitéis dearaidh an ghiartháscaire, go háirithe a shaintréithe feidhmiúla, sa phacáiste doiciméadachta leathnaithe.

6.1.3. D'ainneoin foráil Airteagal 13 den Rialachán seo, coinneofar an pacáiste doiciméadachta leathnaithe go hiomlán faoi rún idir an t-údarás cineálcheadaithe agus an monaróir. Féadfaidh an t-údarás cineálcheadaithe é a choinneáil, nó, faoi dhiscréid an údaráis chineálcheadaithe, féadfaidh an monaróir é a choinneáil. I gcás ina gcoinníonn an monaróir an pacáiste doiciméadachta leathnaithe, déanfaidh an t-údarás cineálcheadaithe an pacáiste sin a shainaithint agus a dhátú, ar é a athbhreithniú agus a fhormheas. Cuirfear ar fáil é lena iniúchadh ag an údarás formheasa an tráth a fhormheastar é nó ag tráth ar bith le linn bhailíocht an fhormheasa.

7. Déanfar tionchar na bpointí athraithe giair arna moladh ag an ngiartháscaire ar bharainneacht breosla a chinneadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i bpointí 7.1. go 7.5.

7.1. Luasanna feithicle ag a molann an giartháscaire athrú suas giaranna a chinneadh.

Déanfar an tástáil chun luasanna feithicle ag a molann an giartháscaire athrú suas giaranna ar dhinimiméadar fonnaidh ar fheithicil téite i gcomhréir leis an bpróifíl luais a dtugtar tuairisc uirthi i bpointe 8. Leanfar comhairle an ghiartháscaire maidir le hathrú suas giaranna agus déanfar luasanna na feithicle ag a molann an giartháscaire giar a athrú a thaifeadadh. Déanfar an tástáil trí huaire.

Ciallóidh $V^{n}_{GSI}$ an meánluas ag a molann an giartháscaire athrú suas ó ghiar n (n = 1, 2, …, #g) go dtí giar n+1, arna chinneadh ó na trí thástáil, i gcás ina gciallóidh #g líon giaranna tiomána na feithicle. Chun na críche sin, ní thabharfar san áireamh ach treoracha athraithe giartháscaire sa tréimhse sula sroichtear an t-uasluas agus déanfar neamhaird ar aon treoir giartháscaire le linn an luasmhoillithe.

Chun críocha na ríomhanna seo a leanas, socrófar $V^{0}_{GSI}$ ag 0 km/u agus socrófar $V^{\#g}_{GSI}$ ag 140 km/u nó as uasluas na feithicle, cibé acu is ísle. I gcás nach bhféadfaidh an fheithicil 140 km/u a bhaint amach, tiomáinfear an fheithicil ag an uasluas go dtí rachaidh sí ar ais sa phróifíl luais i bhFíor I.1 arís.

De rogha air sin, féadfaidh an monaróir na luasanna athraithe giartháscaire molta a chinneadh go hanailíseach, bunaithe ar an algartam giartháscaire atá sa phacáiste doiciméadachta leathnaithe a chuirtear ar fáil i gcomhréir le pointe 6.1.

7.2. Pointí caighdeánacha athraithe giair.

Ciallóidh $V^{n}_{std}$ an luas ag a nglactar leis go n-athróidh gnáth-thiománaí ó ghiar n go dtí giar n+1 gan mholadh ón ngiarth※scaire. Bunaithe ar na pointí athraithe giair arna gcinneadh sa tástáil astaíochtaí cineál a haon ([2]), sainmhíneofar na luasanna caighdeánacha athraithe giair seo a leanas:

$V^{0}_{std}$ = 0 km/u;

$V^{1}_{std}$ = 15 km/u;

$V^{2}_{std}$ = 35 km/u;

$V^{3}_{std}$ = 50 km/u;

$V^{4}_{std}$ = 70 km/u;

$V^{5}_{std}$ = 90 km/u;

$V^{6}_{std}$ = 110 km/u;

$V^{7}_{std}$ = 130 km/u;

$V^{8}_{std}$ = $V^{\#g}_{GSI}$;

Ciallóidh $V^{n}_{min}$ an íosluas feithicle ag a bhféadtar an fheithicil a thiomáint i ngiar n gan an t-inneall a loiceadh agus ciallóidh $V^{n}_{max}$ an t-uasluas ag a bhféadtar an fheithicil a thiomáint i ngiar n gan damáiste a dhéanamh don inneall.

I gcás go mbeidh $V^{n}_{std}$ a fhaightear ón liosta sin níos lú ná $V^{n+1}_{min}$, socrófar $V^{n}_{std}$ ag $V^{n+1}_{min}$. I gcás go mbeidh $V^{n}_{std}$ a fhaightear ón liosta sin níos mó ná $V^{n}_{max}$, socrófar $V^{n}_{std}$ ag $V^{n}_{max}$ (n = 1, 2,…, #g-1).

I gcás go mbeidh $V^{\#g}_{std}$ arna chinneadh ag an nós imeachta sin níos lú ná $V^{\#g}_{GSI}$, socrófar $V^{\#g}_{std}$ ag $V^{\#g}_{GSI.}$

7.3. Cuair luais an ídithe breosla.

Déanfaidh an monaróir spleáchas feidhmiúil ídiú breosla na feithicle ag luas seasmhach na feithicle le linn don tiománaí a bheith ag tiomáint i ngiar n a sholáthar don údarás cineálcheadaithe, de réir na rialacha seo a leanas.

Ciallóidh $FC^{n}_{i}$ an t-ídiú breosla i dtéarmaí kg/uair (cileagraim san uair) i gcás ina dtiomáintear an fheithicil ag luas seasmhach $v_i$ = i * 5 km/uair – 2.5 km/uair (i gcás inar slánuimhir dheimhneach í i) i ngiar n. Déanfaidh an monaróir na sonraí sin a sholáthar maidir le gach giar n (n = 1, 2, …, #g) agus $v^{n}_{min} \le v_i \le v^{n}_{max}$. Déanfar na luachanna ídithe breosla sin a chinneadh faoi choinníollacha comhthimpeallachta a chomhfhreagraíonn do chás tiomána réadúil a fhéadfaidh an monaróir a shainmhíniú, le tástáil fhisiceach nó le samhail ríofa arna comhaontú idir an t-údarás cineálcheadaithe agus an monaróir.

([2]) Mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn 4a de Rialachán Uimh. 83 de chuid NA.

7.4. Dáileadh luais feithicle.

Bainfear úsáid as an dáileadh seo a leanas don dóchúlacht $P_i$ go dtiomáintear an fheithicil faoi luas v, i gcás inarb ionann $v_i - 2,5$ km/u < v ≤ $v_i + 2,5$ km/h (i = 1, …, 28):

| i | $P_i$ |
|---|---|
| 1 | 4,610535879 |
| 2 | 5,083909299 |
| 3 | 4,86818148 |
| 4 | 5,128313511 |
| 5 | 5,233189418 |
| 6 | 5,548597362 |
| 7 | 5,768706442 |
| 8 | 5,881761847 |
| 9 | 6,105763476 |
| 10 | 6,098904359 |
| 11 | 5,533164348 |
| 12 | 4,761325003 |
| 13 | 4,077325232 |
| 14 | 3,533825909 |
| 15 | 2,968643201 |
| 16 | 2,61326375 |
| 17 | 2,275220718 |
| 18 | 2,014651418 |
| 19 | 1,873070659 |
| 20 | 1,838715054 |
| 21 | 1,982122053 |
| 22 | 2,124757402 |
| 23 | 2,226658166 |
| 24 | 2,137249569 |
| 25 | 1,76902642 |
| 26 | 1,665033625 |
| 27 | 1,671035353 |
| 28 | 0,607049046 |

I gcás ina gcomhfhreagraíonn uasluas na feithicle do chéim i agus i < 28, cuirfear luachanna $P_{i+1}$ go $P_{28}$ le $P_i$.

7.5. Ídiú breosla na samhla a chinneadh

Ciallóidh $FC_{GSI}$ ídiú breosla na feithicle le linn don tiománaí déanamh de réir an ghiartháscaire:

$FC^{GSI}_i = FC^n_j$, i gcás inarb amhlaidh $V^n\text{-}^1_{GSI} \leq v_i < V^n_{GSI}$ (le haghaidh n = 1, …, #g) agus inarb amhlaidh $FC^{GSI}_i = 0$ más $v_i \geq V^{\#g}{}_{GSI}$

$$FC_{GSI} = \sum_{i=1}^{28} P_i * FC^{GSI_i}/100$$

Ciallóidh $FC_{std}$ ídiú breosla na feithicle agus na pointí caighdeánacha athraithe giair in úsáid:

$FC^{std}_i = FC^n_j$, i gcás inarb amhlaidh $V^n\text{-}^1_{std} \leq v_i < V^n_{std}$ (le haghaidh n = 1, …, #g) agus inarb amhlaidh $FC^{std}_i = 0$ más $v_i \geq V^{\#g}_{GSI}$

$$FC_{std} = \sum_{i=1}^{28} P_i * FC^{std_i}/100$$

Déantar an tsábháil choibhneasta maidir le hídiú breosla trí bhíthin cloí le comhairle giartháscaire na samhla a ríomh mar:

$$FC_{rel.\ Sábháil} = (1 - FC_{GSI} / FC_{std}) * 100\ \%$$

7.6. Taifid sonraí

Déanfar an fhaisnéis seo a leanas a thaifeadadh:

(a) luachanna $V^n_{GSI}$ mar a chinntear de bhun phointe 7.1.

(b) luachanna FCni chuar luais an ídithe breosla mar a gcuirtear in iúl iad ag an monaróir de bhun phointe 7.3.

(c) luachanna $FC_{GSI}$, $FC_{std}$ agus $FC_{rel.\ Sábháil}$ de réir mar a ríomhtar de bhun phointe 7.5.

8. Tuairisc ar phróifíl luais na feithicle dá dtagraítear i bpointe 7.1.


| Líon | Oibriú | Luasghéarú | Luas | Am carntha |
|---|---|---|---|---|
| oibriú | | (m/s2) | (km/u) | (s) |
| 1 | Réchasadh | 0 | 0 | 20 |
| 2 | Luasghéarú | 1,1 | 0 - 31.68 | 28 |
| 3 | | 0,7 | 31.68 – 49.32 | 35 |
| 4 | | 0,64 | 49.32 – 79.27 | 48 |
| 5 | | 0,49 | 79.27 – 109.26 | 65 |
| 6 | | 0,3 | 109.26 – 128.70 | 83 |
| 7 | | 0,19 | 128.70 – 140.33 | 100 |

| Líon | Oibriú | Luasghéarú | Luas | Am carntha |
|---|---|---|---|---|
| oibriú | | (m/s2) | (km/u) | (s) |
| 8 | Staid chobhsaí | 0 | 140,33 | 105 |
| 9 | Luasmhoilliú | – 0,69 | 140.33 – 80.71 | 129 |
| 10 | | – 1,04 | 80.71 – 50.76 | 137 |
| 11 | | – 1,39 | 50.76 – 0 | 147 |
| 12 | Réchasadh | 0 | 0 | 150 |

Leagtar amach na lamháltais maidir le himeacht ón bpróifíl luais seo i bpointe 6.1.3.4. d'Iarscríbhinn 4a a ghabhann le Rialachán Uimh. 83 de chuid NA ([3]).

*Fíor I.1*

**Léiriú grafach ar an bpróifíl luais dá dtagraítear i bpointe 7.1.; líne neamhbhriste: próifíl luais; línte briste: lamháltais maidir le himeacht ón bpróifíl luais seo.**




Tugtar tuairisc soicind i ndiaidh soicind ar an bpróifíl luais sa tábla seo a leanas. I gcás nach bhféadfaidh an fheithicil 140 km/u a bhaint amach, tiomáinfear an fheithicil ag an uasluas go dtí rachaidh sí ar ais sa phróifíl luais thuas arís.

([3]) Rialachán Uimh. 83 de chuid NA ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UN/ECE) – Forálacha aonfhoirmeacha a bhaineann le ceadú mótarfheithiclí maidir le hastaíochtaí truailleán de réir ceanglais breosla an innill [2015/1038] (OJ L 172, 3.7.2015, lch. 1).

| Am (amanna) Luas (km/u) | Am (amanna) Luas (km/u) |
|---|---|
| 0 | 0,00 |
| 1 | 0,00 |
| 2 | 0,00 |
| 3 | 0,00 |
| 4 | 0,00 |
| 5 | 0,00 |
| 6 | 0,00 |
| 7 | 0,00 |
| 8 | 0,00 |
| 9 | 0,00 |
| 10 | 0,00 |
| 11 | 0,00 |
| 12 | 0,00 |
| 13 | 0,00 |
| 14 | 0,00 |
| 15 | 0,00 |
| 16 | 0,00 |
| 17 | 0,00 |
| 18 | 0,00 |
| 19 | 0,00 |
| 20 | 0,00 |
| 21 | 3,96 |
| 22 | 7,92 |
| 23 | 11,88 |
| 24 | 15,84 |
| 25 | 19,80 |
| 26 | 23,76 |
| 27 | 27,72 |
| 28 | 31,68 |
| 29 | 34,20 |
| 30 | 36,72 |

| Am (amanna) Luas (km/u) | Am (amanna) Luas (km/u) |
|---|---|
| 31 | 39,24 |
| 32 | 41,76 |
| 33 | 44,28 |
| 34 | 46,80 |
| 35 | 49,32 |
| 36 | 51,62 |
| 37 | 53,93 |
| 38 | 56,23 |
| 39 | 58,54 |
| 40 | 60,84 |
| 41 | 63,14 |
| 42 | 65,45 |
| 43 | 67,75 |
| 44 | 70,06 |
| 45 | 72,36 |
| 46 | 74,66 |
| 47 | 76,97 |
| 48 | 79,27 |
| 49 | 81,04 |
| 50 | 82,80 |
| 51 | 84,56 |
| 52 | 86,33 |
| 53 | 88,09 |
| 54 | 89,86 |
| 55 | 91,62 |
| 56 | 93,38 |
| 57 | 95,15 |
| 58 | 96,91 |
| 59 | 98,68 |
| 60 | 100,44 |
| 61 | 102,20 |
| 62 | 103,97 |
| 63 | 105,73 |
| 64 | 107,50 |
| 65 | 109,26 |

| Am (amanna) Luas (km/u) | Am (amanna) Luas (km/u) |
|---|---|
| 66 | 110,34 |
| 67 | 111,42 |
| 68 | 112,50 |
| 69 | 113,58 |
| 70 | 114,66 |
| 71 | 115,74 |
| 72 | 116,82 |
| 73 | 117,90 |
| 74 | 118,98 |
| 75 | 120,06 |
| 76 | 121,14 |
| 77 | 122,22 |
| 78 | 123,30 |
| 79 | 124,38 |
| 80 | 125,46 |
| 81 | 126,54 |
| 82 | 127,62 |
| 83 | 128,70 |
| 84 | 129,38 |
| 85 | 130,07 |
| 86 | 130,75 |
| 87 | 131,44 |
| 88 | 132,12 |
| 89 | 132,80 |
| 90 | 133,49 |
| 91 | 134,17 |
| 92 | 134,86 |
| 93 | 135,54 |
| 94 | 136,22 |
| 95 | 136,91 |
| 96 | 137,59 |
| 97 | 138,28 |
| 98 | 138,96 |
| 99 | 139,64 |
| 100 | 140,33 |

| Am (amanna) Luas (km/u) | Am (amanna) Luas (km/u) |
|---|---|
| 101 | 140,33 |
| 102 | 140,33 |
| 103 | 140,33 |
| 104 | 140,33 |
| 105 | 140,33 |
| 106 | 137,84 |
| 107 | 135,36 |
| 108 | 132,88 |
| 109 | 130,39 |
| 110 | 127,91 |
| 111 | 125,42 |
| 112 | 122,94 |
| 113 | 120,46 |
| 114 | 117,97 |
| 115 | 115,49 |
| 116 | 113,00 |
| 117 | 110,52 |

| Am (amanna) Luas (km/u) | Am (amanna) Luas (km/u) |
|---|---|
| 118 | 108,04 |
| 119 | 105,55 |
| 120 | 103,07 |
| 121 | 100,58 |
| 122 | 98,10 |
| 123 | 95,62 |
| 124 | 93,13 |
| 125 | 90,65 |
| 126 | 88,16 |
| 127 | 85,68 |
| 128 | 83,20 |
| 129 | 80,71 |
| 130 | 76,97 |
| 131 | 73,22 |
| 132 | 69,48 |
| 133 | 65,74 |
| 134 | 61,99 |

| Am (amanna) Luas (km/u) | Am (amanna) Luas (km/u) |
|---|---|
| 135 | 58,25 |
| 136 | 54,50 |
| 137 | 50,76 |
| 138 | 45,76 |
| 139 | 40,75 |
| 140 | 35,75 |
| 141 | 30,74 |
| 142 | 25,74 |
| 143 | 20,74 |
| 144 | 15,73 |
| 145 | 10,73 |
| 146 | 5,72 |
| 147 | 0,72 |
| 148 | 0,00 |
| 149 | 0,00 |
| 150 | 0,00 |

CUID 3

**DEIMHNIÚ AR CHINEÁLCHEADÚ AE (CÓRAS FEITHICLE)**

Teachtaireacht maidir le cineálcheadú *a dheonú / a shíneadh / a dhiúltú / a tharraingt siar* ([4]) i leith cineál feithicle maidir leis an ngiartháscaire i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/535 [*Cuir isteach tagairt don Rialachán seo*], arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) Uimh. …/…

Uimhir an deimhnithe ar chineálcheadú ón Aontas.

An chúis leis an *síneadh / diúltú / tarraingt siar* ([4]):

*ROINN I*

(Le líonadh isteach i gcomhréir le Roinn I den teimpléad de Shamhail B in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún)

*ROINN II*

(Le líonadh isteach i gcomhréir le Roinn II den teimpléad de Shamhail B in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún)

*Aguisín*

**a ghabhann le deimhniú ar chineálcheadú AE uimhir …**

1. Faisnéis bhreise

1.1. Tuairisc ghearr ar chineál na feithicle a mhéid a bhaineann lena struchtúr, toisí agus ábhair na gcomhpháirteanna:

2. Tá giarbhosca traidisiúnta láimhe feistithe ar an bhfeithicil: *tá / níl* ([4])

3. Tá giarbhosca traidisiúnta róbataithe a bhfuil modh láimhe aige feistithe ar an bhfeithicil: *tá / níl* ([4])

4. Tá giarbhosca uathoibríoch a bhfuil modh láimhe aige feistithe ar an bhfeithicil: *tá / níl* ([4])

5. Nótaí (más ann dóibh):

---

([4]) Scrios murab infheidhme.

*IARSCRÍBHINN X*

# ROCHTAIN AR FHEITHICLÍ

CUID 1

## Doiciméad faisnéise maidir le cineálcheadú AE ar mhótarfheithiclí i ndáil le rochtain ar fheithiclí

SAMHAIL

Doiciméad faisnéise Uimh. ... a bhaineann le cineálcheadú AE ar fheithicil i ndáil le rochtain ar fheithiclí.

Soláthrófar trí chóip den fhaisnéis a leanas, más infheidhme, agus áireofar liosta ábhair léi. Ní mór aon líníocht nó pictiúr a sholáthar ar scála iomchuí agus ar bhealach a bheidh mionsonraithe go leordhóthanach ar pháipéar de mhéid A4 nó ar fhillteán i bhformáid A4. Ní mór mionsonraí leordhóthanacha a bheith le feiceáil i ngrianghraif, más ann dóibh.

0.

0.1.

0.2.

0.2.1.

0.3.

0.3.1.

0.4.

0.5.

0.8.

0.9.

1.

1.1.

2.

2.6.

9.

9.3.

9.3.1.

9.3.4.

*Nóta míniúcháin*

Bunaítear an doiciméad faisnéise seo ar an teimpléad a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún agus líonfar isteach é leis an bhfaisnéis ábhartha faoi uimhreacha na bpointí a liostaítear thuas, mar a shainmhínítear sa teimpléad sin.

CUID 2

## Sonraíochtaí teicniúla

1. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, tá feidhm ag an sainmhíniú seo a leanas:

1.1. Ciallaíonn '*tairseach feithicle*' an pointe is ísle d'oscailt an dorais nó de struchtúr eile, cibé acu is airde, nach mór do dhuine dul os a chionn i dtéarmaí airde, chun dul isteach san urrann phaisinéirí.

2. Foráil ghinearálta

2.1. Tabharfaidh saintréithe dearaidh an chineáil feithicle deis do dhuine dul isteach san urrann phaisinéirí agus imeacht amach aisti ar bhealach iomlán sábháilte agus tógfar bealaí isteach chuig an urrann phaisinéirí ar bhealach lena bhféadfar iad a úsáid go héasca agus gan aon chontúirt.

3. Cláir choise agus céimeanna rochtana

3.1. Ní mheasfar gur choschláir ná céimeanna rochtana iad an mol, na fonsaí ná codanna eile den roth chun críche an Rialacháin seo, ach amháin i gcás ina gcuirfidh cúiseanna a bhaineann ledéantús nó le húsáid bac ar choschláir nó céimeanna rochtana a fheistiú ar an bhfeithicil.

3.2. Cinnfear airde na tairsí feithicle go díreach ó dhromchla na talún nó ón bplána cothrománach a théann trí lár, i ndáil leis an bhfad-treo, na céime díreach thíos faoi.

4. Ceanglais maidir le rochtain ar dhoirse na hurrainne paisinéirí agus bealach amach astu maidir le feithiclí i gcatagóir $N_2$ ar mó ná 7.5 tona a n-uasmhais agus i gcatagóir $N_3$

4.1. Céimeanna rochtana chuig an urrann phaisinéirí (Fíor 1).

4.1.1. Ní bheidh an t-achar (A) ó dhromchla na talún go dtí dromchla uachtair na céime is ísle, arna thomhas agus an fheithicil réidh le hoibriú ar dhromchla cothrománach agus réidh, níos mó ná 600 mm.

4.1.1.1. Maidir le feithiclí easbhóthair, áfach, féadtar an t-achar (A) a mhéadú go 700 mm.

4.1.2. Ní bheidh an t-achar (B) idir dromchlaí uachtair na gcéimeanna níos mó ná 400 mm. Ní bheidh éagsúlacht níos mó ná 50 mm idir dhá chéim as a chéile. Ní bheidh feidhm ag an gceanglas a bhaineann leis an achar ceartingearach, áfach, maidir leis an achar idir an chéim uachtair agus tairseach feithicle na hurrainne paisinéirí.

4.1.2.1. Maidir le feithiclí easbhóthair, féadtar méadú chomh fada le 100 mm a chur le héagsúlacht cheadaithe an achair cheartingearaigh mar a léirítear i bpointe 4.1.2.

4.1.3. Ina theannta sin, comhlíonfar na sonraíochtaí geoiméadracha íosta seo a leanas:

(a) doimhneacht chéime (D): 80 mm;

(b) scóip chéime (E) (doimhneacht chéime san áireamh): 150 mm;

(c) leithead céime (F): 300 mm;

(d) leithead na céime is ísle (G): 200 mm;

(e) airde céime (S): 120 mm;

(f) seach-chur trasnach idir céimeanna (H): 0 mm;

(g) fad-fhorluí (J) idir dhá chéim i ndiaidh a chéile sa réim chéanna, nó idir an chéim uachtair agus airde an bhealaigh isteach urlár na hurrainne: 200 mm.

4.1.3.1. Maidir le feithiclí easbhóthair, féadtar an luach (F) a leagtar amach i bpointe 4.1.3.(c) a laghdú go 200 mm.

4.1.4. Maidir le feithiclí easbhóthair, féadtar an chéim is ísle a dhearadh mar runga i gcás inar ghá sin ar chúiseanna a bhaineann le déantús nó le húsáid. I gcás den sin, beidh doimhneacht an runga (R) ar a laghad 20 mm.

4.1.4.1. Ní cheadófar rungaí a bhfuil trasghearradh cruinn acu.

4.1.5. Beidh sé éasca do dhuine suíomh na céime uachtair a aithint agus é ag teacht anuas ón urrann phaisinéirí.

4.1.6. Déanfar gach céim rochtana a thógáil ar bhealach a chuirfidh cosc ar riosca sciorrtha. Ina theannta sin, beidh rith chun srutha leordhóthanach nó dromchla draenála ag céimeanna nach bhfuil cosanta ón aimsir agus ó shalachar le linn tiomána.

4.2. Rochtain ar ghreamáin chuig an urrann phaisinéirí (mar a thaispeántar i bhFíor 1).

4.2.1. Déanfar lámhráille (lámhráillí), greamán (greamáin) nó gaireas (gairis) oiriúnach coinneála coibhéiseach eile a sholáthar chun rochtain ar an urrann phaisinéirí a thabhairt.

4.2.1.1. Déanfar gach lámhráille, greamán nó gaireas coinneála coibhéiseach a shuíomh ar bhealach inar féidir greim a bhreith orthu go héasca agus nach gcuirfidh siad isteach ar rochtain ar an urrann phaisinéirí.

4.2.1.2. Ceadófar neamhleanúnachas uasta 100 mm i limistéir greamáin na lámhráillí, na ngreamán nó na ngaireas coinneála coibhéiseach.

4.2.1.3. Maidir le rochtain níos mó ná dhá chéim ar urrann phaisinéirí, déanfar na lámhráillí, na greamáin nó na gairis choinneála choibhéiseacha a shuíomh ar bhealach ina bhféadfaidh duine é féin a choimeád ag an am céanna le dhá lámh agus cos amháin nó le dhá chos agus lámh amháin.

4.2.1.4. Ach amháin i gcás staighre, déanfar dearadh agus suíomh na lámhráillí, na ngreamán agus na ngaireas coinneála coibhéiseach ar bhealach lena spreagfar na hoibritheoirí teacht anuas agus a n-aghaidh ar an urrann phaisinéirí.

4.2.1.5. Féadfar a mheas gur greamán é an roth stiúrtha.

4.2.2. Ní bheidh airde (N) an imill íochtair ar lámhráille, greamán nó gaireas coinneála coibhéiseach amháin ar a laghad, arna tomhas ó dhromchla na talún agus an fheithicil réidh le hoibriú, níos airde ná 1 850 mm.

4.2.2.1. Maidir le feithiclí easbhóthair, féadtar an airde (N) dá dtagraítear i bpointe 4.2.2. a ardú go 1 950 mm.

4.2.2.2. I gcás ina bhfuil airde tairsí feithicle na hurrainne paisinéirí arna tomhas ó dhromchla na talún níos mó ná ‘N’, glacfar leis gur ‘N’ an airde sin.

4.2.2.3. Ina theannta sin, beidh íosfhad (P) imeall uachtair na lámhráillí nó na ngreamán nó na ngaireas coinneála coibhéiseach ó airde tairsí feithicle na hurrainne paisinéirí:

(a) i gcás lámhráillí, greamán nó gaireas coinneála coibhéiseach (U): 650 mm

(b) i gcás lámhráillí, greamán nó gaireas coinneála coibhéiseach (V): 550 mm

4.2.3. Comhlíonfar na sonraíochtaí geoiméadracha seo a leanas:


(a) toise fosúcháin (K): 16 mm ar a laghad agus 38 mm ar a mhéid;

(b) fad (M): 150 mm ar a laghad;

(c) glanspás chuig comhpháirteanna na feithicle (L): 40 mm ar a laghad agus an doras oscailte.

*Fíor 1*

**Céimeanna rochtana agus lámhráillí chuig an urrann phaisinéirí**




5. Ceanglais maidir le rochtain ar dhoirse na hurrainne paisinéirí agus bealach amach astu i bhfeithiclí i gcatagóirí seachas $N_2$ ag a bhfuil uasmhais is mó ná 7.5 tona acu nó atá i gcatagóir $N_3$

5.1. Cláir choise agus céimeanna rochtana

5.1.1. Beidh coschlár nó céim rochtana amháin nó níos mó lena bhfuil airde tairsí feithicle na hurrainne paisinéirí níos airde ná 600 mm os cionn na talún, arna thomhas agus an fheithicil réidh le hoibriú ar dhromchla cothrománach agus réidh, ag feithiclí i gcatagóirí $M_1$ agus $N_1$ chomh maith le $N_2$, nach mó ná 7.5 tona a n-uasmhais.

5.1.1.1. Maidir le feithiclí easbhóthair, féadtar airde na hurrainne paisinéirí arna sonrú i bpointe 5.1.1. a mhéadú go dtí 700 mm.

5.1.1.2. Déanfar gach coschlár agus céim rochtana a thógáil ar bhealach a chuirfidh cosc ar riosca sciorrtha. Ina theannta sin, beidh rith chun srutha leordhóthanach nó dromchla draenála ag coschláir agus ag céimeanna nach bhfuil cosanta ón aimsir agus ó shalachar le linn tiomána.

CUID 3

**DEIMHNIÚ AR CHINEÁLCHEADÚ AE (CÓRAS FEITHICLE)**

Teachtaireacht*maidir le cineálcheadú a dheonú / a shíneadh / a dhiúltú / a tharraingt siar* (1) maidir le cineál feithicle i ndáil le rochtain ar an bhfeithicil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/535 [*Cuir isteach tagairt don Rialachán seo*], arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) Uimh. …/…

Uimhir an deimhnithe ar chineálcheadú ón Aontas.

An chúis leis an *síneadh / diúltú / tarraingt siar* (1):

*ROINN I*

(Le líonadh isteach i gcomhréir le Roinn I den teimpléad de Shamhail B in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún)

*ROINN II*

(Le líonadh isteach i gcomhréir le Roinn II den teimpléad de Shamhail B in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún)

*Aguisín*

**a ghabhann le deimhniú chineálcheadaithe AE uimhir…**

1. Faisnéis bhreise:

1.1. Tuairisc ghearr ar an gcineál feithicle a mhéid a bhaineann le struchtúr, toisí, línte agus comhábhair

1.2. Maidir leis an gcineál feithicle i gcatagóir $M_1$ / $N_1$ / $N_2$ *nach mó ná 7.5 tona a huasmhais* (1), *tá / níl* (1) coschláir ná céimeanna rochtana feistithe uirthi.

1.3. Feithicil easbhóthair *is ea / ní hea* (1)

5. Nótaí:

---

(1) Scrios murab infheidhme.

*IARSCRÍBHINN XI*

## GLUAISEACHT CHÚLAITHE

CUID 1

### Doiciméad faisnéise maidir le cineálcheadú AE ar mhótarfheithiclí i ndáil le gluaiseacht chúlaithe

SAMHAIL

Doiciméad faisnéise Uimh … maidir le cineálcheadú AE ar fheithicil i ndáil le gluaiseacht chúlaithe.

Soláthrófar trí chóip den fhaisnéis a leanas, más infheidhme, agus áireofar liosta ábhair léi. Ní mór aon líníocht nó pictiúr a sholáthar ar scála iomchuí agus ar bhealach a bheidh mionsonraithe go leordhóthanach ar pháipéar de mhéid A4 nó ar fhillteán i bhformáid A4. Ní mór mionsonraí leordhóthanacha a bheith le feiceáil i ngrianghraif, más ann dóibh.

0.

0.1.

0.2.

0.2.1.

0.3.

0.3.1.

0.5.

0.8.

0.9.

1.

1.1.

4.

4.6.

*Nóta míniúcháin*

Bunaítear an doiciméad faisnéise seo ar an teimpléad a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún agus líonfar isteach é leis an bhfaisnéis ábhartha faoi uimhreacha na bpointí a liostaítear thuas, mar a shainmhínítear sa teimpléad sin.

CUID 2

### Sonraíochtaí teicniúla

1. Forálacha ginearálta

1.1. Déanfar gach feithicil a fheistiú le gaireas cúlaithe a fhéadfar a oibriú go héasca ó shuíomh an tiománaí.

1.2. Ceadaítear moill ghearr idir an móimint a roghnaítear an modh cúlaithe agus an t-am a chuirtear i bhfeidhm é.

CUID 3

**DEIMHNIÚ AR CHINEÁLCHEADÚ AE (CÓRAS FEITHICLE)**

Teachtaireacht maidir le cineálcheadú*a dheonú / a shíneadh / a dhiúltú / a tharraingt siar* (1) maidir le cineál feithicle i ndáil le modh cúlaithe i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/535, arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) Uimh. …/…

Uimhir an deimhnithe ar chineálcheadú ón Aontas.

An chúis leis an *síneadh / diúltú / tarraingt siar* (1):

*ROINN I*

(Le líonadh isteach i gcomhréir le Roinn I den teimpléad de Shamhail B in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún)

*ROINN II*

(Le líonadh isteach i gcomhréir le Roinn II den teimpléad de Shamhail B in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún)

*Aguisín*

**a ghabhann le deimhniú ar chineálcheadú AE uimhir…**

1. Faisnéis bhreise:

1.1. Tuairisc ghearr ar an gcineál feithicle a mhéid a bhaineann le struchtúr, toisí, línte agus comhábhair

1.2. Gaireas cúlaithe giarbhosca / modh eile (1)

1.3. Tuairisc ghearr ar an ngaireas cúlaithe, i gcás nach feidhm den ghiarbhosca é sin.

5. Nótaí:

---

(1) Scrios murab infheidhme.

*IARSCRÍBHINN XII*

## CÓRAIS COSANTA TOSAIGH LE HAGHAIDH FEITHICLÍ M1 AGUS N1

CUID 1

### Doiciméad faisnéise maidir le cineálcheadú AE d'aonad teicniúil ar leithligh maidir le córais cosanta tosaigh

SAMHAIL

Doiciméad faisnéise Uimh … a bhaineann le cineálcheadú AE d'aonad teicniúil ar leithligh maidir le córais cosanta tosaigh.

Soláthrófar trí chóip den fhaisnéis a leanas, más infheidhme, agus áireofar liosta ábhair léi. Ní mór aon líníocht nó pictiúr a sholáthar ar scála iomchuí agus ar bhealach a bheidh mionsonraithe go leordhóthanach ar pháipéar de mhéid A4 nó ar fhillteán i bhformáid A4. Ní mór mionsonraí leordhóthanacha a bheith le feiceáil i ngrianghraif, más ann dóibh.

0.

0.1.

0.2.

0.2.1.

0.5.

0.7.

0.8.

0.9.

1.

1.1.

1.2.

1.3.

1.4.

*Nóta míniúcháin*

Bunaítear an doiciméad faisnéise seo ar an teimpléad a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún agus líonfar isteach é leis an bhfaisnéis ábhartha faoi uimhreacha na bpointí a liostaítear thuas, mar a shainmhínítear sa teimpléad sin.

CUID 2

***Roinn A***


**Forálacha ginearálta agus ceanglais ghinearálta**

1. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1.1. ciallaíonn 'coirnéal an chórais cosanta tosaigh' pointe teagmhála an chórais cosanta tosaigh le plána ceartingearach, a dhéanann uillinn 60° le fadphlána ceartingearach na feithicle agus atá tadhlaíoch le dromchla seachtrach an chórais cosanta tosaigh (féach Fíor 1);

*Fíor 1*

**Coirnéal an Chórais Cosanta Tosaigh a Chinneadh**





1.2. ciallaíonn '*toisí fíor-riachtanacha na céime tosaigh seachtraí*' pointí soladacha i spás ar an bhfráma tástála, a léiríonn gach pointe den chineál feithicle atá i gceist ar dhócha go mbeadh tionchar ag an gcóras cosanta tosaigh ar an bhfeithicil le linn tástála;

1.3. ciallaíonn '*airde íochtair an chórais cosanta tosaigh*', ag aon suíomh trasnach, an fad ceartingearach idir an talamh agus líne thagartha íochtair an chórais cosanta tosaigh, agus an fheithicil suite ina gnáthriocht tiomána;

1.4. ciallaíonn '*líne thagartha íochtair an chórais cosanta tosaigh*' líne a shainaithníonn an teorainn íochtair chuig pointí suntasacha teagmhála coisithe leis an gcóras cosanta tosaigh. Is éard atá sa líne, lorg geoiméadrach na bpointí teagmhála is íochtaraí idir corr dhíreach 700 mm ar fhad agus an córas cosanta tosaigh, i gcás ina dtrasnaíonn an chorr dhíreach tosach na feithicle, agus í á coinneáil comhthreomhar le fadphlána ceartingearach na feithicle agus claonta chun tosaigh 25°, fad a fhanann sí i dteagmháil leis an talamh agus le dromchla an chórais cosanta tosaigh (féach Fíor 2);

*Fíor 2.*

**Líne Thagartha Íochtair an Chórais Cosanta Tosaigh a Chinneadh**



1.5. ciallaíonn '*trian den chóras cosanta tosaigh*' an lorg geoiméadrach idir gach coirnéal den chóras cosanta tosaigh, arna thomhas le miosúr solúbtha agus comhrian cothrománach seachtrach an chórais cosanta tosaigh á leanúint, roinnte ina dtrí chuid chothroma;


1.6. ciallaíonn '*airde uachtair an chórais cosanta tosaigh*', ag aon suíomh trasnach, an fad ceartingearach idir an talamh agus líne thagartha uachtair an chórais cosanta tosaigh, agus an fheithicil suite ina gnáthriocht tiomána;

1.7. ciallaíonn '*líne thagartha uachtair an chórais cosanta tosaigh*' líne a shainaithníonn an teorainn uachtair chuig pointí suntasacha teagmhála coisithe leis an gcóras cosanta tosaigh. Is éard atá sa líne, lorg geoiméadrach na bpointí teagmhála is uachtaraí idir corr dhíreach 700 mm ar fhad agus an córas cosanta tosaigh, i gcás ina dtrasnaíonn an chorr dhíreach tosach na feithicle, agus í á coinneáil comhthreomhar le fadphlána ceartingearach na feithicle agus claonta chun tosaigh 20°, fad a fhanann sí i dteagmháil leis an talamh agus le dromchla an chórais cosanta tosaigh (féach Fíor 3);

I gcás inar gá, gearrfar an chorr dhíreach chun aon teagmháil leis na struchtúir os cionn an chórais cosanta tosaigh a sheachaint;

*Fíor 3:*


**Líne Thagartha Uachtair an Chórais Cosanta Tosaigh a Chinneadh**




1.8. ciallaíonn '*achar timfhillteach*' an lorg geoiméadrach a thuairiscítear ar an dromchla uachtair tosaigh nó ar an gcóras cosanta tosaigh ag taobh amháin de mhiosúr solúbtha, nuair a choimeádtar é i bhfadphlána ceartingearach na feithicle agus nuair a thrasnaítear é thar an dromchla uachtair tosaigh nó thar an gcóras cosanta tosaigh. Coinnítear an téip teann le linn na hoibríochta agus taobh amháin de i dteagmháil le leibhéal tagartha na talún, faoi bhun éadan tosaigh an tuairteora nó an chórais cosanta tosaigh go ceartingearach agus coinnítear an taobh eile i dteagmháil leis an dromchla uachtair tosaigh nó leis an gcóras cosanta tosaigh (féach Fíor 4, mar shampla). Suitear an fheithicil sa ghnáthriocht tiomána.

*Fíor 4*

**Achar timfhillteach an chórais cosanta tosaigh**



2. Forálacha ginearálta:

2.1. Cuirfidh an monaróir sampla amháin den chineál córais cosanta tosaigh atá le ceadú isteach chuig an tseirbhís theicniúil a bheidh freagrach as na tástálacha cineálcheadaithe a dhéanamh. I gcás ina measann an tseirbhís theicniúil sin gur ghá, féadfaidh sí tuilleadh samplaí a iarraidh. Beidh marcáil shoiléir dhoscriosta ar an sampla le trádainm nó trádmharc an iarratasóra agus léiriú den chineál. Déanfaidh an monaróir foráil maidir le taispeáint éigeantach mharc cineálcheadaithe AE ina dhiaidh sin.

2.2. I gcás inar dearadh an córas cosanta tosaigh atá le tástáil le húsáid i níos mó ná cineál feithicle amháin sa chatagóir $M_1$ nó $N_1$, déanfar an córas sin a chineálcheadú ar leithligh maidir le gach cineál feithicle a bhfuil sé ceaptha a úsáid inti.

Beidh sé de rogha ag an tseirbhís theicniúil, áfach, tástálacha breise a tharscaoileadh i gcás ina meastar go bhfuil cineálacha na bhfeithiclí nó cineálacha na gcóras cosanta tosaigh beartaithe comhchosúil go leordhóthanach.

2.3. Is féidir an tástáil a dhéanamh agus an córas cosanta tosaigh gléasta ar fheithicil den chineál dá bhfuil sé beartaithe nó ar fhráma tástála atá ionann agus toisí fíor-riachtanacha chéim thosaigh sheachtrach an chineál feithicle dá bhfuil siad ceaptha. I gcás ina dteagmhaíonn an córas cosanta tosaigh leis an bhfráma le linn na tástála, déanfar an tástáil an athuair agus an córas cosanta tosaigh gléasta ar an gcineál feithicil dá bhfuil sé beartaithe. I gcás tástála a dhéantar agus an córas cosanta tosaigh gléasta ar fheithicil, beidh feidhm ag coinníollacha Roinn C ina leith.

2.4. Maidir le haon mhodhnú ar na cineálacha feithiclí a liostaítear san Aguisín le deimhniú ar chineálcheadú AE maidir leis an gcóras cosanta tosaigh, atá chun tosaigh ar a A-philéir nó ar an gcóras cosanta tosaigh féin, a bhfuil tionchar aige ar an struchtúr, ar na príomh-thoisí, ar ábhair dhromchlaí seachtracha na feithicle nó an chórais cosanta tosaigh, ar na modhanna daingnithe nó ar shocrú na gcomhpháirteanna seachtracha nó inmheánacha, agus a d'fhéadfadh tionchar nach beag a imirt ar thorthaí na dtástálacha, measfar gur leasú é de bhun Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2018/858 agus dá bharr sin, éileofar cineálcheadú nua ón Aontas maidir leis an gcóras cosanta tosaigh.

2.5. I gcás ina gcomhlíontar na ceanglais ábhartha a leagtar amach i gCuid 2 d'Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an Rialachán sin, beidh feidhm ag an méid seo a leanas chun críocha Roinn 3 den uimhir chineálcheadaithe agus go háirithe maidir leis na litreacha a úsáidfear:

— 'A' sa chás go gceadaítear an córas cosanta tosaigh lena fheistiú ar fheithiclí i gcatagóir $M_1$ nó $N_1$ a chomhlíonann ceanglais Roinn 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 78/2009 nó pointe 3.1. d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/102/CE;

— 'B' sa chás go gceadaítear an córas cosanta tosaigh lena fheistiú ar fheithiclí i gcatagóir $M_1$ nó $N_1$ a chomhlíonann ceanglais Roinn 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 78/2009 nó pointe 3.2. d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/102/CE nó Rialachán Uimh. 127 de chuid NA ([1]); nó

— 'X' sa chás go gceadaítear an córas cosanta tosaigh lena fheistiú ar fheithiclí i gcatagóir $M_1$ nó $N_1$ nach gcomhlíonann Rialachán (CE) Uimh. 78/2009 ná Treoir 2003/102/CE ná Rialachán Uimh. 127 de chuid NA.

3. Ceanglais shonracha

3.1. Beidh feidhm ag na ceanglais seo a leanas go cothrom maidir le córais cosanta tosaigh a fheistítear ar fheithiclí nua i gcatagóir $M_1$ nó $N_1$ agus le córais cosanta tosaigh atá le soláthar mar aonaid theicniúla ar leithligh lena bhfeistiú ar fheithiclí sonracha i gcatagóir $M_1$ nó $N_1$.

([1]) Rialachán Uimh. 127 de chuid NA ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UN/ECE) – Forálacha aonfhoirmeacha a bhaineann le ceadú mótarfheithiclí maidir lena bhfeidhmíocht sábháilteachta do choisithe [2020/638] (IO L 154, 15.5.2020, lch. 1).

3.1.1. Déanfar comhpháirteanna an chórais cosanta tosaigh a dhearadh ionas go mbeidh ga cuair ≥ 5,0 mm ag gach dromchla docht ar féidir le sféar 100 mm teagmháil a dhéanamh leo.

3.1.2. Ní sháróidh mais iomlán an chórais cosanta tosaigh, lena n-áirítear na bracanna agus na fosúcháin go léir, 1.2 % de mhais iomlán na feithicle dá bhfuil deartha, faoi réir uasmheáchan 18 kg.

3.1.3. Ní bheidh airde an chórais cosanta tosaigh, agus é feistithe ar fheithicil, níos mó ná 50 mm os cionn airde líne thagartha imeall an bhoinéid, mar a shainmhínítear i gcomhréir le Rialachán Uimh. 127 de chuid NA.

3.1.4. Ní mhéadóidh an córas cosanta tosaigh leithead na feithicle a bhfuil sé feistithe uirthi. I gcás ina bhfuil leithead foriomlán an chórais cosanta tosaigh níos mó ná 75 % de leithead na feithicle, casfar pointí deiridh an chórais cosanta tosaigh isteach i dtreo an dromchla sheachtraigh chun an riosca salaithe a íoslaghdú. Measfar go mbeidh an ceanglas sin comhlíonta sa chás go mbeidh an córas cosanta tosaigh cuasaithe nó comhtháite laistigh den chabhalra nó go mbeidh pointe deiridh an chórais cosanta tosaigh casta ionas nach féidir le sféar 100 mm teagmháil a dhéanamh leis, agus nach mó ná 20 mm an bhearna idir pointe deiridh an chórais cosanta tosaigh agus an cabhalra timpeall air.

3.1.5. Faoi réir ag pointe 3.1.4., ní bheidh an bhearna idir comhpháirteanna an chórais cosanta tosaigh agus an dromchla sheachtraigh faoina bhun níos mó ná 80 mm. Déanfar neamhaird ar neamhleanúnachas i gcomhrian ginearálta na cabhlach faoina bhun (amhail oscailtí i ngreillí, gairis aer-iontógála, etc.).

3.1.6. Ag aon suíomh cliathánach trasna na feithicle, chun buntáistí thuairteoir na feithicle a choimeád, ní bheidh an fad idir an pointe is faide chun tosaigh den tuairteoir agus an pointe is faide chun tosaigh den chóras cosanta tosaigh níos mó ná 50 mm.

3.1.7. Ní chuirfidh an córas cosanta tosaigh laghdú nach beag ar éifeachtacht an tuairteora. Measfar go mbeidh an ceanglas sin comhlíonta sa chás nach mbeidh níos mó ná dhá chomhpháirt cheartingearacha ann agus nach mbeidh aon chomhpháirt cheartingearach den chóras cosanta tosaigh ag forluí ar an tuairteoir.

3.1.8. Ní bheidh an córas cosanta tosaigh claonta chun tosaigh ón ingearach. Ní shíneoidh codanna uachtair an chórais cosanta tosaigh suas nó siar (i dtreo an ghaothscátha) níos mó ná 50 mm ó líne thagartha imeall bhoinéad na feithicle agus an córas cosanta tosaigh bainte.

3.1.9. Ní chuirfear isteach ar chomhlíonadh cheanglais chineálcheadaithe na feithicle trí bhíthin córas cosanta tosaigh a shuiteáil.

3.1.10. Féadfaidh an t-údarás cineálcheadaithe a mheas go mbeidh ceanglais aon cheann de na tástálacha a leagtar síos san Iarscríbhinn seo comhlíonta trí bhíthin aon tástáil choibhéiseach a dhéanfaí i gcomhréir le Rialachán Uimh. 127 de chuid NA (e.g. sa chás go ndéantar tástáil mar chuid de chineál feithicle nuair is féidir í a fheistiú ar bhonn roghnach le córas cosanta tosaigh, féach pointe 1. agus pointe 3.1 de Roinn C).

## *Roinn B*

## **Sonraíochtaí tástála feithiclí**

1. Feithicil iomlán

1.1. Maidir le tástáil ar fheithiclí iomlána, comhlíonfaidh na feithiclí na coinníollacha a leagtar síos i bpointí 1.1.1., 1.1.2. agus 1.1.3.

1.1.1. Beidh an fheithicil ina gnáthriocht tiomána agus beidh sí gléasta go daingean ar thacaí ardaithe nó ina seasamh ar dhromchla cothrom, agus an coscán láimhe teannta.

1.1.2. Déanfar na gairis go léir atá deartha chun úsáideoirí soghonta bóthair a chosaint a ghníomhachtú i gceart roimh an tástáil iomchuí agus/nó beidh siad i ngníomh lena linn. Is é an t-iarratasóir a bheidh freagrach as ceadú lena thaispeáint go ngníomhóidh na gairis mar a bheartaítear i gcás imbhuailte le coisí.

1.1.3. Maidir le haon chomhpháirt feithicle a bhféadfadh athrú teacht ar a cruth nó ar a suíomh, ach amháin gairis ghníomhacha chun coisithe a chosaint, agus a bhfuil níos mó ná cruth nó suíomh seasta amháin acu, éileoidh siad go gcomhlíonfaidh an fheithicil na comhpháirteanna i ngach cruth nó suíomh seasta.

2. Fochóras feithiclí

2.1. I gcás nach gcuirtear ach fochóras de chuid na feithicle ar fáil lena tástáil, comhlíonfaidh sé na coinníollacha a mionsonraítear i bpointí 2.1.1., 2.1.2., 2.1.3. agus 2.1.4.

2.1.1. Déanfar na codanna go léir de struchtúr na feithicle, an boinéad agus na comhpháirteanna faoin mboinéad, nó taobh thiar den ghaothscáth, a bhféadfadh tionchar a bheith orthu ag imbhualadh tosaigh le húsáideoir soghonta bóthair a chur san áireamh sa tástáil chun feidhmíocht agus idirghníomhaíochtaí na gcomhpháirteanna feithicle rannpháirteacha go léir a léiriú.

2.1.2. Déanfar fochóras na feithicle a ghléasadh go daingean agus an fheithicil ina gnáthriocht tiomána.

2.1.3. Déanfar na gairis go léir atá deartha chun úsáideoirí soghonta bóthair a chosaint a ghníomhachtú i gceart roimh an tástáil iomchuí agus/nó beidh siad i ngníomh lena linn. Is é an t-iarratasóir a bheidh freagrach as ceadú lena thaispeáint go ngníomhóidh na gairis mar a bheartaítear i gcás imbhuailte le coisí.

2.1.4. Maidir le haon chomhpháirt feithicle a bhféadfadh athrú teacht ar a cruth nó ar a suíomh, ach amháin gairis ghníomhacha chun coisithe a chosaint, agus a bhfuil níos mó ná cruth nó suíomh seasta amháin acu, éileoidh siad go gcomhlíonfaidh an fheithicil na comhpháirteanna i ngach cruth nó suíomh seasta.

***Roinn C***

**Sonraíochtaí tástála na gcóras cosanta tosaigh**

1. Córas Cosanta Tosaigh mar threalamh bunaidh feistithe ar fheithicil.

1.1. Comhlíonfaidh an córas cosanta tosaigh a bheidh gléasta ar an bhfeithicil na coinníollacha a leagtar síos i bpointí 3. go 3.1.10. de Roinn A.

1.2. Beidh an fheithicil ina gnáthriocht tiomána agus beidh sí gléasta go daingean ar thacaí ardaithe nó ina seasamh ar dhromchla cothrom, agus an coscán láimhe teannta. Beidh an córas cosanta tosaigh atá le tástáil feistithe ar an bhfeithicil. Leanfar na treoracha feistithe ó mhonaróir an chórais cosanta tosaigh agus áireofar orthu sin toirc theanntachta le haghaidh na bhfosúchán go léir.

1.3. Déanfar na gairis go léir atá deartha chun coisithe agus úsáideoirí soghonta bóthair a chosaint a ghníomhachtú i gceart roimh an tástáil iomchuí agus/nó beidh siad i ngníomh lena linn. Taispeánfaidh an t-iarratasóir go bhfeidhmeoidh na gairis mar atá siad ceaptha feidhmiú sa chás go mbuailfeadh an fheithicil coisí nó úsáideoir soghonta bóthair eile.

1.4. Maidir le haon chomhpháirt feithicle a bhféadfadh athrú teacht ar a cruth nó ar a suíomh, amhail ceannlampaí 'aníos', ach amháin gairis chun coisithe a chosaint, déanfar iad a shocrú sa chruth nó sa suíomh is iomchuí le haghaidh na dtástálacha seo, dar leis na seirbhísí teicniúla.

2. Córas Cosanta Tosaigh mar aonad teicniúil ar leithligh.

2.1. Sa chás nach gcuirfear ach córas cosanta tosaigh ar fáil le haghaidh tástálacha, beidh sé indéanta na coinníollacha a leagtar síos i bpointí 3. go 3.1.10. de Roinn A a chomhlíonadh agus é feistithe ar an gcineál feithicle lena mbaineann an cineálcheadú don aonad teicniúil sonrach ar leithligh.

2.2. Is féidir an tástáil a dhéanamh agus an córas cosanta tosaigh gléasta ar fheithicil den chineál dá bhfuil sé beartaithe nó ar fhráma tástála atá ionann agus toisí fíor-riachtanacha chéim thosaigh sheachtrach an chineál feithicle dá bhfuil siad ceaptha. I gcás ina dteagmhaíonn an córas cosanta tosaigh leis an bhfráma le linn na tástála, déanfar an tástáil an athuair agus an córas cosanta tosaigh gléasta ar an gcineál feithicil dá bhfuil sé beartaithe. I gcás tástála a dhéantar agus an córas cosanta tosaigh feistithe ar fheithicil, beidh feidhm ag coinníollacha phointe 1 ina leith.

3. Faisnéis le cur ar fáil.

3.1. Maidir le gach córas cosanta tosaigh, cibé acu is chuid de chineálcheadú feithicle é i ndáil le córas cosanta tosaigh a fheistiú uirthi go roghnach, nó go bhfuil sé le cineálcheadú mar aonad teicniúil ar leithligh, beidh faisnéis ag gabháil leis maidir leis an bhfeithicil nó na feithiclí ar ceadaíodh é a fheistiú orthu.

3.2. Beidh treoracha mionsonraithe suiteála ag gabháil le gach córas cosanta tosaigh a bheidh cineálcheadaithe mar aonad teicniúil ar leithligh ina dtabharfar faisnéis leordhóthanach d'aon duine inniúil chun é a shuiteáil i gceart ar an bhfeithicil. Is i dteanga nó i dteangacha an Bhallstáit ina mbeidh an córas cosanta tosaigh le díol a bheidh na treoracha.

## *Roinn D*

## Cruth na coise íochtair do thástáil chórais cosanta tosaigh

1. Ceanglais shonracha

1.1. Déanfar na tástálacha go léir ar luas imbhuailte 40 km/u.

1.2. Maidir le córas cosanta tosaigh atá ceadaithe lena fheistiú ar fheithiclí a chomhlíonann ceanglais Roinn 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 78/2009 nó pointe 3.1. d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/102/CE, ní mó ná 40 mm a bheidh i luach absalóideach uasfhadú dinimiciúil an bhallnaisc mheánaigh chomhthaobhaigh ag an nglúin, agus ní mó ná 13 mm a bheidh in uasfhadú dinimiciúil an bhallnaisc chroisigh thosaigh agus an bhallnaisc chroisigh chúil. Ní mó ná 380 Nm a bheidh i luach absalóideach na móimintí lúbthachta dinimiciúla ag an tibia.

1.3. Maidir le córas cosanta tosaigh atá ceadaithe lena fheistiú ar fheithiclí a chomhlíonann ceanglais Roinn 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 78/2009, pointe 3.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/102/CE, nó Rialachán Uimh. 127 de chuid NA, ní mó ná 22 mm a bheidh i luach absalóideach uasfhadú dinimiciúil an bhallnaisc mheánaigh chomhthaobhaigh ag an nglúin, agus ní mó ná 13 mm a bheidh in uasfhadú dinimiciúil an bhallnaisc chroisigh thosaigh agus an bhallnaisc chroisigh chúil. Ní mó ná 340 Nm a bheidh i luach absalóideach na móimintí lúbthachta dinimiciúla ag an tibia.

1.4. Maidir le córas cosanta tosaigh atá ceadaithe lena fheistiú ar fheithiclí nach gcomhlíonann Rialachán (CE) Uimh. 78/2009, ná Treoir 2003/102/CE ná Rialachán Uimh. 127 de chuid NA, féadtar na ceanglais tástála seo a leanas a chur in ionad na gceanglas tástála a leagtar amach i bpointí 1.2. agus 1.3.:

— Ní mó ná 40 mm a bheidh i luach absalóideach uasfhadú dinimiciúil an bhallnaisc mheánaigh chomhthaobhaigh ag an nglúin, agus ní mó ná 13 mm a bheidh in uasfhadú dinimiciúil an bhallnaisc chroisigh thosaigh agus an bhallnaisc chroisigh chúil. Ní mó ná 380 Nm a bheidh i luach absalóideach na móimintí lúbthachta dinimiciúla ag an tibia. nó

— Déanfar péire tástálacha ar an bhfeithicil, ceann amháin agus an córas cosanta tosaigh feistithe, agus an dara ceann gan an córas cosanta tosaigh feistithe, agus déanfar gach péire tástálacha ag láithreacha coibhéiseacha mar a chomhaontófar leis an údarás cineálcheadaithe agus an tseirbhís theicniúil. Déanfar na luachanna d'uasfhadú dinimiciúil an bhallnaisc mheánaigh chomhthaobhaigh ag an nglúin agus d'uasfhaduithe dinimiciúla an bhallnaisc chroisigh thosaigh agus an bhallnaisc chroisigh chúil a thaifeadadh. I ngach cás, ní mó ná 90 % den luach arna thaifeadadh don fheithicil gan an córas cosanta tosaigh feistithe uirthi a bheidh sa luach arna thaifeadadh don fheithicil atá feistithe leis an gcóras cosanta tosaigh.

2. Ginearálta

2.1. Beidh imbhuailteoir crutha coise íochtair do na tástálacha ar an gcóras cosanta tosaigh i 'saoreitilt' ag móimint an imbhuailte, i gcomhréir le forálacha mhír 1.8. d'Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán Uimh. 127 de chuid NA. Scaoilfear an t-imbhuailteoir chuig saoreitilt ag a leithéid d'fhad is nach mbeidh tionchar ar thorthaí na tástála ag aon teagmháil idir an t-imbhuailteoir agus an córas tiomána le linn athphreabadh an imbhuailteora.

2.2. I ngach cás, féadtar an t-imbhuailteoir a thiomáint le gunna aeir, sprionga nó hiodrálach, nó ar mhodhanna eile ar féidir a thaispeáint go mbíonn an toradh céanna leo. Deimhneofar an t-imbhuailteoir crutha coise íochtair de bhun mhír 1. d'Iarscríbhinn 6 a ghabhann le Rialachán Uimh. 127 de chuid NA.

3. Sonraíocht na tástála

3.1. Déanfar ar a laghad trí thástáil maidir le cruth na coise íochtair go córas cosanta tosaigh ar phointí tástála idir línte tagartha uachtair agus íochtair an chórais cosanta tosaigh. Is ag na suíomhanna a mheasann an tseirbhís theicniúil is mó seans a mbeadh siad ina gcúis díobhála a bheidh na pointí tástála. Déanfar tástálacha ar chineálacha éagsúla struchtúr sa chás go mbeidh éagsúlacht eatarthu sa limistéar a bhfuil measúnú le déanamh air. Déanfar na pointí arna dtástáil ag an tseirbhís theicniúil a thaifeadadh sa tuarascáil tástála.

3.2. Maidir le feithiclí ar lú ná 425 mm airde líne thagartha íochtair an chórais cosanta tosaigh, cuirfear ceanglais na Roinne seo i bhfeidhm.

4. Maidir le feithiclí a bhfuil airde líne thagartha íochtair an chórais cosanta tosaigh cothrom le, nó níos mó ná 425 mm agus níos lú ná 500 mm, féadfaidh an monaróir roghnú na tástálacha a leagtar amach sa Roinn seo nó na tástálacha a leagtar amach i Roinn E a chur i bhfeidhm.

4.1. Comhlíonfaidh staid na feithicle nó an fhochórais na forálacha i Roinn C. Is 20° ± 4° C a bheidh i dteocht chobhsaithe an ghairis tástála agus na feithicle nó an aonaid theicniúil ar leithligh.

4.2. Tugtar tuairisc ar imbhuailteoir crutha coise íochtair in Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 127 de chuid NA.

4.3. Déanfar an t-imbhuailteoir tástála a stóráil agus a láimhseáil i gcomhréir le míreanna 1.2. agus 1.3. d'Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán Uimh. 127 de chuid NA roimh an tástáil.

4.4. Déanfar na tástálacha i gcomhréir le míreanna 1.6. go 1.14. d'Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán Uimh. 127 de chuid NA.

4.5 le linn na teagmhála idir an t-imbhuailteoir agus an córas cosanta tosaigh, ní dhéanfaidh an t-imbhuailteoir teagmháil leis an talamh nó le ní ar bith nach cuid den chóras cosanta tosaigh nó den fheithicil é.

### *Cuid E*

### Tástáil maidir le cruth na coise uachtair go dtí an córas cosanta tosaigh

1. Ceanglais shonracha

1.1. Déanfar na tástálacha go léir ar luas imbhuailte 40 km/u.

1.2. Ní mó ná 7.5 kN a bheidh i suim láithreach na bhfórsaí imbhuailte i ndáil le ham agus ní mó ná 510 Nm a bheidh sa mhóimint lúbthachta ar an imbhuailteoir tástála.

1.3. Maidir le córas cosanta tosaigh atá ceadaithe lena fheistiú ar fheithiclí nach gcomhlíonann Rialachán (CE) Uimh. 78/2009, ná Treoir 2003/102/CE ná Rialachán Uimh. 127 de chuid NA, féadtar na ceanglais tástála seo a leanas a chur in ionad na gceanglas tástála a leagtar amach i bpointe 1.2.:

— Ní mó ná 9.4 kN a bheidh i suim na bhfórsaí imbhuailte láithreacha i ndáil le ham agus ní mó ná 640 Nm a bheidh sa mhóimint lúbthachta ar an imbhuailteoir tástála; nó

— Déanfar péire tástálacha ar an bhfeithicil, ceann amháin agus an córas cosanta tosaigh feistithe, agus an dara ceann gan an córas cosanta tosaigh feistithe. Déanfar gach péire tástálacha ag láithreacha coibhéiseacha mar a chomhaontófar leis an údarás cineálcheadaithe agus an tseirbhís theicniúil. Déanfar luachanna shuim láithreach na bhfórsaí imbhuailte agus na móiminte lúbthachta ar an imbhuailteoir tástála a thaifeadadh. I ngach cás, ní mó ná 90 % den luach arna thaifeadadh don fheithicil gan an córas cosanta tosaigh feistithe uirthi a bheidh sa luach arna thaifeadadh don fheithicil atá feistithe leis an gcóras cosanta tosaigh.

2. Ginearálta

2.1. Déanfar an t-imbhuailteoir crutha coise uachtair le haghaidh tástálacha ar an gcóras cosanta tosaigh a ghléasadh ar an gcóras tiomána le siúnta a chuireann teorainn ar an torc, le cosc a chur ar ualaí móra asláir damáiste a dhéanamh don chóras treoraíochta. Déanfar an córas treoraíochta a fheistiú le treoracha ar bheagán frithchuimilte, a bheidh neamhíogair do lódáil as-aise, nach ligeann don imbhuailteoir ach gluaiseacht i dtreo sonraithe an imbhuailte, agus é i dteagmháil leis an gcóras cosanta tosaigh. Cuirfidh na treoracha cosc ar ghluaiseacht i dtreonna eile, lena n-áirítear rothlú timpeall aon ais eile.

2.2. Féadtar an t-imbhuailteoir crutha coise uachtair a thiomáint le gunna aeir, sprionga nó hiodrálach, nó ar mhodhanna eile ar féidir a thaispeáint go mbíonn an toradh céanna leo. Deimhneofar an t-imbhuailteoir crutha coise uachtair de bhun mhír 2. d'Iarscríbhinn 6 a ghabhann le Rialachán Uimh. 127 de chuid NA.

3. Sonraíocht na tástála

3.1. Déanfar ar a laghad trí thástáil maidir le cruth na coise uachtair go córas cosanta tosaigh ar phointí tástála idir Línte Tagartha Uachtair agus Íochtair an Chórais Cosanta Tosaigh. Is ag na suíomhanna a mheasann an tseirbhís theicniúil is mó seans a mbeadh siad ina gcúis díobhála a bheidh na pointí tástála. Déanfar tástálacha ar chineálacha éagsúla struchtúr sa chás go mbeidh éagsúlacht eatarthu sa limistéar a bhfuil measúnú le déanamh air. Déanfar na pointí arna dtástáil ag an tseirbhís theicniúil a thaifeadadh sa tuarascáil tástála.

3.2. Maidir le feithiclí a bhfuil airde líne thagartha íochtair an chórais cosanta tosaigh cothrom le nó níos mó ná 500 mm, cuirfear ceanglais na Roinne seo i bhfeidhm.

4. Maidir le feithiclí a bhfuil airde líne thagartha íochtair an chórais cosanta tosaigh cothrom le, nó níos mó ná 425 mm agus níos lú ná 500 mm, féadfaidh an monaróir roghnú an tástáil seo nó an tástáil a leagtar amach i Roinn D a chur i bhfeidhm.

4.1. Comhlíonfaidh staid na feithicle nó an fhochórais na forálacha i Roinn C. Is 20° ± 4° C a bheidh i dteocht chobhsaithe an ghairis tástála agus na feithicle nó an aonaid theicniúil ar leithligh.

4.2. Tugtar tuairisc ar imbhuailteoir crutha coise uachtair in Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 127 de chuid NA.

4.3. Déanfar an t-imbhuailteoir tástála a stóráil agus a láimhseáil i gcomhréir le míreanna 2.2. agus 2.3. d'Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán Uimh. 127 de chuid NA.

4.5 Déanfar na tástálacha i gcomhréir le míreanna 2.6. agus 2.7. d'Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán Uimh. 127 de chuid NA.

***Roinn F***

**Tástáil maidir le cruth cloiginn Linbh/Aosaigh Bhig ar an gcóras cosanta tosaigh**

1. Ceanglais shonracha

1.1. Déanfar na tástálacha go léir ar luas imbhuailte 35 km/u agus imbhuailteoir tástála crutha cloiginn maidir le leanbh/aosach beag 3.5 kg á úsáid. Ní mó ná 1 000 a bheidh sa Chritéar Feidhmíochta Cloiginn arna ríomh ó startha ama an mhéadair luasghéaraithe i ngach cás.

2. Ginearálta

2.1. Beidh imbhuailteoir crutha cloiginn maidir le leanbh/aosach beag do na tástálacha córais cosanta tosaigh i 'saoreitilt' ag móimint an imbhuailte. Scaoilfear an t-imbhuailteoir chuig saoreitilt ag a leithéid d'fhad ón gcóras cosanta tosaigh agus nach mbeidh tionchar ag aon teagmháil idir an t-imbhuailteoir agus an córas tiomána le linn athphreabadh an imbhuailteora ar thorthaí na tástála.

2.2. I ngach cás, féadtar an t-imbhuailteoir a thiomáint le gunna aeir, sprionga nó hiodrálach, nó ar mhodhanna eile ar féidir a thaispeáint go mbíonn an toradh céanna leo. Deimhneofar an t-imbhuailteoir crutha cloiginn de bhun mhír 3. d'Iarscríbhinn 6 a ghabhann le Rialachán Uimh. 127 de chuid NA.

3. Sonraíocht na tástála

3.1. Déanfar ar a laghad trí thástáil ar imbhualadh crutha cloiginn ag na suíomhanna a measann an tseirbhís theicniúil gur mó seans go mbeidís ina gcúis díobhála. Déanfar tástálacha ar chineálacha éagsúla struchtúir i gchás ina mbeidh éagsúlacht eatarthu sa limistéar a bhfuil measúnú le déanamh air. Déanfar na pointí arna dtástáil ag an tseirbhís theicniúil a thaifeadadh sa tuarascáil tástála.

3.2. Roghnófar pointí tástála don imbhuailteoir crutha cloiginn linbh/aosaigh bhig ar chodanna den chóras cosanta tosaigh inar mó ná 900 mm achar timfhillteach an chórais cosanta tosaigh agus an fheithicil ina gnáthriocht tiomána nó agus an córas cosanta tosaigh gléasta ar fhráma tástála a léiríonn an fheithicil a bhfuil sé le feistiú uirthi amhail agus go mbeadh sí ina gnáthriocht tiomána.

4. Nós imeachta tástála

4.1. Comhlíonfaidh staid na feithicle nó an fhochórais na forálacha i bpointe 1 de Roinn C. Is 20° ± 4°C a bheidh i dteocht chobhsaithe an ghairis tástála agus na feithicle nó an aonaid theicniúil ar leithligh.

4.2. Tugtar tuairisc ar imbhuailteoir crutha cloiginn linbh/aosaigh bhig in Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Rialachán Uimh. 127 de chuid NA.

4.3. Déanfar an t-imbhuailteoir a ghléasadh agus a thiomáint mar a shonraítear i bpointí 2.1. agus 2.2.

4.4. Déanfar na tástálacha i gcomhréir le míreanna 3. go 3.3.1. agus 4.4. to 4.7. d'Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán Uimh. 127 de chuid NA.

CUID 3

## Roinn A

### DEIMHNIÚ AR CHINEÁLCHEADÚ AE (AONAD TEICNIÚIL AR LEITHLIGH)

Teachtaireacht *maidir le cineálcheadú a dheonú / a shíneadh / a dhiúltú / a tharraingt siar* ([2]) i leith cineál aonaid theicniúil ar leithligh i ndáil le córais cosanta tosaigh i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn XII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/535, arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) Uimh. …/…

Uimhir an deimhnithe ar chineálcheadú ón Aontas.

An chúis leis an *síneadh / diúltú / tarraingt siar* ([2]):

*ROINN I*

(Le líonadh isteach i gcomhréir le Roinn I den teimpléad de Shamhail C in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún)

*ROINN II*

(Le líonadh isteach i gcomhréir le Roinn II den teimpléad de Shamhail C in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún)

*Aguisín*

**a ghabhann le deimhniú ar chineálcheadú AE uimhir …**

1. Faisnéis bhreise:

1.1. Modh cur i gceangal:

1.2. Treoracha maidir le cóimeáil agus gléasadh:

2. Liosta feithiclí a bhféadtar an córas cosanta tosaigh a fheistiú orthu, aon treoir úsáide agus na coinníollacha is gá le haghaidh feistiú:

[…]

5. Nótaí

[…]

6. Torthaí tástála de réir cheanglais Chuid 2 d'Iarscríbhinn XII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/535.

| Tástáil | Luach taifeadta | | | Pas/Teip |
|---|---|---|---|---|
| Cruth na coise íochtair ar an gcóras cosanta tosaigh — trí shuíomh tástála (sa chás go ndéantar iad) | Uillinn lúbthachta | … | céimeanna | |
| | Easáitiú fiartha | … | mm | |
| | Luasghéarú ag tibia | … | g | |
| Cruth na coise uachtair ar an gcóras cosanta tosaigh — trí shuíomh tástála (sa chás go ndéantar iad) | Suim na bhfórsaí imbhuailte | … | kN | |
| | Móimint lúbthachta | … | Nm | |
| Cruth cloiginn linbh/aosaigh bhig (3.5 kg) ar an gcóras cosanta tosaigh | luachanna an Chritéir Feidhmíochta Cloiginn (trí luach ar a laghad) | | | |

([2]) Scrios murab infheidhme.

*Roinn B*

**Marc cineálcheadaithe AE maidir le haonad teicniúil ar leithligh**

1. Beidh an méid a leanas i marc cineálcheadaithe AE maidir le haonaid theicniúla ar leithligh dá dtagraítear in Airteagal 38(2) de Rialachán (AE) 2018/858:

1.1. Dronuilleog timpeall ar an litir ‘e’ sa chás íochtair, agus uimhir shainiúil an Bhallstáit a bhronn cineálcheadú don chomhpháirt nó don aonad teicniúil ar leithligh:

| | |
|---|---|
| 1 | don Ghearmáin |
| 2 | don Fhrainc |
| 3 | don Iodáil |
| 4 | don Ísiltír |
| 5 | don tSualainn |
| 6 | don Bheilg |
| 7 | don Ungáir |
| 8 | do Phoblacht na Seice |
| 9 | don Spáinn |
| | |
| 13 | do Lucsamburg |
| 17 | don Fhionlainn |
| 18 | don Danmhairg |
| 19 | don Rómáin |

| | |
|---|---|
| 20 | don Pholainn |
| 21 | don Phortaingéil |
| 23 | don Ghréig |
| 24 | d’Éirinn |
| 25 | don Chróit |
| 26 | don tSlóivéin |
| 27 | don tSlóvaic |
| 29 | don Eastóin |
| 32 | don Laitvia |
| 12 | don Ostair |
| 34 | don Bhulgáir |
| 36 | don Liotuáin |
| 49 | don Chipir |
| 50 | do Mhálta |


1.2. I gcóngar na dronuilleoige, dhá dhigit a thugann le fios an tsraith leasuithe ina leagtar síos na ceanglais a chomhlíonann an t-aonad teicniúil ar leithligh seo, '00' faoi láthair, agus spás ina dhiaidh sin agus an uimhir cúig dhigit dá dtagraítear i bpointe 2.4. d’Iarscríbhinn IV de Rialachán (AE) 2018/858.

2. Beidh an marc cineálcheadaithe maidir le haonaid theicniúla ar leithligh doscriosta agus inléite go soiléir.

3. Léirítear sampla de mharc cineálcheadaithe AE le haghaidh aonaid theicniúil ar leithligh i bhFíor 1.

*Fíor 1*

**Sampla de mharc cineálcheadaithe AE le haghaidh aonaid theicniúil ar leithligh**




*Nóta míniúcháin*

Eochair D'eisigh an Bhulgáir cineálcheadú AE maidir le haonad teicniúil ar leithligh faoin uimhir 00646. Tugann an chéad dá dhigit '03' le fios gur formheasadh an t-aonad teicniúil ar leithligh i gcomhréir leis an Rialachán seo. Ciallaíonn an litir 'X' go bhfuil an córas cosanta tosaigh ceaptha a bheith feistithe ar fheithiclí i gcatagóir $M_1$ nó $N_1$, nach gcomhlíonann Rialachán (CE) Uimh. 78/2009, Treoir 2003/102/EC nó Rialachán Uimh. 127 de chuid NA, agus ar na feithiclí sin amháin.

*IARSCRÍBHINN XIII*

**MAISEANNA AGUS TOISÍ**

CUID 1

***Roinn A***

**Doiciméad faisnéise i ndáil le cineálcheadú AE do mhótarfheithiclí agus a leantóirí maidir lena mais agus a dtoisí**

SAMHAIL

Doiciméad faisnéise Uimh. ... a bhaineann le cineálcheadú AE do mhótarfheithicil nó do leantóir maidir lena mais agus a dtoisí.

Soláthrófar trí chóip den fhaisnéis a leanas, más infheidhme, agus áireofar liosta ábhair léi. Ní mór aon líníocht ná pictiúr a sholáthar ar scála iomchuí agus ar bhealach a bheidh mionsonraithe go leordhóthanach ar pháipéar ar mhéid A4 nó ar fhillteán i bhformáid A4. Ní mór mionsonraí leordhóthanacha a bheith le feiceáil i ngrianghraif, más ann dóibh.

0.

0.1.

0.2.

0.2.1.

0.4.

0.5.

0.8.

0.9.

1.

1.1.

1.2.

1.3.

1.3.1.

1.3.2.

1.3.3.

1.4.

1.7.

1.9.

1.10.

2.

2.1.

2.1.1.

2.1.2.

2.1.2.1.

2.1.2.2.

2.2.

2.2.1.

2.2.1.1.

2.2.1.2.

2.2.1.3.

2.2.2.

2.2.2.1.

2.3.

2.3.1.

2.3.2.

2.4.

2.4.1.

2.4.1.1.

2.4.1.1.1.

2.4.1.1.2.

2.4.1.1.3.

2.4.1.2.

2.4.1.2.1.

2.4.1.2.2.

2.4.1.3.

2.4.1.4.

2.4.1.4.1.

2.4.1.5.

2.4.1.5.1.

2.4.1.5.2.

2.4.1.6.

2.4.1.6.1.

2.4.1.6.2.

2.4.1.6.3.

2.4.1.8.

2.4.2.

2.4.2.1.

2.4.2.1.1.

2.4.2.1.3.

2.4.2.2.

2.4.2.2.1.

2.4.2.3.

2.4.2.4.

2.4.2.4.1.

2.4.2.5.

2.4.2.5.1.

2.4.2.5.2.

2.4.2.6.

2.4.2.6.1.

2.4.2.6.2.

2.4.2.6.3.

2.4.2.8.

2.4.3.

2.4.3.1.

2.4.3.2.

2.4.3.3.

2.5.

2.6.

2.6.1.

2.6.2.

2.6.4.

2.8.

2.8.1.

2.9.

2.10.

2.11.

2.11.1.

2.11.2.

2.11.3.

2.11.3.1.

2.11.4.

2.11.4.2.

2.11.5.

2.11.6.

2.12.

2.12.1.

2.12.2.

2.12.3.

2.16.

2.16.1.

2.16.2.

2.16.3.

2.16.4.

2.16.5.

3.

3.1.

3.2.

3.2.1.8.

3.3.

3.3.1.1.

3.4.

3.4.1.

3.4.5.4.

3.9.

4.

4.1.

5.

5.1.

5.2.

5.3.

5.4.

5.5

6.

6.1.

6.2.

6.2.3.

6.2.3.1.

6.2.3.2.

6.2.4.

6.2.4.1.

6.2.4.2.

6.3.

9.

9.1.

9.10.3.

9.10.3.1.

9.10.3.1.1.

9.10.3.5.

9.10.3.5.1.

9.10.3.5.2.

9.25.

9.25.1.

9.26.

9.26.1.

9.26.2.

9.26.3.

9.27.3.1.

9.27.3.2.

9.27.3.3.

11.

11.1.

11.2.

13.

13.1.

13.2.

13.2.1.

13.2.2.

13.2.3.

13.2.4.

13.3.

13.3.1.

13.3.2.

13.3.3.

13.4.

13.4.1.

13.4.2.

13.4.3.

13.4.4.

13.7.

13.12.

*Nóta míniúcháin*

Bunaítear an doiciméad faisnéise seo ar an teimpléad a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún agus líonfar isteach é leis an bhfaisnéis ábhartha faoi uimhreacha na bpointí a liostaítear thuas, mar a shainmhínítear sa teimpléad sin.

### *Roinn B*

### Doiciméad faisnéise maidir le cineálcheadú AE do ghaireas aeraidinimiciúil nó do threalamh mar aonad teicniúil ar leithligh

SAMHAIL

Doiciméad faisnéise Uimh. … maidir le cineálcheadú AE do ghaireas aeraidinimiciúil nó do threalamh mar aonad teicniúil ar leithligh.

Soláthrófar trí chóip den fhaisnéis a leanas, más infheidhme, agus áireofar liosta ábhar léi. Ní mór aon líníocht a sholáthar ar scála iomchuí agus ar bhealach a bheidh mionsonraithe go leordhóthanach ar pháipéar de mhéid A4 nó ar fhillteán i bhformáid A4. Ní mór mionsonraí leordhóthanacha a bheith le feiceáil i ngrianghraif, más ann dóibh.

0.

0.1.

0.2.

0.3.

0.3.1.

0.5.

0.7.

0.8.

0.9.

9.26.

9.26.1

9.26.2.

9.26.3.

9.26.3.1.

9.26.3.2.

9.26.3.3.

9.27.

9.27.1.

9.27.2.

9.27.3.

9.27.3.1.

9.27.3.2.

9.27.3.3.

*Nóta míniúcháin*

Bunaítear an doiciméad faisnéise seo ar an teimpléad a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún agus líonfar isteach é leis an bhfaisnéis ábhartha faoi uimhreacha na bpointí a liostaítear thuas, mar a shainmhínítear sa teimpléad sin.

CUID 2

**SONRAÍOCHTAÍ TEICNIÚLA**

***Roinn A***

**Sainmhínithe agus forálacha ginearálta**

1. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1.1. ciallaíonn "*trealamh caighdeánach*" cumraíocht bhunúsach feithicle atá feistithe leis na gnéithe go léir a éilítear faoi na gníomhartha rialála dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858, lena n-áirítear na gnéithe go léir a fheistítear agus nach dteastaíonn aon sonraíocht bhreise maidir le cumraíocht ná leibhéal trealaimh ina leith;

1.2. ciallaíonn "*trealamh roghnach*" na gnéithe go léir nach bhfuil san áireamh sa trealamh caighdeánach a fheistítear ar fheithicil faoi fhreagracht an mhonaróra a fhéadfaidh an custaiméir a ordú;

1.3. ciallaíonn "*mais agus an fheithicil réidh le hoibriú*":

(a) i gcás mótarfheithicle:

mais na feithicle, agus a humar breosla nó a humair bhreosla líonta ag ar a laghad 90 % dá toilleadh, lena n-áirítear mais an tiománaí, an bhreosla agus na leachtanna, agus í feistithe leis an trealamh caighdeánach i gcomhréir le sonraíochtaí an mhonaróra agus, nuair atá siad feistithe, mais an chabhalra, an chábáin, an chúpláin agus an rotha/na rothaí breise, chomh maith leis na huirlisí.

(b) i gcás leantóra:

mais na feithicle, lena n-áirítear an breosla agus na leachtanna, agus í feistithe leis an trealamh caighdeánach i gcomhréir le sonraíochtaí an mhonaróra agus, nuair atá siad feistithe, mais an chabhalra, an chúpláin, an rotha/na rothaí breise, agus na huirlisí;

1.4. ciallaíonn "*mais an trealaimh roghnaigh*" uasmhais na dteaglamaí trealaimh roghnaigh is féidir a fheistiú ar an bhfeithicil chomh maith leis an trealamh caighdeánach, i gcomhréir le sonraíochtaí an mhonaróra;

1.5. ciallaíonn "*mais iarbhír na feithicle*" an mhais agus an fheithicil réidh le hoibriú móide mais an trealaimh roghnaigh atá feistithe ar fheithicil faoi leith;

1.6. ciallaíonn "*uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil (M)*" an uasmhais arna leithdháileadh ar fheithicil ar bhonn a gnéithe déantúis agus a feidhmíochtaí dearaidh; áirítear leis an uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil de chuid leantóra nó leathleantóra, an mhais statach arna haistriú chuig an bhfeithicil tarraingthe agus í ceangailte;

1.7. ciallaíonn "*uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil don chónasc (MC)*" an uasmhais arna leithdháileadh ar chónasc mótarfheithicle agus leantóir amháin nó níos mó ar bhonn a gnéithe déantúis agus a feidhmíochtaí dearaidh, nó an uasmhais arna leithdháileadh ar chónasc aonad tarracóra agus leathleantóra;

1.8. ciallaíonn "*uasmhais intarraingthe is incheadaithe go teicniúil (TM)*" uasmhais leantóir amháin nó níos mó a bhféadfadh feithicil tarraingthe é a tharraingt, a fhreagraíonn don ualach iomlán a thras-seolann rothaí acastóra nó grúpa acastóirí chun na talún nuair atá siad ceangailte den fheithicil tarraingthe;

1.9. ciallaíonn "*acastóir*" gnáth-ais rothlaithe dhá roth nó níos mó, bíodh siad cumhacht-thiomáinte nó ag saor-rothlú, agus bíodh siad gcuid amháin nó níos mó atá suite sa phlána céanna, ingearach le fadlíne láir na feithicle;

1.10. ciallaíonn "*grúpa acastóirí*" líon acastóirí a bhfuil spásáil acastóra acu atá teoranta do cheann de na rothfhaid dá dtagraítear mar achar "d' in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 96/53/CE agus a idirghníomhaíonn lena chéile de bharr dhearadh sonrach an chrochta;

1.11. ciallaíonn "*acastóir aonair*" acastóir nach féidir a mheas mar chuid de ghrúpa acastóirí;

1.12. ciallaíonn "*uasmhais is incheadaithe go teicniúil ar an acastóir (m)*" an mhais a fhreagraíonn don ualach ceartingearach statach uasta a thras-seolann rothaí an acastóra chun na talún , ar bhonn ghnéithe déantúis an acastóra agus na feithicle agus a bhfeidhmíochtaí dearaidh;

1.13. ciallaíonn "*uasmhais is incheadaithe go teicniúil ar ghrúpa acastóirí (μ)*" an mhais a fhreagraíonn don ualach ceartingearach statach uasta incheadaithe a thras-seolann rothaí an ghrúpa acastóirí chun na talún, ar bhonn ghnéithe déantúis an ghrúpa acastóirí agus na feithicle agus a bhfeidhmíochtaí dearaidh;

1.14. ciallaíonn "*cúpláil*" gaireas meicniúil lena n-áirítear nithe comhpháirte mar a shainmhínítear i míreanna 2.1. go 2.6. de Rialachán Uimh. 55 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UN/ECE) ([1]) agus gaireas gearr-chúplála mar a shainmhínítear i mír 2.1.1. de Rialachán Uimh. 102 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UN/ECE) ([2]);

1.15. ciallaíonn "*pointe cúplála*" lár comhghreamúcháin an chúpláin atá feistithe ar fheithicil a tharraingítear laistigh den chúplán atá feistithe ar fheithicil tharraingthe;

1.16. ciallaíonn "*mais an chúpláin*" mais an chúpláin féin agus gach páirt is gá chun an cúplán a chur i gceangal leis an bhfeithicil;

1.17. ciallaíonn "*uasmhais is incheadaithe go teicniúil ag an bpointe cúplála*" :

(a) i gcás feithicil tarraingthe, an mhais a fhreagraíonn don ualach ceartingearach statach uasta incheadaithe ar phointe cúplála (luach "S" nó "U") de chuid feithicle tarraingthe, ar bhonn ghnéithe déantúis an chúpláin agus na feithicle tarraingthe;

(b) i gcás leathleantóra, leantóir acastóra láir, nó leantóir barra tarraingthe docht, an mhais a fhreagraíonn don ualach ceartingearach statach uasta incheadaithe (luach "S" nó "U") atá le tras-seoladh ag an leantóir chun na feithicle tarraingthe ag an bpointe cúplála, ar bhonn ghnéithe déantúis an chúpláin agus an leantóra;

([1]) Rialachán Uimh. 55 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UN/ECE) — Forálacha aonfhoirmeacha a bhaineann le ceadú comhpháirteanna cúplála meicniúla le haghaidh cónaisc feithiclí (IO L 153, 15.6.2018, lch.179).

([2]) Rialachán Uimh. 102 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UN/ECE) – Forálacha aonfhoirmeacha a bhaineann le ceadú I. gaireas gearr-chúplála A (CCD) II. Feithiclí maidir le cineál CCD ceadaithe a fheistiú (IO L 351, 20.12.2008, lch. 44).

1.18. ciallaíonn "*mais na bpaisinéirí*" mais arna rátáil de réir chatagóir na feithicle arna iolrú faoin líon ionad suí lena n-áirítear, más ann dóibh, ionaid suí don chriú agus líon na ndaoine ina seasamh, gan an tiománaí a áireamh;

1.19. ciallaíonn "*mais an tiománaí*" mais arna rátáil ag 75 kg suite ag pointe tagartha suí an tiománaí;

1.20. ciallaíonn "*pá-mhais*" an difríocht idir an uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil agus an mhais agus an fheithicil réidh le hoibriú arna méadú ag mais na bpaisinéirí agus mais an trealaimh roghnaigh;

1.21. ciallaíonn "*fad*" an toise arna shainmhíniú i bpointí 6.1.1., 6.1.2. agus 6.1.3. de Chaighdeán ISO 612:1978; tá feidhm ag an sainmhíniú sin freisin maidir le feithiclí altacha comhdhéanta de dhá chuid nó níos mó;

1.22. ciallaíonn "*leithead*" an toise arna shainmhíniú i bpointe 6.2. de Chaighdeán ISO 612:1978;

1.23. ciallaíonn "*airde*" an toise arna shainmhíniú i bpointe 6.3. de Chaighdeán ISO 612:1978;

1.24. ciallaíonn "*rothfhad*" an méid seo a leanas:

(a) maidir le mótarfheithiclí agus leantóirí barra tarraingthe, an fad cothrománach idir lár an chéad acastóra agus an acastóra deiridh;

(b) maidir le leantóirí acastóra láir, leathleantóirí agus leantóirí barra tarraingthe, an fad idir acastóir ceartingearach an chúpláin agus lár an acastóra deiridh;

1.25. ciallaíonn "*spásáil acastóirí*" an fad idir dhá acastóir i ndiaidh a chéile; maidir le leantóirí acastóra láir, leathleantóirí agus leantóirí barra tarraingthe docht, is í an chéad spásáil acastóirí an fad cothrománach idir acastóir ceartingearach na chéad chúplála agus lár an chéad acastóra;

1.26. ciallaíonn "*rian*" an fad dá dtagraítear i bpointe 6.5. de Chaighdeán ISO 612:1978;

1.27. ciallaíonn "*rith an chúigiú roth*" an fad dá dtagraítear i bpointe 6.19.2. de Chaighdeán ISO 612:1978, agus an nóta dá dtagraítear i bpointe 6.19. den chaighdeán céanna á chur san áireamh;

1.28. ciallaíonn "*ga feistithe tosaigh an leathleantóra*" an fad cothrománach ó acastóir an phionna cinn aise go haon pointe ag tosach an leathleantóra;

1.29. ciallaíonn "*starradh tosaigh*" an fad cothrománach idir an plána ceartingearach a théann tríd an gcéad acastóir, nó trí acastóir an phionna cinn aise i gcás leathleantóra, agus an pointe is faide chun tosaigh ar an bhfeithicil;

1.30. ciallaíonn "*starradh cúil*" an fad cothrománach idir an plána ceartingearach a théann tríd an acastóir cúil deiridh agus an pointe is faide ar chúl den fheithicil; i gcás ina bhfuil cúplán feistithe ar an bhfeithicil nach féidir a bhaint di, is é an pointe is faide ar chúl den fheithicil an pointe cúplála;

1.31. ciallaíonn "*fad na láithreach lódála*" an fad ón bpointe inmheánach is faide chun tosaigh go dtí an pointe inmheánach is faide ar chúl den áit lasta, arna thomhas go cothrománach i bhfadphlána na feithicle;

1.32. ciallaíonn "*cúl-luascadh*" an fad idir an pointe tosaigh agus an pointe foircneach iarbhír a shroichtear ag cúl feithicle agus í á hionramháil sna dálaí arna sonrú i bpointe 8 de Roinn B de Chuid 2 nó i bpointe 7 de Roinn C de Chuid 2 den Iarscríbhinn seo;

1.33. ciallaíonn "*gaireas ardaithe acastóra*" sásra arna fheistiú ar fheithicil chun an t-acastóir a ardú den talamh go hiomlán agus é a ísliú chuig an talamh;

1.34. ciallaíonn "*acastóir ardaithe*" acastóir is féidir a ardú óna ghnáthshuíomh agus é a ath-ísliú le gaireas ardaithe acastóra;

1.35. ciallaíonn "*acastóir inluchtaithe*" acastóir ar féidir an t-ualach air a athrú gan an t-acastóir a ardú le gaireas ardaithe acastóra;

1.36. ciallaíonn "*aerchrochadh*" córas crochta arb é an sprionga aeir is cúis le ar a laghad 75 % den éifeacht sprionga;

1.37. ciallaíonn "*aicme bus nó cóiste*" sraith feithiclí mar a shainmhínítear i míreanna 2.1.1. agus 2.1.2. de Rialachán Uimh. 107 – forálacha aonfhoirmeacha a bhaineann le feithiclí i gcatagóir $M_2$ nó $M_3$ i ndáil lena ndéantús ginearálta ([3]);

1.38. ciallaíonn "feithicil altach" feithicil i gcatagóir $M_2$ nó $M_3$ mar a shainmhínítear i mír 2.1.3. de Rialachán Uimh. 107 de chuid NA;

1.39. ciallaíonn "ualach doroinnte" ualach nach féidir, chun críocha iompar de bhóthar, é a roinnt ina dhá ualach nó níos mó gan costas míchuí nó riosca damáiste agus, mar gheall ar a mhais nó a thoise, nach féidir a iompar i bhfeithicil a gcomhlíonann a maiseanna agus a toisí an uasmhais agus leis na toisí uasta údaraithe atá i bhfeidhm i mBallstát.

2. Forálacha ginearálta

2.1. An monaróir a chinnfidh na maiseanna seo a leanas maidir le gach leagan laistigh de chineál feithicle, gan beann ar staid chríochnaithe na feithicle:

(a) an uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil;

(b) uasmhais ualaithe an chónaisc is incheadaithe go teicniúil;

(c) an uasmhais intarraingthe is incheadaithe go teicniúil;

(d) an uasmhais is incheadaithe go teicniúil ar na hacastóirí nó an uasmhais is incheadaithe go teicniúil ar ghrúpa acastóirí;

(e) na huasmhaiseanna is incheadaithe go teicniúil ag an bpointe nó ag na pointí cúplála, agus gnéithe teicniúla na gcúplán atá feisithe nó is féidir a fheistiú ar an bhfeithicil á gcur san áireamh.

2.1.1. Agus na maiseanna dá dtagraítear i bpointe 2.1 á gcinneadh, cuirfidh an monaróir dea-chleachtais na hinnealtóireachta agus an t-eolas teicniúil is fearr atá ar fáil i bhfeidhm chun riosca an chliste mheicniúil a íoslaghdú, go háirithe iad sin a tharlódh de bharr strustuirse ábhar, agus chun damáiste don bhonneagar bóthair a sheachaint.

2.1.2. Agus na maiseanna dá dtagraítear i bpointe 2.1 á gcinneadh, cuirfidh an monaróir an t-uasluas de réir dhéantús na feithicle i bhfeidhm.

I gcás ina mbeidh teorantóir luais feistithe ar an bhfeithicil ag an monaróir, is é an t-uasluas de réir déantúis a bheidh san fhíor-luasa cheadóidh an teorantóir luais.

2.1.3. Agus na maiseanna dá dtagraítear i bpointe 2.1 á gcinneadh, ní chuirfidh an monaróir srianta ar úsáid na feithicle ach amháin na srianta sin a bhaineann le hinniúlachtaí na mbonn ar féidir iad a choigeartú chuig an uasluas de réir déantúis, mar a cheadaítear faoi Rialachán Uimh. 54 de chuid NA.

([3]) IO L 255, 29.09.2010, lch. 1.

2.1.4. Maidir le feithiclí neamhiomlána, lena n-áirítear feithiclí fonnaidh agus cábáin, a n-éilítear staid chríochnaithe bhreise ina leith, cuirfidh an monaróir an fhaisnéis ábhartha go léir ar aghaidh chuig monaróirí na chéad chéime eile le go leanfar de cheanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh.

Chun críocha na chéad míre, sonróidh an monaróir suíomh mheáchanlár na maise a fhreagraíonn do shuim an ualaigh.

2.1.5. Déanfar feithiclí neamhiomlána i gcatagóir $M_2$, $M_3$, $N_2$ agus $N_3$ nach bhfuil cabhalra feistithe orthu a dhearadh le go mbeidh monaróirí na gcéimeanna ina dhiaidh sin in ann ceanglais phointí 7 agus 8 i Roinn C agus pointí 6 agus 7 i Roinn D a chomhlíonadh.

3. Chun críocha ríomhanna dáilte maise, soláthróidh an monaróir an fhaisnéis is gá chun na maiseanna seo a leanas a shainaithint don údarás cineálcheadaithe, maidir le gach cónasc teicniúil laistigh den chineál feithicle, arna chinneadh ag sraith luachanna na bpointí ábhartha sa doiciméad faisnéise i gcomhréir le Roinn A de Chuid 1:

(a) an uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil;

(b) an uasmhais is incheadaithe go teicniúil ar na hacastóirí nó ar ghrúpa acastóirí;

(c) an uasmhais intarraingthe is incheadaithe go teicniúil;

(d) an uasmhais is incheadaithe go teicniúil ag an bpointe cúplála nó ag na pointí cúplála;

(e) uasmhais ualaithe an chónaisc is incheadaithe go teicniúil.

Soláthrófar an fhaisnéis i bhformáid tábla, nó in aon fhormáid iomchuí eile arna comhaontú ag an údarás formheasa.

3.1. I gcás ina ndéanann an trealamh roghnach difear nach beag do mhaiseanna agus do thoisí na feithicle, soláthróidh an monaróir láthair, mais agus staid gheoiméadrach an mheáchanláir, maidir le hacastóirí an trealaimh roghnaigh is féidir a fheistiú ar an bhfeithicil, don tseirbhís theicniúil.

I gcás ina bhfuil an trealamh roghnach comhdhéanta de líon páirteanna i spásanna éagsúla san fheithicil, áfach, féadfaidh an monaróir dáileadh mhais an trealaimh roghnaigh ar na hacastóirí amháin a sholáthar don tseirbhís theicniúil.

3.2. Maidir le grúpaí acastóirí, léireoidh an monaróir an dáileadh ualaigh i measc acastóirí na maise iomláine arna cur i bhfeidhm ar an ngrúpa acastóirí. I gcás inar gá, cuirfidh an monaróir na foirmlí dáilte in iúl nó cuirfidh na graif dáilte ábhartha ar fáil.

3.3. Cuirfidh an monaróir feithicil atá ionadaíoch don chineál atá le ceadú ar fáil chun críocha tástála, ar iarratas ón údarás cineálcheadaithe nó ón tseirbhís theicniúil.

3.4. Féadfaidh an monaróir feithiclí iarratas a chur isteach chuig an údarás cineálcheadaithe maidir le comhionannas crochta agus aer-chrochta a aithint.

3.4.1. Aithneoidh an t-údarás cineálcheadaithe comhionannas crochta agus aer-chrochta i gcás ina gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach i Roinn L.

3.4.2. I gcás ina n-aithníonn seirbhís theicniúil comhionannas crochta agus aer-chrochta, eiseoidh sí tuarascáil tástála, a chuirfear ag gabháil leis an deimhniú ar chineálcheadú AE, chomh maith le tuairisc theicniúil ar an gcrochadh.

4. Forálacha speisialta a mhéid a bhaineann leis na huasmhaiseanna cláraithe/i seirbhís incheadaithe

4.1. Chun críocha cláraithe agus cur i seirbhís feithiclí chineálcheadaithe faoin Rialachán seo, féadfaidh údaráis náisiúnta a chinneadh, maidir le gach malartach agus leagan laistigh den chineál feithicle, na maiseanna seo a leanas go léir a cheadaítear le haghaidh trácht náisiúnta nó idirnáisiúnta faoi Threoir 96/53/CE:

(a) an uasmhais ualaithe cláraithe/i seirbhís incheadaithe;

(b) an uasmhais ualaithe cláraithe/i seirbhís incheadaithe ar an acastóir/ar na hacastóirí;

(c) an uasmhais ualaithe cláraithe/i seirbhís incheadaithe ar an ngrúpa acastóirí;

(d) an uasmhais intarraingthe cláraithe/i seirbhís incheadaithe;

(e) uasmhais ualaithe cláraithe/i seirbhís incheadaithe an chónaisc.

4.2. Cuirfidh údaráis náisiúnta nós imeachta ar bun chun na huasmhaiseanna cláraithe/i seirbhís incheadaithe dá dtagraítear i bpointe 4.1. a chinneadh. Ainmneoidh siad an t-údarás inniúil a chuirfear ar iontaoibh na maiseanna sin a chinneadh, agus sonróidh siad an fhaisnéis nach mór a sholáthar don údarás inniúil sin.

4.3. Ní bheidh na huasmhaiseanna cláraithe/i seirbhís incheadaithe arna gcinneadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear i bpointe 4.1. níos mó ná na huasmhaiseanna dá dtagraítear i bpointe 2.1.

4.4. Rachadh an t-údarás inniúil i gcomhairle leis an monaróir a mhéid a bhaineann le dáileadh maise ar na hacastóirí nó ar ghrúpa acastóirí chun feidhmiú ceart chórais na feithicle a chinntiú, go háirithe an córas coscánaithe agus an córas stiúrtha.

4.5 Agus na huasmhaiseanna cláraithe/i seirbhís incheadaithe á gcinneadh, cinnteoidh údaráis náisiúnta go leanfar de cheanglais na ngníomhartha rialála a liostaítear i gCuid I agus i gCuid II d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858.

4.6 I gcás ina gcinneann údaráis náisiúnta nach gcomhlíontar a thuilleadh na ceanglais i gceann amháin de na gníomhartha rialála a liostaítear i Ranna I agus II d'Iarscríbhinn II le Rialachán (AE) 2018/858, cé is moite den Rialachán seo, éileoidh siad go ndéanfar tástálacha úra agus go mbronnfaidh an t-údarás cineálcheadaithe a bhronn an cineálcheadú tosaigh faoin ngníomh rialála ata i gceist cineálcheadú nua nó síneadh de réir mar a bheidh.

### *Roinn B*

### Feithiclí i gcatagóir $M_1$ agus $N_1$

1. Uastoisí údaraithe

1.1. Ní sháróidh na toisí na luachanna seo a leanas:

1.1.1. Fad: 12.00 m.

1.1.2. Leithead:

(a) $M_1$: 2.55 m;

(b) $N_1$: 2.55 m;

(c) $N_1$: 2.60 m le haghaidh feithiclí le cabhalra le ballaí inslithe le tiús 45 mm ar a laghad, le cabhalra cód 04 nó 05, dá dtagraítear in Aguisín 2 a ghabhann le hIarscríbhinn I le Rialachán (AE) 2018/858;

1.1.3. Airde: 4.00 m.

1.2. Chun críocha fad, leithead agus airde a thomhas, beidh an fheithicil ar a mais réidh le hoibriú, curtha ar dhromchla cothrománach agus réidh leis na boinn teannta ag an mbrú arna mholadh ag an monaróir.

1.3. Ní thabharfar san áireamh na gairis agus an trealamh dá dtagraítear i Roinn E chun fad, leithead agus airde a chinneadh.

2. Dáileadh maise

2.1. Ní bheidh suim na huasmhaise ualaithe is incheadaithe go teicniúil ar na hacastóirí níos lú ná uasmhais ualaithe na feithicle is incheadaithe go teicniúil.

2.2. Ní bheidh uasmhais ualaithe na feithicle is incheadaithe go teicniúil níos lú ná mais na feithicle réidh le hoibriú móide mais na bpaisinéirí móide mais an trealaimh roghnaigh móide mais na cúplála mura bhfuil sin san áireamh sa mhais réidh le hoibriú.

2.3. I gcás ina bhfuil an fheithicil ualaithe chuig an uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil, ní sháróidh an mhais ar gach acastóir an uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil ar an acastóir sin.

2.4. I gcás ina bhfuil an fheithicil ualaithe chuig an uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil, ní bheidh an mhais ar an acastóir tosaigh riamh níos lú ná 30 % le haghaidh feithiclí $M_1$, ná níos lú ná 20 % den uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil le haghaidh feithiclí $N_1$.

2.5. I gcás ina bhfuil an fheithicil ualaithe chuig an uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil móide an uasmhais ag pointe cúplála is incheadaithe go teicniúil, ní bheidh an mhais ar an acastóir tosaigh riamh níos lú ná 20 % den uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil le haghaidh na feithicle.

2.6. I gcás ina bhfuil suíocháin inbhainte san fheithicil, beidh an nós imeachta deimhnithe teoranta don riocht leis an uasmhéid suíochán.

2.7. Chun críocha na ceanglais a leagtar síos i bpointí 2.2., 2.3. agus 2.4. a dheimhniú:

(a) Coigeartófar na suíocháin mar a leagtar síos i bpointe 2.7.1.;

(b) Dáilfear maiseanna na bpaisinéirí, an pá-mhais agus mais an trealaimh roghnaigh mar a leagtar síos i bpointí 2.7.2. go 2.7.4.2.3.

2.7.1. Coigeartú suíochán

2.7.1.1. Bogfar na suíocháin, i gcás go bhfuil siad inchoigeartaithe, chuig a suíomh is faide ar chúl.

2.7.1.2. I gcás go bhfuil féidearthachtaí eile ann chun an suíochán a choigeartú (ingearach, ag uillinn, cúl an tsuíocháin, etc.) beidh na suíomhanna coigeartaithe mar a shonraíonn monaróir na feithicle.

2.7.1.3. I gcás suíocháin chrochta, cuirfear glas ar an suíochán sa suíomh a shonraíonn an monaróir.

2.7.2. Dáileadh mhais na bpaisinéirí

2.7.2.1. Is ionann an mhais a bheidh i gceist do gach paisinéir agus 75 kg.

2.7.2.2. Suífear an mhais do gach paisinéir ag an bpointe tagartha suite (i.e. "R phointe" an tsuíocháin).

2.7.2.3. I gcás feithicil shainchuspóireach, beidh feidhm le ceanglas phointe 2.7.2.2 mutatis mutandis (mar shampla, mais duine gortaithe ina luí ar shínteán i gcás otharchairr).

2.7.3. Dáileadh mhais an trealaimh roghnaigh

2.7.3.1. Dáilfear mais an trealaimh roghnaigh i gcomhréir le sonraíochtaí an mhonaróra.

2.7.4. Dáileadh na pá-mhaise

2.7.4.1. Feithiclí $M_1$

2.7.4.1.1. A mhéid a bhaineann le feithiclí $M_1$ , dáilfear an pá-mhais i gcomhréir le sonraíochtaí an mhonaróra i gcomhaontú leis an tseirbhís theicniúil.

2.7.4.1.2. A mhéid a bhaineann le mótarcharbháin, comhlíonfaidh an pá-mhais íosta an ceanglas seo a leanas:

$$PM \text{ in kg} \geq 10 (n + L)$$

I gcás

gurb ionann "*n*" agus an t-uaslíon paisinéirí móide an tiománaí agus

gurb ionann "*L*" agus fad foriomlán na feithicle i méadair

2.7.4.2. Feithiclí $N_1$

2.7.4.2.1. A mhéid a bhaineann le feithiclí le cabhalra, dáilfear an pá-mhais go haonfhoirmeach ar an leaba lastais;

2.7.4.2.2. A mhéid a bhaineann le feithiclí gan chabhalra (e.g. cábán fonnaidh), luafaidh an monaróir suíomhanna incheadaithe diana mheáchanlár na pá-mhaise faoi mhais an trealaimh atá i gceist chun earraí a láimhseáil (e.g. cabhalra, umar, etc.) (mar shampla: ó 0.50 m go 1.30 m os comhair an chéad acastóir cúil);

2.7.4.2.3. A mhéid a bhaineann le feithiclí a bhfuil sé i gceist iad a fheistiú le cúplán an chúigiú roth, luafaidh an monaróir íosmhéid agus uasmhéid rith an chúigiú roth.

2.8. Ceanglais bhreise i gcás gur féidir leis an bhfeithicil leantóir a tharraingt

2.8.1. Beidh feidhm ag na ceanglais dá dtagraítear i bpointí 2.2., 2.3. agus 2.4., ag tabhairt mais an chúpláin agus an uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil ag an bpointe cúplála.

2.8.2. Gan dochar do na ceanglais i bpointe 2.4., is féidir an uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil ar an acastóir/na hacastóirí cúil a shárú nach mó ná 15 %.

2.8.2.1. I gcás ina sáraítear an uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil ar an acastóir/na hacastóirí cúil le nach mó ná 15 %, beidh feidhm ag ceanglais mhír 5.2.4.1. de Rialachán Uimh. 142 de chuid NA ([4]).

2.8.2.2. Sna Ballstáit ina gceadaíonn an reachtaíocht um thrácht ar bhóithre, d'fhéadfadh an monaróir a thabhairt le fios i ndoiciméad tacaíochta iomchuí, amhail lámhleabhar an úinéara nó an leabhar cothabhála gur féidir uasmhais ualaithe feithicle is incheadaithe go teicniúil a shárú nach mó ná 10 % nó 100 kg, cibé acu luach is ísle.

([4]) Rialachán Uimh. 142 de chuid NA – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le mótarfheithiclí a cheadú i ndáil le suiteáil a mbonn [2020/242] (IO L 48,21.2.2020, lch. 60).

Ní bheidh feidhm ag an lamháltas seo ach amháin nuair atá leantóir á tharraingt sna coinníollacha a shonraítear i bpointe 2.8.2.1. ar choinníoll go sriantar an luas oibríochta chuig 100 km/u nó níos ísle.

3. Mais intarraingthe agus mais ag an bpointe cúplála

3.1. A mhéid a bhaineann leis an uasmhais intarraingthe incheadaithe go teicniúil, beidh feidhm ag na ceanglais seo a leanas:

3.1.1. Leantóir ina bhfuil córas príomhchoscánaithe

3.1.1.1. Beidh uasmhais intarraingthe na feithicle incheadaithe go teicniúil ionann leis an gceann is ísle de na luachanna seo a leanas:

(a) an uasmhais intarraingthe incheadaithe go teicniúil bunaithe ar ghnéithe déantúis na feithicle agus ar láidreacht na cúplála;

(b) uasmhais ualaithe na feithicle tarraingthe is incheadaithe go teicniúil;

(c) 1.5 uair uasmhais ualaithe na feithicle tarraingthe is incheadaithe go teicniúil i gcás feithicil easbhóthair mar a shainmhínítear i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858.

3.1.1.2. Ní sháróidh an uasmhais intarraingthe incheadaithe go teicniúil 3 500 kg i gcás ar bith áfach.

3.1.2. Leantóir gan córas príomhchoscánaithe

3.1.2.1. Beidh an mhais intarraingthe incheadaithe ionann leis an gceann is ísle de na luachanna seo a leanas:

(a) an uasmhais intarraingthe incheadaithe go teicniúil bunaithe ar ghnéithe déantúis na feithicle agus ar láidreacht na cúplála;

(b) leath den mhais réidh le hoibriú na feithicle intarraingthe.

3.1.2.2. Ní sháróidh an uasmhais intarraingthe incheadaithe go teicniúil 750 kg i gcás ar bith.

3.2. Ní bheidh an uasmhais incheadaithe go teicniúil ag an bpointe cúplála níos lú ná 4 % den uasmhais intarraingthe incheadaithe agus ní bheidh sí níos lú ná 25 kg

3.3. Sonróidh an monaróir i lámhleabhar an úinéara an uasmhais is incheadaithe go teicniúil ag an bpointe cúplála, pointí gléasta na cúplála ar an bhfeithicil tarraingthe agus an t-uas-starradh feithicle cúil is incheadaithe don phointe cúplála.

3.4. Ní bheidh an uasmhais intarraingthe is incheadaithe go teicniúil sainmhínithe trí thagairt a dhéanamh don líon paisinéirí.

4. Mais an chónaisc

Ní sháróidh an uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil suim na huasmhaise ualaithe is incheadaithe go teicniúil móide an uasmhais intarraingthe is incheadaithe go teicniúil.

5. Cumas dúisithe ar fhána

5.1. Beidh an fheithicil tarraingthe in ann an cónasc feithicle a thosú cúig huaire ar ghrádán in aghaidh fána 12 % ar a laghad laistigh de cúig nóiméad.

5.2. D'fhonn an tástáil a dtugtar tuairisc uirthi i bpointe 5.1 a dhéanamh, beidh an fheithicil tarraingthe agus an leantóir ualaithe d'fhonn a bheith cothrom le huasmhais ualaithe incheadaithe go teicniúil an chónaisc.

### *Roinn C*

### Feithiclí i gcatagóir $M_2$ agus $M_3$

1. Uastoisí údaraithe

1.1. Ní sháróidh na toisí na luachanna seo a leanas:

1.1.1. Fad

(a) Feithicil le dhá acastóir agus páirt amháin: 13.50 m

(b) Feithicil le trí acastóir nó níos mó agus páirt amháin: 15.00 m

(c) Feithicil altach: 18.75 m

1.1.2. Leithead: 2.55 m;

1.1.3. Airde: 4.00 m

1.2. Chun críocha fad, leithead agus airde a thomhas, beidh an fheithicil ar a mais réidh le hoibriú, curtha ar dhromchla cothrománach agus réidh leis na boinn teannta ag an mbrú arna mholadh ag an monaróir.

1.3. Ní thabharfar san áireamh na gairis agus an trealamh dá dtagraítear i Roinn E chun fad, leithead agus airde a chinneadh.

1.3.1. Ceanglais bhreise le haghaidh gairis aeraidinimiciúla dá dtagraítear i Roinn E

1.3.1.1. Ní mhéadóidh gairis agus trealamh aeraidinimiciúil nach mó ná 500 mm ar fhad sa suíomh in-úsáide an spás lastais inúsáidte foriomlán. Tógfar iad ar bhealach a fhágann gur féidir iad a ghlasáil sna suíomhanna ardaithe nó fillte agus sna suíomhanna in-úsáide. Tógfar gairis agus trealamh den sórt sin thairis sin ionas go mbeidh siad in-aistarraingthe nó infhillte nuair atá an fheithicil ina seasamh ar bhealach nach sáraíonn uasleithead údaraithe na feithicle dá dtagraítear i bpointe 1.1.2. níos mó ná 25 mm ar gach taobh den fheithicil agus nach sáraítear uasfhad údaraithe na feithicle dá dtagraítear i bpointe 1.1.1. níos mó ná 200 mm mar a cheadaítear ach ó airde os cionn na talún 1 050 mm ar a laghad ionas nach gcuireann siad bac ar chumas na feithicle a úsáid i gcomhair iompair idirmhódúil. Ina theannta sin, comhlíonfar na ceanglais a leagtar amach i bpointí 1.3.1.1.1. agus 1.3.1.1.3.

1.3.1.1.1. Cineálcheadófar na gairis agus an trealamh aeraidinimiciúil i gcomhréir leis an Rialachán seo.

1.3.1.1.2. Beidh an t-oibreoir in ann suíomh na ngaireas agus an trealaimh aeraidinimiciúil a athrú, agus é a aistarraingt nó a fhilleadh, trí fhórsa láimhe nach mó ná 40 daN. Anuas air sin, is féidir é seo a dhéanamh go huathoibríoch freisin.

1.3.1.1.3. Ní éilítear go mbeadh gairis agus trealamh aeraidinimiciúil in-aistarraingthe nó infhillte má chomhlíontar na huascheanglais toise ina n-iomláine faoi na coinníollacha ar fad.

1.3.1.2. Ní mhéadóidh gairis agus trealamh aeraidinimiciúil níos mó ná 500 mm ar fhad sa suíomh in-úsáide an spás lastais inúsáidte foriomlán. Tógfar iad ar bhealach a fhágann gur féidir iad a ghlasáil sna suíomhanna ardaithe nó fillte araon agus sna suíomhanna in-úsáide. Tógfar gairis agus trealamh den sórt sin thairis sin ionas go

mbeidh siad in-aistarraingthe nó infhillte nuair atá an fheithicil ina seasamh ar bhealach nach sáraíonn uasleithead údaraithe na feithicle dá dtagraítear i bpointe 1.1.2. níos mó ná 25 mm ar gach taobh den fheithicil agus nach sáraítear uasfhad údaraithe na feithicle dá dtagraítear i bpointe 1.1.1. níos mó ná 200 mm mar a cheadaítear ach ó airde os cionn na talún 1 050 mm ar a laghad ionas nach gcuireann siad bac ar chumas na feithicle a úsáid i gcomhair iompair idirmhódúil. Ina theannta sin, comhlíonfar na ceanglais a leagtar amach i bpointí 1.3.1.2.1. go 1.3.1.2.4.

1.3.1.2.1. Cineálcheadófar na gairis agus an trealamh aeraidinimiciúil i gcomhréir leis an Rialachán seo.

1.3.1.2.2. Beidh an t-oibreoir in ann suíomh na ngaireas agus an trealaimh aeraidinimiciúil a athrú, agus é a aistarraingt nó a fhilleadh, trí fhórsa láimhe nach mó ná 40 daN. Anuas air sin, is féidir é seo a dhéanamh go huathoibríoch freisin.

1.3.1.2.3. Seasfaidh gach príomhghné cheartingearach nó teaglaim gnéithe agus an phríomhghné chothrománach nó teaglaim gnéithe lena bhfoirmítear na gairis agus an trealamh aeraidinimiciúil, nuair a shuiteáiltear ar an bhfeithicil iad agus sa suíomh in-úsáid, fórsaí tarraingthe agus brú ceartingearach agus cothrománach, arna gcur i bhfeidhm go seicheamhach i dtreo suas, síos, clé agus deas, de 200 daN ± 10 % arna chur i bhfeidhm go statach le lár geoiméadrach an dromchla réamh-mheasta ingearaigh ábhartha, ag uasbhrú 2,0 MPa. D'fhéadfadh gairis agus trealamh aeraidinimiciúil dífhoirmiú, ach ní sceithfidh an córas le haghaidh coigeartaithe agus glasála de thoradh na bhfórsaí a chuirtear i bhfeidhm. Beidh an dífhoirmiú teoranta lena áirithiú nach sáraítear uasleithead údaraithe na feithicle faoi níos mó ná 25 mm ar gach taobh den fheithicil, le linn na tástála agus ina dhiaidh sin.

1.3.1.2.4. Seasfaidh gach príomhghné cheartingearach nó teaglaim gnéithe agus an phríomhghné chothrománach nó teaglaim gnéithe lena bhfoirmítear na gairis agus an trealamh aeraidinimiciúil freisin, nuair a bhíonn sé sa suíomh aistarraingthe nó fillte, fórsa tarraingthe arna gcur i bhfeidhm san fhadtreo ar chúl, de 200 daN ± 10 % arna chur i bhfeidhm go statach le lár geoiméadrach an dromchla réamh-mheasta ingearaigh ábhartha, ag uasbhrú 2,0 MPa. D'fhéadfadh gairis agus trealamh aeraidinimiciúil dífhoirmiú, ach ní sceithfidh an córas le haghaidh coigeartaithe agus glasála de thoradh na bhfórsaí a chuirtear i bhfeidhm. Beidh an dífhoirmiú teoranta lena áirithiú nach sáraítear uasleithead údaraithe na feithicle faoi níos mó na 25 mm ar gach taobh den fheithicil agus nach sáraítear uasfhad údaraithe na feithicle faoi níos mó ná 200 mm.

1.3.1.3. Deimhneofar le seirbhís theicniúil é, chun sástacht an údaráis chineálcheadaithe nach ndéanann na gairis agus an trealamh aeraidinimiciúil ina suíomhanna in-úsáide agus aistarraingthe nó fillte, dochar suntasach do fhuarú agus aerú an ghléasra cumhachta, an chórais sceite agus an chábáin do phaisinéirí. Comhlíonfar go hiomlán na ceanglais eile ar fad is infheidhme le córais feithicle nuair a chuirtear na gairis agus trealamh aeraidinimiciúil ina suíomhanna in-úsáide agus aistarraingthe nó fillte.

De mhaolú maidir leis na ceanglais is infheidhme a bhaineann le fobharra cosanta ar cúl, féadfar na faid chothrománacha idir cúl an ghairis fobharra cosanta ar cúl agus an chuid is faide ar chúl den fheithicil mar atá feistithe le gairis agus trealamh aeraidinimiciúil a thomhas gan na gairis agus an trealamh aeraidinimiciúil a thabhairt san áireamh ar choinníoll go sáraíonn siad 200 mm ar fhad, go bhfuil siad i riocht in-úsáide agus go bhfuil codanna bunúsacha na ngnéithe curtha ar airde ≤ 2,0 m os cionn na talún arna dtomhas i riocht neamhualaithe agus go bhfuil siad déanta as ábhar ag a bhfuil cruas < 60 Shore (A). Ní thabharfar san áireamh easnacha cúnga, feadán agus sreang mhiotail ag foirmiú creata nó substráit le tacú le codanna bunúsacha na ngnéithe agus an cruas á chinneadh. D'fhonn riosca gortuithe agus treá feithiclí eile a dhíbhe i gcás imbhuailte áfach, ní threorófar aon deirí easnacha, feadáin agus sreang mhiotail den chineál sin ar chúl, agus na gairis nó an trealamh aeraidinimiciúil sna suíomhanna aistarraingthe nó fillte agus in-úsáide.

Mar mhalairt ar an maolú dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, féadfar na faid chothrománacha idir cúl an ghairis fobharra cosanta ar cúl agus an chuid is faide ar chúl den fheithicil mar atá feistithe le gairis agus trealamh aeraidinimiciúil a thomhas gan na gairis agus an trealamh aeraidinimiciúil a thabhairt san áireamh ar choinníoll go sáraíonn siad 200 mm ar fhad, go bhfuil siad i riocht in-úsáide agus go gcomhlíonann na gairis nó an trealamh sin na forálacha tástála a leagtar amach i Roinn I.

Tomhaisfear, áfach, na faid chothrománacha idir cúl an ghairis fobharra cosanta ar cúl agus an chuid is faide ar chúl den fheithicil leis na gairis agus an trealamh aeraidinimiciúil sa suíomh aistarraingthe nó fillte nó go gcuirtear san áireamh an fad teilgin mar thoradh i gcomhréir le pointe 1.6.1. de Roinn I, má sháraíonn an fad seo fad an tsuímh aistarraingthe nó fillte.

2. Dáileadh maise le haghaidh feithiclí a bhfuil cabhalra orthu

2.1 Nós imeachta ríofa

Nodaireachtaí:

| | | |
|---|---|---|
| "M" | | an uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil; |
| "TM" | | an uasmhais intarraingthe is incheadaithe go teicniúil; |
| "MC" | | uasmhais ualaithe an chónaisc is incheadaithe go teicniúil; |
| "$m_i$" | | uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil ar an acastóir aonair ainmnithe "i", i gcás ina n-athraíonn "i" ó 1 go dtí líon iomlán acastóirí na feithicle; |
| "$m_c$" | | uasmhais is incheadaithe go teicniúil ag an bpointe cúplála; |
| "$\mu_j$" | | an uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil ar an ngrúpa acastóirí ainmnithe "j", i gcás ina n-athraíonn j ó 1 go dtí líon iomlán na ngrúpaí acastóirí. |

2.1.1. Déanfar ríomhanna oiriúnacha d'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar na ceanglais seo a leanas i gcomhair gach cumraíocht theicniúil laistigh den chineál.

2.1.2. I gcás feithiclí atá feistithe le hacastóirí inluchtaithe, déanfar na ríomhanna seo a leanas le crochadh na n-acastóirí ualaithe sa ghnáthchumraíocht oibriúcháin.

2.1.3. I gcás mótarfheithiclí a bhreoslaítear go malartach nó mótarfheithiclí saor ó astaíochtaí:

2.1.3.1. Sainmhíneofar an meáchan breise a éilítear don teicneolaíocht bhreosla malartach nó saor ó astaíochtaí i gcomhréir le pointí 2.3 agus 2.4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 96/53/CE ar bhonn na doiciméadachta a sholáthraíonn an monaróir. Deimhneoidh an tSeirbhís Theicniúil cruinneas na faisnéise dearbhaithe, chun sástacht an Údaráis Chineálcheadaithe.

2.1.3.2. Tabharfaidh an monaróir an tsiombail bhreise seo a leanas le fios chomh maith le luach an mheáchain bhreise faoi bhun na n-inscríbhinní sainordaitheacha ar phláta reachtúil an mhonaróra nó lena dtaobh, taobh amuigh de dhronuilleog atá marcáilte go soiléir ina mbeidh an fhaisnéis shainordaitheach amháin.

"96/53/CE AIRTEAGAL 10B COMHLÍONTACH – XXXX kg"

Ní bheidh airde charachtair agus luach luaite na siombailí níos lú ná 4 mm.

Ina theannta sin, go dtí go dtabharfar isteach iontráil thiomanta ar an Deimhniú Comhréireachta, luafar luach an mheáchain bhreise faoi “barúlacha” sa Deimhniú Comhréireachta ionas go gceadófar an fhaisnéis seo a chuimsiú i bpáipéir chláraithe ar bord na feithicle.

2.2. Ceanglais Ghinearálta

2.2.1. Ní bheidh suim na huasmhaise ualaithe is incheadaithe go teicniúil ar na hacastóirí aonair móide suim na huasmhaise ualaithe is incheadaithe go teicniúil ar na grúpaí acastóirí níos lú ná uasmhais ualaithe na feithicle is incheadaithe go teicniúil.

$$M \leq \sum [m_i + \mu_j]$$

2.2.2. Ní sháróidh mais na feithicle réidh le hoibriú, móide mais an trealaimh roghnaigh, mais na bpaisinéirí, maiseanna “WP” agus “B” dá dtagraítear i bpointe 2.2.3, móide mais na cúplála mura bhfuil sin san áireamh sa mhais réidh le hoibriú, móide an uasmhais is incheadaithe go teicniúil ag an bpointe cúplála an uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil.

2.2.3. Dáileadh ualaigh

2.2.3.1. Nodaireachtaí

| | | |
|---|---|---|
| “P” | | an líon ionad suí, gan an tiománaí agus comhalta(í) an chriú san áireamh; |
| “Q” | | mais phaisinéara amháin in kg; |
| “Qc” | | mais chomhalta criú amháin in kg; |
| “$S_1$” | | achar in $m^2$ le haghaidh paisinéirí ina seasamh; |
| “SP” | | an líon paisinéirí ina seasamh a luaigh an monaróir; |
| “Ssp” | | spás rátáilte do phaisinéir amháin ina sheasamh i $m^2$; |
| “WP” | | an líon spásanna do chathaoir rothaí méadaithe faoi 250 kg ag léiriú mais chathaoir rothaí agus úsáideora; |
| “V” | | toirt iomlán na n-urrann bagáiste i $m^3$ lena n-áirítear urranna bagáiste, racaí agus bosca scíonna; |
| “B” | | luann an monaróir uasmhais incheadaithe an bhagáiste in kg, lena n-áirítear an uasmhais incheadaithe (B’) is féidir a iompar sa bhosca scíonna más ann dó. |

2.2.3.2. Suífear mais Q agus $Q_c$ na bpaisinéirí suite ag na pointí tagartha suite (i.e. “R phointe” an tsuíocháin).

2.2.3.3. Dáilfear an mhais a chomhfhreagraíonn don líon SP paisinéirí atá ina seasamh de mhais Q go haonfhoirmeach thar an dromchla atá ar fáil don phaisinéir seasaimh $S_1$.

2.2.3.4. I gcás inarb iomchuí, dáilfear an mhais WP go haonfhoirmeach thar gach spás do chathaoir rothaí.

2.2.3.5. Dáilfear mais cothrom le B (kg) go haonfhoirmeach sna hurranna bagáiste.

2.2.3.6. Dáilfear mais cothrom le B' (kg) i lár domhantarraingt an bhosca scíonna.

2.2.3.7. Suífear an uasmhais is incheadaithe go teicniúil ag an bpointe cúplála ag pointe cúplála an starrtha cúil a luann monaróir na feithicle.

2.2.3.8. Luachanna Q agus luachanna Ssp

| Aicme feithicle | Q (kg) | Ssp ($m^2$) |
|---|---|---|
| Aicme I agus A | 68 | 0.125 $m^2$ |
| Aicme II | 71 | 0.15 $m^2$ |
| Aicme III agus B | 71 | Neamhbhainteach |

2.3. Glactar gurb ionann mais gach comhalta den chriú agus 75 kg.

2.3.1. Ní sháróidh an líon paisinéirí seasaimh luach $s_1$/Ssp, i gcás inarb ionann Ssp agus an spás rátáilte a chuirtear ar fáil do phaisinéir seasaimh amháin mar a shonraítear sa tábla i bpointe 2.2.3.8.

2.3.1.1. Ní bheidh luach uasmhais incheadaithe an bhagáiste níos lú ná:

$$B = 100 \times V$$

2.3.2. Ríomhanna

2.3.2.1. Deimhneofar ceanglais phointe 2.2.2. i ngach cumraíocht socraithe inmheánaigh.

2.3.2.2. Sna coinníollacha a shonraítear i bpointe 2.2.3. ní sháróidh an mhais ar gach acastóir aonair agus ar gach grúpa acastóirí an uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil ar an acastóir nó an grúpa acastóirí sin.

2.3.2.3. I gcás feithicle atá feistithe le hacmhainneacht suíochán inathraitheach, le hachar ar fáil do phaisinéirí seasaimh ($S_1$) agus feistithe chun cathaoireacha rothaí a iompar, deimhneofar comhlíontacht le ceanglais phointí 2.2.2. agus 2.2.4.2. le haghaidh gach ceann de na coinníollacha seo a leanas de réir mar is infheidhme:

(a) le gach suíochán féideartha áitithe agus ina dhiaidh sin an t-achar atá fágtha do phaisinéirí seasaimh (suas leis an teorainn acmhainneachta seasaimh a dhearbhaíonn an monaróir, má shroichtear í) agus, má bhíonn spás fágtha, aon spás cathaoir rothaí áitithe;

(b) le gach limistéar seasaimh féideartha áitithe (suas leis an teorainn acmhainneachta seasaimh a dhearbhaíonn an monaróir) agus ina dhiaidh sin na suíocháin fágtha atá ar fáil do phaisinéirí suite agus, má bhíonn spás fágtha, aon spás cathaoir rothaí áitithe;

(c) le gach spás cathaoir rothaí féideartha áitithe agus ina dhiaidh sin an t-achar atá fágtha do phaisinéirí seasaimh (suas leis an teorainn acmhainneachta seasaimh a luann an monaróir, má shroichtear í) agus ansin na suíocháin fágtha atá ar fáil le húsáid áitithe.

2.3.3. I gcás ina bhfuil an fheithicil mar a shonraítear i bpointe 2.2.2. ní bheidh an mhais a chomhfhreagraíonn leis an ualach ar an acastóir/na hacastóirí tosaigh faoi stiúir riamh níos lú ná 20 % den uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil "M".

2.3.3.1. I gcás feithicil altach le ceithre acastóir ar a laghad d'aicme I a bhfuil dhá acastóir faoi stiúir aige, ní bheidh an mhais a chomhfhreagraíonn leis an ualach ar an acastóir/na hacastóirí tosaigh faoi stiúir riamh níos lú ná 15 % den uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil "M".

2.3.4. I gcás ina bhfuil feithicil le cineálcheadú chuig níos mó ná aicme amháin, cuirfear ceanglais Roinn 2 i bhfeidhm maidir le gach aicme.

3. Toilleadh tarraingthe

3.1. Ní sháróidh an uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil suim na huasmhaise ualaithe is incheadaithe go teicniúil móide an uasmhais intarraingthe is incheadaithe go teicniúil.

$$MC \leq M + TM$$

3.2. Ní sháróidh an uasmhais intarraingthe is incheadaithe go teicniúil 3 500 kg.

4. Uasmhais is incheadaithe go teicniúil ag an bpointe cúplála

4.1. Beidh an uasmhais is incheadaithe go teicniúil ag an bpointe cúplála cothrom le 4 % ar a laghad dá uasmhais intarraingthe is incheadaithe go teicniúil, nó 25 kg, cibé acu is mó.

4.2. Sonróidh an monaróir i lámhleabhar an úinéara na coinníollacha maidir leis an gcúpláil a cheangal leis an mótarfheithicil.

4.2.1. I gcás inarb iomchuí, áireofar leis na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe 4.2. uasmhais is incheadaithe go teicniúil ag pointe cúplála na feithicle tarraingthe, uasmhais is incheadaithe go teicniúil an ghairis cúplála, pointí gléasta na cúplála agus an t-uas-starradh feithicle cúil is incheadaithe don chúpláil.

5. Cumas dúisithe ar fhána

5.1. Beidh feithiclí a dearadh chun leantóir a tharraingt in ann tosú cúig huaire laistigh de cúig nóiméad ag grádán in aghaidh fána 12 % ar a laghad.

5.2. Chun an tástáil a dtugtar tuairisc uirthi i bpointe 5.1 a fheidhmiú, beidh an fheithicil tarraingthe agus an leantóir ualaithe d'fhonn a bheith cothrom le huasmhais ualaithe incheadaithe go teicniúil an chónaisc.

6. Cumhacht innill

6.1 Soláthróidh an t-inneall aschur cumhachta 5 kW in aghaidh an tona ar a laghad d'uasmhais ualaithe an chónaisc is incheadaithe go teicniúil nó d'uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil na feithicle aonair i gcás nach bhfuil an fheithicil deartha chun leantóir a tharraingt.

Ní bheidh feidhm ag na ceanglais sa phointe seo maidir le modh tiomána leictreach amháin mótarfheithiclí hibrideacha.

6.2. Tomhaisfear cumhacht an innill i gcomhréir le Rialachán Uimh. 85 de chuid NA ([5]).

7. So-ionramháilteacht

7.1. Beidh an fheithicil in ann ionramháil ar an dá thaobh de chonair 360° mar a léirítear i bhfíor 1 i Roinn H gan aon cheann de phointí is forimeallaí na feithicle taobh amuigh de chiorcal amuigh nó ag brú isteach taobh istigh den chiorcal istigh de réir mar a bheidh.

---

([5]) Rialachán Uimh. 85 de chuid NA ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UN/ECE) – Forálacha aonfhoirmeacha a bhaineann le ceadú innill dócháin inmheánaigh nó traenacha tiomána leictrigh le haghaidh tiomáint mótarfheithiclí i gcatagóirí M agus N maidir le tomhas glanchumhachta agus uaschumhacht 30 nóiméad traenacha tiomána leictrigh (IO L 326. 24.11.2006, lch. 55).

7.1.1. Déanfar an tástáil leis an bhfeithicil i gcoinníollacha neamhualaithe (i.e. ag a mais réidh le hoibriú) agus lódáilte chuig a uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil. Má bhíonn na gairis nó an trealamh aeraidinimiciúil ar an bhfeithicil dá dtagraítear i bpointí 1.3.1.1. agus 1.3.1.2., úsáidfear na gairis agus an trealamh sa suíomh in-úsáide.

7.1.2. Chun críocha phointe 7.1, ní thabharfar san áireamh na páirteanna a cheadaítear dóibh gobadh amach níos faide ná leithead na feithicle dá dtagraítear i Roinn F.

7.2. Le haghaidh feithiclí le hacastóir inluchtaithe, beidh feidhm ag ceanglas phointe 7.1 freisin i gcás ina bhfuil an t-acastóir/na hacastóirí inluchtaithe i seirbhís.

7.3. Fíorófar ceanglais phointe 7.1. mar a leanas:

7.3.1. Ionramhálfaidh an fheithicil taobh istigh d'achar ciorclach arna shainiú ag dhá chiorcal chomhlárnacha, a mbeidh ga 12,50 m ag an gciorcal amuigh agus ga 5.30 m ag an gciorcal istigh.

7.3.2 Treorófar pointe tosaigh is forimeallaí na mótarfheithicle feadh chomhrian an chiorcail amuigh (féach fíor 1 i Roinn H).

7.4 Le comhaontú na Seirbhíse Teicniúla agus an Údaráis Chineálcheadaithe, d'fhéadfaí na ceanglais so-ionramháilteachta a chruthú le hionsamhlúchán ar ríomhaire i gcomhréir le hIarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858. I gcás amhrais, féadfaidh an tSeirbhís Theicniúil nó an tÚdarás Cineálcheadaithe a éileamh go ndéanfar tástáil fhisiceach ar scála iomlán.

8. Cúl-luascadh

8.1. Feithicil le páirt amháin

8.1.1. Déanfar tástáil ar an bhfeithicil i gcomhréir leis an modh tástála tiomáin isteach ar a dtugtar tuairisc i bpointe 8.1.2. Má bhíonn na gairis nó an trealamh aeraidinimiciúil ar an bhfeithicil dá dtagraítear i bpointí 1.3.1.1. agus 1.3.1.2., úsáidfear na gairis agus an trealamh sa suíomh in-úsáide.

8.1.2. Modh tástála tiomáin isteach

Beidh an fheithicil seasta, bunófar plána ceartingearach tadhlaíoch le taobh na feithicle agus ag féachaint amach ón gciorcal trí líne a mharcáil ar an talamh.

Bogfar an fheithicil ó chur chuige líne dírí isteach san achar ciorclach ar a dtugtar tuairisc i bhFíor 1 lena rotha tosaigh casta amhail go leanann pointe tosaigh is forimeallaí comhrian an chiorcail amuigh (féach Fíor 2a de Roinn H).

8.1.3. Beidh an fheithicil socraithe lena mais réidh le hoibriú.

8.1.4. Ní sháróidh an cúl-luascadh uasta 0.60 m.

8.2. Feithiclí le dhá pháirt nó níos mó

8.2.1. Beidh feidhm ag ceanglais phointe 8.1 *mutatis mutandis* maidir le feithiclí le dhá pháirt nó níos mó.

I gcás den sórt sin, beidh an dá pháirt dhochta nó níos mó ailínithe leis an bplána mar a léirítear i bhfíor 2b de Roinn H.

8.3. Le comhaontú na Seirbhíse Teicniúla agus an Údaráis Chineálcheadaithe, d'fhéadfaí na ceanglais chúl-luascadh uasta a chruthú le hionsamhlúchán ar ríomhaire i gcomhréir le hIarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858. I gcás amhrais, féadfaidh an tSeirbhís Theicniúil nó an tÚdarás Cineálcheadaithe a éileamh go ndéanfar tástáil fhisiceach ar scála iomlán.

### *Roinn D*

### Feithiclí i gcatagóir $N_2$ agus $N_3$

1. Uastoisí údaraithe

1.1. Ní sháróidh na toisí na luachanna seo a leanas:

1.1.1. Fad: 12.00 m.

1.1.2. Leithead:

(a) 2.55 m le haghaidh feithicil ar bith;

(b) 2.60 m le haghaidh feithiclí le cabhalra le ballaí inslithe le tiús 45 mm ar a laghad, le cabhalra cód 04 nó 05, dá dtagraítear in Aguisín 2 de Roinn C d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858.

1.1.3. Airde: 4.00 m

1.2. Chun críocha fad, leithead agus airde a thomhas, beidh an fheithicil ar a mais réidh le hoibriú, curtha ar dhromchla cothrománach agus réidh leis na boinn teannta ag an mbrú arna mholadh ag an monaróir.

1.3. Ní thabharfar san áireamh na gairis agus an trealamh dá dtagraítear i Roinn F chun fad, leithead agus airde a chinneadh.

1.3.1. Ceanglais bhreise le haghaidh gairis aeraidinimiciúla dá dtagraítear i Roinn F

1.3.1.1. Ní mhéadóidh gairis agus trealamh aeraidinimiciúil nach mó ná 500 mm ar fhad sa suíomh in-úsáide fad inúsáidte na láithreach lódála. Tógfar iad ar bhealach a fhágann gur féidir iad a ghlasáil sna suíomhanna ardaithe nó fillte araon agus sna suíomhanna in-úsáide. Tógfar gairis agus trealamh den sórt sin thairis sin ionas go mbeidh siad in-aistarraingthe nó infhillte nuair atá an fheithicil ina seasamh ar bhealach nach sáraítear uasleithead údaraithe na feithicle níos mó ná 25 mm ar gach taobh den fheithicil agus nach sáraítear uasfhad údaraithe na feithicle níos mó ná 200 mm mar a cheadaítear ach ó airde os cionn na talún 1 050 mm ar a laghad ionas nach gcuireann siad bac ar chumas na feithicle a úsáid i gcomhair iompair idirmhódúil. Ina theannta sin, comhlíonfar na ceanglais a leagtar amach i bpointí 1.3.1.1.1. agus 1.3.1.1.3.

1.3.1.1.1. Cineálcheadófar na gairis agus an trealamh i gcomhréir leis an Rialachán seo.

1.3.1.1.2. Beidh an t-oibreoir in ann suíomh na ngaireas agus an trealaimh aeraidinimiciúil a athrú, agus é a aistarraingt nó a fhilleadh, trí fhórsa láimhe nach mó ná 40 daN. Anuas air sin, is féidir é seo a dhéanamh go huathoibríoch freisin.

1.3.1.1.3. Ní éilítear go mbeadh gairis agus trealamh in-aistarraingthe nó infhillte má chomhlíontar na huascheanglais toise ina n-iomláine faoi na coinníollacha ar fad.

1.3.1.2. Ní mhéadóidh gairis agus trealamh aeraidinimiciúil níos mó ná 500 mm ar fhad sa suíomh in-úsáide fad inúsáidte na láithreach lódála. Tógfar iad ar bhealach a fhágann gur féidir iad a ghlasáil sna suíomhanna ardaithe nó fillte araon agus sna suíomhanna in-úsáide. Tógfar gairis agus trealamh den sórt sin thairis sin ionas go mbeidh siad in-aistarraingthe nó infhillte nuair atá an fheithicil ina seasamh ar bhealach nach sáraítear uasleithead údaraithe na feithicle níos mó ná 25 mm ar gach taobh den fheithicil agus nach sáraítear uasfhad údaraithe na feithicle níos mó ná 200 mm mar a cheadaítear ach ó airde os cionn na talún 1 050 mm ar a laghad ionas nach gcuireann siad bac ar chumas na feithicle a úsáid i gcomhair iompair idirmhódúil. Ina theannta sin, comhlíonfar na ceanglais a leagtar amach i bpointí 1.3.1.2.1. go 1.3.1.2.4. thíos.

1.3.1.2.1. Cineálcheadófar na gairis agus an trealamh i gcomhréir leis an Rialachán seo.

1.3.1.2.2. Beidh an t-oibreoir in ann suíomh na ngaireas agus an trealaimh aeraidinimiciúil a athrú, agus é a aistarraingt nó a fhilleadh, trí fhórsa láimhe nach mó ná 40 daN. Anuas air sin, is féidir é seo a dhéanamh go huathoibríoch freisin.

1.3.1.2.3. Seasfaidh gach príomhghné cheartingearach nó teaglaim gnéithe agus an phríomhghné chothrománach nó teaglaim gnéithe lena bhfoirmítear na gairis agus an trealamh, nuair a shuiteáiltear ar an bhfeithicil iad agus sa suíomh in-úsáide, fórsaí tarraingthe agus brú ceartingearach agus cothrománach, arna gcur i bhfeidhm go seicheamhach i dtreo suas, síos, clé agus deas, de 200 daN ± 10 % arna chur i bhfeidhm go statach le lár geoiméadrach an dromchla réamh-mheasta ingearaigh ábhartha, ag uasbhrú 2.0 MPa. D'fhéadfadh gairis agus trealamh dífhoirmiú, ach ní sceithfidh an córas le haghaidh coigeartaithe agus glasála de thoradh na bhfórsaí a chuirtear i bhfeidhm. Beidh an dífhoirmiú teoranta lena áirithiú nach sáraítear uasleithead údaraithe na feithicle faoi níos mó ná 25 mm ar gach taobh den fheithicil, le linn na tástála agus ina dhiaidh sin.

1.3.1.2.4. Seasfaidh gach príomhghné cheartingearach nó teaglaim gnéithe agus an phríomhghné chothrománach nó teaglaim gnéithe lena bhfoirmítear na gairis agus an trealamh freisin, nuair a bhíonn sé sa suíomh aistarraingthe nó fillte, fórsa tarraingthe arna chur i bhfeidhm san fhadtreo ar chúl, de 200 daN ± 10 % arna chur i bhfeidhm go statach le lár geoiméadrach an dromchla réamh-mheasta ingearaigh ábhartha, ag uasbhrú 2.0 MPa. D'fhéadfadh gairis agus trealamh dífhoirmiú, ach ní sceithfidh an córas le haghaidh coigeartaithe agus glasála de thoradh na bhfórsaí a chuirtear i bhfeidhm. Beidh an dífhoirmiú teoranta lena áirithiú nach sáraítear uasleithead údaraithe na feithicle faoi níos mó na 25 mm ar gach taobh den fheithicil agus nach sáraítear uasfhad údaraithe na feithicle faoi níos mó ná 200 mm.

1.3.1.3. Tógfar gairis agus trealamh aeraidinimiciúil cábán, sa suíomh aistarraingthe nó fillte agus in-úsáide, i gcás inarb infheidhme, ar bhealach nach sáraítear uasleithead údaraithe na feithicle níos mó ná 25 mm ar gach taobh den fheithicil agus nach gcuireann siad bac ar chumas na feithicle a úsáid i gcomhair iompair idirmhódúil. Ina theannta sin, comhlíonfar na ceanglais a leagtar amach i bpointí 1.3.1.3.1. go 1.3.1.3.4. thíos.

1.3.1.3.1. Cineálcheadófar na gairis agus an trealamh aeraidinimiciúil le haghaidh cábán i gcomhréir leis an Rialachán seo.

1.3.1.3.2. Nuair a shuiteáiltear gairis agus trealamh aeraidinimiciúil ar fheithicil agus sna suíomhanna aistarraingthe nó fillte agus in-úsáide, i gcás inarb infheidhme, ní bheidh aon pháirt de na gairis agus an trealamh aeraidinimiciúil os cionn imeall íochtarach an ghaothscátha, ach amháin mura bhfuil sé infheicthe ag an tiománaí mar gheall ar an bpainéal ionstraimí nó feistí inmheánacha caighdeánacha eile.

1.3.1.3.3. Clúdófar na gairis agus an trealamh aeraidinimiciúil le hábhar ionsúite fuinnimh. De rogha air sin, beidh na gairis agus an trealamh comhdhéanta d'ábhar a bhfuil cruas < 60 Shore (A) aige i gcomhréir le pointe 1.3.1.4.

1.3.1.3.4. Ní bheidh na gairis agus an trealamh aeraidinimiciúil déanta as ábhar atá tugtha do bhriseadh ina phíosaí géara nó ina n-imill spiacánacha.

1.3.1.4. Deimhneofar le seirbhís theicniúil é, chun sástacht an údaráis chineálcheadaithe nach ndéanann na gairis agus an trealamh aeraidinimiciúil dá dtagraítear i bpointí 1.3.1.1., 1.3.1.2. agus 1.3.1.3. ina suíomhanna in-úsáide agus aistarraingthe nó fillte, dochar do réimse radhairc an tiománaí agus feidhmeanna níocháin agus glanta an ghaothscátha, agus ní dhéanann siad dochar suntasach do fhuarú agus aerú an ghléasra cumhachta, an chórais sceite, an chórais coscánaithe, an chábáin taistealaithe agus an limistéir lódála. Comhlíonfar go hiomlán na ceanglais eile ar fad is infheidhme maidir le córais feithicle nuair a chuirtear na gairis agus an trealamh ina suíomhanna in-úsáide agus aistarraingthe nó fillte.

De mhaolú maidir leis na ceanglais is infheidhme a bhaineann le fobharra cosanta chun tosaigh, féadfar na faid chothrománacha idir an pháirt is faide chun tosaigh den fheithicil mar a feistíodh le gairis agus trealamh aeraidinimiciúil agus a gaireas fobharra cosanta chun tosaigh chomh maith le cúl an ghairis fobharra cosanta ar chúl agus an chuid is faide ar chúl den fheithicil mar atá feistithe le gairis agus trealamh aeraidinimiciúil a thomhas gan na gairis agus an trealamh a thabhairt san áireamh ar choinníoll go sáraíonn siad 200 mm ar fhad ag an gcúl, go bhfuil siad i riocht in-úsáide agus go bhfuil codanna bunúsacha na ngnéithe curtha ar airde ≤ 2.0 m os cionn na talún chun tosaigh agus ar chúl arna dtomhas i riocht neamhualaithe agus go bhfuil siad déanta as ábhar ag a bhfuil cruas < 60 Shore (A). Ní thabharfar san áireamh easnacha cúnga, feadán agus sreang mhiotail ag foirmiú creata nó substráit le tacú le codanna bunúsacha na ngnéithe agus an cruas á chinneadh. Ach, d'fhonn riosca gortuithe agus treá feithiclí eile a dhíbhe i gcás imbhuailte, ní threorófar aon deirí easnacha, feadáin agus sreang mhiotail den chineál sin chun tosaigh ag an tosach agus ar chúl ag cúl na feithicle, agus na gairis nó an trealamh aeraidinimiciúil sna suíomhanna aistarraingthe nó fillte agus in-úsáide.

Mar mhalairt ar an maolú a mhéid a bhaineann le gaireas an fhobharra cosanta ar cúl dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, féadfar na faid chothrománacha idir cúl an ghairis fobharra cosanta ar cúl agus an chuid is faide ar chúl den fheithicil mar atá feistithe le gairis agus trealamh aeraidinimiciúil a thomhas gan na gairis agus an trealamh aeraidinimiciúil a thabhairt san áireamh ar choinníoll go sáraíonn siad 200 mm ar fhad, go bhfuil siad i riocht in-úsáide agus go gcomhlíonann na gairis nó an trealamh sin na forálacha tástála a leagtar amach i Roinn I.

Tomhaisfear, áfach, na faid chothrománacha idir cúl an ghairis fobharra cosanta ar cúl agus an chuid is faide ar chúl den fheithicil leis na gairis agus an trealamh aeraidinimiciúil sa suíomh aistarraingthe nó fillte nó go gcuirtear san áireamh an fad teilgin mar thoradh i gcomhréir le pointe 1.6.1. de Roinn I, má sháraíonn an fad seo fad an tsuímh aistarraingthe nó fillte.

1.4. Cábáin fhadaithe

1.4.1. I gcás ina gcomhlíonann éadan tosaigh shuíomh cábáin na mótarfheithicle, lena n-áirítear gach teilgean inmheánach mar shampla, den fhonnadh, tuairteoir, rothghardaí agus rothaí, go hiomlán paraiméadair an imchlúdaigh tríthoisigh mar a leagtar amach i Roinn I agus nach bhfuil fad na láithreach lódála níos mó ná 10.5 m, d'fhéadfadh an fheithicil an t-uasfhad údaraithe a leagtar amach i bpointe 1.1.1. a shárú.

1.4.2. Sa chás dá dtagraítear i bpointe 1.4.1., tabharfaidh an monaróir an tsiombail bhreise seo a leanas le fios faoi bhun na n-inscríbhinní sainordaitheacha ar phláta reachtúil an mhonaróra nó taobh leis, taobh amuigh de dhronuilleog atá marcáilte go soiléir ina mbeidh an fhaisnéis shainordaitheach amháin.

"96/53/CE AIRTEAGAL 9A COMHLÍONTACH"

Ní bheidh airde charachtair na siombaile níos lú ná 4 mm. Cuirfear an téacs i "96/53/CE AIRTEAGAL 9A COMHLÍONTACH" leis freisin leis na "barúlacha" sa Deimhniú Comhréireachta ionas go gceadófar an fhaisnéis seo a chuimsiú i bpáipéir chláraithe ar bord na feithicle.

2. Dáileadh maise le haghaidh feithiclí a bhfuil cabhalra orthu

2.1. Nós imeachta ríofa

Nodaireachtaí:

| | | |
|---|---|---|
| "M" | | an uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil; |
| "TM" | | an uasmhais intarraingthe is incheadaithe go teicniúil; |

| | | |
|---|---|---|
| "MC" | | uasmhais ualaithe an chónaisc is incheadaithe go teicniúil; |
| "$m_i$" | | an uasmhais is incheadaithe go teicniúil ar an acastóir aonair ainmnithe "i", i gcás go n-athraíonn i ó 1 go dtí líon iomlán acastóirí na feithicle; |
| "$m_c$" | | uasmhais is incheadaithe go teicniúil ag an bpointe cúplála; |
| "$\mu_j$" | | an uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil ar an ngrúpa acastóirí ainmnithe "j", i gcás ina n-athraíonn j ó 1 go dtí líon iomlán na ngrúpaí acastóirí. |

2.1.1. Déanfar ríomhanna oiriúnacha d'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach i bpointí 2.2. agus 2.3. i gcomhair gach cumraíocht theicniúil laistigh den chineál.

2.1.2. I gcás feithiclí atá feistithe le hacastóirí inluchtaithe, déanfar na ríomhanna a éilítear faoi phointí 2.2. agus 2.3. le crochadh na n-acastóirí inluchtaithe sa ghnáthchumraíocht oibriúcháin.

2.1.3. I gcás feithiclí atá feistithe le hacastóirí ardaithe, déanfar na ríomhanna a éilítear faoi phointí 2.2. agus 2.3. leis na hacastóirí íslithe.

2.1.4. I gcás mótarfheithiclí a bhreoslaítear go malartach nó mótarfheithiclí saor ó astaíochtaí:

2.1.4.1. Sainmhíneofar an meáchan breise a éilítear don teicneolaíocht bhreosla malartach nó saor ó astaíochtaí i gcomhréir le pointe 2.3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 96/53/CE ar bhonn na doiciméadachta a sholáthraíonn an monaróir. Deimhneoidh an tSeirbhís Theicniúil cruinneas na faisnéise dearbhaithe, chun sástacht an Údaráis Chineálcheadaithe.

2.1.4.2. Tabharfaidh an monaróir an tsiombail bhreise seo a leanas le fios chomh maith le luach an mheáchain bhreise faoi bhun na n-inscríbhinní sainordaitheacha ar phláta reachtúil an mhonaróra nó lena dtaobh, taobh amuigh de dhronuilleog atá marcáilte go soiléir ina mbeidh an fhaisnéis shainordaitheach amháin.

"96/53/CE AIRTEAGAL 10B COMHLÍONTACH – XXXX kg"

Ní bheidh airde charachtair agus luach luaite na siombailí níos lú ná 4 mm.

Ina theannta sin, go dtí go dtabharfar isteach iontráil thiomanta ar an Deimhniú Comhréireachta, luafar luach an mheáchain bhreise faoi "barúlacha" sa Deimhniú Comhréireachta ionas go gceadófar an fhaisnéis seo a chuimsiú i bpáipéir chláraithe ar bord na feithicle.

2.2. Ceanglais Ghinearálta

2.2.1. Ní bheidh suim na huasmhaise ualaithe is incheadaithe go teicniúil ar na hacastóirí aonair móide suim na huasmhaise ualaithe is incheadaithe go teicniúil ar na grúpaí acastóirí níos lú ná uasmhais ualaithe na feithicle is incheadaithe go teicniúil.

$$M \leq \sum [m_i + \mu_j]$$

2.2.2. I gcomhair gach grúpa acastóirí ainmnithe "j", ní bheidh suim na huasmhaise is incheadaithe go teicniúil ar a acastóirí níos lú ná uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil ar an ngrúpa acastóirí.

Ina theannta sin, ní bheidh aon cheann de na maiseanna $m_i$ níos lú ná an pháirt $\mu_j$ a bhaineann le hacastóir "i" mar a chinntear leis an dáileadh maise don ghrúpa acastóirí sin.

2.3. Ceanglais shonracha

2.3.1. Ní sháróidh mais na feithicle réidh le hoibriú, móide mais an trealaimh roghnaigh móide mais na bpaisinéirí, móide mais na cúplála mura bhfuil sin san áireamh sa mhais réidh le hoibriú móide an uasmhais is incheadaithe go teicniúil ag an bpointe cúplála uasmhais ualaithe na feithicle is incheadaithe go teicniúil.

2.3.2. I gcás ina bhfuil an fheithicil ualaithe chuig an uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil, ní sháróidh an mhais a dháiltear ar acastóir "i" an mhais $m_i$ ar an acastóir sin, agus ní sháróidh an mhais ar ghrúpa acastóirí "j" an mhais $\mu_j$.

2.3.3. Comhlíonfar ceanglais phointe 2.3.2. sna cumraíochtaí ualaigh a leanas:

2.3.3.1. Dáileadh aonfhoirmeach na pá-mhaise:

Beidh an fheithicil ag a mais réidh le hoibriú móide mais an trealaimh roghnaigh móide mais na bpaisinéirí suite ag na pointí tagartha suite, móide mais na cúplála (mura bhfuil sin san áireamh sa mhais réidh le hoibriú), móide uasmhais incheadaithe an phointe cúplála, móide an pá-mhais á dáileadh go haonfhoirmeach ar an limistéar lastais.

2.3.3.2. Dáileadh neamh-aonfhoirmeach pá-mhaise:

Beidh an fheithicil ag a mais réidh le hoibriú móide mais an trealaimh roghnaigh móide mais na bpaisinéirí suite ag na pointí tagartha suite, móide mais na cúplála (mura bhfuil sin san áireamh sa mhais réidh le hoibriú), móide uasmhais incheadaithe an phointe cúplála, móide an pá-mhais suite i gcomhréir le sonraíochtaí an mhonaróra.

Chun na críocha sin luafaidh an monaróir suíomhanna diana incheadaithe féideartha mheáchanlár na pá-mhaise agus/nó an chabhalra agus/nó an trealaimh nó na bhfeisteas inmheánach (mar shampla: ó 0.50 m go 1.30 m os comhair an chéad acastóir cúil).

2.3.3.3. Teaglaim de dháileadh aonfhoirmeach agus neamh-aonfhoirmeach:

Comhlíonfar ceanglais phointí 2.3.3.1. agus 2.3.3.2. go comhuaineach.

Mar shampla, trucail dumpála (ualach dáilte) feistithe le craein bhreise (ualach logánaithe).

2.3.3.4. Mais arna aistriú ag cúplán an chúigiú rotha (aonad tarracóra le haghaidh leathleantóra):

Beidh an fheithicil ag a mais réidh le hoibriú móide mais an trealaimh roghnaigh móide mais na bpaisinéirí suite ag na pointí tagartha suite, móide mais na cúplála mura bhfuil sin san áireamh sa mhais réidh le hoibriú, móide uasmhais incheadaithe phointe cúplála an chúigiú rotha suite i gcomhréir le sonraíochtaí an mhonaróra (íosrith agus uasrith an chúigiú rotha).

2.3.3.5. Comhlíonfar ceanglais phointí 2.3.3.1. i gcónaí i gcás ina mbeidh limistéar lastais réidh feistithe ar an bhfeithicil.

2.3.4. I gcás ina bhfuil an fheithicil ualaithe chuig a huasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil móide mais na cúplála mura bhfuil sin san áireamh sa mhais réidh le hoibriú, móide an uasmhais is incheadaithe go teicniúil ag an bpointe cúplála ar bhealach go sroichtear an uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil ar an ngrúpa acastóirí cúil (μ) nó an uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil ar an acastóir cúil (m), ní bheidh an mhais ar an acastóir/na hacastóirí tosaigh faoi stiúir níos lú ná 20 % den uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil le haghaidh na feithicle.

2.3.5. A mhéid a bhaineann le sainchuspóirí feithiclí i gcatagóir $N_2$ agus $N_3$, seiceálfaidh an tseirbhís theicniúil comhlíontacht le ceanglais Roinn 2 i gcomhaontú leis an monaróir, ag tabhairt dearadh sonrach na feithicle san áireamh (mar shampla, craein shoghluaiste).

3. Toilleadh tarraingthe

3.1. Ní sháróidh an uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil suim na huasmhaise ualaithe is incheadaithe go teicniúil móide an uasmhais intarraingthe is incheadaithe go teicniúil.

4. Cumas dúisithe ar fhána agus inghrádánú

4.1. Beidh feithiclí a dearadh chun leantóir a tharraingt agus ualaithe chuig uasmhais ualaithe an chónaisc is incheadaithe go teicniúil in ann tosú cúig huaire laistigh de cúig nóiméad ag grádán in aghaidh fána 12 % ar a laghad.

4.2. Maidir le hinghrádánú, déanfar tástáil ar fheithiclí easbhóthair in aghaidh na gceanglas teicniúil i Roinn K.

4.2.1. Beidh feidhm freisin le ceanglais Roinn 5 d'Aguisín 1 a ghabhann le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2018/858.

5. Cumhacht innill

5.1. Soláthróidh feithiclí aschur cumhachta innill 5 kW in aghaidh an tona ar a laghad d'uasmhais ualaithe an chónaisc is incheadaithe go teicniúil.

5.1.1. I gcás tarracóir bóthair, nó aonad tarracóra le haghaidh leathleantóra a bhfuil sé i gceist go n-iompróidh sé ualaí doroinnte, beidh cumhacht an innill ionann le 2 kW in aghaidh an tona ar a laghad d'uasmhais ualaithe an chónaisc is incheadaithe go teicniúil.

5.1.2. Ní bheidh feidhm ag na ceanglais i bpointí 5.1. agus 5.1.1. seo maidir le modh tiomána leictreach amháin mótarfheithiclí leictreacha hibrideacha.

5.2. Tomhaisfear cumhacht an innill i gcomhréir le Rialachán Uimh. 85 de chuid UNECE.

6. So-ionramháilteacht

6.1. Beidh an fheithicil in ann ionramháil ar an dá thaobh de chonair 360 ° mar a léirítear i bhFíor 1 i Roinn H gan aon cheann de phointí is forimeallaí na feithicle taobh amuigh ag gobadh amach thar chiorcal amuigh nó ag brú isteach taobh istigh den chiorcal istigh de réir mar a bheidh.

6.1.1. Déanfar an tástáil leis an bhfeithicil i gcoinníollacha neamhualaithe (i.e. ag a mais réidh le hoibriú) agus lódáilte chuig a uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil. Má bhíonn na gairis nó an trealamh aeraidinimiciúil ar an bhfeithicil dá dtagraítear i bpointí 1.3.1.1., 1.3.1.2. agus 1.3.1.3., úsáidfear na gairis agus an trealamh sa suíomh in-úsáide nó sa suíomh seasta in-úsáide i gcás inarb infheidhme do ghairis agus trealamh a chumhdaítear i bpointe 1.3.1.3.

6.1.2. Chun críocha phointe 6.1, ní thabharfar san áireamh na páirteanna a cheadaítear dóibh gobadh amach níos faide ná an fheithicil dá dtagraítear i Roinn F.

6.2. Le haghaidh feithiclí le gairis ardaithe acastóra, beidh feidhm ag ceanglas phointe 6.1 freisin maidir le hacastóirí) ardaithe sa suíomh ardaithe agus i gcás ina bhfuil an t-acastóir/na hacastóirí inluchtaithe i seirbhís.

6.3. Fíorófar ceanglais phointe 6.1. mar a leanas:

6.3.1. Ionramhálfaidh an fheithicil taobh istigh d'achar arna shainmhíniú ag dhá chiorcal chomhlárnacha, ag s mbeidh ga 12.50 m ag an gciorcal amuigh agus ga 5.30 m ag an gciorcal istigh.

6.3.2. Treorófar pointe tosaigh is forimeallaí na mótarfheithicle feadh chomhrian an chiorcail amuigh (féach Fíor 1 de Roinn H).

6.4. Le comhaontú na Seirbhíse Teicniúla agus an Údaráis Chineálcheadaithe, d'fhéadfaí na ceanglais so-ionramháilteachta a chruthú le hionsamhlúchán ar ríomhaire i gcomhréir le hIarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858. I gcás amhrais, féadfaidh an tSeirbhís Theicniúil nó an tÚdarás Cineálcheadaithe a éileamh go ndéanfar tástáil fhisiceach ar scála iomlán.

7. Cúl-luascadh uasta

7.1. Déanfar tástáil ar an bhfeithicil i gcomhréir leis an modh tástála foistine ar a dtugtar tuairisc i bpointe 7.1.1. Má bhíonn na gairis nó an trealamh aeraidinimiciúil ar an bhfeithicil dá dtagraítear i bpointí 1.3.1.1., 1.3.1.2. agus 1.3.1.3., úsáidfear na gairis agus an trealamh sa suíomh in-úsáide.

7.1.1. Modh tástála foistine

7.1.1.1. Beidh an fheithicil seasta agus beidh a rothaí stiúrtha tosaigh treoraithe amhail is dá mbogfadh an fheithicil, go ndéanfadh a phointe is forimeallaí cur síos ar chiorcal le ga 12.50 m.

Bunófar plána ceartingearach tadhlaíoch le taobh na feithicle agus ag féachaint amach ón gciorcal trí líne a mharcáil ar an talamh.

Bogfaidh an fheithicil ar aghaidh amhail is go leanann pointe tosaigh is forimeallaí comhrian an chiorcail amuigh ga 12.50 m.

7.2. Ní sháróidh an cúl-luascadh uasta: (féach Fíor 3 de Roinn I)

(a) 0.80 m;

(b) 1.00 m i gcás ina bhfuil an fheithicil feistithe le gaireas ardaithe acastóra agus go bhfuil an t-acastóir glanta den talamh;

(c) 1.00 m i gcás inar acastóir faoi stiúir é an t-acastóir cúil.

7.3. Le comhaontú na Seirbhíse Teicniúla agus an Údaráis Chineálcheadaithe, d’fhéadfaí na ceanglais chúl-luascadh uasta a chruthú le hionsamhlúchán ar ríomhaire i gcomhréir le hIarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858. I gcás amhrais, féadfaidh an tSeirbhís Theicniúil nó an tÚdarás Cineálcheadaithe a éileamh go ndéanfar tástáil fhisiceach ar scála iomlán.

### *Cuid E*

### Feithiclí i gcatagóir O

1. Uastoisí údaraithe

1.1. Ní sháróidh na toisí na luachanna seo a leanas:

1.1.1. Fad

(a) Leantóir: 12.00 m barra tarraingthe san áireamh;

(b) Leathleantóir 12.00 m móide an starradh tosaigh.

1.1.2. Leithead

(a) 2.55 m le haghaidh feithicil ar bith;

(b) 2.60 m le haghaidh feithiclí le cabhalra le ballaí inslithe le tiús 45 mm ar a laghad, le cabhalra cód 04 nó 05 d'Aguisín 2 a ghabhann le hIarscríbhinn I le Rialachán (AE) 2018/858.

1.1.3. Airde: 4.00 m.

1.1.4. Ga feistithe tosaigh an leathleantóra: 2.04 m.

1.2. Chun críocha fad, leithead agus airde a thomhas, beidh an fheithicil ar a mais réidh le hoibriú, curtha ar dhromchla cothrománach agus réidh leis na boinn teannta ag an mbrú arna mholadh ag an monaróir.

1.3. Déanfar fad, airde agus ga feistithe tosaigh a thomhas i gcás ina bhfuil an dromchla ualaithe nó an dromchla tagartha dá dtagraítear i bpointe 1.2.1. sa dara fomhír d'Iarscríbhinn 7 a ghabhann le Rialachán Uimh. 55 de chuid NA cothrománach.

Beidh barraí tarraingthe inchoigeartaithe cothrománach agus ailínithe le lárlíne na feithicle. Socrófar iad ina suíomh cothrománach is fadaithe.

1.4. Ní thabharfar san áireamh na gairis agus an trealamh dá dtagraítear i Roinn F chun fad, leithead agus airde a chinneadh.

1.4.1. Ceanglais bhreise le haghaidh gairis aeraidinimiciúla dá dtagraítear i Roinn F

1.4.1.1. Ní mhéadóidh gairis agus trealamh aeraidinimiciúil nach mó ná 500 mm ar fhad sa suíomh in-úsáide fad inúsáidte na láithreach lódála. Tógfar iad ar bhealach a fhágann gur féidir iad a ghlasáil sna suíomhanna ardaithe nó fillte araon agus sna suíomhanna in-úsáide. Tógfar gairis agus trealamh den sórt sin thairis sin ionas go mbeidh siad in-aistarraingthe nó infhillte nuair atá an fheithicil ina seasamh ar bhealach nach sáraítear uasleithead údaraithe na feithicle níos mó ná 25 mm ar gach taobh den fheithicil agus nach sáraítear uasfhad údaraithe na feithicle níos mó ná 200 mm mar a cheadaítear ach ó airde os cionn na talún 1 050 mm ar a laghad ionas nach gcuireann siad bac ar chumas na feithicle a úsáid i gcomhair iompair idirmhódúil. Ina theannta sin, comhlíonfar na ceanglais a leagtar amach i bpointí 1.4.1.1.1. go 1.4.1.1.3.

1.4.1.1.1. Cineálcheadófar na gairis agus an trealamh i gcomhréir leis an Rialachán seo.

1.4.1.1.2. Beidh an t-oibreoir in ann suíomh na ngaireas agus an trealaimh aeraidinimiciúil a athrú, agus é a aistarraingt nó a fhilleadh, trí fhórsa láimhe nach mó ná 40 daN. Anuas air sin, is féidir é seo a dhéanamh go huathoibríoch freisin.

1.4.1.1.3. Ní éilítear go mbeadh gairis agus trealamh in-aistarraingthe nó infhillte má chomhlíontar na huascheanglais toise ina n-iomláine faoi na coinníollacha ar fad.

1.4.1.2. Ní mhéadóidh gairis agus trealamh aeraidinimiciúil níos mó ná 500 mm ar fhad sa suíomh in-úsáide fad inúsáidte na láithreach lódála. Tógfar iad ar bhealach a fhágann gur féidir iad a ghlasáil sna suíomhanna ardaithe nó fillte araon agus sna suíomhanna in-úsáide. Tógfar gairis agus trealamh den sórt sin thairis sin ionas go mbeidh siad in-aistarraingthe nó infhillte nuair atá an fheithicil ina seasamh ar bhealach nach sáraítear uasleithead údaraithe na feithicle níos mó ná 25 mm ar gach taobh den fheithicil agus nach sáraítear uasfhad údaraithe na feithicle níos mó ná 200 mm mar a cheadaítear ach ó airde os cionn na talún 1 050 mm ar a laghad ionas nach gcuireann siad bac ar chumas na feithicle a úsáid i gcomhair iompair idirmhódúil. Ina theannta sin, comhlíonfar na ceanglais a leagtar amach i bpointí 1.4.1.2.1. go 1.4.1.2.4.

1.4.1.2.1. Cineálcheadófar na gairis agus an trealamh i gcomhréir leis an Rialachán seo.

1.4.1.2.2. Beidh an t-oibreoir in ann suíomh na ngaireas agus an trealaimh aeraidinimiciúil a athrú, agus é a aistarraingt nó a fhilleadh, trí fhórsa láimhe nach mó ná 40 daN. Anuas air sin, is féidir é seo a dhéanamh go huathoibríoch freisin.

1.4.1.2.3. Seasfaidh gach príomhghné cheartingearach nó teaglaim gnéithe agus an phríomhghné chothrománach nó teaglaim gnéithe lena bhfoirmítear na gairis agus an trealamh, nuair a shuiteáiltear ar an bhfeithicil iad agus sa suíomh in-úsáide, fórsaí tarraingthe agus brú ceartingearach agus cothrománach, arna gcur i bhfeidhm go seicheamhach i dtreo suas, síos, clé agus deas, de 200 daN ± 10 % arna chur i bhfeidhm go statach le lár geoiméadrach an dromchla réamh-mheasta ingearaigh ábhartha, ag uasbhrú 2.0 MPa. D'fhéadfadh gairis agus trealamh dífhoirmiú, ach ní sceithfidh an córas le haghaidh coigeartaithe agus glasála de thoradh na bhfórsaí a chuirtear i bhfeidhm. Beidh an dífhoirmiú teoranta lena áirithiú nach sáraítear uasleithead údaraithe na feithicle faoi níos mó ná 25 mm ar gach taobh den fheithicil, le linn na tástála agus ina dhiaidh sin.

1.4.1.2.4. Seasfaidh gach príomhghné cheartingearach nó teaglaim gnéithe agus an phríomhghné chothrománach nó teaglaim gnéithe lena bhfoirmítear na gairis agus an trealamh freisin, nuair a bhíonn sé sa suíomh aistarraingthe nó fillte, fórsa tarraingthe arna chur i bhfeidhm san fhadtreo ar chúl, de 200 daN ± 10 % arna chur i bhfeidhm go statach le lár geoiméadrach an dromchla réamh-mheasta ingearaigh ábhartha, ag uasbhrú 2.0 MPa. D'fhéadfadh gairis agus trealamh dífhoirmiú, ach ní sceithfidh an córas le haghaidh coigeartaithe agus glasála de thoradh na bhfórsaí a chuirtear i bhfeidhm. Beidh an dífhoirmiú teoranta lena áirithiú nach sáraítear uasleithead údaraithe na feithicle faoi níos mó na 25 mm ar gach taobh den fheithicil agus nach sáraítear uasfhad údaraithe na feithicle faoi níos mó ná 200 mm.

1.4.1.3. Deimhneofar le seirbhís theicniúil é, chun sástacht an údaráis chineálcheadaithe nach mblocálann na gairis agus an trealamh aeraidinimiciúil ina suíomhanna in-úsáide agus aistarraingthe nó fillte, aerú an limistéir lódála go hiomlán. Comhlíonfar go hiomlán na ceanglais eile ar fad is infheidhme maidir le córais feithicle nuair a chuirtear na gairis agus an trealamh ina suíomhanna in-úsáide agus aistarraingthe nó fillte.

De mhaolú maidir leis na ceanglais is infheidhme a bhaineann le fobharra cosanta ar cúl, féadfar na faid chothrománacha idir cúl an ghairis fobharra cosanta ar cúl agus an chuid is faide ar chúl den fheithicil mar atá feistithe le gairis agus trealamh aeraidinimiciúil a thomhas gan na gairis agus an trealamh a thabhairt san áireamh ar choinníoll go sáraíonn siad 200 mm ar fhad, go bhfuil siad i riocht in-úsáide agus go bhfuil codanna bunúsacha na ngnéithe curtha ar airde ≤ 2,0 m os cionn na talún arna dtomhas i riocht neamhualaithe agus go bhfuil siad déanta as ábhar ag a bhfuil cruas < 60 Shore (A). Ní thabharfar san áireamh easnacha cúnga, feadán agus sreang mhiotail ag foirmiú creata nó substráit le tacú le codanna bunúsacha na ngnéithe agus an cruas á chinneadh. D'fhonn riosca gortuithe agus treá feithiclí eile a dhíbhe i gcás imbhuailte áfach, ní threorófar aon deirí easnacha, feadáin agus sreang mhiotail den chineál sin ar chúl ag cúl na feithicle, agus na gairis nó an trealamh aeraidinimiciúil sna suíomhanna aistarraingthe nó fillte agus in-úsáide.

Mar mhalairt ar an maolú dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, féadfar na faid chothrománacha idir cúl an ghairis fobharra cosanta ar cúl agus an chuid is faide ar chúl den fheithicil mar atá feistithe le gairis agus trealamh aeraidinimiciúil a thomhas gan na gairis agus an trealamh aeraidinimiciúil a thabhairt san áireamh ar choinníoll go sáraíonn siad 200 mm ar fhad, go bhfuil siad i riocht in-úsáide agus go gcomhlíonann na gairis nó an trealamh sin na forálacha tástála a leagtar amach i Roinn I.

Tomhaisfear, áfach, na faid chothrománacha idir cúl an ghairis fobharra cosanta ar cúl agus an chuid is faide ar chúl den fheithicil leis na gairis agus an trealamh aeraidinimiciúil sa suíomh aistarraingthe nó fillte nó go gcuirtear san áireamh an fad teilgin mar thoradh i gcomhréir le pointe 1.6.1. de Roinn I, má sháraíonn an fad seo fad an tsuímh aistarraingthe nó fillte.

2. Dáileadh maise le haghaidh feithiclí a bhfuil cabhalra orthu

2.1. Nós imeachta ríofa

Nodaireachtaí:

| | | |
|---|---|---|
| "M" | | an uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil; |
| "$m_0$" | | uasmhais is incheadaithe go teicniúil ag an bpointe cúplála tosaigh; |
| "$m_i$" | | an uasmhais is incheadaithe go teicniúil ar an acastóir ainmnithe "i", i gcás ina n-athraíonn i ó 1 go dtí líon iomlán acastóirí na feithicle; |
| "$m_c$" | | uasmhais is incheadaithe go teicniúil ag an bpointe cúplála cúil; |
| "$\mu_j$" | | an uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil ar an ngrúpa acastóirí ainmnithe "j", i gcás ina n-athraíonn j ó 1 go dtí líon iomlán na ngrúpaí acastóirí. |

2.1.1. Déanfar ríomhanna oiriúnacha d'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach i bpointí 2.2. agus 2.3. i gcomhair gach cumraíocht theicniúil laistigh den chineál.

2.1.2. I gcás feithiclí atá feistithe le hacastóirí inluchtaithe, déanfar na ríomhanna a éilítear faoi phointí 2.2. agus 2.3. le crochadh na n-acastóirí inluchtaithe sa ghnáthchumraíocht oibriúcháin.

2.1.3. I gcás feithiclí atá feistithe le hacastóirí ardaithe, déanfar na ríomhanna a éilítear faoi phointí 2.2. agus 2.3. leis na hacastóirí íslithe.

2.2. Ceanglais Ghinearálta

2.2.1. Ní bheidh suim na huasmhaise is incheadaithe go teicniúil ag an gcúpláil tosaigh móide an uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil ar na hacastóirí aonair agus/nó ar an ngrúpa/ar na grúpaí acastóirí móide suim an uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil ag an bpointe cúplála cúil níos lú ná uasmhais ualaithe na feithicle is incheadaithe go teicniúil.

$$M \leq \Sigma\ [m_0 + m_i + m_c] \text{ nó } M \leq \Sigma\ [m_0 + \mu_j + m_c].$$

2.2.2. I gcomhair gach grúpa acastóirí ainmnithe "j", ní bheidh suim na maiseanna $m_i$ ar a acastóirí níos lú ná an mhais $\mu_j$.

Ina theannta sin, ní bheidh aon cheann de na maiseanna $m_i$ níos lú ná an pháirt $\mu_j$ a bhaineann le hacastóir "i" mar a chinntear leis an dáileadh maise don ghrúpa acastóirí sin.

2.3. Ceanglais shonracha

2.3.1. Ní sháróidh mais na feithicle réidh le hoibriú, móide mais an trealaimh roghnaigh móide an uasmhais is incheadaithe go teicniúil ag an bpointe cúplála/ag na pointí cúplála uasmhais ualaithe na feithicle is incheadaithe go teicniúil.

2.3.2. I gcás ina bhfuil an fheithicil ualaithe chuig an uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil, ní sháróidh an mhais a dháiltear ar acastóir aonair "i" an mhais $m_i$ ar an acastóir sin, ná an mhais $\mu_j$ ar an ngrúpa acastóirí, ná an uasmhais incheadaithe go teicniúil ag an bpointe cúplála $m_0$.

2.3.3. Comhlíonfar ceanglais phointe 2.3.2. sna cumraíochtaí ualaigh a leanas:

2.3.3.1. Dáileadh aonfhoirmeach na pá-mhaise

Beidh an fheithicil ag a mais réidh le hoibriú móide mais an trealaimh roghnaigh móide an pá-mhais á dáileadh go haonfhoirmeach ar an limistéar lastais;

2.3.3.2. Dáileadh neamh-aonfhoirmeach na pá-mhaise

Beidh an fheithicil ag a mais réidh le hoibriú móide mais an trealaimh roghnaigh móide an pá-mhais suite i gcomhréir le sonraíochtaí an mhonaróra.

Chun na críocha sin luafaidh an monaróir suíomhanna diana incheadaithe féideartha mheáchanlár na pá-mhaise agus/nó an chabhalra agus/nó an trealaimh nó na bhfeisteas inmheánach (mar shampla: ó 0.50 m go 1.30 m os comhair an chéad acastóir cúil);

2.3.3.3. Teaglaim de dháileadh aonfhoirmeach agus neamh-aonfhoirmeach:

2.3.3.4. Comhlíonfar ceanglais phointí 2.3.3.1. agus 2.3.3.2. go comhuaineach.

2.3.4. Ceanglais shonracha do mhótarcharbháin

2.3.4.1. Comhlíonfaidh an pá-mhais íosta an ceanglas seo a leanas:

$$PM \text{ in kg} \geq 10\ (n+L)$$

I gcás

| | | |
|---|---|---|
| "n" | | an t-uaslíon beart agus |
| "L" | | fad foriomlán fhad an chabhail mar a shainmhínítear i bpointe 6.1.2. de Chaighdeán ISO 7237:1981. |

3. Ceanglais so-ionramháilteachta

3.1. Dearfar leantóirí agus leathleantóirí ionas go mbeidh an cónasc, nuair atá sé cúpláilte le feithicil tarraingthe, in ann ionramháil ar an dá thaobh de chonair 360 ° comhdhéanta de dhá chiorcal chomhlárnacha, le ga 12.50 m ag an gciorcal amuigh agus ga 5.30 m ag an gciorcal istigh gan aon cheann de phointí is forimeallaí na feithicle tarraingthe taobh amuigh den chiorcal amuigh nó d'aon cheann de phointí is forimeallaí an leantóra nó an leathleantóra ag brú isteach taobh istigh den chiorcal istigh. Má bhíonn na gairis nó an trealamh aeraidinimiciúil ar an leantóir nó leathleantóir dá dtagraítear i bpointí 1.4.1.1. nó 1.4.1.2., úsáidfear na gairis agus an trealamh sa suíomh in-úsáide agus úsáidte.

3.2. Measfar go gcomhlíonann leathleantóir nach bhfuil gairis nó trealamh aeraidinimiciúil dá dtagraítear i bpointí 1.4.1.1. nó 1.4.1.2. air an ceanglas a leagtar amach i bpointe 3.1 má chomhlíonann a rothfhad tagartha "RFT" an ceanglas seo a leanas:

$$RWB \leq [(12{,}50 - 2{,}04)^2 - (5{,}30 + ½W)^2]^{½}$$

i gcás inarb amhlaidh:

| | | |
|---|---|---|
| *"RFT"* | | an fad idir an ais phionna cinn aise agus lárlíne na n-acastóirí nach bhfuil faoi stiúir. |
| *"L"* | | leithead an leathleantóra. |

I gcás ina bhfuil gaireas ardaithe ag ceann amháin nó níos mó de na hacastóirí nach bhfuil faoi stiúir, tabharfar an rothfhad tagartha leis an acastóir íslithe nó an t-acastóir ardaithe – cibé acu is faide – san áireamh.

### *Roinn F*

### Liosta gaireas agus trealaimh nach gá a thabhairt san áireamh chun na toisí is forimeallaí a chinneadh

1. Faoi réir na srianta breise a sholáthraítear sna táblaí a leanas, ní gá na gairis agus an trealamh a liostaítear i dTáblaí I, II agus III a thabhairt san áireamh chun na toisí is forimeallaí a chinneadh agus a ríomh i gcás ina gcomhlíontar na ceanglais a leanas:

   (a) i gcás ina bhfuil gairis feistithe chun tosaigh, cé is moite de ghairis agus trealamh aeraidinimiciúil agus trealamh cábán, ní sháróidh gobadh amach iomlán na ngaireas sin 250 mm;

   (b) ní sháróidh gobadh iomlán na ngaireas agus an trealaimh curtha le fad na feithicle, cé is moite de ghairis agus trealamh aeraidinimiciúil 750 mm;

   (c) ní sháróidh gobadh iomlán na ngaireas agus an trealaimh curtha le leithead na feithicle 100 mm.

2. Ní bheidh feidhm ag na ceanglais a leagtha amach i bpointí (a), (b) agus (c) de phointe 1 maidir le gairis amhairc neamhdhírigh.

*Tábla I*

**Fad na feithicle**

| Ní | | Catagóirí feithiclí | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | $M_1$ | $M_2$ | $M_3$ | $N_1$ | $N_2$ | $N_3$ | $O_1$ | $O_2$ | $O_3$ | $O_4$ |
| 1. | Sainmhínítear gairis amhairc neamhdhírigh i bpointe 2.1 de Rialachán Uimh. 46 ([1]) | x | x | x | x | x | x | x | x | x | x |
| 2. | Gairis chuimilteoirí agus niteoirí | x | x | x | x | x | x | | | | |
| 3. | Scáthláin ghréine sheachtracha | — | — | — | — | x | x | — | — | — | — |
| 4. | Córas cosanta tosaigh cineálcheadaithe i gcomhréir leis an Rialachán seo | x | | | x | | | | | | |
| 5. | Céimeanna rochtana agus greamanna láimhe | x | x | x | x | x | x | x | x | x | x |
| 6. | Cúpláin mheicniúla | x | x | x | x | x | x | — | — | — | — |
| 7. | Cúpláil bhreise ar chúl an leantóra (nuair atá sé inbhainte) | — | — | — | — | — | — | x | x | x | x |
| 8. | Iompróir rothair (nuair atá sé inbhainte nó in-aistarraingthe) | x | | | x | — | — | — | — | — | — |

| Ní | | Catagóirí feithiclí | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | $M_1$ | $M_2$ | $M_3$ | $N_1$ | $N_2$ | $N_3$ | $O_1$ | $O_2$ | $O_3$ | $O_4$ |
| 9. | Ardáin ardaithe, rampaí rochtana nó trealamh den sórt céanna (i gcás ina bhfuil siad i suíomh neamhúsáidte agus nach ngobann siad amach níos mó ná 300 mm) ar choinníoll nach méadaítear acmhainn lódála na feithicle. | x | x | x | x | x | x | x | x | x | x |
| 10. | Áiseanna breathnaithe agus braite lena n-áirítear radair | — | x | x | — | x | x | x | x | x | x |
| 11. | Maoláin athléimneacha agus trealamh den sórt céanna | — | — | — | — | x | x | x | x | x | x |
| 12. | Gairis shéalaithe saincheaptha agus a gcosaintí | — | — | — | x | x | x | x | x | x | x |
| 13 | Gairis chun an tarpól a shlánú agus a gcosaint | x | — | — | x | x | x | x | x | x | x |
| 14. | Stopanna faid do chabhlacha soghluaiste | — | — | — | — | x | x | x | x | x | x |
| 15. | Búmanna tralaí feithiclí a ghluaiseann ar leictreachas | — | — | x | — | — | — | — | — | — | — |
| 16. | Plátaí marcála tosaigh nó cúil | — | x | x | — | x | x | x | x | x | x |
| 17. | Lampaí roghnacha mar a shainmhínítear i Roinn 2 de Rialachán Uimh. 48 de chuid NA [2]. | x | x | x | x | x | x | x | x | x | x |
| 18. | Gairis agus trealamh aeraidinimiciúil | x | x | x | x | x | x | x | x | x | x |
| 19. | Aeróga arna n-úsáid i gcomhair Cumarsáid feithicil le feithicil nó feithicil le bonneagar | x | x | x | x | x | x | x | x | x | x |

[1] Rialachán Uimh. 46 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UN/ECE) – Forálacha aonfhoirmeacha a bhaineann le ceadú gaireas amhairc neamhdhírigh agus mótarfheithiclí maidir le suiteáil na ngaireas sin (IO L 237. 8.8.2014, lch. 24).

[2] Rialachán Uimh. 48 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UN/ECE) – Forálacha aonfhoirmeacha a bhaineann le ceadú feithiclí maidir le suiteáil gaireas soilsiúcháin agus solaschomharthaíochta [2016/1723] (IO L 14, 16.1.2019, lch. 42).

*Tábla II*

**Leithead na feithicle**

| Ní | | Catagóirí feithiclí | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | $M_1$ | $M_2$ | $M_3$ | $N_1$ | $N_2$ | $N_3$ | $O_1$ | $O_2$ | $O_3$ | $O_4$ |
| 1. | Sainmhínítear gairis amhairc neamhdhírigh i mír 2.1 de Rialachán Uimh. 46 de chuid NA | x | x | x | x | x | x | x | x | x | x |

| Ní | | Catagóirí feithiclí | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | $M_1$ | $M_2$ | $M_3$ | $N_1$ | $N_2$ | $N_3$ | $O_1$ | $O_2$ | $O_3$ | $O_4$ |
| 2. | Páirt shraonta de bhallaí na mbonn ag an bpointe teagmhála le dromchla an bhóthair | x | x | x | x | x | x | x | x | x | x |
| 3. | Gairis nodchomhartha maidir le teipeadh boinn | — | — | x | x | x | x | x | x | x | x |
| 4. | Táscairí um brú boinn | — | — | x | x | x | x | x | x | x | x |
| 5. | Taobhlampaí | x | x | x | x | x | x | x | x | x | x |
| 6. | Trealamh soilsithe | | | | | | | | | | |
| | 6.1. Lampaí cúil imlíne | x | x | x | x | x | x | x | x | x | x |
| | 6.2. Ais-fhrithchaiteoirí cliathánacha | x | x | x | x | x | x | x | x | x | x |
| | 6.3. Lampaí treotháscaire | x | x | x | x | x | x | x | x | x | x |
| | 6.4. Lampaí cúil | — | — | — | — | x | x | x | x | x | x |
| | 6.5 Córais soilsithe don doras seirbhíse | — | x | x | — | — | — | — | — | — | — |
| 7. | Rampaí rochtana, ardáin ardaithe agus trealamh den sórt céanna (nuair nach bhfuil siad in úsáid agus ar choinníoll nach sáraíonn siad 10 mm ó thaobh na feithicle agus go bhfuil coirnéil na rampaí ag féachaint chun tosaigh nó ar chúl cruinn chuig ga nach lú ná 5 mm; ní mór go mbeadh na himill cruinn chuig ga nach lú ná 2.5 mm). | — | x | x | — | x | x | x | x | x | x |
| 8. | Gairis threoracha chliathánacha in-aistarraingthe a bhfuil sé i gceist iad a úsáid ar chóras bus treoraithe, mura mbíonn siad aistarraingthe. | — | — | x | — | — | — | — | — | — | — |

| Ní | | Catagóirí feithiclí | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | $M_1$ | $M_2$ | $M_3$ | $N_1$ | $N_2$ | $N_3$ | $O_1$ | $O_2$ | $O_3$ | $O_4$ |
| 9. | Céimeanna in-aistarraingthe nuair atá siad in úsáid agus nuair atá an fheithicil ina seasamh; | x | x | x | x | x | x | x | x | x | x |
| 10. | Áiseanna breathnaithe agus braite lena n-áirítear radair | — | x | x | | x | x | x | x | x | x |
| 11. | Gairis agus trealamh aeraidinimiciúil<br>Ní sháróidh leithead na feithicle, lena n-áirítear leithead an chabhail chóirithe le ballaí inslithe, 2 600 mm, lena n-áirítear gobadh amach tomhaiste, leis na gairis agus an trealamh seasta sna suíomhanna aistarraingthe nó fillte agus in-úsáide araon. | — | x | x | — | x | x | — | — | x | x |
| 12 | Gairis shéalaithe saincheaptha agus a gcosaint | — | — | — | x | x | x | x | x | x | x |
| 13. | Gairis chun an tarpól a shlánú agus a gcosaint nach bhfuil ag gobadh amach níos mó ná 20 mm i gcás nach bhfuil siad níos mó ná 2.0 m ó leibhéal na talún agus níos mó ná 50 mm i gcás ina bhfuil siad níos mó ná 2.0 m ó leibhéal na talún. Beidh na himill cruinn chuig ga nach lú ná 2.5 mm. | — | — | — | x | x | x | x | x | x | x |
| 14. | Páirteanna solúbtha atá ag gobadh amach de chóras sochta sprae dá dtagraítear sa Rialachán seo. | — | — | — | — | x | x | — | — | x | x |
| 15 | Rothgharda solúbtha nach gcumhdaítear faoi iontráil 14. | — | x | x | x | x | x | x | x | x | x |
| 16. | Slabhraí sneachta | x | x | x | x | x | x | x | x | x | x |

| Ní | | Catagóirí feithiclí | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | $M_1$ | $M_2$ | $M_3$ | $N_1$ | $N_2$ | $N_3$ | $O_1$ | $O_2$ | $O_3$ | $O_4$ |
| 17. | Ráillí sábháilteachta ar iompróirí feithicle.<br>Le haghaidh feithiclí amháin a dearadh agus a tógadh chun dhá fheithicil eile ar a laghad a iompar agus lena bhfuil na ráillí sábháilteachta níos mó ná 2.0 m ach nach mó ná 3.70 m ón talamh agus nach ngobann siad amach níos mó ná 50 mm ó thaobh is forimeallaí na feithicle.<br>Ní sháróidh leithead na feithicle 2 650 mm. | — | — | — | — | x | x | — | — | x | x |
| 18. | Aeróga arna n-úsáid i gcomhair Cumarsáid feithicil le feithicil nó feithicil le bonneagar | x | x | x | x | x | x | x | x | x | x |
| 19. | Píobáin sholúbtha de chórais faireacháin brú boinn ar choinníoll nach ngobann siad amach níos mó na 70 mm ar gach taobh ó leithead is forimeallaí na feithicle | | | | | | x | | | x | x |

*Tábla III*

**Airde na feithicle**

| | | $M_1$ | $M_2$ | $M_3$ | $N_1$ | $N_2$ | $N_3$ | $O_1$ | $O_2$ | $O_3$ | $O_4$ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1. | Aeróga arna n-úsáid i gcomhair cumarsáid raidió, treoshuímh, feithicil le feithicil nó feithicil le bonneagar | x | x | x | x | x | x | x | x | x | x |
| 2. | Pantagraif nó búmanna tralaí ina suíomh ardaithe | — | — | x | — | — | x | — | — | — | — |

***Roinn G***

**Diallais incheadaithe le haghaidh cineálcheadaithe agus comhréireacht táirgeachta**

1. **Toisí**

1.1. Déanfar fad, leithead agus airde foriomlán a thomhas i gcomhréir le pointe 1.2. de Ranna B go E.

1.2. Faoin gcoinníoll nach sáraítear na teorainneacha a shonraítear i bpointe 1.1. de Ranna B go E, ní fhéadfaidh difear nach mó ná 3 % a bheith idir na toisí iarbhír agus iad sin a luann an monaróir.

2. **Mais réidh le hoibriú agus mais iarbhír na feithicle**

2.1. Seiceálfar an mhais réidh le hoibriú ón mais iarbhír ach an fheithicil a mheá agus mais an trealaimh roghnaigh feistithe a dhealú. Chun na críocha sin comhlíonfaidh an uirlis mheáite ceanglais Threoir 2014/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]).

2.2. D'fhéadfadh an mhais réidh le hoibriú a chinntear i gcomhréir le ceanglais phointe 2.1. diall ón luach ainmniúil a luaitear i bpointe 2.6.(b) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/683 nó in iontráil ábhartha an deimhnithe comhréireachta nach mó ná:

(a) 3 % a mhéid a bhaineann leis na diallais íosta agus uasta incheadaithe (= an diallas diúltach agus dearfach timpeall ar an luach dearbhaithe) a mhéid a bhaineann le feithiclí M, N agus O cé is moite d'fheithiclí sainchuspóireacha;

(b) 5 % a mhéid a bhaineann leis na diallais íosta agus uasta incheadaithe (= an diallas diúltach agus dearfach timpeall ar an luach dearbhaithe) a mhéid a bhaineann le feithiclí sainchuspóireacha;

(c) 5 % a mhéid a bhaineann leis na diallais íosta agus uasta incheadaithe (= an diallas diúltach agus dearfach timpeall ar an luach dearbhaithe) chun críocha mhíreanna (3) agus (4) d'Airteagal 31 de Rialachán (AE) 2018/858.


3. Beidh feidhm ag na diallais incheadaithe dá dtagraítear sa Roinn seo chun críocha mhíreanna (3) agus (4) d'Airteagal 31 de Rialachán (AE) 2018/858.

*Roinn H*

**Fíoracha maidir le ceanglais so-ionramháilteachta**

*Fíor 1*


**Ciorcal so-ionramháilteachta r= 5.3 m R = 12.5 m**





([6]) IO L 96, 29.3.2014, lch. 107.

*Fíor 2*

**Modh tiomáin isteach le haghaidh feithiclí i gcatagóir $M_2$ agus $M_3$**





*Fíor 2a*: cúl-luascadh (feithiclí neamhaltacha)
R= 12.5 m
r = 5.3 m
$U_{uasta}$ ≤ 60 cm




*Fíor 2b*: cúl-luascadh (feithiclí altacha)
R= 12.5 m
r = 5.3 m
$U_{uasta}$ ≤ 60 cm

*Fíor 3*

**modh foistine le haghaidh feithiclí i gcatagóir $N_2$ agus $N_3$**



*Roinn I*

**Tástáil tuairte do ghairis agus trealamh aeraidinimiciúil**

1. Coinníollacha tástála do ghairis agus trealamh aeraidinimiciúil

1.1. Arna iarraidh sin ag an monaróir, déanfar an tástáil ar cheann díobh seo a leanas:

1.1.1. ar fheithicil den chineál dá bhfuil na gairis agus an trealamh aeraidinimiciúil ceaptha;

1.1.2. ar chuid de chabhail an chineál feithicle dá bhfuil na gairis agus an trealamh aeraidinimiciúil ceaptha; beidh an chuid ionadaíoch de chineál na feithicle/na bhfeithiclí i gceist;

1.1.3. ar bhalla docht.

1.2. I gcás ina ndéantar an tástáil dá dtagraítear i bpointí 1.1.2. agus 1.1.3., beidh na páirteanna a úsáidfear chun na gairis agus an trealamh aeraidinimiciúil a cheangal le páirt de chabhail na feithicle nó le balla docht comhionann leo siúd a úsáidtear chun na gairis agus an trealamh aeraidinimiciúil a dhaingniú nuair atá sé suiteáilte ar an bhfeithicil. Beidh treoracha suiteála agus oibríochta ag gabháil le gach gaireas ina dtabharfar faisnéis leordhóthanach d'aon duine inniúil chun é a shuiteáil i gceart.

1.3. Arna iarraidh sin ag an monaróir, d'fhéadfaí an nós imeachta tástála ar a dtugtar tuairisc i bpointe 1.5. a dhéanamh le hionsamhlúchán ar ríomhaire i gcomhréir le hIarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858.

Ní dhéanfar an tsamhail mhatamaiticiúil a bhailíochtú ach má tá sí inchomparáide leis na dálaí tástála fisiciúla. Chun na críche sin, déanfar tástáil fhisiceach chun críocha na torthaí a fuarthas nuair a bhí an tsamhail mhatamaiticiúil á húsáid a chur i gcomparáid leis na torthaí ar thástáil fhisiceach. Cruthófar inchomparáideacht na dtorthaí tástála. Dréachtóidh an monaróir tuarascáil bailíochtaithe.

Beidh bailíochtú nua ag teastáil i gcomhréir leis an mír roimhe seo le haghaidh aon athrú ar an tsamhail mhatamaiticiúil nó ar na bogearraí ar dóchúil go bhfágfadh sé go mbeadh an tuarascáil bailíochtaithe neamhbhailí.

1.4. Coinníollacha chun tástálacha nó ionsamhlúcháin a dhéanamh.

1.4.1. Beidh an fheithicil ina seasamh ar dhromchla cothrom, docht agus réidh.

1.4.2. Beidh aon rothaí tosaigh iompaithe díreach chun tosaigh.

1.4.3. Beidh na boinn teannta chuig an mbrú a mholann monaróir na feithicle.

1.4.4. Beidh an fheithicil gan ualach.

1.4.5. D'fhéadfaí an fheithicil, más gá chun an fórsa tástála a éilítear i bpointe 1.5.1.2. a bhaint amach, a shrianadh trí mhodh ar bith. Sonróidh monaróir na feithicle an modh seo.

1.4.6. Déanfar tástáil ar fheithiclí atá feistithe le crochadh hidrineomatach, hiodrálach nó neomatach nó le gaireas le haghaidh leibhéalú uathoibríoch de réir lóid leis an gcrochadh nó leis an ngaireas sa ghnáthdháil réidh le hoibriú, mar a shonraíonn an monaróir.

1.5. Nós imeachta tástála

1.5.1. Déanfar na tástálacha chun measúnú a dhéanamh ar na gairis agus an trealamh aeraidinimiciúil a thairgeann leibhéal sonraithe de dhífhoirmiú fórsaí arna gcur i bhfeidhm go comhthreomhar le fad-ais na feithicle dá dtagraítear i bpointe 1.6.1. De rogha air sin, d'fhéadfadh go mbeadh an gaireas fillte nó aistarraingthe faoi thionchar an fhórsa. Fíorófar comhlíonadh an cheanglais dá dtagraítear i bpointe 1.6.2. trí bhíthin mandrailí tástála oiriúnacha chun críche na tástála tuairte. Beidh an gaireas a úsáidtear chun an fórsa tástála a dháileadh thar an dromchla réidh luaite nasctha leis an ngníomhróir fórsa trí alt sclóine. I gcásanna neamh-chomhoiriúnachtaí geoiméadracha, féadfar cuibheoir a úsáid in ionad gaireas le dromchla réidh.


1.5.1.1. Cuirfear fórsa i bhfeidhm comhthreomhar le fad-ais na feithicle trí dhromchla nó cuibheoir nach mó ná 250 mm ar airde agus 200 mm ar leithead le ga cuair 5 ± 1 mm ag na himill ingearacha. Ní bheidh an dromchla daingnithe go docht leis na gairis agus an trealamh aeraidinimiciúil agus beidh sé altach i ngach treo. I gcás ina ndéantar tástáil ar fheithicil dá dtagraítear i bpointe 1.1.1., sonróidh an monaróir airde imeall íochtair an dromchla nó an chuibheora i limistéar idir imeall íochtair na ngaireas agus an trealaimh aeraidinimiciúil agus pointe imeall uachtair an dromchla nó an chuibheora atá nach mó ná 2.0 m os cionn na talún i riocht suite ar fheithicil (féach fíor 1). Tá an pointe seo le sonrú ar fheithicil ualaithe leis an uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil.

I gcás ina ndéantar tástáil ar pháirt de chabhail an chineál feithicle dá dtagraítear i bpointe 1.1.2. nó ar bhalla docht dá dtagraítear i bpointe 1.1.3., sonróidh an monaróir airde lár an dromchla nó an chuibheora i limistéar idir imeall íochtair na ngaireas agus an trealaimh aeraidinimiciúil agus an pointe a léiríonn airde nach mó ná 2.0 m os cionn na talún i riocht suite ar fheithicil ualaithe leis an uasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil (féach fíor 2).

Sonróidh an monaróir suíomh beacht lár an dromchla nó an chuibheora i limistéar chur i bhfeidhm na bhfórsaí. I gcás ina bhfuil céimeanna éagsúla righnis ag gairis agus trealamh aeraidinimiciúil i limistéar chur i bhfeidhm na bhfórsaí (e.g. mar gheall ar atreisithe, ábhair nó tiúis éagsúla, etc.), suífear láthair lár an dromchla nó an chuibheora sa limistéar leis an bhfriotaíocht is airde in aghaidh fórsaí seachtracha i bhfadtreo na feithicle.


*Fíor 1*

**Airde an phointe tástála**



*Fíor 2.*


**Sampla de shocrú tástála**




1.5.1.1.1. Cuirfear fórsa cothrománach d'uasmhéid 4 000 N ± 400 N i ndiaidh a chéile le dhá phointe suite go siméadrach feadh lárlíne na feithicle nó lárlíne an ghairis ar imeall amuigh is faide ar chúl na ngaireas agus an trealaimh aeraidinimiciúil i suíomh iomlán neamhfhillte nó in-úsáide (féach fíor 3). Féadfaidh an monaróir an t-ord ina gcuirtear fórsaí i bhfeidhm a shonrú.

*Fíor 3:*

**Cur i bhfeidhm fórsa**



1.6. Ceanglais

1.6.1. Feisteofar na gairis agus an trealamh aeraidinimiciúil freisin ionas go ndífhoirmítear, go n-aistarraingítear nó go bhfilltear na gairis agus an trealamh nuair a chuirtear na fórsaí tástála i bhfeidhm mar a shonraítear i bpointe 1.5.1.2., a mbeidh fad teilgin ≤ 200 mm arna thomhas i bhfadtreo cothrománach ag na pointí a gcuirtear an fórsa i bhfeidhm mar thoradh air. Taifeadfar an fad teilgin a bhíonn mar thoradh air seo.

1.6.2. Ní chuirfidh na gairis agus an trealamh aeraidinimiciúil úsáideoirí feithiclí eile i gcontúirt in imbhualadh deiridh agus ní bheidh tionchar acu ar oibríocht an ghairis fobharra cosanta ar cúl.

***Roinn J***

**Imchlúdach cábáin tríthoiseach**

1. Nós imeachta ginearálta chun comhréireacht na mótarfheithicle a sheiceáil leis na paraiméadair a bhaineann leis an imchlúdach cábáin tríthoiseach

1.1. Teorainneacha ingearacha chrios measúnaithe chábán na mótarfheithicle

1.1.1. Glacfar uasleithead na feithicle ag láthair an chábáin $W_c$ ar aghaidh ón trasphlána ingearach atá suite ag acastóir is faide chun tosaigh na mótarfheithicle. Ní thabharfar na nithe a liostaítear i Roinn F san áireamh chun críocha an tomhais seo.

1.1.2. Measfar crios measúnaithe shuíomh chábán na mótarfheithicle ar bhealach ionas go gcomhfhreagraíonn sé le huasleithead $W_c$. Beidh fadphlánaí ingearacha mar theorainn leis an gcrios atá comhthreomhar le fadphlána meánach na mótarfheithicle agus atá fad $W_c$ óna chéile.


1.1.3. Bunófar an fad cothrománach $L_t$ ón bpointe is faide chun tosaigh de shuíomh chábán na mótarfheithicle arna ghlacadh ag airde ≤ 2 000 mm ón talamh arna thomhas i riocht neamhualaithe.

Socrófar an fad $L_t$ ag 200 mm chun críche an mheasúnaithe sin (féach Fíor 1).

Beidh trasphlána ingearach, ingearach le fadphlána meánach na mótarfheithicle, atá suite taobh thiar den phointe is faide chun tosaigh thuasluaite le fad $L_t$ mar theorainn ar thaobh cúil an chreasa measúnaithe.

*Fíor 1*


**Imchlúdach 3T**



1.1.4. Measfar trasnuithe an chúlphlána a fhoirmíonn taobh an chreasa measúnaithe leis an dá phlána amuigh, líne $T_{ar\ chlé}$ agus $T_{ar\ dheis}$ chun críche phointe 1.3.3.2. (féach Fíor 2).

*Fíor 2.*

**Imchlúdach 3T**




1.2. Teorainneacha cothrománacha chrios measúnaithe chábán na mótarfheithicle

1.2.1. Sa chrios measúnaithe, socrófar líne theorann an éadain tosaigh íochtair ag leibhéal na talún agus socrófar líne theorann an éadain tosaigh uachtair ag 2 000 mm os cionn na talún mar a thomhaistear i riocht neamhualaithe.

1.3. Forálacha sonracha do chrios measúnaithe chábán na mótarfheithicle

1.3.1. Chun críocha na Ranna seo, measfar éadan tosaigh chábán na mótarfheithicle, d'ainneoin an chineál ábhair. Ní thabharfar na nithe a liostaítear i Roinn F san áireamh áfach.

1.3.2. Sciotadh ag tosach an chábáin

1.3.2.1. Chun críocha na Roinne seo, measfar "sciotadh", a chiallaíonn claonadh siar éadan tosaigh na mótarfheithicle ag suíomh an chábáin ón ingearach, i gcás go luíonn aon phointe atá suite os cionn pointe eile taobh thiar den phointe eile sin.


1.3.2.2. I gcomhair crios measúnaithe an sciota, measfar an pointe is faide chun tosaigh de shuíomh chábán na mótarfheithicle dá dtagraítear i bpointe 1.1.3.

Measfar an trasphlána ingearach trí phointe is faide chun tosaigh an chábáin, arna ghlacadh ag airde ≤ 2 000 mm ón talamh arna thomhas i riocht neamhualaithe, maidir lena thrasnáil leis an bplána cothrománach atá suite ag airde 1 000 mm. Glacfar an líne trasnála ansin mar bhunlíne imchlúdaigh chun measúnú a dhéanamh ar sciotadh chábán na feithicle sa chrios measúnaithe a thugtar.

1.3.2.3. Glacfar plána ag rothlú timpeall ar an mbunlíne imchlúdaigh dá dtagraítear sa dara mír de phointe 1.3.2.2., claonta ar chúl ón ingearach faoi 3° (féach Fíor 3).

*Fíor 3:*

**Sciotadh**




1.3.2.4. Ní luífidh aon phointe de dhromchla iarbhír an éadain thosaigh, mar atá suite i gcrios measúnaithe an sciota, chun tosaigh ón bplána claonta ar chúl dá dtagraítear i bpointe 1.3.2.3. nuair a theagmhaíonn an pointe is faide chun tosaigh de shuíomh chábán na mótarfheithicle an trasphlána ingearach.

1.3.3. Barrchaolú taobhanna chábán na mótarfheithicle.

1.3.3.1. I gcrios measúnaithe shuíomh chábán na mótarfheithicle, barrchaolófar an t-éadan tosaigh ar bhealach ina gcoinbhéirsíonn na dromchlaí ainmniúla ábhartha go ginearálta i dtreo limistéar coitianta a luíonn chun tosaigh ón gcábán agus i bhfadphlána meánach na mótarfheithicle.

1.3.3.2. Measfar dhá phlána cheartingearacha, ceann ar an taobh clé agus ceann ar an taobh deas, an dá cheann díobh faoi uillinn chothrománach 20° i ndáil le fadphlána meánach agus dá bhrí sin 40° óna chéile. Tá na plánaí seo suite ar bhealach a fhágann go dtrasnaíonn siad freisin le línte $T_{ar\ chlé}$ agus $T_{ar\ dheis}$ dá dtagraítear i bpointe 1.1.4., faoi seach.

1.3.3.3. Ní luífidh aon phointe de dhromchla iarbhír an éadain tosaigh, mar atá suite sa chrios clé agus deas amuigh, taobh amuigh den phlána ceartingearach faoi seach dá dtagraítear i bpointe 1.3.3.2. agus an pointe is faide chun tosaigh de shuíomh chábán na mótarfheithicle ag déanamh teagmháil leis an trasphlána ingearach dá dtagraítear i bpointe 1.3.2.4.

2. Mura gcomhlíontar aon cheann de na coinníollacha a leagtar amach sa Roinn seo, measfar nach gcomhlíonann cábán na mótarfheithicle le paraiméadair an imchlúdaigh tríthoisigh dá dtagraítear i bpointe 1.4.1. de Roinn D.

***Roinn K***

**Inghrádánú feithiclí easbhóthair**

1.. Ginearálta

1.1. Leagtar síos sa Roinn seo na ceanglais theicniúla chun críocha inghrádánú feithicle a fhíorú d'fhonn í a chatagóiriú mar fheithicil easbhóthair i gcomhréir le Roinn 5 d'Aguisín 1 a ghabhann le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858.

1.2. Fíorófar leis an tseirbhís theicniúil má tá an fheithicil iomlán nó críochnaithe, nó an t-aonad tarracóra le haghaidh leathleantóra le meas mar fheithicil easbhóthair i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858/

1.3. I gcomhair feithiclí neamhiomlána, níor cheart an deimhniú seo a dhéanamh ach ar iarraidh ón monaróir.

2. Coinníollacha *tástála*

2.1. Ullmhú na feithicle

2.1.1. Socrófar an fheithicil sna coinníollacha a mholann an monaróir agus feisteofar í leis an trealamh dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/683.

2.1.2. Socrófar coigeartú na gcoscán, na cráige (nó a chomhionann), an innill agus an ghiarbhosca i gcomhréir le moltaí an mhonaróra chun críocha úsáid na ngnáthbhóthar.

2.1.3. Úsáidfear boinn a mholtar don úsáid easbhóthair. Beidh doimhneacht tráchta nach lú ná 90 % de dhoimhneacht tráchta bonn nua acu. Coigeartófar brú na mbonn chuig an luach a mholann monaróir na mbonn.

2.1.4. Ualófar an fheithicil ag a huasmhais ualaithe is incheadaithe go teicniúil le dáileadh ualaigh atá comhréireach le dáileadh na huasmhaise ar na hacastóirí mar a luaigh an monaróir.

Mar shampla, tástálfar feithicil 7.5 tona le huasmhais 4 thona ar an acastóir tosaigh agus uasmhais 6 thona ar an acastóir cúil le mais 3 thona (40 %) ar an acastóir tosaigh agus 4.5 tona (60 %) ar an acastóir cúil.

2.2. Coinníollacha an raoin tástála

2.2.1. Beidh dromchla an raoin tástála tirim, déanta d'asfalt nó coincréit

2.2.2. Taispeánfaidh an grádán céatadán leanúnach 25 % le lamháltas + 3 % ($\vartheta$ = 14 chéim).

2.2.3. I gcomhaontú leis an monaróir, d'fhéadfaí an tástáil a dhéanamh ar ghrádán a léiríonn céatadán níos mó ná 25 %. Déanfar an tástáil leis na huasmhaiseanna laghdaithe i ndáil leis na coinníollacha tástála.

2.3. Tabharfar tuairisc ar na coinníollacha sin.

2.3.1. Taispeánfaidh dromchla an raoin comhéifeacht ghreamaitheachta mhaith.

Tomhaisfear Innéacs um Fhriotaíocht Sciorrtha ("SRI") i gcomhréir le Caighdeán CEN/TS 13036-2: 2010 Saintréithe dromchla bóthair agus aerpháirce – Modhanna tástála – Cuid 2: Measúnú ar fhriotaíocht sciorrtha dhromchla pábháil bóthair trí chórais tomhaiste dinimiciúla a úsáid.

Tuairisceofar meánluach an SRI.

3. Nós imeachta tástála

3.1. Cuirfear an fheithicil i dtosach ar dhromchla cothrománach.

3.2. Socrófar an modh frithchuimilte amhail le haghaidh úsáid easbhóthair. Ceadóidh an giar/na giaranna a úsáidtear luas seasmhach.

3.3. Beidh feidhm le Ranna 5 agus 6 d'Aguisín 1 a ghabhann le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2018/858.

***Roinn L***

**Coinníollacha comhionannais crochadh le haerchrochadh**

1. Leagtar síos sa Roinn seo na coinníollacha teicniúla a bhaineann le comhionannas crochta le haerchrochadh i gcomhair acastóir(í) tiomána feithicle.

2. D'fhonn go n-aithneofaí mar chomhionann le haerchrochadh é, comhlíonfaidh crochadh na ceanglais seo a leanas:

le linn ascalú ingearach ar mhinicíocht íseal neamhbhuan saor na maise crochta os cionn an acastóir tiomána nó an ghrúpa acastóirí, tiocfaidh minicíocht agus maolú tomhaiste leis an ualach uasta á iompar ag an gcrochadh faoi réim na dteorainneacha arna sainmhíniú i bpointí 2.3. go 2.6.

2.1. Beidh maolairí hiodrálacha feistithe ar gach acastóir. Ar ghrúpaí acastóirí, suífear na maolairí chun ascalú an ghrúpa acastóirí a íoslaghdú.

2.2. Beidh an meánchóimheas maolúcháin Dm níos mó ná 20 % de mhaolú criticiúil le haghaidh crochta ina ghnáthriocht leis na maolairí hiodrálacha i bhfeidhm agus ag oibriú.

2.3. Ní bheidh cóimheas maolúcháin Dr an chrochta leis na maolairí hiodrálacha ar fad bainte nó éagumasaithe níos mó ná 50 % de Dm.

2.4. Ní bheidh minicíocht na maise crochta os cionn an acastóra tiomána nó an ghrúpa acastóirí in ascalú ingearach neamhbhuan saor níos mó ná 2,0 Hz.

2.5. Leagfar síos i bpointe 3 na nósanna imeachta tástála chun an mhinicíocht agus maolú a thomhas.

3. Nós imeachta tástála

3.1. Minicíocht agus maolú

3.1.1. Tabharfar ascalú saor na maise crochta leis an gcothromóid seo a leanas:

$$M\frac{d^2Z}{dt^2} + C\frac{dZ}{dt} + KZ = O$$

I gcás

Is ionann "M" agus mais chrochta (kg),

Is ionann "Z" agus díláithriúchán ingearach na maise crochta (m),

Is ionann "C" agus an chomhéifeacht maolaithe iomlán (N.s/m) agus

Is ionann "K" agus righneas ingearach iomlán idir dromchla an bhóthair agus an mhais chrochta (N/m)

3.1.2. Tabharfar minicíocht ascalaithe ("F" in Hz) na maise crochta leis an gcothromóid seo a leanas:

$$F = \frac{1}{2\pi}\sqrt{\frac{K}{M} - \frac{C^2}{4M^2}}$$

3.1.3. Tá an maolú criticiúil i gcás ina bhfuil C = Co

i gcás inarb amhlaidh:

$$Co = 2\sqrt{KM}$$

Is ionann an cóimheas maolaithe mar chodán de chriticiúil agus C/Co.

3.1.4. le linn ascalú neamhbhuan saor na maise crochta, leanfaidh gluaisne ingearach na maise conair síneasóideach mhaolaithe (Fíor 2). Is féidir an mhinicíocht a mheas tríd an am i gcomhair an oiread timthriallacha ascalaithe a bhreathnaítear, a thomhas. Is féidir an maolú a mheas trí bhíthin airde buaiceanna comhleanúnacha an ascalaithe sa treo céanna a thomhas.

3.1.5. Más ionann na buaic-aimplitiúidí don chéad agus dara timthriall ascalaithe agus $A_1$ agus $A_2$, tugtar an cóimheas maolaithe D leis an gcothromóid seo a leanas:

$$D = \frac{C}{Co} = \frac{1}{2\pi} = \text{In}\frac{A_1}{A_2}$$

is ionann "ln" agus logartam nádúrtha an chóimheasa aimplitiúide.

3.2. Nós imeachta tástála

Chun an cóimheas maolaithe Dm, an cóimheas maolaithe Dr, le maolairí hiodrálacha bainte, agus minicíocht F an chrochta a bhunú trí thástáil, beidh an fheithicil ualaithe:

(a) á tiomáint ag luas íseal (5 km/u ± 1 km/u) thar chéim 80 mm leis an bpróifíl a thaispeántar i bhFíor 1. Tarlaíonn an t-ascalú neamhbhuan a bhfuil anailís le déanamh air i gcomhair minicíochta agus maolaithe tar éis do rotha an acastóra tiomána an chéim a fhágáil;

(b) tarraingthe síos ag a fonnadh ionas gurb ionann ualach an acastóra tiomána agus 1.5 uaire a uasluach statach. Scaoiltear an fheithicil atá coinnithe síos go tobann agus déantar anailís ar an ascalú comhleanúnach;

(c) tarraingthe aníos ag a fonnadh ionas go n-ardaítear an mhais chrochta 80 mm os cionn an acastóra tiomána. Scaoiltear anuas an fheithicil atá coinnithe thuas go tobann agus déantar anailís ar an ascalú comhleanúnach;

(d) faoi réir nósanna imeachta eile a mhéid is gur chruthaigh an monaróir, chun sástacht na seirbhíse teicniúla, go bhfuil siad comhionann.

3.3 Trealamh tástála na feithicle agus coinníollacha luchtaithe

3.3.1. Feisteofar an fheithicil le trasduchtóir díláithriúcháin ingearach idir an t-acastóir tiomána agus an fonnadh, díreach os cionn an acastóra tiomána. Ón rian, tomhaisfear an t-eatramh ama idir an chéad agus an dara buaic-chomhbhrú chun an maolú a fháil.


Le haghaidh comhghrúpaí acastóirí tiomána, feisteofar trasduchtóirí díláithriúcháin ingearacha idir gach acastóir tiomána agus an fonnadh díreach os a chionn.

3.3.2. Beidh na boinn teannta chuig an mbrú iomchuí a mholann an monaróir.

3.3.3. Déanfar an tástáil chun comhionannas na gcrochtaí a fhíorú ag an uasmhais is incheadaithe go teicniúil ar an acastóir nó ar an ngrúpa acastóirí, agus an comhionannas a mheastar chun na maiseanna níos ísle ar fad a chumhdach.


*Fíor 1*

**Céim i gcomhair tástálacha crochta**



*Fíor 2.*

**Freagairt dhíomuan mhaolaithe**




***Roinn M***

**Sonraíochtaí teicniúla le haghaidh suiteáil acastóra/acastóirí ardaithe nó inluchtaithe ar fheithiclí**

1. Má fheistítear feithicil le hacastóir ardaithe nó inluchtaithe amháin nó níos mó, áiritheofar nach sáraítear faoi ghnáthdhálaí tiomána na huasmhaiseanna cláraithe/i seirbhís is incheadaithe ar acastóirí aonair nó grúpaí acastóirí. Chuige sin, ísleofar an t-acastóir/na hacastóirí ardaithe nó inluchtaithe chuig an talamh nó luchtófar go huathoibríoch iad má tá an t-acastóir/na hacastóirí is cóngaraí don ghrúpa nó acastóir(í) tosaigh na mótarfheithicle ualaithe chuig a uasmhais/n-uasmhaiseanna cláraithe/i seirbhís incheadaithe.

   I gcás ina bhfuil an t-acastóir ardaithe sa suíomh ardaithe, áiritheofar go mbeidh an mhais ar an acastóir/na hacastóirí faoi stiúir fós leordhóthanach chun tiomáint shábháilte na feithicle a áirithiú i ngach cúinse. Chun na críocha sin, sonróidh monaróir na feithicle, i gcás feithiclí neamhchríochnaithe, an uasmhais ar an acastóir/na hacastóirí faoi stiúir.

2. Dearfar agus suiteálfar gach gaireas ardaithe acastóra atá feistithe ar fheithicil, chomh maith leis na córais chun é a oibriú, ar bhealach a thabharfaidh cosaint dóibh ó úsáid mhíchuí nó ó athrú calaoiseach.

3. Ceanglais chun feithiclí a bhogadh ar aghaidh ar dhromchlaí sleamhain agus chun a so-ionramháilteacht a fheabhsú

3.1. De mhaolú ar cheanglais phointe 1 agus chun cabhrú le mótarfheithiclí nó cónaisc feithiclí bogadh ar aghaidh ar thalamh sleamhain agus chun tarraingt na mbonn ar na dromchlaí sin a mhéadú mar aon lena so-ionramháilteacht a fheabhsú, féadfaidh an gaireas ardaithe acastóra an t-acastóir/na hacastóirí ardaithe nó inluchtaithe mótarfheithicle nó leathleantóra a ghníomhrú chun an mhais ar acastóir tiomána na mótarfheithicle a mhéadú nó a laghdú, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

   (a) féadfaidh an mhais a chomhfhreagraíonn don ualach ar gach acastóir den fheithicil an uasmhais incheadaithe ar an acastóir atá i bhfeidhm sa Bhallstát a shárú faoi suas le 30 % ar choinníoll nach sáraíonn sé an luach a luann an monaróir chun na críche speisialta sin;

   (b) fanfaidh an mhais a chomhfhreagraíonn don ualach atá fanta ar an acastóir/na hacastóirí tosaigh os cionn nialas (i.e. i gcás acastóir inluchtaithe cúil le starradh fada cúil, ní féidir leis an bhfeithicil iompú bunoscionn);

   (c) ní ghníomhrófar an t-acastóir/na hacastóirí ardaithe nó inluchtaithe ach le rialú sonrach;

   (d) tar éis don fheithicil bogadh ar aghaidh agus sula sáraíonn an luas 30 km/u, ísleofar an t-acastóir/na hacastóirí go huathoibríoch arís chuig an talamh nó athluchtófar é/iad.

CUID 3

***Roinn A***

**DEIMHNIÚ AR CHINEÁLCHEADÚ AE (CÓRAS FEITHICLE)**

Teachtaireacht maidir le cineálcheadú *a dheonú / a shíneadh / a dhiúltú / a tharraingt siar* (7) i leith cineál feithicle maidir lena mhaiseanna agus toisí i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/535, arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) Uimh. .../...

Uimhir an deimhnithe ar chineálcheadú ón Aontas.

An chúis leis an *síneadh / diúltú / tarraingt siar* (7):

*ROINN I*

(Le líonadh isteach i gcomhréir le Roinn I den teimpléad de Shamhail B in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún)

*ROINN II*

(Le líonadh isteach i gcomhréir le Roinn II den teimpléad de Shamhail B in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún)

*Aguisín*

**le deimhniú ar chineálcheadú AE uimhir ...**

1. Faisnéis bhreise:

1.1. Cineálcheadaíodh an fheithicil i gcomhréir le hAirteagal 6(3) nó (4) de Rialachán (AE) 2020/ ... *[Cuir isteach an tagairt don Rialachán seo]* (i.e. sáraíonn toisí is forimeallaí na feithicle na huastoisí a luaitear i Roinn B, C, D nó E i gCuid 3) cineálcheadaíodh/níor cineálcheadaíodh (7)

1.2. Cineálcheadaíodh an fheithicil chun críocha Airteagal 8b de Threoir 96/53/CE (i.e. gairis nó trealamh aeraidinimiciúil ag cúl na feithicle): cineálcheadaíodh/níor cineálcheadaíodh (7)

1.3. Cineálcheadaíodh an fheithicil chun críocha Airteagal 9a de Threoir 96/53/CE (i.e. cábán fadaithe nó cábán feistithe le gairis nó trealamh aeraidinimiciúil): cineálcheadaíodh/níor cineálcheadaíodh (7)

1.4. Cineálcheadaíodh an fheithicil chun críocha Airteagal 10b de Threoir 96/53/CE:

1.4.1. Meáchan breise feithiclí breosla ionadúil: cineálcheadaíodh/níor cineálcheadaíodh (7)

1.4.2. Meáchan breise feithiclí atá saor ó astaíochtaí: cineálcheadaíodh/níor cineálcheadaíodh (7)

2. Tá aerchrochadh feistithe ar an bhfeithicil: cineálcheadaíodh/níor cineálcheadaíodh (7)

3. Tá crochadh feistithe ar an bhfeithicil a aithnítear a bheith comhionann le haerchrochadh: cineálcheadaíodh/níor cineálcheadaíodh (7)

4. Comhlíonann an fheithicil na ceanglais le haghaidh feithicil easbhóthair: cineálcheadaíodh/níor cineálcheadaíodh (7)

5. Nótaí:

(7) Scrios murab infheidhme.

***Roinn B***

**DEIMHNIÚ AR CHINEÁLCHEADÚ AE (STU)**

Teachtaireacht maidir le cineálcheadú *a dheonú / a shíneadh / a dhiúltú / a tharraingt siar* ([8]) i leith cineál an ghairis agus an trealaimh aeraidinimiciúil mar aonad teicniúil ar leithligh i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/535, arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) Uimh. …/…

Uimhir an deimhnithe ar chineálcheadú ón Aontas.

An chúis leis an *síneadh / diúltú / tarraingt siar* ([8]):

*ROINN I*

(Le líonadh isteach i gcomhréir le Roinn I den teimpléad de Shamhail C in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún)

*ROINN II*

(Le líonadh isteach i gcomhréir le Roinn II den teimpléad de Shamhail C in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún)

*Aguisín*

**a ghabhann le deimhniú ar chineálcheadú AE uimhir …**

1. Tuairisc achomair ar chineál an aonaid theicniúil ar leithligh:

2. Tuairisc mhionsonraithe ar an ngaireas nó trealamh aeraidinimiciúil:

2.1. An líon gnéithe ar leithligh:

2.2. Tuairisc ar thógáil agus ábhair:

2.3. Tuairisc ar chóras glasála agus coigeartaithe:

2.4. Tuairisc ar cheangal agus gléasadh den fheithicil:

2.5. Aonad teicniúil ar leithligh: leathuilíoch/sonrach don fheithicil ([8])

3. Liosta na gcineálacha feithiclí sonracha a bhfuil aonad teicniúil ar leithligh ceadaithe dóibh (más infheidhme):

4. Tuairisc mhionsonraithe ar shonraíochtaí sonracha na láithreach gléasta ar fheithiclí i gcás gaireas nó trealamh aeraidinimiciúil leathuilíoch (más infheidhme):

5. Nótaí:

6. Marc cineálcheadaithe agus a shuíomh:

([8]) Scrios murab infheidhme.

## *Roinn C*

### MARC CINEÁLCHEADAITHE AONAID THEICNIÚIL AR LEITHLIGH AN AONTAIS LE HAGHAIDH GAIREAS NÓ TREALAMH AERAIDINIMICIÚIL

1. Beidh marc cineálcheadaithe aonaid theicniúil ar leithligh an Aontais comhdhéanta de:

1.1. Dronuilleog timpeall ar an litir "e" sa chás íochtair agus uimhir shainiúil an Bhallstáit a bhronn cineálcheadú aonaid theicniúil ar leithligh an Aontais:

| | |
|---|---|
| 1 | don Ghearmáin |
| 2 | don Fhrainc |
| 3 | don Iodáil |
| 4 | don Ísiltír |
| 5 | don tSualainn |
| 6 | don Bheilg |
| 7 | don Ungáir |
| 8 | do Phoblacht na Seice |
| 9 | don Spáinn |
| 12 | don Ostair |
| 13 | do Lucsamburg |
| 17 | don Fhionlainn |
| 18 | don Danmhairg |
| 19 | don Rómáin |

| | |
|---|---|
| 20 | don Pholainn |
| 21 | don Phortaingéil |
| 23 | don Ghréig |
| 24 | d'Éirinn |
| 25 | don Chróit |
| 26 | don tSlóivéin |
| 27 | don tSlóvaic |
| 29 | don Eastóin |
| 32 | don Laitvia |
| 34 | don Bhulgáir |
| 36 | don Liotuáin |
| 49 | don Chipir |
| 50 | do Mhálta |

1.2. I gcóngaracht na dronuilleoige an "bhonnuimhir formheasa" atá i Roinn 4 den uimhir cineálcheadaithe a bhfuil an dá fhigiúr a thugann an uimhir sheichimh a shanntar don Rialachán seo nó an mórleasú teicniúil leis an Rialachán seo le fios roimhe. Is ionann an uimhir sheichimh faoi láthair agus "00".

1.3. I gcás gaireas nó trealamh aeraidinimiciúil cábán, beidh an tsiombail "96/53/CE AIRTEAGAL 9A COMHLÍONTACH" roimh an uimhir sheichimh.


1.4. I gcás gaireas nó trealamh aeraidinimiciúil atá le bheith suite ar chúl na feithicle, beidh an tsiombail "96/53/CE AIRTEAGAL 8B COMHLÍONTACH" roimh an uimhir sheichimh.

2. Greamófar marc cineálcheadaithe aonaid theicniúil ar leithligh an Aontais ar phríomhpháirt an ghairis nó an trealaimh aeraidinimiciúil ar bhealach a fhágann go mbeidh sé doscriosta chomh maith le bheith inléite go soiléir agus go héasca fiú má tá an gaireas feistithe ar fheithicil.

3. Léirítear sampla de mharc cineálcheadaithe AE le haghaidh aonaid theicniúil ar leithligh i bhFíor 1.

*Fíor 1*

**Sampla de mharc cineálcheadaithe AE le haghaidh aonaid theicniúil ar leithligh**




*Nóta míniúcháin*

D’eisigh an Rómáin cineálcheadú aonaid theicniúil ar leithligh an Aontais de ghaireas nó trealamh aeraidinimiciúil le suiteáil ag cúl na feithicle (chun críche comhlíontacht le hAirteagal 8b de Threoir 96/53/CE) faoin uimhir 00046. Tugann an chéad dá dhigit “00” le fios gur formheasadh an t-aonad teicniúil ar leithligh i gcomhréir leis na Rialachán seo.

*IARSCRÍBHINN XIV*

**COMHOIRIÚNACHT ÁBHAIR AN CHÓRAIS HIDRIGINE AGUS GABHDÁN BREOSLAITHE**

CUID 1

***Roinn A***

**Doiciméad faisnéise a bhaineann le cineálcheadú AE ar fheithicil i ndáil lena córas hidrigine**

SAMHAIL

Uimh. doiciméad faisnéise … a bhaineann le cineálcheadú AE ar fheithicil i ndáil lena córas hidrigine.

Soláthrófar trí chóip den fhaisnéis a leanas, más infheidhme, agus áireofar liosta ábhair léi. Ní mór aon líníocht nó pictiúr a sholáthar ar scála iomchuí agus ar bhealach a bheidh mionsonraithe go leordhóthanach ar pháipéar de mhéid A4 nó ar fhillteán i bhformáid A4. Ní mór mionsonraí leordhóthanacha a bheith le feiceáil i ngrianghraif, más ann dóibh.

0.

0.1.

0.2.

0.2.1.

0.3.

0.3.1.

0.4.

0.5.

0.8.

0.9.

1.

1.1.

1.3.3.

1.4.

3.

3.9.

3.9.1.

3.9.1.1.

3.9.1.2.

3.9.1.3.

3.9.1.4.

3.9.6.

3.9.6.1.

3.9.6.2.

3.9.7.

3.9.7.1.

3.9.7.2.

3.9.8.

*Nóta míniúcháin*

Bunaítear an doiciméad faisnéise seo ar an teimpléad a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún agus líonfar isteach é leis an bhfaisnéis ábhartha faoi uimhreacha na bpointí a liostaítear thuas, mar a shainmhínítear sa teimpléad sin.

***Roinn B***

**Doiciméad faisnéise a bhaineann le cineálcheadú AE ar chomhpháirteanna hidrigine**

SAMHAIL

Uimh. doiciméad faisnéise ... a bhaineann le cineálcheadú AE ar fheithicil i ndáil lena córas hidrigine.

Soláthrófar trí chóip den fhaisnéis a leanas, más infheidhme, agus áireofar liosta ábhair léi. Ní mór aon líníocht nó pictiúr a sholáthar ar scála iomchuí agus ar bhealach a bheidh mionsonraithe go leordhóthanach ar pháipéar de mhéid A4 nó ar fhillteán i bhformáid A4. Ní mór mionsonraí leordhóthanacha a bheith le feiceáil i ngrianghraif, más ann dóibh.

0.

0.1.

0.2.

0.2.1.

0.5.

0.8.

0.9.

3.

3.9.

3.9.1.

3.9.1.1.

3.9.1.2.

3.9.1.3.

3.9.2.

3.9.2.1.

3.9.2.2.

3.9.2.3.

3.9.2.4.

3.9.2.5.

3.9.2.6.

3.9.2.7.

3.9.2.8.

3.9.3.

3.9.3.1.

3.9.3.2.

3.9.3.3.

3.9.3.4.

3.9.3.5.

3.9.3.6.

3.9.3.7.

3.9.3.8.

3.9.3.9.

3.9.3.10.

3.9.3.11.

3.9.4.

3.9.4.1.

3.9.4.2.

3.9.4.3.

3.9.4.4.

3.9.4.5.

3.9.4.6.

3.9.4.7.

3.9.5.

3.9.5.1.

3.9.5.2.

3.9.5.3.

3.9.5.4.

3.9.5.5.

3.9.5.6.

3.9.5.7.

*Nótaí míniúcháin*

Bunaítear an doiciméad faisnéise seo ar an teimpléad a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún agus líonfar isteach é leis an bhfaisnéis ábhartha faoi uimhreacha na bpointí a liostaítear thuas, mar a shainmhínítear sa teimpléad sin.

CUID 2

**_Roinn A_**

1. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1.1. ciallaíonn '*diosca bristeach*' an chuid oibríochtúil neamh-athdhúnta d'fheiste faoisimh brú atá, nuair atá sé suiteáilte sa ghaireas, deartha le pléascadh ag brú réamhchinntithe chun sceitheadh hidrigin chomhbhrúite a cheadú;

1.2. ciallaíonn '*comhla choiscthe*' comhla neamhchúlaithe a choisceann sreabhadh ar chúl i bpíobán breosla na feithicle;

1.3. ciallaíonn '*córas stórála hidrigine comhbhrúite (CSHC)*' córas a dearadh chun breosla hidrigine a stóráil i gcomhair feithicle faoi thiomáint hidrigine agus comhdhéanta de choimeádán brúchóirithe, feistí faoisimh brú (FFBanna) agus gaireas/gairis stoptha a scarann amach an hidrigin a stóráiltear ó fhuílleach an chórais breosla agus a thimpeallacht;

1.4. ciallaíonn '*coimeádán*' (le haghaidh stóráil hidrigine) an chomhpháirt laistigh den chóras stórála hidrigine ina stóráiltear toirt phríomha an bhreosla hidrigine;

1.5. ciallaíonn '*dáta bainte ó sheirbhís*' an dáta (mí agus bliain) a shonraítear le haghaidh baint ó sheirbhís;

1.6. ciallaíonn '*dáta monaraithe*' (choimeádáin hidrigine) an dáta (mí agus bliain) a dhéantar an tástáil róbhrú le linn na monaraíochta;

1.7. ciallaíonn '*spásanna iata nó leathiata*' na toirteanna speisialta laistigh den fheithicil (nó imlíne na feithicle thar oscailtí) atá inmheánach don chóras hidrigine (córas stórála, córas breosla-chill agus córas um bainistíocht sreabhadh breosla) agus a fheireadh (más ann dóibh) inar féidir le hidrigin carnadh (agus dá bhrí sin a bheith ina ghuais), mar go bhféadfadh sé tarlú san urrann phaisinéirí, san urrann bhagáiste agus sa spás faoin mboinéad;

1.8. ciallaíonn '*pointe sceite an sceite*' lárionad geoiméadrach an limistéir ina sceitear gás sciúrtha breosla-chill ón bhfeithicil;

1.9. ciallaíonn '*córas breosla-chill*' córas ina bhfuil cruachadh breosla-chill, córas um próiseáil aeir, córas rialaithe sreabhadh breosla, córas sceite, córas bainistíochta teirmí agus córas bainistíochta uisce;

1.10. ciallaíonn '*gabhdán breoslaithe*' an trealamh lena gceanglaíonn buinne stáisiún breoslaithe leis an bhfeithicil agus trína n-aistrítear an breosla chuig an bhfeithicil. Úsáidtear na gabhdáin bhreosla mar mhalairt ar bhéalóg breoslaithe;

1.11. ciallaíonn '*tiúchan hidrigine*' an céatadán de mhóil hidrigine (nó móilíní) laistigh den mheascán hidrigine agus aeir (comhionann le toirt pháirteach ghás hidrigine);

1.12. ciallaíonn '*feithicil faoi thiomáint hidrigine*' mótarfheithicil ar bith a bhaineann úsáid as hidrigin mar bhreosla chun an fheithicil a thiomáint, lena n-áirítear feithiclí breosla-chill agus inneall dócháin inmheánaigh. Sonraítear breosla hidrigine d'fheithiclí paisinéirí in ISO 14687-2: 2012 agus SAE J2719: (Athbhreithniú i mí Mheán Fómhair 2011);

1.13. ciallaíonn '*urrann bhagáiste*' an spás san fheithicil le haghaidh bagáiste agus/nó earraí a choinneáil, a bhfuil an díon, an boinéad, an t-urlár, na taobh-bhallaí timpeall uirthi, á scaradh ón urrann phaisinéirí ag an mbulcaid tosaigh nó ag an mbulcaid chúil;

1.14. ciallaíonn '*córas stórála hidrigine leachtaithe (CSHL)*' feistí faoisimh brú coimeádá(i)n stórála hidrigine leachtaithe, gaireas stoptha, córas galaithe agus píobáil idirnasctha (más ann di) agus feistis idir na comhpháirteanna thuas;

1.15. ciallaíonn '*monaróir*' an duine nó an comhlacht atá freagrach don údarás formheasa as gach gné den phróiseas cineálcheadaithe agus as comhréireacht táirgeachta a áirithiú. Níl sé fíor-riachtanach go mbíonn an duine nó an comhlacht bainteach go díreach i ngach céim de thógáil na feithicle, an chórais nó na comhpháirte atá faoi réir an phróisis fhormheasa;

1.16. ciallaíonn '*uasbhrú oibre incheadaithe (UBOI)*' an brúmhéadar is airde chuig a gceadaítear do choimeádán nó córas stórála oibriú faoi ghnáthdhálaí oibríochtúla;

1.17. ciallaíonn '*brú oibre ainmniúil (BOA)*' an brúmhéadar a shaintréithríonn gnáthoibriú córais. Le haghaidh coimeádán gás hidrigine comhbhrúite, is é BOA brú socraithe an gháis chomhbhrúite i gcoimeádán iomlán breoslaithe nó córas stórála ag teocht aonfhoirmeach 15 °C;

1.18. ciallaíonn '*uasbhrú breoslaithe (MFP)*' an t-uasbhrú a chuirtear i bhfeidhm ar chóras comhbhrúite le linn breoslaithe. Is ionann an t-uasbhrú breoslaithe agus 125 % den bhrú oibre ainmniúil (BOA);

1.19. ciallaíonn '*feiste faoisimh brú (FFB)*' feiste, nuair a ghníomhachtaítear í faoi choinníollacha feidhmíochta sonraithe, a úsáidtear chun hidrigin a scaoileadh ó chóras brúchóirithe agus dá bhrí sin a choisceann teipeadh an chórais;

1.20. ciallaíonn '*briseadh*' nó '*pléasctha*' araon teacht óna chéile go tobann agus go foréigneach, briseadh nó eitilt ina phíosa mar gheall ar fhórsa an bhrú inmheánaigh;

1.21. ciallaíonn '*comhla fuascailte sábháilteachta*' gaireas fuascailte brú a osclaíonn ag leibhéal brú réamhshocraithe agus ar féidir leis dúnadh arís;

1.22. ciallaíonn '*comhla stoptha*' comhla idir an coimeádán stórála agus córas breosla na feithicle ar féidir é a ghníomhachtú go huathoibríoch agus réamhshocraíonn sé chuig an suíomh 'dúnta' nuair nach mbíonn sé ceangailte le foinse cumhachta;

1.23. ciallaíonn '*teip aonair*' teip mar thoradh ar imeacht aonair, lena n-áirítear aon teipeanna iarmhartacha mar thoradh ar an teip sin;

1.24. ciallaíonn '*feiste teirmea-ghníomhachtaithe faoisimh brú (FTGFB)*' feiste faoisimh brú neamh-athdhúnta a ghníomhachtaítear le teocht chun oscailt agus gás hidrigine a scaoileadh;

1.25. ciallaíonn '*córas breosla na feithicle*' cóimeáil comhpháirteanna a úsáidtear chun breosla hidrigine a stóráil nó a sholáthar chuig breosla-chill (FC) nó inneall dócháin inmheánaigh (ICE).

***Roinn B***

**Sonraíochtaí teicniúla le haghaidh cineálcheadú córas stórála hidrigine leachtaithe**

1. Ceanglais le haghaidh córais stórála hidrigine leachtaithe (CSHL).

1.1. Ceanglais ghinearálta.

1.1.1. Sonraítear sa Roinn seo na ceanglais le haghaidh CSHL. Beidh na córais iarbhír éagsúil i dtaobh cineál, líon, cumraíocht agus socrú na gcomhpháirteanna feidhmiúla. Sainmhínítear teorainneacha CSHL leis na comhéadain, ar féidir leis an hidrigin leachtaithe (agus/nó gásach) a stóráil ó fhuílleach an chórais breosla agus an comhshaol. Tá gach comhpháirt suite laistigh den teorainn seo faoi réir na gceanglas a shainmhínítear sa Rialachán seo. Léirítear i bhFíor 1 CSHL tipiciúil comhdhéanta de choimeádán stórála hidrigine, trí chineál gaireas dúnta agus a bhfeistis. Áireofar na feidhmeanna seo a leanas sna gairis dhúnta, ar féidir iad a chumasc:


(a) Gaireas stoptha uathoibríoch;

(b) Córas galaithe; agus

(c) Feiste faoisimh brú (FFB).

*Fíor 1*

**Gnáthchóras stórála hidrigine leachtaithe**




1.2. Ceanglais feidhmíochta:

Cáileoidh an córas stórála hidrigine leachtaithe do cheanglais na tástála feidhmíochta a shonraítear sa phointe seo. Sonróidh an monaróir Uasbhrú Oibre Incheadaithe (UBOI). Is iad na gnéithe tástála laistigh de na ceanglais feidhmíochta sin iad siúd i bpointí 1.2.1. go 1.2.4.

1.2.1. Méadracht bhunlíne a fhíorú.

1.2.1.1. Róbhrú:

Brúchóirítear córas chuig brú $p_{tástáil} \geq 1.3$ (UBOI ± 0.1 MPa) i gcomhréir le pointe 2.1.1. gan dífhoirmiú, díghrádú feiceálach an choimeádáin bhrú, nó sceitheadh inbhraite.

1.2.1.2. Brú pléasctha tosaigh na bunlíne.

1.2.1.3. Déantar an tástáil phléasctha in aghaidh an nós imeachta tástála i bpointe 2.1.2. ar shampla amháin den choimeádán istigh nach bhfuil comhtháite ina sheaicéad amuigh agus nach bhfuil inslithe.

1.2.1.4. Beidh an brú pléasctha ar a laghad cothrom leis an mbrú pléasctha a úsáidfear le haghaidh na ríomhanna meicniúla. Le haghaidh coimeádán cruach is é sin:

(a) Uasbhrú Oibre Incheadaithe (UBOI) (in MPa) móide 0.1 MPa iolraithe faoi 3.25; nó

(b) Uasbhrú Oibre Incheadaithe (UBOI) (in MPa) móide 0.1 MPa iolraithe faoi 1.5 agus iolraithe faoi $R_m/R_p$, i gcás inarb é $R_m$ íosneart teannachta deiridh ábhar an choimeádáin agus is ionann $R_p$ (íos-ghéillneart) agus 1.0 le haghaidh cruacha ástainíteacha agus gurb ionann Rp agus 0.2 le haghaidh cruacha eile.

1.2.1.5. Saolré brú-thimthriallta bunlíne.

1.2.1.5.1. Nuair a úsáidtear coimeádáin mhiotalacha agus/nó seaicéid fholúis mhiotalacha, soláthróidh an monaróir ríomh d'fhonn a léiriú go bhfuil an coimeádán deartha de réir reachtaíocht réigiúnach atá ann faoi láthair nó caighdeán inghlactha (e.g. sna Stáit Aontaithe Cód d'Árthaí Brú agus Coirí ASME, san Eoraip EN 1251-1 agus EN 1251-2 agus i ngach tír eile rialachán is infheidhme maidir le dearadh coimeádán brú miotalach), nó déanfaidh sé tástálacha oiriúnacha (lena n-áirítear pointe 2.1.3.) a chruthaíonn an leibhéal céanna sábháilteachta i gcomparáid le dearadh arna thacú ag ríomh de réir na gcaighdeán inghlactha nó déanfaidh sé iad a shainiú.

1.2.1.5.2. I gcás coimeádáin neamh-mhiotalacha agus/nó seaicéid fholúis, anuas ar thástáil phointe 2.1.3., dearfaidh an monaróir tástálacha oiriúnacha chun an leibhéal céanna sábháilteachta a chruthú i gcomparáid le coimeádán miotalach.

1.2.2. Fíorú le haghaidh feidhmíocht tuartha ar bóthar.

1.2.2.1. Galú

1.2.2.1.1. Déantar an tástáil ghalaithe ar chóras stórála hidrigine leachtaithe ag a bhfuil na comhpháirteanna ar fad. Déantar an tástáil ar chóras atá líonta le hidrigin leachtach de réir an nós imeachta tástála i bpointe 2.2.1. agus léireoidh sé go dteorannaíonn an córas galaithe an brú ar an gcoimeádán stórála istigh faoin uasbhrú oibre incheadaithe.

1.2.2.2. Sceitheadh

1.2.2.2.1. Tar éis an tástáil ghalaithe i bpointe 2.2.1., coinnítear an córas ag brú galaithe agus tomhaisfear an ráta sceite iomlán mar gheall ar sceitheadh de réir an nós imeachta tástála i bpointe 2.2.2. Is ionann an t-uas-sceitheadh incheadaithe ón gcóras stórála hidrigine agus R*150 Nml/nóim i gcás ina bhfuil R = (Vleithead+1)*(Vairde+0.5)*(Vfad+1)/30.4 gurb ionann Vleithead, Vairde, Vfad agus leithead, airde agus fad (m) na feithicle, faoi seach.

1.2.2.3. Caillteanas folúis.

1.2.2.3.1. Déantar an tástáil chaillteanais folúis ar chóras stórála hidrigine leachtaithe ag a bhfuil na comhpháirteanna ar fad a dtugtar tuairisc air i bhFíor 1 thuas. Déantar an tástáil ar chóras líonta le hidrigin leachtach de réir an nós imeachta tástála i bpointe 2.2.3. agus léireoidh sé go dteorannaíonn na feistí faoisimh brú phríomha agus thánaisteacha araon an brú chuig na luachanna a shonraítear i bpointe 2.2.3. ar fhaitíos go gcailltear brú folúis.

1.2.3. Coinníollacha foirceannta seirbhíse a fhíorú:

1.2.3.1. Tástáil tine chnámh.

1.2.3.1.1. Léireofar feidhm na bhfeistí faoisimh brú agus éagmais briste faoi na coinníollacha foirceannta seirbhíse seo a leanas i gcomhréir leis na nósanna imeachta tástála a fholaítear i bpointe 2.3.

1.2.3.1.2. Líontar córas stórála hidrigine chuig leibhéal leachta leathlán agus nochtfar le tine é i gcomhréir le nós imeachta tástála phointe 2.3. Sceithfidh an feiste /na feistí faoisimh brú an gás atá coimeádta ar bhealach rialaithe gan bhriseadh.

1.2.3.1.3. Le haghaidh coimeádán cruach, pasálfar an tástáil nuair a chomhlíontar na ceanglais a bhaineann le teorainneacha brú le haghaidh na bhfeistí faoisimh brú mar a dtugtar tuairisc orthu i bpointe 2.3. Le haghaidh ábhair choimeádáin eile, léireofar leibhéal comhionann sábháilteachta.

1.2.3.2. Ceanglais le haghaidh feiste faoisimh brú agus gaireas stoptha.

1.2.3.2.1. Comhlíonfaidh an feiste faoisimh brú agus an gaireas stoptha, mar a dtugtar tuairisc orthu i bhFíor 1, ceann de na ceanglais seo a leanas:

(a) Cineálcheadófar na gairis i gcomhréir le pointe 1 den Roinn seo agus táirgfear iad i gcomhréir leis an gcineál a ceadaíodh; nó

(b) Áiritheoidh monaróir an chórais stórála hidrigine leachtaithe go gcomhlíonann na gairis ceanglais phointe 1 den Roinn seo.

1.2.4. Lipéadú:

Greamófar lipéad go buan ar gach coimeádán leis an bhfaisnéis a leanas ar a laghad: Ainm an Mhonaróra, Sraithuimhir, Dáta na Monaraíochta, UBOI, cineál breosla (i.e. 'CHG' le haghaidh hidrigin ghásach nó 'LH2' le haghaidh hidrigin leachtach).

2. Nósanna imeachta tástála le haghaidh CSHL.

2.1. Tástálacha chun méadracht bhunlíne a fhíorú.

2.1.1. Tástáil róbhrú.

2.1.1.1. Seasfaidh an coimeádán istigh agus an phíbobair atá suite idir an coimeádán istigh agus an seaicéad amuigh tástáil brú istigh ag teocht an tseomra de réir na gceanglas a leanas.

2.1.1.2. Sainmhíníonn an monaróir an tástáil bhrú $p_{tástáil}$ agus comhlíonfaidh sé go hiomlán na ceanglais a leanas:

$p_{tástáil} \geq 1.3$ (UBOI ± 0.1 MPa)

(a) Le haghaidh coimeádáin mhiotalacha, tá $p_{tástáil}$ cothrom nó níos mó ná uasbhrú an choimeádáin istigh le linn bainistíocht lochtanna (mar a chinntear i bpointe 2.2.3.) nó cruthaíonn an monaróir trí ríomh nach dtarlaíonn aon ghéilleadh ag uasbhrú an choimeádáin istigh le linn bainistíocht lochtanna; agus

(b) Le haghaidh coimeádáin neamh-mhiotalacha, tá $p_{tástáil}$ cothrom nó níos mó ná uasbhrú an choimeádáin istigh le linn bainistíocht lochtanna (mar a chinntear i bpointe 2.2.3.).

2.1.1.3. Déantar an tástáil de réir an nós imeachta seo a leanas:

(a) Déantar an tástáil ar an gcoimeádán stórála istigh agus ar na píopaí idirnasctha idir an coimeádán stórála istigh agus an seaicéad folúis sula ngléasfar an seaicéad amuigh;

(b) Déantar an tástáil seo go hiodrálach le huisce nó le meascán gliocól/uisce, nó in ionad sin le gás. Brúchóirítear an coimeádán chun brú $p_{tástáil}$ a thástáil ag ráta réidh agus coinnítear ag an mbrú sin é ar feadh 10 nóiméad ar a laghad; agus

(c) Déantar an tástáil ag teocht chomhthimpeallach. I gcás ina n-úsáidtear gás chun an coimeádán a bhrúchóiriú, déantar an brúchóiriú ar bhealach ag a bhfanann an teocht ag teocht chomhthimpeallach nó timpeall air.

2.1.1.4. Pasáiltear an tástáil go rathúil mura bhfuil, le linn na chéad 10 nóiméad tar éis an róbhrú a chur i bhfeidhm, aon dífhoirmiú buan, aon díghrádú feiceálach sa bhrú coimeádáin agus mura bhfuil aon sceitheadh feiceálach inbhraite.

2.1.2. Brú pléasctha tosaigh na bunlíne.

2.1.2.1. Déantar an tástáil de réir an nós imeachta seo a leanas:

(a) Déantar an tástáil ar an gcoimeádán istigh ag teocht chomhthimpeallach;

(b) Déantar an tástáil go hiodrálach le huisce nó le meascán gliocól/uisce;

(c) Méadaítear an brú ag ráta seasta, nach sáraíonn 0.5 MPa/nóim go dtí go dtarlaíonn pléascadh nó sceitheadh sa choimeádán;

(d) Nuair a shroichtear UBOI tá tréimhse fanachta ar a laghad deich nóiméad ag brú seasta, ar féidir dífhoirmiú an choimeádáin a sheiceáil lena linn; agus

(e) Taifeadtar nó scríobhtar an brú le linn na tástála iomláine.

2.1.2.2. Le haghaidh coimeádáin istigh, pasáiltear an tástáil go rathúil má chomhlíontar ceann amháin ar a laghad den dá chritéar pasála ar a dtugtar tuairisc i bpointe 1.1.1.2. Le haghaidh coimeádáin istigh atá déanta de chóimhiotail alúmanaim nó ábhar eile, sainmhíneofar critéar pasála a ráthaíonn ar a laghad an leibhéal céanna sábháilteachta i gcomparáid le coimeádáin cruach istigh.

2.1.3. Saolré brú-thimthriallta bunlíne.

2.1.3.1. Déantar brú-thimthriall ar choimeádáin agus/nó seaicéid folúis le roinnt timthriallacha ar a laghad trí huaire an líon brú-thimthriallacha iomlána féideartha (ón mbrú oibríochta is ísle go dtí an brú oibríochta is airde) le haghaidh feidhmíocht tuartha ar bóthar. Sainmhíníonn an monaróir an líon brú-thimthriallacha ag breithniú raon brú oibríochtúil, méid na stórála agus, faoi seach, an líon athbhreoslaithe agus an t-uaslíon brú-thimthriallacha faoi dhianúsáid agus coinníollacha stórála. Déantar brú-thimthrialladh idir brú atmaisféarach agus UBOI ag teochtaí nítrigin leachtach, e.g. tríd an gcoimeádán a líonadh le nítrigin leachtach chuig leibhéal áirithe agus é a bhrúchóiriú agus a dhí-bhrúchóiriú le nítrigin nó héiliam gásach (réamhfhuaraithe).

2.2. Fíorú le haghaidh feidhmíocht tuartha ar bóthar.

2.2.1. Tástáil ghalaithe.

2.2.1.1. Déantar an tástáil de réir an nós imeachta seo a leanas:

(a) Le haghaidh réamhphróiseála, breoslaítear an coimeádán le hidrigin leachtach chuig an uasleibhéal líonta sonraithe. Baintear hidrigin as ina dhiaidh sin go dtí go dtagann sé chuig leibhéal leathlíonta, agus ceadaítear don chóras fuarú go hiomlán ar feadh 24 uair an chloig ar a laghad agus 48 uair an chloig ar a mhéad;

(b) Líontar an coimeádán chuig an uasleibhéal líonta sonraithe;

(c) Tá an coimeádán brúchóirithe go dtí go sroichtear brú galaithe; agus

(d) Maireann an tástáil ar feadh 48 uair an chloig eile ar a laghad tar éis don ghalú tosú agus ní chuirtear deireadh leis sula gcobhsaíonn an brú. Tarlaíonn cobhsú brú nuair nach méadaíonn an meánbhrú thar thréimhse dhá uair an chloig.

2.2.1.2. Taifeadtar nó scríobhtar brú an choimeádáin istigh le linn na tástála iomláine. Pasáiltear an tástáil go rathúil má chomhlíontar na ceanglais a leanas:

(a) Cobhsaíonn an brú agus fanann sé faoi UBOI le linn na tástála ar fad; agus

(b) Ní cheadaítear do na feistí faoisimh brú oscailt le linn na tástála ar fad.

2.2.2. Tástáil sceite.

2.2.2.1. Déanfar an tástáil de réir an nós imeachta a dtugtar tuairisc air i bpointe 2.2. de Roinn C den Chuid seo.

2.2.3. Tástáil ar chaillteanas folúis.

2.2.3.1. Déantar an chéad chuid den tástáil de réir an nós imeachta seo a leanas:

(a) Déantar an tástáil ar chaillteanas folúis le coimeádán iomlán fuaraithe (de réir an nós imeachta i bpointe 2.2.1.);

(b) Líontar an coimeádán le hidrigin leachtach chuig an uasleibhéal líonta sonraithe;

(c) Líontar an feireadh folúis le haer ag ráta réidh chuig brú atmaisféarach; agus

(d) Cuirtear deireadh leis an tástáil nuair nach n-osclaíonn an chéad fheiste faoisimh brú ag brú níos mó.

2.2.3.2. Taifeadtar nó scríobhtar brú an choimeádáin istigh agus an tseaicéid folúis le linn na tástála iomláine. Taifeadtar nó scríobhtar brú oscailte an chéad ghaireas sábháilteachta. Pasáiltear an chéad chuid den tástáil má chomhlíontar na ceanglais a leanas:

(a) Osclaíonn an chéad fheiste faoisimh brú faoi nó ag UBOI agus teorannaítear an brú chuig nach mó ná 110 % den UBOI;

(b) Ní osclaíonn an chéad fheiste faoisimh brú ag brú os cionn UBOI; agus

(c) Ní osclaíonn an feiste tánaisteach faoisimh brú le linn na tástála ar fad.

2.2.3.3. Tar éis an chéad chuid a phasáil, déanfar an tástáil arís ina dhiaidh sin chun folús agus fuarú an choimeádáin a athghiniúint mar a thugtar tuairisc air thuas.

(a) Athghintear an folús chuig luach a shonraíonn an monaróir. Coinneofar an folús ar feadh 24 uair an chloig ar a laghad. Féadfaidh an folúschaidéal fanacht ceangailte go dtí díreach sula dtosaíonn an caillteanas folúis;

(b) Déantar an dara cuid den tástáil ar chaillteanas folúis le coimeádán iomlán fuaraithe (de réir an nós imeachta i bpointe 2.2.1.);

(c) Líontar an coimeádán chuig an uasleibhéal líonta sonraithe;

(d) Blocáiltear an líne iartheachtach ón bhfeiste faoisimh brú agus líontar an feireadh folúis le haer ag ráta réidh chuig brú atmaisféarach; agus

(e) Cuirtear deireadh leis an tástáil nuair nach n-osclaíonn an dara feiste faoisimh brú ag brú níos mó.

2.2.3.4. Taifeadtar nó scríobhtar brú an choimeádáin istigh agus an tseaicéid folúis le linn na tástála iomláine. Le haghaidh coimeádán cruach, pasáiltear an dara cuid den tástáil mura n-osclaíonn an feiste faoisimh brú faoi 110 % de bhrú socraithe an chéad fheiste faoisimh brú agus teorannaíonn sé an brú sa choimeádán chuig uasmhéid 136 % den UBOI má úsáidtear comhla sábháilteachta, nó, 150 % den UOI má úsáidtear diosc pléasctha mar fheiste faoisimh brú tánaisteach. Le haghaidh ábhair choimeádáin eile, léireofar leibhéal comhionann sábháilteachta.

2.3. Tástáil fíoraithe le haghaidh feidhmíocht foirceannta seirbhíse mar gheall ar dhóiteán.

2.3.1. Beidh an córas stórála hidrigine leachtaithe a thástáiltear ionadaíoch ar dhearadh agus monaraíocht an chineáil atá le formheas. Críochnófar a mhonaraíocht go hiomlán agus gléasfar é lena threalamh ar fad.

2.3.2. Déantar an chéad chuid den tástáil de réir an nós imeachta seo a leanas:

(a) Déantar an tástáil tine chnámh le coimeádán iomlán fuaraithe (de réir an nós imeachta i bpointe 2.2.1.);

(b) Bhí toirt leachta hidrigine sa choimeádán le linn an 24 uair an chloig roimhe cothrom ar a laghad le leath den toirt uisce sa choimeádán istigh;

(c) Líontar an coimeádán le hidrigin leachtach ionas gurb ionann cainníocht na hidrigine leachta a thomhaistear le córas tomhaiste maise agus leath den uaschainníocht incheadaithe a choimeád sa choimeádán istigh;

(d) Dónn dóiteáin 0.1 m faoin gcoimeádán. Sáraíonn fad agus leithead an dóiteáin toisí phlean an choimeádáin faoi 0.1 m. Is ionann teocht an dóiteáin agus 590° C ar a laghad. Leanfaidh an dóiteán ar aghaidh ag dó ar feadh fad na tástála;

(e) Tá brú an choimeádáin ag tús na tástála idir 0 MPa agus 0.01 MPa ag fiuchphointe na hidrigine sa choimeádán istigh;

(f) Leanfaidh an tástáil ar aghaidh go dtí go laghdaíonn an brú stórála nó go dtí go mbeidh sé faoin mbrú ag tús na tástála, nó sin i gcás gur cineál athdhúnta an chéad fheiste faoisimh brú, leanfaidh an tástáil ar aghaidh go dtí go n-osclaíonn an gaireas sábháilteachta den dara uair; agus

(g) Taifeadtar coinníollacha agus an t-uasbhrú a shroichtear laistigh den choimeádán le linn na tástála i ndeimhniú tástála arna shíniú ag an monaróir agus an tseirbhís theicniúil.

2.3.3. Pasáiltear an tástáil má chomhlíontar na ceanglais a leanas:

(a) Ní oibrítear an feiste faoisimh brú tánaisteach faoi 110 % de bhrú socraithe an fheiste faoisimh brú príomha; agus

(b) Ní phléascfaidh an coimeádán agus ní sháróidh an brú taobh istigh den choimeádán raon lochta incheadaithe an choimeádáin istigh.

2.3.4. Seo a leanas an raon lochta incheadaithe do choimeádáin chruach:

(a) Má úsáidtear comhla sábháilteachta mar fheiste faoisimh brú tánaisteach, ní sháraíonn an brú taobh istigh den choimeádán 136 % de UBOI an choimeádáin istigh;

(b) Má úsáidtear diosca pléasctha taobh amuigh den limistéar folúis mar fheiste faoisimh brú tánaisteach, tá an brú taobh istigh den choimeádán teoranta chuig 150 % de UBOI an choimeádáin istigh; agus

(c) Má úsáidtear diosca pléasctha taobh istigh den limistéar folúis mar fheiste faoisimh brú tánaisteach, tá an brú taobh istigh den choimeádán teoranta chuig 150 % de UBOI móide 0.1 MPa (UBOI ± 0.1 MPa) an choimeádáin istigh;

2.3.5. Le haghaidh ábhair eile, léireofar leibhéal comhionann sábháilteachta.

***Roinn C***

**Sonraíochtaí teicniúla le haghaidh cineálcheadú comhpháirteanna sonracha le haghaidh córas stórála hidrigine leachtaithe**

1. Riachtanais le haghaidh comhpháirteanna sonracha do CSHL

1.1. Ceanglais cháilíochta don fheiste faoisimh brú

Comhlíonfaidh an feiste faoisimh brú na ceanglais cháilíochta feidhmíochta a leanas:

(a) Tástáil brú (nós imeachta tástála phointe 2.1);

(b) Tástáil sceite sheachtraigh (nós imeachta tástála phointe 2.2);

(c) Tástáil oibríochtúil (nós imeachta tástála phointe 2.4);

(d) Tástáil ar an seasamh in aghaidh creimthe (nós imeachta tástála phointe 2.5); agus

(e) Tástáil teocht-timthriallta (nós imeachta tástála phointe 2.8).

1.2. Ceanglais cháilíochta don ghaireas stoptha

Comhlíonfaidh an gaireas stoptha na ceanglais cháilíochta feidhmíochta a leanas:

(a) Tástáil brú (nós imeachta tástála phointe 2.1);

(b) Tástáil sceite sheachtraigh (nós imeachta tástála phointe 2.2);

(c) Tástáil strustuirse (nós imeachta tástála phointe 2.3);

(d) Tástáil ar an seasamh in aghaidh creimthe (nós imeachta tástála phointe 2.5);

(e) Tástáil ar an seasamh in aghaidh teasa thirim (nós imeachta tástála phointe 2.6);

(f) Tástáil aosú ózóin (nós imeachta tástála phointe 2.7);

(g) Tástáil teocht-timthriallta (nós imeachta tástála phointe 2.8); agus

(h) Tástáil fleisclíne-timthriallta (nós imeachta tástála phointe 2.9).

2. Nósanna imeachta tástála le haghaidh comhpháirteanna sonracha le haghaidh CSHL:

Tugtar tuairisc thíos ar na nósanna imeachta tástála le haghaidh feistí faoisimh brú agus gairis stoptha:

Déanfar an tástáil le gás hidrigine a bhfuil cáilíocht gháis aige comhlíontach le ISO 14687-2/SAE J2719. Déanfar na tástálacha ar fad ag teocht chomhthimpeallach 20 ± 5°C mura sonraítear a mhalairt.

2.1. Tástáil brú

2.1.1. Seasfaidh comhpháirt ina bhfuil hidrigin gan aon fhianaise fheiceálach ar sceitheadh nó dífhoirmiú tástáil brú de 150 % UBOI le hasraonta na coda ardbhrú plugáilte. Méadófar an brú ina dhiaidh sin ó 150 % go 300 % UBOI. Ní léireoidh an chomhpháirt aon fhianaise fheiceálach de bhriseadh nó scoilteacha.

2.1.2. Beidh an córas soláthair brú feistithe le comhla stoptha dearfach agus brúmhéadar a bhfuil raon brú aige nach lú ná 150 % agus nach mó ná 200 % den bhrú tástála; beidh beachtas an bhrúmhéadair ionann le 1 % den raon brú.

2.1.3. Le haghaidh comhpháirteanna óna dteastaíonn tástáil sceite, déanfar an tástáil seo roimh an tástáil brú.

2.2. Tástáil sceite sheachtraigh

2.2.1. Ní bheidh aon sceitheadh i gcomhpháirt trí shéalaí stuimne nó cabhlach nó ailt eile, agus ní léireofar aon fhianaise ar phóiriúlacht teilgin nuair a dhéantar tástáil air mar a thugtar tuairisc air i bpointe 2.3.3. ag aon bhrú gáis idir nialas agus a UBOI.

2.2.2. Déanfar an tástáil ar an trealamh céanna ag na coinníollacha a leanas:

(a) Ag teocht chomhthimpeallach;

(b) Ag an íosteocht oibríochtúil nó ag teocht nítrigine leachta tar éis am cóireála leordhóthanach ag an teocht seo chun cobhsaíocht theirmeach a áirithiú; agus

(c) Ag an uasteocht oibríochtúil tar éis am cóireála leordhóthanach ag an teocht seo chun cobhsaíocht theirmeach a áirithiú.

2.2.2.1. Le linn na tástála seo, beidh an trealamh faoi thástáil ceangailte le foinse brú gáis. Suiteálfar comhla stoptha dearfach agus brúmhéadar a bhfuil raon brú aige nach lú ná 150 % agus nach mó ná 200 % den bhrú tástála sa phíobánra soláthair brú; beidh cruinneas an bhrúmhéadair ionann le 1 % den raon brú. Suiteálfar an brúmhéadar idir an comhla stoptha dearfach agus an sampla faoi thástáil.

2.2.2.2. le linn na tástála, déanfar tástáil ar an sampla le haghaidh sceite, le gníomhaire gníomhach dromchla gan foirmiú bolgán nó tomhaiste le ráta sceite níos lú ná 216 Nml/uair.

2.3. Tástáil Strustuirse

2.3.1. Beidh comhpháirt in ann cloí le ceanglais na tástála sceite is infheidhme i bpointí 2.2. agus 2.9., tar éis a bheith faoi réir 20 000 timthriall oibríochtúla.

2.3.2. Déanfar na tástálacha iomchuí le haghaidh sceitheadh seachtrach agus sceitheadh suíocháin, mar a thugtar tuairisc air i bpointí 2.2. agus 2.9. díreach tar éis na tástála strustuirse.

2.3.3. Beidh an comhla stoptha ceangailte go daingean le foinse comhbhrúite aeir thirim nó nítrigine agus faoi réir 20 000 timthriall oibríochtúla. Beidh oscailt amháin agus dúnadh amháin den chomhpháirt laistigh de thréimhse nach lú ná 10 ± 2 soicind i dtimthriall.

2.3.4. Oibreofar an chomhpháirt trí 96 % den líon timthriallacha sonraithe ag teocht chomhthimpeallach agus ag UBOI na comhpháirte. Lasmuigh den timthriall ceadófar do bhrú iartheachtach an fheistis thástála lobhadh chuig 50 % de UBOI na comhpháirte.

2.3.5. Oibreofar an chomhpháirt trí 2 % d'iomlán na dtimthriallacha ag an uasteocht ábhair (– 40°C go + 85°C) tar éis am cóireála leordhóthanach ag an teocht seo chun cobhsaíocht theirmeach a áirithiú agus ag UBOI. Comhlíonfaidh an chomhpháirt pointí 2.2. agus 2.9. ag an uasteocht ábhair iomchuí (– 40 °C go + 85°C) ag críochnú na dtimthriallacha ardteochta.

2.3.6. Oibreofar an chomhpháirt trí 2 % d'iomlán na dtimthriallacha ag an íosteocht ábhair (– 40 °C go + 85°C) ach nach lú ná teocht na nítrigine leachta tar éis am cóireála leordhóthanach ag an teocht seo chun cobhsaíocht theirmeach a áirithiú agus ag UBOI na comhpháirte. Comhlíonfaidh an chomhpháirt pointí 2.2. agus 2.9. ag an íosteocht ábhair iomchuí (– 40 °C go + 85°C) ag críochnú na dtimthriallacha ísealteochta.

2.4. Tástáil oibríochtúil

2.4.1. Déanfar an tástáil oibríochtúil i gcomhréir le EN 13648-1 nó EN 13648 2. Tá ceanglais shonracha an chaighdeáin infheidhmithe.

2.5. Tástáil ar an seasamh in aghaidh creimthe

2.5.1. Comhlíonfaidh comhpháirteanna hidrigine miotalacha tástálacha dá dtagraítear i bpointí 2.2. agus 2.9., tar éis iad a chur isteach ar thástáil sprae salainn 144 uair an chloig de réir ISO 9227 gach ceangal dúnta.

2.5.2. Comhlíonfaidh comhpháirt ina bhfuil hidrigin chopair nó práis na tástálacha sceite dá dtagraítear i bpointí 2.2. agus 2.9., tar éis iad a chur isteach ar thumadh in amóinia 24 uair an chloig de réir ISO 6957 le gach ceangal dúnta.

2.6. Tástáil ar an seasamh in aghaidh teasa thirim

2.6.1. Déanfar an tástáil i gcomhréir le ISO 188. Nochtfar an triailphíosa le haer ag teocht a bheidh cothrom leis an uasteocht oibríochtúil ar feadh 168 uair an chloig. Ní sháróidh an t-athrú i neart teanntachta ±25 %. Ní sháróidh an t-athrú i bhfadú deiridh na luachanna seo a leanas: méadú uasta 10 % agus laghdú uasta 30 %.

2.7. Tástáil aosú ózóin

2.7.1. Beidh an tástáil i gcomhréir le ISO 1431-1. Nochtfar an triailphíosa, a chuirfear daoi strus chuig fadú 20 %, le haer ag +40°C le tiúchan ózóin 50 páirt in aghaidh an chéad mhilliúin le linn 120 uair an chloig.

2.7.2. Ní cheadaítear an triailphíosa a scoilteadh.

2.8. Tástáil teocht-timthriallta

2.8.1. Comhlíonfaidh páirt neamh-mhiotalach ina bhfuil hidrigin na tástálacha sceite dá dtagraítear i bpointe 2.2. agus 2.9. tar éis é a chur faoi thimthriall teochta 96 uair an chloig ón íosteocht oibríochtúil suas go dtí an uasteocht oibríochtúil le timthriall 120 nóiméad, faoi UBOI.

2.9. Tástáil fleisclíne-timthriallta

2.9.1. Beidh aon phíobán breosla solúbtha in ann ceanglais na tástála sceite is infheidhme dá dtagraítear i bpointí 2.2. a chomhlíonadh, tar éis a bheith faoi réir 6 000 brú-thimthrialla.

2.9.2. Athróidh an brú ó bhrú atmaisféarach chuig UBOI an choimeádáin laistigh de chúig soicind, agus tar éis cúig soicind ar a laghad, laghdóidh sé chuig brú atmaisféarach laistigh de níos lú ná cúig soicind.

2.9.3. Déanfar an tástáil iomchuí le haghaidh sceitheadh seachtrach, dá dtagraítear i bpointe 2.2. díreach tar éis na tástála strustuirse.

***Roinn D***

**Sonraíochtaí teicniúla le haghaidh cineálcheadú córas breosla feithicle ag ionchorprú córas stórála hidrigine leachtaithe**

1. Ceanglais le haghaidh córas breosla feithicle ag ionchorprú CSHL

Sonraítear sa Roinn seo na ceanglais chun sláine an chórais seachadta breosla hidrigine, lena n-áirítear an córas stórála hidrigine leachtaithe, píobánra, siúntaí, agus comhpháirteanna ina bhfuil hidrigin i láthair.

1.1. Sláine an chórais breosla le linn úsáide

1.1.1. Cosaint róbhrú don chóras ísealbhrú

Cosnófar córas hidrigine iartheachtach de bhrúrialtán in aghaidh róbhrú de bharr teip fhéideartha an bhrúrialtáin. Beidh brú socraithe an ghairis chosanta róbhrú níos ísle nó cothrom leis an uasbhrú oibre incheadaithe do Roinn iomchuí an chórais hidrigine. Comhlíonfaidh an chosaint róbhrú leis an bhfíorú suiteála dá dtagraítear i bpointe 2.6.

1.1.2. Córais sceite hidrigine

1.1.2.1. Córais faoisimh brú

Comhlíonfaidh feistí faoisimh brú (amhail diosca pléasctha) an fíorú suiteála dá dtagraítear i bpointe 2.6. agus féadfar é a úsáid taobh amuigh den chóras stórála hidrigine. Ní threorófar an sceitheadh gáis hidrigine ó fheistí faoisimh brú eile:

(a) i dtreo teirminéil leictreacha, lasca leictreacha nochta nó foinsí adhainte eile;

(b) isteach nó i dtreo urranna paisinéirí nó bagáiste na feithicle;

(c) isteach nó i dtreo chábán stiúrach aon fheithicle; agus

(d) i dtreo choimeádáin gháis hidrigine.

1.1.2.2. Sceithchóras feithicle

1.1.2.2.1. Comhlíonfaidh sceithchóras feithicle an tástáil don sceithchóras feithicle dá dtagraítear i bpointe 2.4.

1.1.2.2.2. Ag pointe sceite sceithchóras feithicle beidh na nithe seo a leanas fíor faoin leibhéal tiúchana hidrigine:

(a) Ní sháróidh sé meán 4 % de réir toirte le linn aon eatramh ama gluaiseachta trí shoicind le linn gnáthoibríochta lena n-áirítear tosú agus múchadh; agus

(b) Ní sháróidh sé 8 % tráth ar bith.

1.1.3. Cosaint in aghaidh coinníollacha inlasta: coinníollacha teipthe aonair

1.1.3.1. Ní scaoilfear sceitheadh hidrigine agus/nó tréscaoileadh ón gcóras stórála hidrigine go díreach isteach in urranna paisinéara, bagáiste nó lastais, ná in aon spás iata nó leathiata laistigh den fheithicil ina bhfuil foinsí adhainte neamhchosanta.

1.1.3.2. Ní bheidh aon leibhéal tiúchan hidrigine in aon áit san urrann phaisinéirí de réir an nós imeachta tástála dá dtagraítear i bpointe 2.3.2. mar thoradh ar aon teip aonair iartheachtach ón bpríomhchomhla dúnta hidrigine.

1.1.3.3. Má bhíonn tiúchan hidrigine a sháraíonn 3 % faoi thoirt san aer sna spásanna iata nó leathiata i bhfeithicil, le linn oibríochta, mar thoradh ar theip aonair, soláthrófar rabhadh (pointe 1.1.3.5.). Má sháraíonn an tiúchan hidrigine 4 % faoi thoirt san aer sna spásanna iata nó leathiata i bhfeithicil, dúnfar an phríomhchomhla dúnta chun an córas stórála a aonrú. (nós imeachta tástála phointe 2.3).

1.1.3.4. Sceitheadh córais breosla

Ní sceithfidh an líne bhreoslaithe hidrigine (e.g. píobánra, siúnta, etc.) iartheachtach ón bpríomhchomhla/na príomhchomhlaí dúnta chuig an gcóras breosla-chill nó chuig an inneall. Fíorófar comhlíontacht ag an mbrú oibre ainmniúil (nós imeachta tástála phointe 2.5).

1.1.3.5. Leideoir rabhaidh comharthaíochta don tiománaí

Tabharfar an rabhadh le comhartha amhairc nó taispeáint téacs leis na hairíonna seo a leanas:

(a) Infheicthe don tiománaí fad is atá sé in ionad suí ainmnithe an tiománaí leis an gcrios sábhála ceangailte;

(b) De dhath buí má mhífheidhmíonn an córas braite (e.g. dícheangal ciorcaid, gearrchiorcad, fabht braiteora). Beidh sé dearg i gcomhréir le pointe 1.1.3.3.

(c) Nuair atá sé soilsithe, beidh sé infheicthe don tiománaí faoi sholas an lae agus i gcoinníollacha tiomána oíche; agus

(d) Fanann sé soilsithe nuair atá tiúchan 3 % nó mífheidhmiú sa chóras braite agus go bhfuil an máistirlasc rialaithe sa suíomh ‘ar siúl’ nó má bhíonn an córas tiomána gníomhachtaithe ar bhealach eile.

1.2. Sláine an chórais breosla iar-thuairte

Déanfar tástálacha tuairte tosaigh, taoibh agus cúil de réir mar a éilítear don chatagóir feithicle ábhartha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/2144.

I gcás nach n-éilítear ceann amháin nó níos mó de na tástálacha tuairte seo, suiteálfar an CSHL, lena n-áirítear na gairis shábháilteachta gléasta leis ar bhealach gur féidir na luasghéaruithe a leanas a ionsú gan daingniú nó scaoileadh an choimeádáin/na gcoimeádán CSHL líonta a bhriseadh:

Feithicil i gcatagóirí $M_1$ agus $N_1$:

(a) 20 g i dtreo taistil chun tosaigh agus ar chúl; agus

(b) 8 g ingearach go cothrománach leis an treo taistil.

Feithiclí i gcatagóirí $M_2$ agus $N_2$:

(a) 10 g i dtreo taistil chun tosaigh; agus

(b) 5 g ingearach go cothrománach leis an treo taistil.

Feithiclí i gcatagóirí $M_3$ agus $N_3$:

(a) 6.6 g sa treo taistil chun tosaigh; agus

(b) 5 g ingearach go cothrománach leis an treo taistil.

Beidh aon mhais ionaid ionadaíoch le haghaidh coimeádán/cóimeáil CSHL iomlán feistithe agus líonta.

1.2.1. Teorainn sceite breosla

Ní sháróidh sreabhadh toirtmhéadrach an sceite gáis hidrigine meán 118 NL in aghaidh an nóiméid ar feadh 60 nóiméad tar éis na tuairte mar a chinntear i gcomhréir le pointe 2.1.

1.2.2. Teorainn tiúchana i spásanna iata

Ní bheidh tiúchan hidrigine san aer níos mó ná 4 % faoi thoirt sna hurranna paisinéara agus bagáiste (nósanna imeachta tástála phointe 2.2.) mar thoradh ar sceitheadh gáis hidrigine. Sásaítear an ceanglas má dheimhnítear gur dúnadh comhla dúnta an chórais stórála laistigh de 5 soicind den tuairt agus nach raibh aon sceitheadh ón gcóras stórála.

1.2.3. Easáitiú Coimeádáin

Fanfaidh an coimeádán/na coimeádáin stórála ceangailte leis an bhfeithicil ag pointe ceangailte amháin ar a laghad.

1.3. Tabharfar cosaint d'ábhair inadhainte a úsáidtear san fheithicil ó aer leachtaithe a d'fhéadfadh comhdhlúthú ar ghnéithe den chóras breosla.

1.4. Coiscfidh insliú na gcomhpháirteanna leachtú an aeir i dteagmháil leis na dromchlaí amuigh, mura soláthraítear córas chun an t-aer leachtaithe a bhailiú agus a ghalú. Beidh ábhair na gcomhpháirteanna in aice láimhe comhoiriúnach le hatmaisféar saibhrithe le hocsaigin.

2. Nósanna imeachta tástála le haghaidh córas breosla feithicle ag ionchorprú CSHL

Níl feidhm ag na nósanna imeachta tástála le haghaidh córais bhreosla feithicle ag ionchorprú CSHL de réir phointí 2.1., 2.2. agus 2.7. ach amháin maidir le feithiclí i gcatagóirí $M_1$ agus $N_1$ atá faoi réir tástáil tuairte amháin nó níos mó.

2.1. Tástáil sceite ar chóras stórála hidrigine leachtaithe iar-thuairte

Roimh an tástáil tuairte a dhéanamh, suiteáiltear ionstraimíocht sa chóras stórála hidrigine chun na toisí brú agus teochta a éilítear a dhéanamh mura bhfuil an ionstraimíocht leis an gcruinneas a éilítear ag an bhfeithicil chaighdeánach cheana féin.

Ansin sciúrtar an córas stórála, más gá, tar éis treoracha an mhonaróra chun eisíontais a bhaint ón gcoimeádán sula líontar an córas stórála le gás hidrigine nó héiliam comhbhrúite. Mar gheall go n-athraíonn brú an chórais stórála le teocht, is feidhm den teocht atá sa bhrú líonta dírithe. Cinnfear an spriocbhrú ón gcothromóid seo a leanas:

$$P_{sprioc} = BOA \times (273 + T_o) / 288$$

i gcás inarb ionann BOA agus an brú oibre ainmniúil (MPa), gur ionann To agus an teocht chomhthimpeallach lena bhfuiltear ag súil go socrófar an córas stórála, agus gurb ionann Psprioc an spriocbhrú líonta tar éis don teocht socrú.

Líontar an coimeádán chuig íosmhéid 95 % den spriocbhrú líonta agus ceadófar dó socrú (cobhsú) sula ndéantar an tástáil tuairte.

Coinnítear an phríomhchomhla stoptha agus na comhlaí dúnta le haghaidh gás hidrigine, atá suite sa phíobánra gáis hidrigine iartheachtach, oscailte díreach roimh an tuairt.

2.1.1. Tástáil sceite iar-thuairte – córas stórála hidrigine comhbhrúite líonta le hidrigin chomhbhrúite

Tomhaistear an brú gáis hidrigine, $P_0$ (MPa), agus an teocht, $T_0$ (°C), díreach roimh an tuairt agus ansin ag an eatramh ama, Δt (nóim), tar éis na tuairte. Tosaíonn an t-eatramh ama, Δt, nuair a thagann an fheithicil chuig sos tar éis na tuairte agus leanann sé ar aghaidh ar feadh 60 nóiméad ar a laghad. Méadaítear an t-eatramh ama, Δt, más gá d'fhonn freastal ar chruinneas tomhaiste le haghaidh córas stórála le toirt mhór ag oibriú suas go dtí 70MPa; sa chás sin, is féidir Δt a ríomh ón gcothromóid a leanas:

$$\Delta t = V_{CHSS} \times BOA /1000 \times ((- 0.027 \times BOA +4) \times R_s - 0.21) - 1.7 \times R_s$$

i gcás inarb ionann $R_s = P_s / BOA$, $P_s$ agus raon brú an bhrúbhraiteora (MPa), gurb ionann BOA agus an Brú Oibre Ainmniúil (MPa), gurb ionann $V_{CHSS}$ agus toirt an chórais stórála hidrigine comhbhrúite (L), agus gurb ionann Δt agus an t-eatramh ama (nóim). Má tá luach ríofa Δt níos lú ná 60 nóiméad, socraítear Δt chuig 60 nóiméad.

Is féidir mais thosaigh na hidrigine sa chóras stórála a ríomh mar a leanas:

$$P_o' = P_o \times 288 / (273 + T_0)$$

$$\rho_o' = -0.0027 \times (P_0')^2 + 0.75 \times P_0' + 0.5789$$

$$M_o = \rho_o' \times V_{CHSS}$$

Dá réir sin, is féidir mais dheiridh na hidrigine sa chóras stórála, $M_f$, ag deireadh an eatraimh ama, Δt, a ríomh mar a leanas:

$$P_f' = P_f \times 288 / (273 + T_f)$$

$$\rho_f' = -0.0027 \times (P_f')^2 + 0.75 \times P_f' + 0.5789$$

$$M_f = \rho_f' \times V_{CHSS}$$

i gcás inarb ionann $P_f$ agus an brú deiridh tomhaiste (MPa) ag deireadh an eatraimh ama, agus gurb ionann $T_f$ agus an teocht dheiridh thomhaiste (°C).

Dá bhrí sin, is ionann an meánráta sreafa hidrigine thar an eatramh ama (a bheidh níos lú ná na critéir i bpointe 1.2.1.) agus:

$$V_{H2} = (M_f\text{-}M_o) / \Delta t \times 22.41 / 2.016 \times (P_{sprioc} / P_o)$$

i gcás inarb ionann $V_{H2}$ agus an meánráta sreafa toirtmhéadrach (NL/nóim) thar an eatramh ama agus go n-úsáidtear an téarma ($P_{sprioc}$ /$P_o$) chun cúiteamh a dhéanamh do na difríochtaí idir an brú tosaigh tomhaiste, $P_o$, agus an brú líonta dírithe $P_{sprioc}$.

2.1.2. Tástáil sceite iar-thuairte – Córas stórála hidrigine comhbhrúite líonta le héiliam comhbhrúite

Tomhaistear an brú gáis héiliam, $P_0$ (MPa), agus teocht, $T_0$ (°C), díreach roimh an tuairt agus ansin ag an eatramh ama réamhchinntithe tar éis na tuairte. Tosaíonn an t-eatramh ama, Δt, nuair a thagann an fheithicil chuig sos tar éis na tuairte agus leanann sé ar aghaidh ar feadh 60 nóiméad ar a laghad.

Méadófar an t-eatramh ama, Δt, más gá d'fhonn freastal ar chruinneas tomhaiste le haghaidh córas stórála le toirt mhór ag oibriú suas go dtí 70MPa; sa chás sin, is féidir Δt a ríomh ón gcothromóid a leanas:

$$\Delta t = V_{CHSS} \times BOA /1000 \times ((-0.028 \times BOA + 5.5) \times R_s - 0.3) - 2.6 \times R_s$$

i gcás inarb ionann $R_s = P_s$ / BOA, $P_s$ agus raon brú an bhrúbhraiteora (MPa), gurb ionann BOA agus an Brú Oibre Ainmniúil (MPa), gurb ionann $V_{CHSS}$ agus toirt an chórais stórála hidrigine comhbhrúite (L), agus gurb ionann Δt agus an t-eatramh ama (nóim). Má tá luach Δt níos lú ná 60 nóiméad, socraítear Δt chuig 60 nóiméad.

Ríomhtar mais thosaigh na hidrigine sa chóras stórála mar a leanas:

$$P_o' = P_o \times 288 / (273 + T_0)$$

$$\rho_o' = -0.0043 \times (P_0')^2 + 1.53 \times P_0' + 1.49$$

$$M_o = \rho_o' \times V_{CHSS}$$

Ríomhtar mais dheiridh na hidrigine sa chóras stórála ag deireadh an eatraimh ama, Δt, mar a leanas:

$$P_f' = P_f \times 288 / (273 + T_f)$$

$$\rho_f' = -0.0043 \times (P_f')^2 + 1.53 \times P_f' + 1.49$$

$$M_f = \rho_f' \times V_{CHSS}$$

i gcás inarb ionann $P_f$ agus an brú deiridh tomhaiste (MPa) ag deireadh an eatraimh ama, agus gurb ionann $T_f$ agus an teocht dheiridh thomhaiste (°C).

Is ionann an meánráta sreafa héiliam thar an eatramh ama agus

$$V_{He} = (M_f\text{-}M_o) / \Delta t \times 22.41 / 4.003 \times (P_o / P_{sprioc})$$

i gcás inarb ionann $V_{He}$ agus an meánráta sreafa toirtmhéadrach (NL/nóim) thar an eatramh ama agus go n-úsáidtear an téarma $(P_o/P_{sprioc})$ chun cúiteamh a dhéanamh do na difríochtaí idir an brú tosaigh tomhaiste ($P_o$) agus an brú líonta dírithe ($P_{sprioc}$).

Déantar tiontú an mheánsreabhadh toirtmhéadrach héiliam chuig an meánsreabhadh hidrigine leis an slonn a leanas:

$$V_{H2} = V_{He} / 0.75$$

i gcás inarb amhlaidh $V_{H2}$ agus an meánsreabhadh toirtmhéadrach hidrigine comhfhreagrach (a bheidh níos lú ná na critéir i bpointe 1.2.1. le pasáil).

2.2. Tástáil tiúchana iar-thuairte le haghaidh spásanna iata

2.2.1. Taifeadtar na toisí sa tástáil tuairte a dhéanann meastóireacht ar sceitheadh hidrigine (nó héiliam) féideartha mar a chinntear i gcomhréir le pointe 2.1.

2.2.2. Roghnaítear braiteoirí chun carnadh an gháis hidrigine nó héiliam nó an laghdú san ocsaigin a thomhas (mar gheall ar dhíláithriú aeir de bharr hidrigin/héiliam ag sceitheadh).

2.2.3. Calabraítear braiteoirí chuig tagairtí inrianaithe chun cruinneas ±5 % a áirithiú mar sprioc-chritéir 4 % hidrigin nó 3 % héiliam faoi thoirt san aer, agus cumas tomhaiste scála iomlán 25 % ar a laghad os cionn na sprioc-chritéar. Beidh an braiteoir in ann freagairt 90 % le hathrú scála iomlán i dtiúchan laistigh de 10 soicind.

2.2.4. Roimh imbhualadh na tuairte, suitear na braiteoirí in urranna paisinéara agus bagáiste na feithicle mar a leanas:

(a) Ag fad laistigh de 250 mm den líneáil cinn os cionn suíochán an tiománaí nó in aice le lár an bhairr san urrann phaisinéirí;

(b) Ag fad laistigh de 250 mm den urlár chun tosaigh sa suíochán cúil (nó is faide ar chúl) san urrann phaisinéirí;

(c) Ag fad laistigh de 100 mm de bharr na n-urrann bagáiste laistigh den fheithicil nach bhfuil tionchar díreach ag an imbhualadh tuairte áirithe atá le déanamh orthu.

2.2.5. Gléastar na braiteoirí go daingean ar struchtúr nó suíocháin na feithicle agus tugtar cosaint dóibh ó smionagar, ó ghás sceithphíopa an mhála aeir agus ó theilgeáin ar mhaithe leis an tástáil tuairte pleanáilte. Taifeadtar na toisí tar éis na tuairte le hionstraimí atá suite laistigh den fheithicil nó trí tharchur cianda.

2.2.6. Is féidir an fheithicil a shuíomh taobh amuigh i limistéar cosanta ón ngaoth agus éifeachtaí féideartha gréine nó taobh istigh i spás atá mór go leor nó aeraithe chun carnadh hidrigine chuig níos mó ná 10 % de na sprioc-chritéir in urranna paisinéara, bagáiste, agus lastais a chosc.

2.2.7. Tosaíonn bailiú sonraí iar-thuairte i spásanna iata nuair a stopann an fheithicil. Bailítear sonraí ó na braiteoirí gach 5 soicind ar a laghad agus leanann sé ar aghaidh ar feadh tréimhse 60 nóiméad tar éis na tástála. D'fhéadfaí moill den chéad ord (amthairiseach) suas le huasmhéid 5 soicind a chur i bhfeidhm ar na toisí chun 'smúdáil' a sholáthar agus scagadh a dhéanamh ar éifeachtaí na bpointí sonraí iomrallacha.

2.2.8. Beidh na léamha scagtha ó gach braiteoir faoi na sprioc-chritéir 3±1.0 % le haghaidh hidrigine nó 2.25 ± 0.75 % le haghaidh héiliam ag gach am le linn na tréimhse 60 nóiméad tástála iar-thuairte.

2.3. Tástáil chomhlíontachta ar choinníollacha teipthe aonair

Déanfar nós imeachta tástála phointe 2.3.1. nó phointe 2.3.2.:

2.3.1. Nós imeachta tástála le haghaidh feithicle atá gléasta le braiteoirí sceite gáis hidrigine

2.3.1.1. Riocht tástála

2.3.1.1.1. Feithicil tástála: Tosaítear córas tiomána na feithicle tástála, téitear é chuig a ghnáth-theocht oibríochtúil, agus fágtar ag oibriú iad fad agus a mhairfidh an tástáil. Murar feithicil breosla-chill atá san fheithicil, téitear í agus coinnítear ag réchasadh í. Má tá córas ag an bhfeithicil tástála chun í a stopadh ag réchasadh go huathoibríoch, glactar bearta ionas nach stopfaidh an t-inneall.

2.3.1.1.2. Gás tástála: Dhá mheascán de ghás aeir agus hidrigine: tiúchan 2 ± 1.0 % (nó níos lú) hidrigine san aer chun feidhmiú an rabhaidh a fhíorú, agus tiúchan 3±1.0 % (nó níos lú) hidrigine san aer chun feidhmiú an dúnta síos a fhíorú. Roghnaítear na tiúchana cearta bunaithe ar an moladh (nó an tsonraíocht bhraiteora) ón monaróir.

2.3.1.2. Modh tástála

2.3.1.2.1. Ullmhúchán don tástáil: Déantar an tástáil gan aon tionchar ón ngaoth trí mhodh iomchuí amhail;

(a) Ceanglaítear píobán ionduchtaithe gás tástála leis an mbraiteoir sceite gáis hidrigine;

(b) Tá an braiteoir sceite hidrigine iata le cumhdach chun an gás a choinneáil timpeall ar an mbraiteoir sceite hidrigine.

2.3.1.2.2. Forghníomhú na tástála

(a) Séidtear gás tástála chuig an mbraiteoir sceite gáis hidrigine;

(b) Deimhnítear feidhmiú ceart an chórais rabhaidh nuair a thástáiltear é leis an ngás chun feidhmiú an rabhaidh a fhíorú;

(c) Deimhnítear go bhfuil an phríomhchomhla dúnta nuair a thástáiltear í leis an ngás chun feidhmiú an dúnta a fhíorú. Mar shampla, d’fhéadfaí faireachán ar an gcumhacht leictreach chun an chomhla dúnta nó ar fhuaim ghníomhachtaithe na comhla dúnta a úsáid chun oibriú phríomhchomhla dúnta an tsoláthair hidrigine a dheimhniú.

2.3.2. Nós imeachta tástála le haghaidh sláine spásanna iata agus córas braite.

2.3.2.1. Ullmhúchán:

Déantar an tástáil gan aon tionchar ón ngaoth.

Tugtar aird speisialta ar thimpeallacht na tástála mar go bhféadfadh meascáin inlasta hidrigine agus aeir tarlú le linn na tástála.

2.3.2.1.1. Roimh an tástáil, ullmhaítear an fheithicil chun sceitheadh hidrigine inrialaithe go cianda a cheadú ón gcóras hidrigine. Sainmhíníonn monaróir na feithicle líon, láthair agus cumas sreafa na bpointí scaoilte iartheachtach ón bpríomhchomhla dúnta hidrigine agus an cás is measa sceite á thabhairt san áireamh faoi choinníoll teipthe aonair. Ar a laghad, beidh sreabhadh iomlán na scaoiltí a rialaítear go cianda leordhóthanach chun léiriú na bhfeidhmeanna uathoibríocha ‘rabhaidh’ agus dúnta hidrigine a spreagadh.

2.3.2.1.2. Chun críche na tástála, suiteáiltear braiteoir tiúchana hidrigine san áit a bhféadfadh gás hidrigine carnadh den chuid is mó san urrann phaisinéirí (e.g. in aice leis an líneáil cinn) nuair atá tástáil á déanamh le haghaidh comhlíontacht le pointe 1.1.3.2. agus suiteáiltear braiteoirí tiúchana hidrigine i dtoirteanna iata nó leathiata ar an bhfeithicil san áir inar féidir leis an hidrigin carnadh ó na sceití hidrigine samhalta nuair atá tástáil á déanamh le haghaidh comhlíontacht le pointe 1.1.3.1.

2.3.2.2. Nós Imeachta

Dúntar doirse, fuinneoga agus cumhdaigh eile na feithicle.

Tosaítear an córas tiomána, tugtar deis dó téamh chuig a ghnáth-theocht oibríochtúil agus fágtar ag oibriú ar réchasadh é fad agus a mhairfidh an tástáil.

Ionsamhlaítear sceitheadh leis an bhfeidhm inrialaithe go cianda.

Tomhaistear an tiúchan hidrigine go leanúnach go dtí nach n-ardaíonn an tiúchan ar feadh 3 nóiméad. Nuair atáthar ag tástáil comhlíontachta le pointe 1.1.3.3., méadaítear ansin an sceitheadh ionsamhlaithe leis an bhfeidhm inrialaithe cianda go dtí go mbíonn an phríomhchomhla stoptha hidrigine dúnta agus go ngníomhachtaítear an comhartha rabhaidh leideora. D’fhéadfaí faireachán ar an gcumhacht leictreach chun an chomhla dúnta nó ar fhuaim ghníomhachtaithe na comhla dúnta a úsáid chun oibriú phríomhchomhla dúnta an tsoláthair hidrigine a dheimhniú.

Nuair atáthar ag tástáil comhlíontachta le pointe 1.1.3.2., cuirtear an tástáil i gcrích go rathúil mura sáraíonn an tiúchan hidrigine san urrann phaisinéirí 1.0 %. Nuair atáthar ag tástáil le haghaidh comhlíontachta le pointe 1.1.3.3., cuirtear an tástáil i gcrích go rathúil má chuirtear an rabhadh nodchomhartha agus an fheidhm dúnta i gcrích ag (nó faoi) na leibhéil a shonraítear i bpointe 1.1.3.3.; seachas sin, teipeann ar an tástáil agus níl an córas cáilithe le haghaidh seirbhíse feithicle.

2.4. Tástáil comhlíontachta don sceithchóras feithicle

2.4.1. Téitear córas cumhachta na feithicle tástála (e.g. cruachadh breosla-chill nó inneall) chuig a ghnáth-theocht oibríochtúil.

2.4.2. Téitear an gaireas tomhais sula n-úsáidtear é chuig a ghnáth-theocht oibríochtúil.

2.4.3. Cuirtear cuid tomhaiste an ghairis thomhaiste ar lárlíne an tsreafa gáis sceithphíopa laistigh de 100 mm ó sceithphointe an sceite lasmuigh den fheithicil.

2.4.4. Tomhaistear tiúchan hidrigine an sceithphíopa go leanúnach le linn na gcéimeanna a leanas:

(a) Dúntar síos an córas cumhachta;

(b) Nuair a chríochnaítear an próiseas dúnta síos, tosaítear an córas cumhachta láithreach; agus

(c) Tar éis nóiméad amháin, múchtar an córas cumhachta agus leantar leis an tomhas go dtí go gcríochnaítear dúnadh síos an chórais cumhachta.

2.4.5. Beidh am freagartha tomhais níos lú ná 300 milleasoicind ag an ngaireas tomhais.

2.5. Tástáil comhlíontachta le haghaidh sceitheadh an phíobáin breosla

2.5.1. Téitear córas cumhachta na feithicle tástála (e.g. cruachadh breosla-chill nó inneall) agus feidhmíonn sé ag a ghnáth-theocht oibríochtúil leis an mbrú oibríochtúil curtha i bhfeidhm ar a píobáin bhreosla.

2.5.2. Déantar meastóireacht ar sceitheadh hidrigine ag codanna inrochtana na bpíobán breosla ón bpíosa ardbhrú chuig an gcruachadh breosla-chill (nó inneall), le braiteoir sceite gáis nó leacht bhraite sceite, amhail tuaslagán gallúnaí.

2.5.3. Déantar brath sceite hidrigine go príomha ag siúntaí.

2.5.4. Nuair a úsáidtear braiteoir sceite gáis, déantar an brath ach an braiteoir sceite a oibriú ar feadh 10 soicind ar a laghad ag láithreacha atá chomh gar do phíobáin bhreosla agus is féidir.

2.5.5. Nuair a úsáidtear leacht braite sceite, déantar brath gáis hidrigine láithreach tar éis an leacht a chur i bhfeidhm. Anuas air sin, déantar seiceálacha amhairc cúpla nóiméad tar éis an leacht a chur ag obair d'fhonn seiceáil le haghaidh bolgán mar thoradh ar sceitheadh riain.

2.6. Fíorú suiteála

Déantar iniúchadh amhairc ar an gcóras i gcomhair comhlíontachta.

2.7. Tástáil sceite iar-thuairte le haghaidh na gcóras stórála hidrigine leachtaithe

Roimh an tástáil tuairte feithicle, glactar na céimeanna seo a leanas chun an córas stórála hidrigine leachtaithe (CSHL) a ullmhú:

(a) Mura bhfuil na cumais seo a leanas ag an bhfeithicil cheana féin mar chuid den fheithicil chaighdeánach; suiteálfar iad seo a leanas roimhe an tástáil:

— Brúbhraiteoir CSHL. Beidh scála iomlán léimh ar a laghad 150 % UBOI ag an mbrúbhraiteoir, cruinneas 1 % de scála iomlán ar a laghad, agus beidh sé in ann luachanna 10 kPa ar a laghad a léamh;

— Braiteoir teochta CSHL. Beidh an braiteoir teochta in ann teochtaí crióigineacha a bhfuiltear ag súil leo roimh an tuairt a thomhas. Suitear an braiteoir ar asraon, chomh gar agus is féidir don choimeádán;

(b) Poirt líonta agus draenála. Soláthrófar an cumas chun ábhair leachtaithe agus ghásacha CSHL a chur leis agus a bhaint roimh an tástáil tuairte agus ina dhiaidh sin.

(c) Sciúrtar an CSHL le 5 thoirt gás nítrigine ar a laghad;

(d) Líontar an CSHL le nítrigin chuig comhionannas an uasleibhéil líonta hidrigine de réir meáchain; agus

(e) Tar éis an líonta, dúntar an gaothaire (nítrigine), agus ceadófar don choimeádán cothromú;

Deimhnítear teannas sceite an CSHL.

Tar éis do na brúbhraiteoirí agus teochta CSHL a thabhairt le fios go bhfuil an córas fuaraithe agus cothromaithe, tuairteálfar an fheithicil de réir an rialacháin stáit nó réigiúnaigh. Tar éis na tuairte, ní bheidh aon sceitheadh sofheicthe de ghás nó leacht nítrigine fuar ar feadh tréimhse 1 uair an chloig ar a laghad tar éis na tuairte. Anuas air sin, cruthófar inoibritheacht na rialaitheoirí brú nó FFBanna lena áirithiú go gcosnaítear an CSHL in aghaidh pléasctha tar éis na tuairte. Mura bhfuil an folús CSHL i mbaol mar gheall ar an tuairt, d'fhéadfaí gás nítrigine a chur leis an CSHL tríd an bport líonta / draenála go dtí go ngníomhachtaítear na rialaitheoirí brú agus/nó FFBanna. I gcás rialaitheoirí brú nó FFBanna athdúnta, léireofar gníomhachtú agus athdhúnadh ar feadh dhá thimthriall ar a laghad. Ní scaoilfear amach sceitheadh ó scaoileadh na rialaitheoirí brú nó FFBanna chuig na hurranna paisinéirí nó bagáiste le linn na dtástálacha iar-thuairte seo.

D'fhéadfaí an nós imeachta tástála dá dtagraítear i bpointe 2.7.1. nó an nós imeachta tástála malartach i bpointe 2.7.2. (ina gcuimsítear pointí 2.7.2.1. agus 2.7.2.2.) a roghnú faoi rogha an mhonaróra.

2.7.1. Tástáil sceite iar-thuairte le haghaidh na gcóras stórála hidrigine leachtaithe

2.7.1.1. Tar éis deimhniú a fháil go bhfuil an rialaitheoir brú agus/nó comhlaí fuascailte sábháilteachta fós ag feidhmiú, d'fhéadfaí teannas sceite an CSHL a chruthú trí na páirteanna sceite féideartha ar fad a bhrath le braiteoir bolaíochta de chuid gaireas tástála sceite Héiliam a úsáidtear sa mhodh bolaíochta. Is féidir an tástáil a dhéanamh mar rogha eile má chomhlíontar na réamhchoinníollacha a leanas:

(a) Ní bheidh aon pháirt sceite féideartha faoin leibhéal nítrigine leachta mar a thugtar le fios ar an gcoimeádán stórála;

(b) Comhbhrúitear gach páirt sceite féideartha le gás héiliam nuair a chomhbhrúitear an CSHL;

(c) Is féidir cumhdaigh agus/nó painéil cabhlach agus páirteanna a éilítear a bhaint chun rochtain a fháil ar gach suíomh sceite féideartha.

2.7.1.2. Roimh an tástáil, soláthróidh an monaróir liosta de na páirteanna ar fad den CSHL a d'fhéadfadh a bheith ag sceitheadh. Is iad na páirteanna a d'fhéadfadh a bheith ag sceitheadh:

(a) Aon nascóir idir píobáin agus idir píobáin agus an coimeádán;

(b) Aon táthú ar phíobáin agus comhpháirteanna iartheachtacha an choimeádáin;

(c) Comhlaí;

(d) Línte solúbtha;

(e) Braiteoirí.

2.7.1.3. Roimh an tástáil sceite, ba cheart an róbhrú sa CSHL a scaoileadh chuig brú atmaisféarach agus ina dhiaidh ba cheart an CSHL a chomhbhrú le héiliam chuig brú oibríochtúil ar a laghad ach i bhfad faoin ngnáthshocrú rialaithe brú (ionas nach ngníomhachtaíonn na rialaitheoirí brú le linn na tréimhse tástála). Pasáiltear an tástáil má bhíonn an sceitheadh iomlán (i.e. suim na bpointí sceite braite ar fad) níos lú ná 216 Nml/u.

2.7.2. Tástálacha iar-thuairte malartacha le haghaidh na gcóras stórála hidrigine leachtaithe

Déantar an dá thástáil i bpointí 2.7.2.1. agus 2.7.2.2. faoin nós imeachta tástála dá dtagraítear i bpointe 2.7.2.

2.7.2.1. Tástáil sceite iar-thuairte mhalartach

2.7.2.1.1. Tar éis deimhniú a fháil go bhfuil an rialaitheoir brú agus/nó comhlaí fuascailte sábháilteachta fós ag feidhmiú, d'fhéadfaí an tástáil a leanas a dhéanamh chun an sceitheadh iar-thuairte a thomhas. Déanfar an tástáil tiúchana a dtugtar tuairisc air i bpointe 2.1.1. ag an am céanna ar feadh na tréimhse tástála 60 nóiméad mura tomhaiseadh an tiúchan hidrigine cheana féin tar éis tuairt na feithicle.

2.7.2.1.2. Scaoilfear an coimeádán chuig brú atmaisféarach agus bainfear ábhair leachtaithe an choimeádáin agus téifear an coimeádán eile suas chuig teocht chomhthimpeallach. D'fhéadfaí an téamh a dhéanamh, e.g. tríd an gcoimeádán a sciúradh líon leordhóthanach uaireanta le nítrigin te nó an brú folúis a mhéadú.

2.7.2.1.3. Má tá pointe socraithe an rialaitheora brú níos lú ná 90 % den UBOI, díchumasófar an rialaitheoir brú ionas nach ngníomhachtaíonn sé agus nach scaoileann sé gás le linn na tástála sceite.

2.7.2.1.4. Sciúrfar an coimeádán ansin le héiliam trí:

(a) cúig thoirt ar a laghad a shreabhadh tríd an gcoimeádán; nó

(b) an coimeádán CSHL a chomhbhrú agus a dhí-chomhbhrú cúig huaire ar a laghad.

2.7.2.1.5. Ansin, líonfar an CSHL le héiliam chuig 80 % de UBOI an choimeádáin nó chuig laistigh de 10 % de shocrú na príomhchomhla faoisimh, cibé acu ag a mbíonn brú níos ísle, agus coinneofar ar feadh tréimhse 60 nóiméad é. Beidh an caillteanas brú tomhaiste thar an tréimhse tástála 60 nóiméad níos lú nó cothrom leis an gcritéar a leanas ar chumas leachta an CSHL:

(a) caillteanas incheadaithe 0.20 MPa le haghaidh córas 100 L nó níos lú;

(b) caillteanas incheadaithe 0.10 MPa le haghaidh córas níos mó ná 100 L agus níos lú nó cothrom le 200 L; agus

(c) 0.05 MPa incheadaithe le haghaidh córas níos mó ná 200 L.

2.7.2.2. Tástáil spásanna iata iar-thuairte

2.7.2.2.1. Taifeadfar na toisí sa tástáil tuairte ina ndéantar meastóireacht ar sceitheadh hidrigine leachta féideartha i nós imeachta tástála phointe 2.7.2.1. má tá hidrigin sa chóras stórála hidrigine leachtaithe don tástáil tuairte nó le linn na tástála sceite héiliam i nós imeachta tástála phointe 2.2.

2.7.2.2.2. Roghnaigh braiteoirí chun carnadh hidrigine nó héiliam a thomhas (ag brath ar cé acu gás atá sna Córais Stórála Hidrigine Leachtaithe (CSHL) don tástáil tuairte). D'fhéadfadh braiteoirí méid an gháis hidrigine/héiliam san atmaisféar laistigh d'urranna a thomhas nó an laghdú san ocsaigin a thomhas (mar gheall ar dhíláithriú aeir de bharr hidrigin/héiliam ag sceitheadh).

2.7.2.2.3. Calabrófar na braiteoirí chuig tagairtí inrianaithe, beidh cruinneas 5 % den léamh acu ag na sprioc-chritéir 4 % hidrigin (le haghaidh tástála le hidrigin leachtaithe) nó 0.8 % héiliam faoi thoirt san aer (le haghaidh tástála ag teocht an tseomra le héiliam), agus cumas tomhaiste scála iomlán 25 % ar a laghad os cionn na sprioc-chritéar. Beidh an braiteoir in ann freagairt 90 % le hathrú scála iomlán i dtiúchan laistigh de 10 soicind.

2.7.2.2.4. Comhlíonfaidh an tsuiteáil i bhfeithiclí ina bhfuil CSHL na ceanglais chéanna agus feithiclí ina bhfuil córais stórála hidrigine comhbhrúite i bpointe 2.2. Baileofar sonraí ó na braiteoirí gach 5 soicind ar a laghad agus leanfaidh sé ar aghaidh ar feadh tréimhse 60 nóiméad tar éis don fheithicil stopadh má tá hidrigin iar-thuairte á tomhas nó tar éis tús a chur le tástáil sceite héiliam má tá carnadh héiliam á thomhas. D'fhéadfaí meán rollach suas le 5 soicind a chur i bhfeidhm ar na toisí chun 'smúdáil' a sholáthar agus scagadh a dhéanamh ar éifeachtaí na bpointí sonraí iomrallacha. Beidh meán rollach gach braiteora faoi na sprioc-chritéir 4 % hidrigin (le haghaidh tástála le hidrigin leachtaithe) nó 0.8 % héiliam faoi thoirt san aer (le haghaidh tástála ag teocht an tseomra le héiliam), agus an t-am ar fad le linn na tréimhse 60 nóiméad tar éis na tástála.

## *Cuid E*

## Sonraíochtaí teicniúla do mhótarfheithiclí i ndáil lena gcóras hidrigine, lena n-áirítear comhoiriúnacht, gabhdán breoslaithe agus sainaithint feithicle

1. Ceanglais ghinearálta i gcomhair feithiclí atá feistithe le córais stórála hidrigine chomhbhrúite (CSHC) atá comhlántach leis na ceanglais a leagtar amach i Rialachán Uimh. 134 de chuid NA ([1]) agus i gcomhair feithiclí atá feistithe le CSHL.

1.1. Cineálcheadófar comhpháirteanna suiteáilte CSHC, i.e. coimeádán ardbhrú agus príomhghairis dhúnta ina bhfuil feiste teirmea-ghníomhachtaithe faoisimh brú, comhla choiscthe agus comhla dúnta uathoibríoch, agus marcálfar iad i gcomhréir leis an Rialachán seo chomh maith le Rialachán Uimh. 134 de chuid NA (i.e. éilítear marcáil dhúbailte).

1.2. Cineálcheadófar agus marcálfar comhpháirteanna suiteáilte CSHL, i.e. feistí faoisimh brú agus comhlaí dúnta i gcomhréir leis an Rialachán seo.

1.3. Áiritheoidh an monaróir, mar a leagtar amach i Roinn F, go mbíonn na hábhair a úsáidtear i gcórais stórála hidrigine comhoiriúnach le hidrigin agus breiseáin agus éilleáin táirgeachta a bhfuiltear ag súil leo agus teochtaí agus brúnna a bhfuiltear ag súil leo. Ní feidhm aige seo maidir le hábhair nach dteagmhaíonn le hidrigin i ngnáthriocht.

1.4. Aitheantas feithicle.

1.4.1. I gcás feithiclí hidrigine i gcatagóirí $M_1$ agus $N_1$ suiteálfar lipéad amháin laistigh den urrann innill (nó a chomhionann) agus ceann i gcóngaracht an ghabhdáin breoslaithe.

1.4.2. I gcás feithiclí hidrigine i gcatagóirí $M_2$ agus $M_3$ suiteálfar lipéid ar thosach agus ar chúl na feithicle, i gcóngaracht an ghabhdáin breoslaithe agus le taobh gach dorais nó sraith doirse.

1.4.3. I gcás feithiclí hidrigine i gcatagóirí $N_2$ agus $N_3$ suiteálfar lipéid ar thosach agus ar chúl na feithicle agus i gcóngaracht an ghabhdáin breoslaithe.

1.4.4. Beidh lipéid i gcomhréir le ranna 4. go 4.7. de chaighdeán idirnáisiúnta ISO 17840-4:2018.

2. Ceanglais an ghabhdáin breoslaithe i gcomhair feithiclí atá feistithe le CSHC atá comhlántach leis na ceanglais a leagtar amach i Rialachán Uimh. 134 de chuid NA agus i gcomhair feithiclí atá feistithe le CSHL.

([1]) Rialachán Uimh. 134 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UN/ECE) – Forálacha aonfhoirmeacha a bhaineann le ceadú mótarfheithiclí agus a gcomhpháirteanna maidir le feidhmíocht sábháilteachta na bhfeithiclí faoi thiomáint hidrigine (HFCV) [2019/795] (IO L 129. 17.5.2019, lch. 43).

2.1. Lipéad an ghabhdáin breoslaithe:

Greamófar lipéad gar don ghabhdán breoslaithe; mar shampla taobh istigh den haiste athlíonta, ar a léireofar an fhaisnéis seo a leanas: cineál breosla (e.g. 'CHG' le haghaidh hidrigin ghásach), MFP, BOA, dáta bainte ó sheirbhís na ngabhdán.

2.2. Gléasfar an gabhdán breoslaithe ar an bhfeithicil lena áirithiú go nglasálfar go dearfach an buinne breoslaithe. Cosnófar an gabhdán ó athrú calaoiseach agus iontráil salachair agus uisce (e.g. suiteáilte in urrann is féidir a ghlasáil). Nós imeachta tástála le hiniúchadh amhairc.

2.3. Ní ghléasfar an gabhdán breoslaithe laistigh de ghnéithe ionsúite fuinnimh seachtracha na feithicle (e.g. tuairteoir) agus ní shuiteálfar san urrann phaisinéirí, urrann bhagáiste agus áiteanna eile é ina bhféadfadh gás hidrigine carnadh agus nach bhfuil aerú leordhóthanach. Nós imeachta tástála le hiniúchadh amhairc.

2.4. Comhlíonfaidh geoiméadracht ghabhdáin bhreoslaithe na bhfeithiclí gás hidrigine comhbhrúite caighdeán idirnáisiúnta ISO 17268:2012 (nó athbhreithnithe níos déanaí) agus beidh sé comhoiriúnach le sonraíocht H35, H35HF, H70 nó H70HF ag brath ar an mbrú oibre ainmniúil agus cur i bhfeidhm sonrach.

2.5. Más iomchuí, d'fhéadfadh geoiméadracht ghabhdáin bhreoslaithe na bhfeithiclí gás hidrigine leachtaithe a bheith faoi dhiscréid an mhonaróra agus i gcomhaontú leis an tseirbhís theicniúil in éagmais caighdeáin mar a thugtar le fios i bpointe 2.4.

***Roinn F***

**Sonraíochtaí teicniúla le haghaidh comhpháirteanna hidrigine ar chomhoiriúnacht ábhair**

1. Ceanglais

1.1. Leagtar amach sa Roinn seo na ceanglais agus na nósanna imeachta tástála le haghaidh córas stórála agus comhpháirteanna CSHC agus CSHL i ndáil le comhoiriúnacht ábhair. Níl feidhm aige seo maidir le hábhair nach dteagmhaíonn le hidrigin faoi ghnáthchoinníollacha.

2. Ceanglais shonracha

2.1. Beidh na hábhair a úsáidfear in CSHC comhoiriúnach le hidrigin nuair atá siad i dteagmháil le hidrigin i staid leachta agus/nó ghásach. Ní bheidh ábhair chomhoiriúnacha i dteagmháil lena chéile.

2.2. Cruach

2.2.1. Comhlíonfaidh cruacha a úsáidtear in CSHC ceanglais ábhair ranna 6.1. go 6.4. de chaighdeán EN 9809-1:2018 nó ranna 6.1. go 6.3. de chaighdeán EN 9809-2:2018 de réir mar is iomchuí.

2.3. Cruacha dosmálta

2.3.1. Comhlíonfaidh cruach dosmálta a úsáidtear i gcóras stórála hidrigine comhbhrúite ranna 4.1. go 4.4. de chaighdeán EN 1964-3:2000.

2.3.2. Comhlíonfaidh cruacha dosmálta tháite le haghaidh líneálacha coimeádán ranna 4.1. go 4.3. chomh maith le ranna 6.1, 6.2. agus 6.4. de chaighdeán EN 13322-2:2006 de réir mar is iomchuí.

2.4. Cóimhiotail alúmanaim

2.4.1. Comhlíonfaidh cóimhiotail alúmanaim a úsáidtear in CSHC na ceanglais ábhair i ranna 6.1. agus 6.2. de chaighdeán idirnáisiúnta ISO 7866:2012.

2.4.2. Comhlíonfaidh cóimhiotail alúmanaim tháite le haghaidh línéalacha coimeádán ranna 4.2. agus 4.3. chomh maith le ranna 4.1.2. agus 6.1. de chaighdeán EN 12862:2000.

2.5. Ábhair línéala phlaisteacha

2.5.1. Is féidir leis an ábhar do línéalacha plaisteacha i gcoimeádáin stórála hidrigine a bheith teirmithéachtach nó teirmeaplaisteach.

2.6. Snáithíní

2.6.1. Coinneoidh monaróir an choimeádáin ar comhad ar feadh shaolré beartaithe an dearaidh choimeádáin na sonraíochtaí foilsithe le haghaidh ábhair ilchodacha lena n-áirítear torthaí príomhthástála, i.e. tástáil teannachta, moltaí mhonaróir an ábhair le haghaidh stórála, coinníollacha agus seilfré.

2.6.2. Coinneoidh monaróir an choimeádáin ar comhad, le haghaidh saolré beartaithe gach baiste coimeádán, deimhniú mhonaróir an tsnáithín a chomhlíonann gach lastas chuig sonraíochtaí an mhonaróra don táirge.

2.6.3. Cuirfidh an monaróir faisnéis ar fáil láithreach ar iarraidh a fháil ón údarás náisiúnta atá freagrach as gníomhaíochtaí faireachais margaidh chomh maith le ar iarraidh an Choimisiúin.

2.7. Roisín

2.7.1. Is féidir leis an ábhar polaiméireach le haghaidh tuil snáithíní a bheith teirmithéachtach nó teirmeaplaisteach.

3. Tástáil comhoiriúnachta hidrigine

3.1. Le haghaidh ábhair mhiotalacha a úsáidtear in CSHC, léireofar comhoiriúnacht hidrigine an ábhair, lena n-áirítear comhoiriúnacht táthán, i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta ISO 11114-1:2017 agus ISO 11114-4:2017, leis na tástálacha a dhéantar i dtimpeallachtaí hidrigine mar a bheadh réamh-mheasta i seirbhís (e.g. i gcás córas 70 MPa, déantar an tástáil comhoiriúnachta hidrigine i dtimpeallacht 70 MPa ag teocht – °C). De rogha air sin, i gcomhaontú leis an tseirbhís theicniúil agus leis an údarás cineálcheadaithe, is féidir comhlíontacht a léiriú i gcomhréir le caighdeán SAE J2579:2018.

3.2. Ní éilítear léiriú comhlíontachta le forálacha phointe 3.1 le haghaidh:

(a) cruacha a chomhlíonann míreanna 6.3. agus 7.2.2. de chaighdeán EN 9809-1:2018;

(b) cóimhiotail alúmanaim a chomhlíonann mír 6.1. de chaighdeán idirnáisiúnta ISO 7866:2012; nó

(c) i gcás coimeádán iomlán faoi chlúdach le línéáil neamh-mhiotalach.

3.3. A mhéid a bhaineann le hábhair a úsáidtear i gcóras stórála hidrigine leachtaithe, léireofar comhoiriúnacht i gcomhréir le caighdeán idirnáisiúnta EN 1251-1:2000 agus DIN EN ISO 21028-1:2017-01, nó, faoi dhiscréid an mhonaróra, caighdeáin ábhartha eile amhail SAE J2579:2018, a mhéid is atá ábhartha agus féideartha, leis na tástálacha a dhéantar i dtimpeallachtaí hidrigine mar a réamh-mheasadh i seirbhís. Is féidir comhoiriúnacht hidrigine an ábhair a léiriú ar leibhéal sampla nó ar an gcóras stórála nó ar an gcomhpháirt féin le toimhdí ualaigh ábhartha don réimse. Fíoróidh an tseirbhís theicniúil na nithe seo ar fad agus coinneofar cuntas ar na torthaí tástála ar fad go mionsonrach sa tuarascáil tástála.

CUID 3

***Roinn A***

**DEIMHNIÚ AR CHINEÁLCHEADÚ AE (CÓRAS FEITHICLE)**

Teachtaireacht maidir le cineálcheadú *a dheonú / a shíneadh / a dhiúltú / a tharraingt siar* ([2]) i leith cineál feithicle maidir leis an gcóras hidrigine, lena n-áirítear comhoiriúnacht ábhair agus gabhdán breoslaithe, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/535 [*Cuir isteach tagairt don Rialachán seo*], arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) Uimh. …/…

Uimhir an deimhnithe ar chineálcheadú ón Aontas.

An chúis leis an *síneadh / diúltú / tarraingt siar* ([2]):

*ROINN I*

(Le líonadh isteach i gcomhréir le Roinn I den teimpléad de Shamhail B in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún)

*ROINN II*

(Le comhlánú i gcomhréir le Roinn II den teimpléad de Shamhail B in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún)

*Aguisín*

**a ghabhann le deimhniú ar chineálcheadú AE uimhir …**

Faisnéis bhreise

Uimhreacha cineálcheadaithe i gcomhréir le Rialachán 134 de chuid NA agus Rialachán (AE) 2021/535 [*Cuir isteach tagairt don Rialachán seo*] an chórais hidrigine agus gach comhpháirt suiteáilte ar an gcineál feithicle:

1. Feidhmíocht a bhaineann le sábháilteacht i bhfeithicil faoi thiomáint hidrigine feistithe le córa(i)s stórála hidrigine comhbhrúite:

   Rialachán Uimh. 134 de chuid NA

2. Córa(i)s stórála hidrigine:

   Rialachán Uimh. 134 de chuid NA

   Rialachán (AE) 2021/535 [*an Rialachán seo*]:

3. Comhla(í) stoptha uathoibríoch:

   Rialachán Uimh. 134 de chuid NA

   Rialachán (AE) 2021/535 [*an Rialachán seo*]:

4. Comhla(í) c(h)oiscthe nó comhla(í) neamhchúlaithe:

   Rialachán Uimh. 134 de chuid NA

   Rialachán (AE) 2021/535 [*an Rialachán seo*]:

5. Feiste faoisimh brú gníomhachtaithe go teirmeach (FFBGT):

   Rialachán Uimh. 134 de chuid NA

   Rialachán (AE) 2021/535 [*an Rialachán seo*]:

([2]) Scrios murab infheidhme.

***Roinn B***

**DEIMHNIÚ AR CHINEÁLCHEADÚ AE (COMHPHÁIRT)**

Teachtaireacht maidir le cineálcheadú *a dheonú / a shíneadh / a dhiúltú / a tharraingt siar* ([3]) i leith cineál comhpháirte do chórais hidrigine i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/535 [*Cuir isteach tagairt don Rialachán seo*], arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) Uimh. .../...

Uimhir an deimhnithe ar chineálcheadú ón Aontas.

An chúis leis an *síneadh / diúltú / tarraingt siar* ([3]):

*ROINN I*

(Le líonadh isteach i gcomhréir le Roinn I den teimpléad de Shamhail C in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún)

*ROINN II*

(Le líonadh isteach i gcomhréir le Roinn II den teimpléad de Shamhail C in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún)

*Aguisín*

**a ghabhann le deimhniú ar chineálcheadú AE uimhir ...**

1. Faisnéis bhreise:
2. Tuairisc ghearr ar an gcomhpháirt a mhéid a bhaineann lena saintréithe agus comhábhair:
3. Sampla de mharcáil chineálcheadaithe:
4. Nótaí:

([3]) Scrios murab infheidhme.

### *Roinn C*

### Marc cineálcheadaithe AE le haghaidh comhpháirteanna

1. Beidh an méid a leanas i marc cineálcheadaithe AE le haghaidh comhpháirteanna dá dtagraítear in Airteagal 38(2) de Rialachán (AE) 2018/858:

1.1. Dronuilleog timpeall ar an litir ‘e’ sa chás íochtair, agus uimhir shainiúil an Bhallstáit a bhronn an cineálcheadú AE don chomhpháirt nó don aonad teicniúil ar leithligh i gcomhréir leis an méid a leanas:

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 | don Ghearmáin | 19 | don Rómáin |
| 2 | don Fhrainc | 20 | don Pholainn |
| 3 | don Iodáil | 21 | don Phortaingéil |
| 4 | don Ísiltír | 23 | don Ghréig |
| 5 | don tSualainn | 24 | d’Éirinn |
| 6 | don Bheilg | 25 | don Chróit |
| 7 | don Ungáir | 26 | don tSlóivéin |
| 8 | do Phoblacht na Seice | 27 | don tSlóvaic |
| 9 | don Spáinn | 29 | don Eastóin |
| | | 32 | don Laitvia |
| 12 | don Ostair | 34 | don Bhulgáir |
| 13 | do Lucsamburg | 36 | don Liotuáin |
| 17 | don Fhionlainn | 49 | don Chipir |
| 18 | don Danmhairg | 50 | do Mhálta |


1.2. I gcóngaracht na dronuilleoige, dhá dhigit a thugann le fios an tsraith leasuithe ina leagtar síos na ceanglais a chomhlíonann an chomhpháirt seo, ‘00’ faoi láthair agus spás ina dhiaidh sin agus an uimhir cúig dhigit dá dtagraítear i bpointe 2.4. d’Iarscríbhinn IV de Rialachán (AE) 2018/858.

2. Beidh an marc cineálcheadaithe AE le haghaidh comhpháirteanna doscriosta agus inléite go soiléir.

3. Léirítear sampla de mharc cineálcheadaithe AE le haghaidh comhpháirte i bhFíor 1.

*Fíor 1*

**Sampla de mharc cineálcheadaithe AE le haghaidh comhpháirte**




*Nóta míniúcháin*

Eochair D'eisigh an Ísiltír cineálcheadú comhpháirte AE faoin uimhir 00406. Tugann an chéad dá dhigit '00' le fios gur formheasadh an chomhphháirt i gcomhréir leis na Rialachán seo.